Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2025-2026



# Clár na nÁbhar

Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2025 & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2025-202610

Caibidil 1: Straitéis 2022-2027 a Thabhairt i bhFeidhm ........ 14

Caibidil 2: Ár bhFreagrachtaí a Chur i gCrích ........ 19

Cobhsaíocht Praghsanna ........ 19

Cobhsaíocht Airgeadais........211

Athrú Aeráide........ 24

Réiteach ........ 25

Córais Íocaíochta........ 26

Airgead Reatha ........ 29

Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh Eacnamaíoch........ 32

Rialáil Airgeadais agus Maoirseacht........ 34

Feidhmiú Ordúil Cuí Margaí Airgeadais ........ 61

........ 67

Caibidil 3: Inniúlacht na hEagraíochta ........ 68

Na Daoine ........ 68

Na hionaid oibre........ 72

Sonraí, Anailísíocht & an Intleacht Shaorga (IS) ........ 73

An Teicneolaíocht ........ 73

Rannpháirtíocht & Cumarsáid........745

Déileáil le Gearáin........767

Saoráil Faisnéise ........ 77

Acht na dTeangacha Oifigiúla........ 77

Cúrsaí Dlí........778

Bainistíocht Punainne Infheistíochta........ 78

Caibidil 4: Ár gcuid Tosaíochtaí do 2026........ 81

Caibidil 5: Ráiteas faoin Iniúchóireacht Inmheánach........867

Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais........ 91

# **Cé** muid féin, **cad** a dhéanaimid, & **conas** a dhéanaimid é.

**Is muidne banc ceannais na hÉireann agus táimid freagrach as cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.**

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá **cosaint daoine** i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre. Socraímid caighdeáin chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomh forfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córais íocaíochta na hÉireann agus as airgeadra na tíre a sholáthar.

Is í **an fhís atá againn** go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

**Creidimid go diongbháilte** i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus **tá an-dóchas againn astu**. Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú chun muid a neartú mar dhaoine agus mar eagraíocht. Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá **ár luachanna** mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:

**Ionracas agus bá**, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;

**Misneach agus umhlaíocht,** sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;

**Obair foirne agus sármhaitheas,** sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea **leas mhuintir na hÉireann.**

Is muidne **Banc Ceannais na hÉireann.**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# An Misean

**Déantar fónamh do leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a chaomhnú an tráth céanna a gcinntítear go bhfeidhmíonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne**

# An Aisling

**Aon Bhanc Amháin: Muinín ag an bPobal asainn, Meas ag ár bPiaraí orainn, agus Ionad Oibre atá Sásúil ag an bhFoireann**

# Feidhmeanna faoin Reachtaíocht

### Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine.

### Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

### Réiteach

Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.

### Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais agus margaí, á chinntiú lena linn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

### Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Oibriú éifeachtach agus éifeachtúil córas íocaíochta agus socraíochta.

### Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch

Anailís agus tráchtaireacht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile a thugtar don Bhanc Ceannais le dlí a chomhall, lena n-áirítear: Oibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa, na Scéime Ráthaíochta Taiscí, an Chiste Cúitimh Árachais agus an Bhunachair Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh.



# Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir

Bhí an timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda in 2025 á múnlú ag éiginnteacht shuntasach, ilroinnt leanúnach agus teannas geopholaitiúil. Dá ainneoin sin, lean an boilsciú ar fud na ngeilleagar sárfhorbartha de bheith ag maolú ó na hardleibhéil a bhí ann sna blianta roimhe seo, rud a léiríonn tionchar beartais airgeadaíochta níos doichte agus brúnna maolaitheacha soláthair. Sa limistéar euro, choinníomar rátaí úis ag na léibhéil ba ghá chun a áirithiú go bhfillfeadh boilsciú go hinbhuanaithe ar ár sprioc mheántéarmach arb ionann é agus 2 faoin gcéad, agus deimhníodh sna réamh-mheastacháin ón bhfoireann go raibh sé ar an mbóthar ceart ag deireadh na bliana. An tráth céanna, bhí an timpeallacht ina mbíonn na geilleagair agus córais airgeadais ag feidhmiú á hathmhúnlú i gcónaí ag athruithe leanúnacha eacnamaíocha - teicneolaíocht, déimeagrafaíocht agus aeráid.

Agus an ráiteas tosaigh seo á scríobh agam, tá an éiginnteacht, an ilroinnt gheo-eacnamaíoch agus an teannas geopholaitiúil ag dul in olcas sna chéad mhíonna den bhliain seo. Tá cogadh sa Mheánoirthear ag cur isteach ar sholáthairtí fuinnimh agus ar shlabhraí soláthair níos leithne. Ní léir cé mhéid ama a thógfaidh sé bonneagar fuinnimh a dheisiú nó a athbhunú, ná ní léir cé na himpleachtaí a bheidh ann do shlabhraí soláthair nó don ghníomhaíocht eacnamaíoch. Is léir, áfach, nach dócha gur iarmhairtí neamhdhíobhálacha a bheidh ann don ghníomhaíocht eacnamaíoch dhomhanda.

Bhí athléimneacht le feiceáil i ngeilleagar na hÉireann in 2025, agus bhí fostaíocht agus infheistíocht láidir mar bhonn thaca faoin athléimneacht sin. Ach is dúshláin thábhachtacha i gcónaí iad srianta acmhainne intíre, go háirithe i dtithíocht agus i mbonneagar eile, mar aon leis an timpeallacht éiginnte sheachtrach. Mar atá curtha in iúl agam cheana, ba cheart go ndíreofaí i gcónaí ar athléimneacht eacnamaíoch a neartú nuair a bheidh beartais á gceapadh.

Leanaimid dár sainordú a bhaint amach.  Ar bhuaicphointí na bliana 2025, áirítear foilsiú an Chóid athbhreithnithe um Chosaint Tomhaltóirí tar éis dúinn athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcreat reatha, ár n-obair anailíseach ar na himpleachtaí a bheadh ag córas taraifí nua SA do gheilleagar na hÉireann, forbairt leanúnach ar ár gclár um Bosca Gainimh Nuálaíochta, agus tús a chur lenár bhfreagrachtaí faoin gcreat reachtúil chun rochtain ar airgead tirim a chothabháil ar fud na hÉireann.  Ina theannta sin, d'eisíomar dhá bhonn chomórtha - ceann amháin lena gcomórtar cothrom 250 bliain ó rugadh Dónall Ó Conaill, agus ceann eile in ómós do George Bernard Shaw.

Cé go bhfuil córas airgeadais na hÉireann athléimneach i gcónaí, is léir go leanfaidh an timpeallacht ina mbíonn sé ag feidhmiú de bheith ag forbairt, go háirithe mar gheall ar nuálaíocht theicneolaíoch.  Mar fhreagairt air sin, leanaimid de bheith ag díriú ar ár gcuid creataí rialála agus maoirseachta a neartú.  D'fhoilsíomar treochlár chun creat rialála agus maoirseachta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar, trí chastacht a laghdú agus trí shoiléireacht a fheabhsú, agus athléimneacht agus cosaintí tábhachtacha a chothabháil ag an am céanna.  Chuamar i ngleic go gníomhach le rioscaí a bhí ag teacht chun cinn, na rioscaí sin a eascraíonn as digitiú agus nuálaíocht airgeadais ina measc, agus rannchuidíomar le forbairt beartais a a bhí dírithe ar bhonneagar airgeadais na hEorpa a neartú agus a cuid margaí caipitil a dhoimhniú.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann an Bhainc Ceannais as a ndúthracht agus a ngairmiúlacht.   Tá ár gcuid luachanna - ionracas agus cúram, misneach agus umhlaíocht, obair foirne agus barr feabhais - mar threoir againn i gcónaí.  Tríd an éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, neartaítear sinn mar dhaoine aonair agus mar eagraíocht.   Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a ndúthracht agus a dtiomantas do leas an phobail i gcoitinne.



**Gabriel Makhlouf**

**An Gobharnóir**

30 Aibreán 2026

# Coimisiún an Bhainc Ceannais (ar an 31 Nollaig 2025)



**Gabriel Makhlouf***[1]
*Gobharnóir an Bhainc Ceannais (Cathaoirleach)*



Shay Cody
*Athcheaptha Nollaig 2025 go ceann 5 bliana*



Mary Condon
*Ceaptha Eanáir 2024 go ceann 5 bliana*



Mary-Elizabeth McMunn*
Leas-Ghobharnóir Rialáil Airgeadais



John Hogan*
Ard-Rúnaí An Roinn Airgeadais



Sarah Keane
*Athcheaptha Nollaig 2025 go ceann 5 bliana*



Vasileios Madouros*
Leas-Ghobharnóir Cobhsaíocht Airgeadaíochta & Airgeadais



Maeve Dineen
*Ceaptha Nollaig 2025 go ceann 5 bliana*



John Trethowan
*Athcheaptha Meán Fómhair 2023 go ceann 5 bliana*



**Neil Whoriskey**
Rúnaí an Bhainc Ceannais

[1] * *Comhalta ex officio. An tAire Airgeadais a cheapann gach comhalta eile den Choimisiún.*

# Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais
# (ar an 31 Nollaig 2025)



Gabriel Makhlouf
**Gobharnóir**



Mary-Elizabeth McMunn
**Leas-Ghobharnóir Rialáil Airgeadais**



Vasileios Madouros
**Leas-Ghobharnóir Cobhsaíocht Airgeadaíochta & Airgeadais**



Marcella Flood
**Príomh-Oifigeach Oibriúcháin**




Colm Kincaid
**Leas-Ghobharnóir, Cosaint Tomhaltóirí & Infheisteoirí**


# Cuid 1:
# Tuarascáil Bhliantúil 2025 & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2025-2026

# Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2025 & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2025-2026


## 2025: Spléachadh ar Gheilleagar na hÉireann





**Foinse:** An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)





**Foinse:** Banc Ceannais na hÉireann
**Nóta:** Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do dhíluachálacha, d'urrúsuithe, agus d'aistrithe chuig GNBS, etc. Le rátaí fáis teaghlach, léirítear iarmhéideanna laistigh den chlár comhardaithe agus iarmhéideanna urrúsaithe araon.





**Foinse:** Banc Ceannais na hÉireann
**Nóta:** Luachanna cinn bliana 2025.




**Foinse:** An Phríomh-Oifig Staidrimh
**Nóta:** Ráta dífhostaíochta ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.




**Foinse:** Eurostat
**Nóta:** ICPT = Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí




**Foinse:** Banc Ceannais na hÉireann.
**Nóta:** Luachanna cinn bliana. Sonraí 2025 go deireadh R3 de bharr infhaighteacht sonraí.

# **Caibidil 1:** Straitéis 2022-2027 a Thabhairt i bhFeidhm

# Caibidil 1: Straitéis 2022-2027 a Thabhairt i bhFeidhm

Trí leanúint de Straitéis an Bhainc a chur i bhfeidhm, tá réimsí inniúlachta nua á gcothú againn agus ár gcuid modhanna oibre á bhforbairt againn ionas gur féidir leis an mBanc Ceannais leanúint go críochnúil éifeachtach den mhisean agus den sainordú a leagtar air a chomhlíonadh, san am i láthair agus i rith an mheántéarma. Rinneadh dul chun cinn maith i rith na bliana 2025 maidir le cuspóirí straitéise an Bhainc a thabhairt i gcrích agus bhíothas freagarthach an tráth céanna don chomhthéacs oibríochtúil mearathraitheach, luaineach a tháinig chun cinn i rith na bliana. Leanadh, de réir na Straitéise, de bheith ag freagairt do na tosca a bhaineann le sainordú an Bhainc a imríonn tionchar ar an saol ag daoine in Éirinn agus san Eoraip (AE) agus ar an réimse oibre ina mbímid ag feidhmiú. Áirítear ar na ceisteanna leathanréimseacha sin; cora nua maidir le trádáil ar fud an domhain agus seasmhacht eacnamaíoch, cúrsaí fostaíochta agus an costas maireachtála, athrú aeráide, cora nua maidir le híocaíochtaí agus comharthú, digitiú agus an intleacht shaorga, agus cibearchoireacht, calaois agus caimiléireacht. Tá siad sin agus tosca mórthábhachtacha eile ag dul i bhfeidhm ar an tsochaí, ar chúrsaí geilleagair agus ar earnáil na seirbhísí airgeadais agus is dá réir a leagtar amach comhthéacs chuspóirí straitéise an Bhainc Ceannais. Tá an Straitéis bunaithe ar cheithre cinn de théamaí idircheangailte: Béim ar an Todhchaí, Oscailteacht & Rannpháirtíocht, Bunathrú agus Cosaint. Leagtar amach thíos achoimre fhorghinearálta ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na cuspóirí straitéise i rith na bliana 2025.

**TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA**

1. Béim ar an Todhchaí
2. Oscailteacht & Rannpháirtíocht
3. Bunathrú
4. Cosaint

## Ceithre Théama na Straitéise

### Béim ar an Todhchaí

Tá buntábhacht ag baint leis na cuspóirí faoin téama ‘Béim ar an Todhchaí’ ionas gur fearr is féidir leis an mBanc Ceannais na hathruithe forleitheadacha a tharlaíonn ar chúrsaí geilleagair agus san earnáil airgeadais a thuiscint agus a thuar roimh ré agus dul in oiriúint dóibh. Rinneadh cion tairbhe i rith na bliana 2025 maidir le dul chun cinn suntasach ar leibhéal na hEorpa i ndáil le dhá thionscnamh íocaíochta a bhaineann le hábhar. Is iad sin Euro Digiteach agus Tionscadal Pontes trína dtarlóidh, tráth nach fada uainn, airgeadra digiteach de chuid na mbanc ceannais a chur ar fáil ar bhonn miondíolacháin agus mórdhíolacháin. Leanadh an tráth céanna le clár an Bhosca Gainimh Nuálaíochta, agus seoladh téama nua dírithe ar nuálaíocht

maidir le híocaíochtaí ionas gur treisíodh leis an gcaidreamh le lucht nuálaíochta sa réimse sin agus gur cuireadh leis an léargas ar ghnéithe nua teicneolaíocha agus ar shamhlacha nua gnó atá ag teacht chun cinn i gcóras airgeadais na hÉireann.

Leanadh freisin de bheith ag cur leis an acmhainn taighde agus anailísíochta trí chomhoibriú le saineolaithe seachtracha faoin gClár maidir le Malartú Taighde, agus cuireadh dlús breise leis an anailís agus leis an gcomhairle eacnamaíoch, chomh maith le hathrú béime a thabhairt i gcrích, ionas go ndearnadh measúnú cuimsitheach ar thorthaí ildealú geo-eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann agus gur foilsíodh sin i dtríú Feasachán Ráithiúil na bliana. Rinneadh dul chun cinn leis an gclár oibre maidir le cúrsaí aeráide, lena n-áirítear leasú ar an straitéis aeráide d'fhonn béim agus ord tábhachta níos géire i bhfianaise athrú ar an timpeallacht sheachtrach. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir leis an ullmhúchán maidir le Lárionad Airgead Thirim nua na hÉireann a fhorbairt trí thalamh cóiriúil don fhoirgneamh nua a cheannach agus an mheitheal forbartha a chur chun gnímh.

### Oscailteacht & Rannpháirtíocht

Leagtar béim, le téama na hOscailteachta agus na Rannpháirtíochta, ar an tábhacht atá le caidreamh níos dlúithe le páirtithe leasmhara agus le comhphlé a chothú ionas gur féidir leis an mBanc Ceannais cion tairbhe a dhéanamh maidir le muinín agus iontaoibh a chothú sa chóras airgeadais, tuiscint a fháil ar iléagsúlacht na dtuairimí a dtagann lucht ceaptha beartais faoina n-anáil, chomh maith le tuiscint níos forleitheadaí ar an ról atá leis an mBanc Ceannais a chothú ar fud réimsí uile na sochaí. Treisíodh i rith na bliana 2025 leis an dúthracht maidir le cumarsáid ionraic fhollasach le réimse forleathan pháirtithe leasmhara an bhainc. Áirítear leo sin daoine den phobal, an rialtas, rannpháirtithe san fhíorgheilleagar agus san earnáil airegadais, bainc cheannais agus rialtóirí eile, agus ionadaithe rialtais. Tá de chuspóir againn, trí phlean chaidreamh gníomhach lenár bpáirtithe leasmhara, aird a thabhairt orthu, comhthuiscint a chothú agus lón eolais a sholáthar don lucht ceaptha beartais an tráth céanna a gcomhlíontar a leagtar de dhualgas orainn faoin reachtaíocht. Leanadh lenár gclár leathan for-rochtana rannpháirtíochta ar fud na tíre i rith na bliana 2025, agus ceannairí sinsearacha an Bhainc Ceannais ag bualadh le hionadaithe ó earnálacha uile shochaí na hÉireann agus ó ghnólachtaí éagsúla. Leanadh den Chreat Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara a chur i bhfeidhm maidir le gach gné den obair agus den Chairt Oscailteachta & Rannpháirtíochta a thabhairt i bhfeidhm. Maidir le hathruithe ar an tsochaí agus an réimse feidhmíochta seachtrach, sonraíodh modhanna inar féidir an cur chuige maidir le cúrsaí cumarsáide agus comhchaidrimh a thabhairt chun cinn arís eile.

I bhfianaise a thábhachtaí atá an caidreamh lenár gcomhghleacaithe comhchéime agus leis an lucht ceaptha beartais thar lear, tugadh clár imeachtaí chun cinn freisin le hionadaithe in institiúidí Eorpacha agus i bhforais idirnáisiúnta agus tosaíodh ag ullmhú d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE sa dara leath de 2026.

Leis an mbéim seo ar phlé le páirtithe leasmhara, tá dlúthchaidreamh á chothú againn, chomh maith le plé níos doimhne agus ábhar léargais á chruinniú a thiocfaidh i bhfeidhm ar an aigne i leith an bheartais agus ar na modhanna ina bhfeidhmítear.

### Bunathrú

Faoi théama an Bhunathraithe, tá d'aidhm againn príomhacmhainní cumasúcháin a thabhairt i gcrích lena gcothaítear breis críochnúlachta, éifeachtachta agus sobheartaíochta i mbun na hoibre. Tugadh cláir oibre agus tionscadail chun cinn i rith na bliana 2025 maidir le cúrsaí oibriúcháin agus teicneolaíochta atá dírithe ar an duine agus i gcomhréir leis na cuspóirí seo.

Lean an Banc Ceannais den infheistíocht san acmhainn TE, lena n-áirítear athrú go dtí soláthraí seirbhíse nua maidir le hionad sonraí. Leanadh den chlár nuálaíochta dírithe ar shonraí a thabhairt chun cinn ó thástáil phíolótach go dtí cásanna oibriúcháin agus úsáid thorthúil. Bhí san áireamh leis sin BankChat (uirlis inmheánach IS an Bhainc Cheannais) agus éirim ghnó le forfheabhsú IS a chur i bhfeidhm an tráth céanna a raibh samhail rialachais stuama maidir le IS i bhfeidhm atá i gcomhréir le Gníomh IS an AE. Neartaíodh arís athléimneacht oibríochtúil an Bhainc Ceannais, trí chur leis an acmhainn bainistíochta maidir le cibearshlándáil, bainistíocht ar réimsí riosca maidir le tríú páirtithe, agus bearta rialála maidir le cosaint sonraí, an tráth céanna a ndearnadh forfheabhsú ar na creataí bainistíochta inmheánacha maidir le riosca agus ar an ullmhacht maidir le bainistíocht teagmhais agus géarchéime. Tugadh tionscnaimh éagsúla chun cinn i rith na bliana d'fhonn cur le críochnúlacht agus le héifeachtacht na heagraíochta. Bhí próisis fhoirmeálta maidir le hord tábhachta agus pleanáil maidir le hacmhainneacht agus éileamh mar bhonn daingean faoi fhorbairt Phlean Gnó Bliantúil 2025. Tugadh athbhreithniú mion chun críche maidir leis an mbuiséad meántéarmach, an meastachán costais agus na bearta is gá a dhéanamh d'fhonn an t-ardú tuartha ar an mbonn costais go ceann cúig bhliana a mhaolú, agus tionscnaíodh bearta áirithe d'fhonn srian a chur le costais i rith na bliana 2025. Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana maidir le saothar bunaithe ar dhaoine, mar shampla leanadh de na cláir leathanréimseacha maidir le forbairt scileanna a thabhairt i gcrích, le cuíchóiriú ar an gcóras maidir le hoibriú hibrideach, agus leis an gclár maidir le gluaiseacht leataobhach inmheánach a chur i bhfearas. Tá tuilleadh sonraí ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis an obair faoin téama, Bunathrú, i gCaibidil 3 den Tuarascáil Bhliantúil.

### Cosaint

Tá na spriocanna straitéiseacha a bhaineann le Cosaint ceangailte lenár dtiomantas seasta leanúnach do leagan amach, do chur i bhfeidhm agus d'oibriú chreataí lárnacha beartais, rialála agus maoirseachta an Bhainc Ceannais a neartú, ós rud é go

gcomhlíonaimid ár bhfeidhmeanna reachtúla trí na samhlacha agus creataí sin. Tá tuilleadh sonraí maidir le baint amach na bhfreagrachtaí reachtúla seo i gCaibidil 2 den Tuarascáil Bhliantúil.

Lean an Banc Ceannais, i gcomhar le piaraí Eorpacha, dá phríomhaidhmeanna beartais a shaothrú le linn 2025. Maidir le cobhsaíocht praghsanna, rannchuidíomar le forbairt agus cur i bhfeidhm beartais airgeadaíochta sa limistéar euro. Tar éis tréimhse ina raibh boilsciú os cionn na sprice i ndiaidh na paindéime agus ionradh na Rúise ar an Úcráin, bhí boilsciú sa limistéar euro ag teannadh leis an spriocráta in 2025. Léirigh sé seo tionchar carnach na n-idirghabhálacha beartais airgeadaíochta le blianta beaga anuas i ndiaidh phaindéim Covid-19, agus athbhreithniú Chomhairle Rialaithe BCE ar a straitéis beartais airgeadaíochta. Ar an gcuma chéanna, maidir le cobhsaíocht airgeadais, bhí bearta beartais le deich mbliana anuas mar bhonn taca faoi athléimneacht an chórais airgeadais, d'ainneoin corraíl margaidh agus teannas breise maidir leis an ionchas do dhálaí macrairgeadais.

Leanadh i rith na bliana 2025 den Chreat Maoirseachta nuafheabhsaithe, a oibríochtaíodh sa bhliain 2024, a leabú agus a chuíchóiriú. Ligeann an múnla nua dúinn cur chuige níos dlúthchóirithe lánchuimsitheach a thabhairt i gcrích maidir le maoirseacht ar leibhéal na gnólachta agus na hearnála. Leanadh an tráth céanna den obair maidir le réimis rialachais nua de chuid an AE a chur i bhfeidhm, mar a bhaineann leis an Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní (MiCAR), an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA), Gníomh an AE um an Intleacht Shaorga. D'fhonn cur leis an athléimneacht oibríochtúil ar fud an chórais airgeadais, cuireadh próisis nua i bhfeidhm maidir leis an mbainistíocht i ndáil le soláthraithe mórthábhachtacha tríú páirtí agus le feabhas maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú. Leanadh freisin de na córais, próisis agus modhanna Geatóireachta a fheabhsú, i gcomhréir leis na moltaí faoin Athbhreithniú ar an Réimeas Feidhmiúlachta agus Cuibhis. Is féidir, dá bharr sin, gnáis oibre níos éifeachtaí, níos follasaí agus níos críochnúla maidir le húdarúchán agus toirmeasc a chumasú.

## Ag breathnú chun cinn

Táthar ag teannadh le deireadh na sraithe straitéise reatha agus tosófar i rith na bliana 2026 ar an gcéad straitéis eile a leagan amach. Fágann an brostú faoi athrú ar chúrsaí maicreacnamaíocha, geopholaitiúla, aeráide agus teicneolaíocha inár dtimpeall gur gá don Bhanc Ceannais leanúint den fhorbairt, den oiriúnú agus den athrú maidir leis na modhanna ina dtugtar sainchuspóirí i gcrích ionas gur féidir leanúint de bheith ag freastal ar leas an phobail go héifeachtach críochnúil.

# **Caibidil 2:** Ár bhFreagrachtaí a Chur i gCrích

# Caibidil 2: Ár bhFreagrachtaí a Chur i gCrích

## Cobhsaíocht Praghsanna

Próiseas díbhoilscithe a bhí leanúnach más éagothrom, fás a bhí measartha ach athléimneach, agus breis éiginnteachta ón timpeallacht sheachtrach, ba iad sin príomhghnéithe gheilleagar an limistéir euro in 2025. Le linn 2025, tháinig maolú de réir a chéile ar an mboilsciú príomha, a bhí cothrom le 2.4% ag deireadh 2024, go dtí tuairim is 2.1% ar an meán don bhliain agus, faoi dheireadh na bliana, bhí sé gar do sprioc BCE arb ionann é agus 2% ar bhonn inbhuanaithe. Ba é ba mhó ba chúis leis an bpróiseas díbhoilscithe an maolú leanúnach ar thurraingí praghsanna fuinnimh, normálú breise maidir le slabhraí soláthair agus éifeachtaí moillithe na gcoigeartuithe roimhe seo ar ráta beartais. Ní conair aonfhoirmeach a bhí ann, áfach. D'fhan boilsciú seirbhísí ardaithe go leanúnach, níos airde ná 3% ar feadh cuid mhór den bhliain, rud a léiríonn go páirteach tarchur leanúnach an chúitimh ar fhíorthuarastail chuig praghsanna tomhaltóirí in earnálacha dlúthshaothair. Tháinig fás thart ar 4% ar thuarastail idirbheartaithe in 2025, cé go raibh táscairí réamhbhreathnaitheacha — rianaire tuarascáil BCE féin ina measc — ina gcomharthaí ar mhoilliú suntasach, agus é á thuar go maolódh fás ar thuarastail i dtreo 3.3% in 2026 agus go gcobhsódh sé faoi bhun 3% faoi dheireadh 2026.

Bhí fás OTI sa limistéar euro measartha ach athléimneach arís, agus ráta 1.5% á thuar sna réamheastacháin do 2025. Bhí fíorioncaim mhéadaitheacha mar fhás pá ainmniúil agus tarchur an mhaolaithe airgeadaíochta de réir a chéile chuig dálaí airgeadais ina bhonn taca faoin éileamh intíre. Rinneadh na tosca sin a fhritháireamh go páirteach le héileamh seachtrach lag, maolú leanúnach ar aschur tionsclaíoch sa chéad leath den bhliain — go háirithe sa Ghearmáin — agus géarú ar an éiginnteacht a d'eascair as aighneas i gcúrsaí trádála agus easpa cinnteachta i gcúrsaí geopholaitiúla. Tríd is tríd, is mó a d'athraigh an cóimheá rioscaí maidir leis an ionchas boilscithe i dtreo an taoibh thíos de réir mar a chuaigh an bhliain 2025 ar aghaidh, rud a chuir bonn faoi mhaolú ar an seasamh i ndáil leis an mbeartas airgeadaíochta.

### Cinntí maidir le Beartas Airgeadaíochta an Eurochórais

I bhfianaise muinín breise go raibh bonn dáiríre faoin bpróiseas díbhoilscithe, leanadh leis an tsraith maolúcháin i rith an chéad leath den bhliain 2025. Ag a cruinniú i mí Eanáir, laghdaigh an Chomhairle Rialaithe ráta na saoráide taisce faoi 0.25% eile go dtí 2.75%, agus luadh mar chúis leis sin, an maolú leanúnach ar bhoilsciú mar aon leis an ngá chun tacú le hionchas lagaithe fáis. Tháinig ísliú 0.25% i ndiaidh a chéile arís i mí an Mhárta, i mí Aibreáin agus i mí an Mheithimh ionas go

raibh ráta na saoráide taisce cothrom le 2.00% faoi lár na bliana — ísliú carnach 100 bonnphointe i rith na bliana 2025, maolú a bhí ar aon dul le luas an mhaolaithe a chonacthas in 2024, sa chaoi gurbh ionann an t-ísliú iomlán ó cuireadh tús leis an tsraith ísliúcháin i mí an Mheithimh 2024 agus 200 bonnphointe carnach (nó 2 phointe céatadáin).

Ba chinneadh suntasach é an cinneadh a glacadh i mí an Mheithimh ó tharla go raibh an beartas airgeadaíochta á athrú ó chineál an tsrianta go dtí an chuid is airde den réimse maidir le meastachán neodrach ráta na Comhairle Rialaithe, léiriú ar an measúnú go raibh boilsciú ag druidim i dtreo na sprice, arb ionann í agus 2% ar bhonn inbhuanaithe.

Tugadh le tuiscint i mbearta cumarsáide na Comhairle Rialaithe go rabhthas ag cur chuig an gcúram ar bhealach níos airí agus bunaithe níos mó ar shonraí as seo amach, agus luadh go raibh gá le measúnú ar bhonn cruinniú ar chruinniú maidir le conair na rátaí seachas réamhthreoir i bhfianaise leibhéal ne héiginnteachta — go háirithe i ndáil le cúrsaí trádála ar fud an domhain. Ag teacht leis an gcur chuige sin, choinnigh an Chomhairle Rialaithe na rátaí gan athrú ag na cruinnithe i mí Mheán Fómhair, mí Deireadh Fómhair agus mí na Nollag 2025, agus coinníodh ráta na saoráide taisce ag 2.00%. Bhí fosadh mar sin ceangailte leis an ráta boilscithe a bheith cóngarach don sprioc agus breith na Comhairle Rialaithe go raibh an beartas airgeadaíochta a bheag nó a mhór ar an gcóir ba chuí i ndáil leis an ionchas meántéarmach. I réamheastacháin mhí na Nollag 2025, bhí á thuar go mbeadh an príomhráta boilscithe beagán faoi bhun na sprice sa bhliain 2026 (1.9%), agus go mbeadh ar ais ag 2.0% faoi thús na bliaa 2028.



## An Obair maidir le Beartas Airgeadaíochta an Eurochórais

I rith na bliana 2025, lean an BCE den phróiseas maidir le normálú ar an mbeartas airgeadaíochta agus le hísliú de réir a chéile ar an gclár comhardaithe, faoi mar a fógraíodh i mí na Nollag 2021.  Leantar den phunann maidir leis an gClár Ceannaithe Sócmhainní a laghdú ar ráta tomhaiste intuartha agus deireadh le hathinfheistíocht urrúis, ar a dteacht in aibíocht, ó bhí mí Iúil 2023 ann. Cuireadh deireadh le hathinfheistíocht i bpunann Chlár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime ag deireadh na bliana 2024.

Lean ísliú ar chlár comhardaithe an Eurochórais i rith na bliana go raibh cothrom le €6.3trn faoi dheireadh na bliana, ísliú isteach is amach le €0.12trn. Punainn bannaí beartais airgeadaíochta a scaoileadh de réir a chéile, rud a chuir leis an normálú ar chlár comhardaithe an Eurochórais, ba mhó ba chúis leis an ísliú. Bhí teorainn i gcónaí i rith na bliana ar an úsáid a baineadh as na príomhoibríochtaí athmhaoinithe seachtainiúla agus as bearta athmhaoiniúcháin níos fadtéarmaí trí mhí. Leanadh, chomh maith leis sin, de bhuanoibríocht dhollar SA seacht lá a dhéanamh ar bhonn seachtainiúil. De thoradh ar an bpróiseas maidir le normálú an

bheartais airgeadaíochta, tháinig ísliú tuairim is €0.4trn ar an róleachtacht ar fud an Eurochórais i rith na bliana 2024, go dtí níos lú ná €2.5trn, rud a léiríonn go príomha an laghdú a tháinig ar na bannaí a bhí á gcoinneáil i bpunainn beartais airgeadaíochta[2]. Sa chomhthéacs sin, thug an BCE cuireadh i mí na Nollag 2025 do fhrithpháirtithe tástáil a dhéanamh go rialta ar an acmhainn luathbheartaíochta i ndáil le hoibríochtaí caighdeánacha athmhaoinithe an Eurochórais a thapú.

### An Obair maidir le Beartas Airgeadaíochta na hÉireann

Tá cúngú, mar a bhí á thuar, ar shealúchas an Bhainc Ceannais faoi phunann APP ó chinn an Chomhairle Rialaithe gan leanúint le hathinfheistíocht ó mhí Iúil 2023 amach. Laistigh de phunann APP, ba BCN ceannaigh é an Banc Ceannais faoi chlár ceannaithe sócmhainní na hearnála poiblí (PSPP) agus faoin tríú clár ceannaithe maidir le bannaí faoi chumhdach (CBPP3). Tháinig ísliú go dtí €32bn ag deireadh na bliana 2025, ó €34.2bn ag deireadh na bliana 2024, ar shealúchas faoi chlár CCEP ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais. Tháinig ísliú go dtí €142.5m ag deireadh na bliana 2025, ó €654m an bhliain roimhe sin, ar shealúchas bannaí faoi chumhdach faoi chlár CBPP3, bannaí a gcuirtear an riosca ina leith i bpáirt leis an Eurochóras. An tráth céanna, tháinig ísliú i rith na bliana ar shealúchas an Bhainc Ceannais maidir le bannaí de chuid rialtas na hÉireann faoi chlár PEPP ó €21.4bn ag deireadh na bliana 2024 go €19.5bn ag deireadh na bliana 2025.

Maidir le bearta athmhaoiniúcháin, ní raibh aon iasachtaí beartais airgeadaíochta gan íoc faoin 31 Nollaig 2025 ag contrapháirtithe de chuid na hÉireann, mar a chéile leis an gcás ag deireadh na bliana 2024. Thug an Banc Ceannais ísliú chun aire ar leibhéal na gcúltaiscí le hísliú maidir le róleachtacht ó €83.8bn ag deireadh na bliana 2024 go dtí €75.2bn faoi dheireadh na bliana 2025.

Rinne an Banc Ceannais faireachán, i gcomhréir le nós imeachta an Eurochórais, i rith na bliana 2025 ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le cúlchistí íosta ag forais creidmheasa.

## Cobhsaíocht Airgeadais

D'fhonn cobhsaíocht an chórais airgeadais a chaomhnú, déanann an Banc Ceannais na príomhréimsí riosca a chuirfí roimh an gcóras a mheas chomh maith le seasmhacht an chórais i leith na réimsí sin. Is córas seasmhach airgeadais córas lena mbaineann an acmhainn seirbhísí a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí na hÉireann, más maith nó crua cúrsaí an tsaoil. Féachtar le beartaíocht an Bhainc

[2] Mar seo a leanas a dhéantar figiúirí maidir le róleachtacht an Eurochórais a ríomh: iarmhéideanna cuntais reatha, móide iarmhéideanna saoráidí taisce, lúide iomlán na gceanglas cúlchistí íosta, lúide iarmhéideanna saoráidí iasachta imeallacha.

Ceannais, go háirithe leis na polasaithe macrastuamachta, lena chinntiú go mbíonn seasmhacht an chórais airgeadais i gcomhréir leis an mbaol a bheadh roimhe.

## Meastóireacht agus Anailís maidir le Cobhsaíocht Airgeadais

D'fhoilsigh an Banc Ceannais dhá Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais i rith na bliana 2025. Tugtar cuntas iontu sin ar thuairim an Bhainc Ceannais faoi na príomhréimsí baoil a bheadh roimh chóras airgeadais na hÉireann agus faoi sheasamh an chórais airgeadais i leith na réimsí sin, chomh maith le cuntas achomair ar pholasaithe an bhainc ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais. I rith na bliana 2025, bhí dálaí eacnamaíocha intíre na hÉireann dearfach i gcónaí ach tharla géarú suntasach ar an éiginnteacht maidir le cúrsaí eacnamaíocha an domhain agus leis an mbeartas trádála, nithe a bhféadfadh baol mór chun dochair a bheith i gceist leo maidir le fás trádála agus eacnamaíoch. Téann córas geilleagair domhanda níos scaoilte agus níos so-athraithe i bhfeidhm ar ghnóthaí eacnamaíocha in Éirinn agus ar sheasmhacht teaghlaigh, gnólachtaí agus earnáil na seirbhísí airgeadais. Is suntasach an baol sin d'Éirinn toisc go bhfuil geilleagar beag oscailte aici agus toisc go mbíonn ról tábhachtach ag an infheistíocht idirnáisiúnta agus ag fiontair ilnáisiúnta sa gheilleagar sin.



Rinne an Banc Ceannais obair taighde agus anailíse i rith na bliana 2025 d'fhonn cur leis an tuiscint ar réimsí éagsúla riosca agus easnaimh sa chóras airgeadais agus a dtiocfadh i gceist leis sin don bheartas macrastuamachta. Cuireadh toradh an tsaothair sin in iúl ar bhealaí éagsúla, sraitheanna foilseachán ina measc Léargas Lucht na Foirne agus Páipéir Taighde Theicniúla. Áirítear ar na réimsí mionscrúdaithe:

- Tuiscint ar chúiseanna le timthriallacha riosca in Éirinn, mar shampla timthrialla maidir le réadmhaoin tráchtála agus tithíocht/creidmheas in Éirinn.
- Seasmhacht bhancanna, theaghlaigh agus fhiontair bheaga agus meánmhéide na hÉireann in aghaidh bhuillí gan choinne, baol a ghabhfadh leis an aistriú aeráide san áireamh.
- Bearta morgáiste bunaithe ar iasachtaithe agus tithíocht, lena n-áirítear deich mbliana de bhearta morgáistí a mheas.
- Iasachtaí neamhbhainc d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

## An Beartas Macrastuamachta

Féachtar le hobair an Bhainc Ceannais, na beartais mhacrastuamachta go háirithe, lena chinntiú go mbíonn seasmhacht an chórais airgeadais i gcomhréir leis na réimsí baoil a chuirtear roimhe. Déanann an Banc Ceannais na beartais mhacrastuamachta a mheas go rialta chun a chinntiú gur oiriúnach i gcónaí an seasamh a ghlactar. Tá bearta a bhaineann le bainc (cúlchistí caipitil macrastuamachta), le hiasachtaithe

(bearta maidir le morgáistí), agus le heagrais neamhbhainc (le béim faoi láthair ar chistí infheistíochta) ag baint leis an gcreatchóras.

Maidir le maoláin caipitil macrastuamachta do bhainc, choinnigh an Banc Ceannais an cúlchiste fritimthriallach ag 1.5% sa bhliain 2025. Is é atá de straitéis ag an mBanc Ceannais cloí an maolán sin a choinneáil ag 1.5% nuair a bhíonn dálaí riosca géaraithe nó maolaithe.  Dheimhnigh an Banc Ceannais an athuair in 2025 go raibh sé cinn de ghnólachtaí rialáilte aitheanta mar institiúidí a raibh tábhacht shistéamach leo do gheilleagar na tíre seo agus do gheilleagar AE. Tá de cheangal ar na gnólachtaí sin maolán caipitil macrastuamachta breise a choinneáil, sa chaoi go laghdófaí an dóchúlacht go gclisfeadh orthu. Íslíodh an ceanglas caipitil i ndáil le gnóthas amháin agus fágadh an ceanglas gan athrú i ndáil leis na cúig cinn eile.

Ba é breith an Bhainc Ceannais go raibh na bearta macrastuamachta maidir le morgáistí ag freastal don chuspóir maidir le caighdeáin inbhuanaithe iasachtóireachta a chinntiú i rith na bliana 2025. Tá an Banc Ceannais dúthrachtach maidir le faireachán agus cumarsáid a dhéanamh go leanúnach maidir leis na bearta faoi ghnóthaí morgáiste.



Rinne an Banc Ceannais faireachán ar chur i bhfeidhm, céim i ndiaidh céime, na mbeart macrastuamachta maidir le cistí maoine de chuid na hÉireann, faoina gceanglaítear ar chistí cloí le srianta maidir le hualú faoi dheireadh mhí na Samhna 2027. Leanann sé d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart macrastuamachta a tugadh i bhfeidhm i mí Iúil 2024 ag cistí infheistíochta arna n-údarú ag Éirinn atá dírithe ar dhliteanas in ainmníocht GBP.

Lean an Banc Ceannais den chomhoibriú idirnáisiúnta d'fhonn  an dearcadh macrastuamachta a threisiú i ndáil le rialáil cistí infheistíochta. Rinne an Banc Ceannais comhchathaoirleacht ar Thascfhórsa Ardleibhéil an Eurochórais maidir le beartas macrastuamachta i leith institiúidí neamhbhainc. I rith na bliana 2025, rinne an Tascfhórsa beartais príomhthábhachta a mheas d'fhonn cur le beartaíocht an Eurochórais i ndáil le comhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh faoi bheartais mhacrastuamachta maidir le hidirghabháil airgeadais neamhbhainc sa bhliain 2024. Bhí an Banc Ceannais páirteach freisin in aontú chríochnúil na moltaí beartais a d'fhoilsigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais i mí Iúil 2025 maidir leis na réimsí riosca don chobhsaíocht airgeadais a eascraíonn ó úsáid giarála ag eagrais neamhbhainc.

## An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is bunachar náisiúnta sonraí éigeantacha maidir le faisnéis phearsanta agus faisnéis creidmheasa, arna fheidhmiú ag an mBanc Ceannais, an Príomh-Chlár Creidmheasa. Cuireann sé feabhas ar chobhsaíocht airgeadais agus ar chosaint tomhaltóirí trí fhaisnéis chuimsitheach maidir le hiasachtú a chur ar fáir d'iasachtóirí chun go

gcumasófar measúnú níos fearr ar riosca creidmheasa agus cinntí níos eolaí maidir le hiasachtú. B'ionann líon na n-iasachtóirí a raibh faisnéis á chur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa ag deireadh na bliana 2025 agus 598 (2024: 614) agus b'ionann líon na dtaifead láithreach sa bhunachar sonraí agus 5.6m (2024: 5.5m). D'iarr iasachtóirí 2.83m tuairisc creidmheasa i rith na bliana 2025 (2024: 2.52m). 39,279 líon na dtuarascálacha creidmheas a cuireadh ar fáil d'iasachtóirí i rith na bliana 2025 (2024: 37,037, ardú 6%. Déantar an costas a ghabhann leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa a aisghabháil trí tháille a ghearradh ar na hiasachtóirí mar gheall ar gach fiosrú a dhéantar.

## Athrú Aeráide

Tá obair an Bhainc Ceannais mar gheall ar an athrú aeráide dírithe ar sheasmhacht an chórais airgeadais trína thabhairt gur dlúthchuid den obair i ngnólachtaí rialaithe an bhainistíocht éifeachtúil i ndáil le cúrsaí baoil, lón eolais a chur ar fáil do cheapadh an bheartais náisiúnta maidir leis an aeráid trí leas a bhaint as shonraí, ábhar taighde agus acmhainn anailíse an bhainc, agus an acmhainn a bheadh sa chóras airgeadais maidir leis an mbunathrú aeráide a mheas. Tá le tuiscint ó chomharthaí áirithe go bhfuil borradh faoin aistriú go dtí foinsí eile fuinnimh. Dá ainneoin sin, leanann géarú ar réimsí fisiciúla baoil maidir leis an aeráid, níl an dícheall maolúcháin maidir le cúrsaí aeráide ar fud an domhain mar ba chóir, agus tá an dícheall comhoibre idirnáisiúnta níos casta mar gheall ar chora nua i gcúrsaí polaitíochta go hidirnáisiúnta.

Déanann an Banc Ceannais cathaoirleacht ar anbhFóram maidir le Riosca Aeráide agus Gnóthaí Airgeadais Inmharthana, trína dtugtar le chéile saineolaithe de chuid an tionscail agus rialtóirí d'fhonn cur chuige i gcomhar a chothú maidir leis an mbainistíocht ar réimsí baoil agus deiseanna i ngnóthaí airgeadais a bhaineann le cúrsaí aeráide. Foilsíodh Feedback Report on the ESMA Common Supervisory Action on Sustainability Risks and Disclosures in the Investment Funds Sector agus Nóta Faisnéise d'fhonn comhairle a chur ar fáil do ghnólachtaí maidir le Planning for the Transition to Net Zero.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais ábhar taighde agus tuarascálacha faoi Dul in Oiriúint don Athrú Aeráide a Mhaoiniú (i gcomhar le jointly with the gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide), Climate Change and Irish firms' Access to Finance, agus Flood Risk in Business Lending. Cuireann Faireachlann Aeráide an Bhainc Ceannais tuairisc bhliantúil bunaithe ar fhianaise ar fáil faoi phatrúin eolaíochta maidir leis an aeráid agus a dtionchar ar réimsí sainchúraim an Bhainc Ceannais. Foilsíodh Climate-Related Financial Disclosures an Bhainc Ceannais i mí an Mheithimh 2025 agus leasaíodh Treochlár na Gníomhaíochta ar son na hAeráide i mí na Samhna 2025.

# Réiteach

## Pleanáil Réitigh agus Inréiteacht Fhorfheabhsaithe

Ag teacht lena mbíonn an Bord Réitigh Aonair ag tnúth leis i ndáil le Bainc agus an Cur Chuige maidir le Réiteach a d’fhoilsigh an Banc Ceannais, lean bainc den dul chun cinn maidir le bacanna ionchais roimh acmhainn inréiteachta a thabhairt chun bealaigh i rith na bliana 2025. Bhí béim níos géire ar oibríochtú agus thástáil d’fhonn fónamh d’imréiteacht na mbanc. Shásaigh na bainc na spriocanna maidir le híosleibhéil i ndáil lena gcuid cistí féin agus na dliteanais ináirithe atá i bhfeidhm d’fhonn a chinntiú go mbíonn dóthain caipitil agus na dliteanais chuí ag bainc ar féidir iad a thapú, más gá, tráth teipe. Chuir an Banc Ceannais tús leis an obair phleanála do chreat réitigh d’earnáil an árachais mar a éilítear faoin Treoir maidir le hAisghabháil agus Réiteach Árachais a bheidh á thrasuí i reachtaíocht náisiúnta na hÉireann faoi mhí Eanáir 2027. Níor tharla aon bheart réitigh i rith na bliana 2025

## Cistí Réitigh

Tá freagracht reachtúil ar an mBanc Ceannais i ndáil le trí cinn de chistí réitigh: an Ciste Réitigh Aonair (thar ceann an Bhoird Réitigh Aonair), an Ciste Réitigh Banc agus Gnólachtaí Infheistíochta agus an Ciste Réitigh Foras Creidmheasa. Níor thiomsaigh an Banc Ceannais ranníocaíochtaí ex ante ó ghnólachtaí rialaithe in Éirinn sna cistí seo i rith na bliana 2025. Ní raibh gá úsáid a bhaint as na cistí i rith na bliana 2025. An 31 Nollaig 2025, bhí €81bn sa Chiste Réitigh Aonair i gcomórtas le sprioc €78bn, €70m sa Chiste Réitigh Banc agus Gnólachtaí Infheistíochta, agus €66m sa Chiste Réitigh Foras Creidmheasa. Rinneadh iasacht €10m ón Aire Airgeadais leis an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a aisíoc i rith na bliana 2025.



## An Scéim Ráthaíochta Taiscí agus an Ciste Cúitimh Árachais

Is é an Banc Ceannais a dhéanann riarachán ar an Scéim Ráthaíochta Taiscí agus ar an gCiste Cúitimh Árachais. Baineadh amach an sprioc shainordaithe maidir leis an Scéim Ráthaíochta Taiscí, teacht ar acmhainní airgeadais cothrom le 0.8%, faoi mhí Iúil 2024. Meastar gurb é cúis a bheadh le tobhach arís san am atá le theacht go mbeadh ardú ar luach carntha na dtaiscí a thagann faoi scáth na scéime nó go mbainfí úsáid as cistí de chuid na Scéime Ráthaíochta Taiscí.

D’íoc an Ciste Cúitimh Árachais €4.8m leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i rith na bliana 2025 i ndáil le dhá eintiteas dócmhainneacha, eadhon: Gefion Finians A/S (an Danmhairg) (i bhFéimheacht) agus Setanta Insurance Company Limited (Málta) (faoi Leachtú). D'íoc an Ciste Cúitimh Árachais €1m le Leachtóirí an Prometheus Insurance Company Limited (faoi Leachtú).


### Ullmhacht agus Bainistíocht i leith Géarchéim Airgeadais

I rith na bliana 2025, bhí obair an Bhainc Ceannais maidir le hullmhacht do chás géarchéime dírithe ar scrúdú ar na córais luathbheartaíochta ar fud an chórais agus ar shocruithe teagmhasacha sa chás go gcuirfí cúrsaí oibriúcháin as a riocht maidir le seirbhísí íocaíochta, airgead tirim san áireamh. Áirítear leis sin Freachnamh an Mhodh Íocaíochta, freachnamh macasamhail géarchéime i mí na Nollag 2025 in éineacht leis an Roinn Airgeadais, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus ranna eile rialtais a bhaineann le hábhar.

## Córais Íocaíochta

### Oibritheoir an Chórais Íocaíochta

Is é an Banc Ceannais a riarann TARGET Ireland, gné na hÉireann de Sheirbhísí TARGET atá faoi úinéireacht agus á oibriú ag an Eurochóras Déanann an tEurochóras Seirbhísí TARGET a fhorbairt agus a oibriú d'fhonn saorshreabhadh a chinntiú ar fud na hEorpa maidir le hairgead tirim, urrús agus comhthaobhach. Áirítear ar na seirbhísí bonneagair seo maidir leis an margadh airgeadais T2 (réiteach íocaíochta), T2S (réiteach urrús), TIPS (réiteach comhuaineach maidir le híocaíochtaí), an réiteach ina leith sin ar fad in airgead an bhainc ceannais.



Ar an 16 Meitheamh, cuireadh seirbhís nua de chuid TARGET sa siúl, Córas Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais (ECMS), córas aontaithe trína ndéantar cuíchóiriú maidir le bainistíocht comhthaobhachta i mbearta creidmheasa an Eurochórais ar fud dhlínsí uile an limistéir euro. Tháinig ECMS in ionad na gcóras a bhíodh i bhfeidhm roimhe sin ag bainc cheannais náisiúnta maidir le leathnú leis na Seirbhísí TARGET reatha agus deis ar ECMS a thabhairt faoina scáth. Is mór an ní seo a thabhairt i gcrích, in imeacht sé bliana, ag an mBanc Ceannais agus ag margadh na hÉireann.

Chomh maith leis an méid sin, tá Pontes seolta freisin ag an Eurochóras, seift maidir le teicneolaíocht mórleabhar dáilte (DLT) trína gceanglaítear ardáin DLT margaidh agus Seirbhísí TARGET le chéile d'fhonn réiteach ar idirbhearta in airgead an bhainc ceannais. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair ullmhúcháin maidir le cóiriú ar T2 a theastaíonn maidir leis an euro digiteach. I rith na bliana 2025 freisin, thug an tEurochóras deis do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc ceannais, TARGET ina measc.

Tá 13 úinéir cuntais RGTS ag T2-Éire faoi láthair, aon chóras coimhdeach amháin agus dhá chuntas airgid tiomnaithe T2S. Tharla ísliú 6.90% ar líon na n-idirbheart (625,760) a ndearnadh próiseáil orthu faoi T2-Éire i rith na bliana 2025, tháinig ísliú 17.76% go €5.38tn sa bhliain 2025 ar luach iomlán na n-idirbheart.

Is é an Banc Ceannais atá freagrach as Clár Bhannaí agus Bhillí Státchiste Rialtas na hÉireann a riar thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Faoi dheireadh na bliana 2025, b'ionann luach ainmniúil na mbannaí agus na billí ar an gclár agus €137.7bn, ísliú 2.14% ón mbliain seo caite.

## Brostú an Chórais Íocaíochta

Ar cheann de na príomhróil leis an mBanc Ceannais i ndáil le cúrsaí íocaíochta, tá an ról Brostaitheoireachta, ról a eascraíonn as sainordú Brostaitheoireachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Is é is mó a thagann i gceist leis an ról sin athrú chun sochair a spreagadh agus a chothú ar mhargaí íocaíochta miondíolacháin na hÉireann agus na hEorpa le béim faoi leith ar fheabhas maidir le héifeachtacht, slánchóiriú agus slándáil an mhargaidh.  Baineann an ról Brostaitheoireachta cuid mhór le comhchaidreamh le rannpháirtithe an mhargaidh. Ar cheann de na modhanna foirmeálta ina ndéantar sin, tá Fóram Íocaíochtaí Miondíolacháin na hÉireann (FÍMÉ), fóram náisiúnta íocaíochtaí na hÉireann, a ndéanann an Banc Ceannais cathaoirleacht air. Is iad príomhaidhmeanna FÍMÉ a) sábháilteacht agus éifeachtacht leanúnach a chothú maidir le híocaíochtaí miondíolacháin in Éirinn agus, b) an comhar a chothú idir na páirtithe leasmhara uile i ndáil le seirbhísí íocaíochta agus deiseanna íocaíochta níos nua agus níos fearr a fhorbairt agus a chur ar fáil.

Déantar fónamh freisin do thionscnaimh náisiúnta, mar shampla Straitéis Náisiúnta Íocaíochtaí an Rialtais, faoina bhfuil bearta éagsúla á dtabhairt chun cinn ag an mbanc atá dírithe ar fheabhsú mhargadh íocaíochtaí miondíolacháin na hÉireann. Áirítear ina measc sin an Grúpa Oibre Íoc de réir Cuntais a chur ar bun ionas go dtugtar baincéireacht oscailte agus seifteanna íocaíochtaí comhuaineacha chun tosaigh in Éirinn, agus scrúdú a dhéanamh ar Úsáid Costais agus Éifeachtacht Íocaíochtaí Miondíolacháin, d’fhonn eolas níos fearr ag rannpháirtithe an mhargaidh (tráchtálaithe san áireamh) faoi chostais agus bhuntáistí coibhneasta a bhaineann le deiseanna éagsúla íocaíochta a úsáid (e.g. cártaí, airgead tirim, aistriú creidmheas etc.).

## Athruithe Rialála ar an Mórchóras Íocaíochta

Ceanglaíodh i mí Eanáir 2025 ar gach soláthraí seirbhísí íocaíochta (SSÍ) in Éirinn agus sa limistéar euro a thairgíonn aistriú creidmheasa SEPA (SCT) den seanchineál in airgeadra an euro, freastal do ghlacadh le haistriú creidmheasa SEPA comhuaineach (nó “íocaíocht chomhuaineach SEPA (SCT-inst)”) agus faoi mhí Deireadh Fómhair 2025 bhí leathnaithe leis sin go raibh íocaíochtaí SCT-inst a sheoladh san áireamh chomh maith, rud a ligeann don chustaiméir íocaíochtaí in airgeadra euro a sheoladh nó a ghlacadh in imeacht deich soicind, am ar bith i rith 24 uair a chloig an lae. Rinne Banc Ceannais na hÉireann, an t-údarás inniúil chun críche Rialachán SEPA, lena n-áirítear leasuithe a tugadh isteach leis an Rialachán maidir le

hÍocaíochtaí Meandracha, maoirseacht agus fónamh don athrú seo trí chaidreamh a chothu le heagrais an tionscail, cruinnithe déthaobhacha a shocrú le bainc agus soláthraithe SSÍ eile, agus tionscnaimh cumarsáide a eagrú do thomhaltóirí.

## Euro Digiteach

Tá d'aidhm le togra euro digiteach an Eurochórais airgead bainc ceannais a chur ar fáil don phobal i bhfoirm dhigiteach. Airgead tirim faoi chló digiteach a bheadh in euro digiteach, á eisiúint ag an mbanc ceannais agus ar fáil ag an uile dhuine sa limistéar euro. Tá an Banc Ceannais ag teacht i gcónaí le haidhmeanna BCE/an Eurochórais maidir leis an euro digiteach. Tar éis céim ullmhúcháin dhá bhliain, ar cuireadh tús leis i mí na Samhna 2023, a thabhairt chun críche go sásúil, chinn Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) ar an 29 Deireadh Fómhair 2025 bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile de thogra an euro digitigh. Tá an cinneadh sin ag teacht leis an iarratas ó cheannairí na hEorpa brostú leis an dul chun cinn maidir leis an euro digiteach.

Tugadh na príomhaidhmeanna a bhain leis an gcéim ullmhúcháin i gcrích, ina measc: dréacht de leabhar rialacha maidir le euro digiteach (caighdeáin lena dtabharfar cuíchóiriú ar chaighdeáin íocaíochta ar fud an limistéir euro i gcrích); soláthraithe ionchais a roghnú maidir le príomhghnéithe an ardáin agus an bhonneagair don euro digiteach; agus tástáil a dhéanamh trí ardán nuálaíochta agus taighde go forleitheadach ar an lucht úsáide ionas go gcinntítear go sásófaí na caighdeáin is airde leis an euro digiteach.

Tá an chéad chéim eile dírithe ar thrí phríomhshruth oibre: an ullmhacht theicniúil a thabhairt chun tosaigh tríd an mbonnsraith teicniúil faoin euro digiteach a fhorbairt agus bunghnéithe feidhmiúlachta a dhearbhú le tástáil phíolótach; treisiú leis an gcaidreamh le soláthraithe seirbhísí íocaíochta, tráchtálaithe agus ionadaithe tomhaltóirí ar an margadh; agus leanúint ag fónamh don phróiseas reachtaíochta le lón eolais teicniúil.



D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra reachtaíochta i mí an Mheithimh 2023 maidir le creat dlí a chur ar bun don euro digiteach dá mbeifí lena thabhairt isteach. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir leis an togra reachtaíochta agus tháinig Uachtaránacht na Danmhairge ar an gComhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndeireadh na bliana 2025. Ar an tuiscint shealadach go nglacfaidh lucht reachtaíochta na hEorpa i rith na bliana 2026 leis an rialachán maidir leis an euro digiteach a chur ar bun, d'fhéadfadh cleachtadh píolótach agus idirbhearta tosaigh a bheith ar siúl chomh luath le lár na bliana 2027 agus an tEurochóras ullamh le euro digiteach a eisiúint den chéad uair i rith na bliana 2029. Ní dhéanfaidh an Chomhairle Rialaithe cinneadh deiridh maidir le euro digiteach a eisiúint, ná an dáta eisiúna má dhéantar, go dtí go mbíonn creat reachtaíochta an Aontais Eorpaigh aontaithe.

Tá sonraithe ag an mBanc Ceannais gur beart straitéise agus maoirseachta tús áite tionscnamh an euro digitigh agus leantar den chaidreamh leis na príomhpháirtithe leasmhara ar mhargadh na hÉireann maidir le cora nua i ndáil leis an tionscadal. Moltar don uile ghnólacht rialaithe coinneáil go hiomlán ar an eolas faoi na cora nua ar fad, monatóireacht a dhéanamh d'aon ghnó ar an dul chun cinn agus an euro digiteach a chóiriú mar chuid dá gcuid pleananna gnó don am atá le theacht, dá gcuid creatchórais bainistíocht maidir le réimsí baoil agus dá gcuid buiséad ionas go gcinntítear iad ullamh má thagann sa saol go gcinntear euro digiteach a sheoladh.

## Airgead Reatha

### Nótaí Bainc

Sa bhliain 2025, d'eisigh an Banc Ceannais 145m nóta bainc (luach €4,931m), cothrom le hísliú 13% ar an 166m nóta bainc (luach €5,280m) a eisíodh sa bhliain 2024. Sa bhliain 2025, tháinig 85m nóta bainc (luach €2,108m) chuig an mBanc Ceannais, cothrom le hísliú 17% ar an 103m nóta bainc (luach €2,492m) a tháinig sa bhliain 2024.

**Tábla 1: Eisiúint Nótaí Bainc**

| Líon (m) na Nótaí Bainc a Eisíodh [3] | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| Ainmníocht | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 |
| €5 | 19.8 | 22.4 | 99 | 112 |
| €10 | 18.9 | 24.6 | 189 | 246 |
| €20 | 22.5 | 34.6 | 450 | 691 |
| €50 | 83.1 | 83.9 | 4,156 | 4,196 |
| €100 | 0.3 | 0.3 | 34 | 35 |
| €200 | 0 | 0 | 3 | 0 |
| Iomlán | 144.6 | 165.8 | 4,931 | 5,280 |

*Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad*

### Monaí

Ag feidhmiú don Bhanc Ceannais i gcáil gníomhaire de chuid an Aire Airgeadais, eisíodh 76m bonn (dar luach €37m) sa ghnáthchúrsaíocht i rith na bliana 2025. Is ionann é sin agus ardú 21% ar líon na mbonn a eisíodh i gcomparáid le 63m bonn (dar luach €33m) a eisíodh i rith na bliana 2024. Cuireadh 22m bonn (dar luach €14m) i dtaisce leis an mBanc Ceannais i rith na bliana 2025, ísliú 19% ar líon na mbonn (27m dar luach €12m) a tháinig isteach i rith na bliana 2024.

[3] Is nóta dlíthairgthe é an nóta bainc €500; ní dhéantar, ina dhiaidh sin féin, an nóta a eisiúint ón 27 Aibreán 2019 i leith.

**Tábla 2: Eisiúintí Monaí**

| Líon na mBonn (m) | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| Ainmníocht | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 |
| 1c[4] | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 2c | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 5c | 26 | 26 | 1 | 1 |
| 10c | 13 | 8 | 1 | 1 |
| 20c | 14 | 8 | 3 | 2 |
| 50c | 5 | 6 | 3 | 3 |
| €1 | 5 | 4 | 5 | 4 |
| €2 | 12 | 11 | 23 | 22 |
| Iomlán | 76 | 63 | 37 | 33 |

## Boinn do Bhailitheoirí

Déanann an Banc Ceannais imeachtaí suntasacha a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chomóradh trí raon táirgí moneolaíochta a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. I rith na bliana 2025, d'eisigh an Banc Ceannais na táirgí seo a leanas le díol ar collectorcoins.ie:

- Foireann na Bliana 2025 – Téama na Bithéagsúlachta
- Foireann do Leanbh 2025
- Bonn Profa Airgid 2025 – George Bernard Shaw
- Bonn Profa Airgid, Bonn Profa Óir & Foireann Dhúbailte 2025 – cothrom 250 bliain ó rugadh Dónall Ó Conaill.

[4] Ní dhéantar boinn 1c ná 2c a bhualadh in Éirinn.



**An Gobharnóir Makhlouf le Johnny Cunningham agus Nicola Fitzsimon - beirt de shliocht Dhónaill Uí Chonaill.**

I mí an Mheithimh 2025, sheol an Banc Ceannais bonn profa airgid mar chomóradh ar chothrom 100 bliain ó bronnadh duais Nobel ar George Bernard Shaw sa bhliain 1925. I mí Mheán Fómhair 2025, sheol an Banc Ceannais bonn profa airgid, bonn profa óir agus foireann dhúbailte mar tháirgí comórtha cothrom 250 bliain ó rugadh Dónall Ó Conaill.

## An Timthriall Náisiúnta Airgid Thirim agus Rochtain ar Airgead Tirim

Shínigh an tUachtarán an tAcht Airgeadais (Rochtain ar Bhonneagar Airgid Thirim a Sholáthar) 2025 (an tAcht) ina dhlí an 20 Bealtaine 2025 agus cuireadh tosach feidhme leis an Acht an 30 Meitheamh 2025. Leis an Acht sin, féachtar lena chinntiú go mbíonn teacht go réasúnta ar airgead tirim ag an bpobal agus ag gnólachtaí beaga agus meánmhéide. Tugtar san áireamh leis sin deis nótaí bainc agus boinn airgid a lóisteáil agus a thógáil amach. Seo a leanas roinnt de phríomhfhorálacha an Achta:



- Soláthar do chreat bainistíochta maidir le hathruithe san am atá romhainn ar ghnéithe den bhonneagar maidir le teacht a bheith ar airgead tirim ar bhealach cóir, cothrom, follasach agus, chun na críche sin, soláthar do chritéir maidir le teacht ar airgead tirim agus do mheasúnacht a dhéanamh maidir le heasnamh áitiúil agus, nuair is cuí, dá leithéid de chás a chur ina cheart;
- Eintitis a ainmniú ar a mbeidh an fhreagracht as comhlíonadh den sórt sin agus soláthar do bhearta monatóireacht agus forfheidhmiúcháin ag an mBanc Ceannais i leith na réimsí dualgais sin.
- Déanfaidh an Banc Ceannais faisnéis áirithe maidir leis an teacht ar airgead tirim a chruinniú agus a fhoilsiú; agus

- Déanfaidh an Banc Ceannais cuideachtaí a fheistíonn meaisíní ATM agus cuideachtaí Iompair Airgid a chlárú agus déanfaidh sé maoirseacht leanúnach ar Oibritheoirí ATM agus ar chuideachtaí Iompair Airgid.

Chuir an Banc Ceannais tús le roinnt forálacha buntábhachtacha faoin Acht seo a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2025, ina measc:

- An próiseas clárúcháin maidir le cuideachtaí Iompair Airgid (CIT) agus cuideachtaí a fheistíonn meaisíní ATM atá ag feidhmiú sa Stát i rith an dara leath den bhliain 2025;
- Ainmniú na nEintiteas ar a bhfuil freagracht an tAcht a chomhlíonadh i rith R4 2025; agus
- Dhá bheart comhairliúcháin poiblí (Easnamh Áitiúil agus Coinníollacha maidir le hOibritheoirí ATM) a sheoladh i rith R4 2025.

Leanfaidh an Banc Ceannais de réimsí eile freagrachta faoin Acht a thabhairt i bhfeidhm i rith na bliana 2026.

### Lárionad Nua Airgid Thirim

Tá an Banc Ceannais ag dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm na straitéise maidir le lárionad náisiúnta nua airgid thirim a fhorbairt ag an suíomh i mBaile Seiscinn, Fionnghlas, a ceannaíodh sa bhliain 2024. Meastar faoi láthair go mbeidh seacht mbliana eile ar a laghad sula mbeidh an lárionad nua airgid thirim ar fáil, i bhfianaise a chasta atá an tionscadal agus na gnéithe slándála is gá a thabhairt i gceist. Leanfar go dtí sin den bheartaíocht a dhéanamh ag an áitreabh in Áth an Ghainimh.

## Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh Eacnamaíoch

### Anailís Eacnamaíoch

Chuir an Banc Ceannais ábhar anailíse agus comhairle eacnamaíoch ar fáil, d'fhonn cur le ceapadh bheartas eacnamaíoch na tíre, leis na Feasacháin Ráithiúla agus in aithisc agus ráitis ón nGobharnóir agus ó bhaill shinsearacha eile den fhoireann. Eagraíodh sé cinn de bhearta tuartha maicreacnamaíocha i rith na bliana 2025, an chuid san áireamh a bhain le Beart Ginearálta Réamhthuartha an Eurochórais a eagraítear faoi dhó sa bhliain. Leanadh d'fhoireann samhaltúcháin an Bhainc Ceannais a thabhairt chun cinn, measúnacht maidir le ceisteanna beartais a bhaineann leis an athrú aeráide san áireamh. Bhí an tionchar a bhíonn ag breis éiginnteachta maidir le beartas, go háirithe i ndáil le trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta, ar na réimsí béime maidir le hanailís eacnamaíoch i rith na bliana 2025. Maidir le geilleagar na hÉireann - an tionchar atá ag athrú teicneolaíochta ar an margadh saothair, srianta acmhainne ar ghníomhaíocht eacnamaíocha intíre, cúrsaí tógála san áireamh, na cúiseanna le boilsciú agus athléimneacht a chinntiú maidir leis an airgeadas poiblí. Pléitear leis na



réimsí sin san Fhaisnéis Ráithiúil, in Ailt Shínithe agus eile. Foilsíonn baill foirne an Bhainc Ceannais ábhar freisin ar na sraitheanna Léargas an Lucht Foirne agus Páipéir Taighde Theicniúla. Tugtar cuntas mion ar shaothar taighde an Bhainc Ceannais, i bhfoilseacháin sheachtracha chomh maith, sa Tuairisc Taighde.

### Ábhar Staidrimh

Foilsíonn an Banc Ceannais ábhar oifigiúil staidrimh faoi earnáil airgeadais na hÉireann mar áis don Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus don lucht úsáide seachtrach, mar shampla, forais phoiblí, na meáin chumarsáide, lucht an mhargaidh agus an pobal i gcoitinne, chomh maith le leanúint ag cur leis na táirgí staidrimh, táirgí nuálaíochta a fhorbairt agus léargas a thabhairt ar phríomhbheartaíocht airgeadais na hÉireann. D'fhonn an réimsí táirgí a chothú agus a leathnú, tugadh bearta suntasacha chun feabhais i bhfeidhm ar phróisis i rith na bliana 2025.

Tar éis an rath a bhí ar an tsraith Staidreamh Tús Cadhnaíochta ar a seoladh sa bhliain 2024, tháinig leathnú ó 2 go 5 tháirge sa tsraith i rith na bliana 2025, le hábhar nua staidrimh faoi Fhiachas Teaghlaigh, iasachtaí neamhbhainc le fiontair in Éirinn agus Margaí Infheistíochta & Airgid. Feabhsaíodh Staidreamh Tús Cadhnaíochta freisin trí chairteanna idirghníomhaíochta a thiomsú leo ionas go bhfuil breis feidhmiúlachta agus léargais ar fáil don lucht úsáide taobh amuigh. Leathnófar i rith na bliana 2026 leis an úsáid as cairteanna idirghníomhaíochta ar fud na dtáirgí éagsúla staidrimh ar an láithreán gréasáin.



Seoladh dhá fhoilseachán nua maidir le hábhar staidrimh oifigiúil freisin sa bhliain 2025, an chéad ceann maidir le Staidreamh ar Chalaois Íocaíochtaí ina bhfaightear léargas cuimsitheach ar bhonn bliantúil ar chalaois íocaíochta in Éirinn, le hanailís de réir na modhanna íocaíochta (aistriú creidmheasa, íocaíocht cárta, ríomhairgead agus dochar díreach), na cineálacha is coitianta calaoise á sonrú, agus an caillteanas airgeadais á ríomh. Sa dara foilseachán maidir le Saibhreas Teaghlaigh, déantar anailís ar bhonn ráithiúil ar shócmhainní agus infheistíocht an teaghlaigh agus tugtar briseadh síos mion ar dháileadh an rachmais ar fud theaghlaigh na hÉireann.

Sheol an Rialtas plean gníomhaíochta breise sa bhliain 2025 maidir le hathchóiriú ar ghnóthaí árachais faoina luaitear, mar chuid den scóip, an gá le follasacht breise ar an margadh ionas go dtugtar margadh árachais níos córa agus níos inacmhainne i gcrích agus éilítear foilsiú níos luaithe tréine ón mBunachar Náisiúnta Sonraí Éilimh (NCID). Sásaíodh sin go hiomlán i rith na bliana 2025 nuair a cuireadh dhá thuarascáil bhliantúil maidir le hárachas Dliteanais ar fáil, tuarascáil bhliantúil faoi árachas Mótarcharranna, tuarascálacha lár bliana faoin árachas Mótarcharranna agus árachas Dliteanais faoi seach, chomh maith le sonraí a bhailiú maidir le tacaíocht stáit.

# Rialáil Airgeadais agus Maoirseacht[5]

## Réimsí Rioscaí

Bhí éiginnteacht i gceist leis an timpeallacht dhomhanda i gcónaí chomh maith le géarú ar réimsí rioscaí geopholaitiúla agus marcrairgeadais ar feadh na bliana 2025. Ba léir athléimneacht maidir leis an ngeilleagar domhanda agus intíre agus, cé nach raibh tionchar chomh géar ag polasaithe taraifí na Stát Aontaithe agus a bhíothas a cheapadh ar dtús, lean an éiginnteacht. Go ginearálta, ba mhaith an bhliain 2025 ag **margaí airgeadais** ainneoin éiginnteacht sa chúlsruth, mar gheall cuid mhór ar thuartha foráis bunaithe ar AI agus rianta cúngaithe maidir le bannaí corparáide. D’fhéadfadh gur comhartha luachanna arda ar ródhul i bhfiontar (le “eagla go gcaillfí” ar cheann de na cúiseanna leis) agus géaraíonn sin ar an mbaol go dtarlódh coigeartú margaidh, go háirithe maidir le luachanna bunaithe ar AI, cé nach mbeadh aon chinnteacht faoin tráth a dtarlódh. Bíonn margaí i mbaol ó athrú dearcaidh agus ba léir comharthaí go raibh an t-iliomad aicmí sócmhainní, bannaí Ciste SAM san áireamh ar seanbhunaithe an tuiscint gur sábháilte iad, á gceangal leis an bhfógra faoi tharaifí na Stát Aontaithe in Aibreán na bliana 2025.

Tá **réimsí baoil** maidir le cúrsaí oibriúcháin géaraithe go mór go fóill, mar gheall den chuid is mó ar an gcomhthéacs geopholaitiúla, teacht chun cinn an digitiúcháin agus córais oibre níos casta i ndiaidh a chéile. Tá cruth nua ar tháirgí airgeadais, ar a gcineál, a gcuma agus a seachadadh, mar gheall ar leathnú an digitiúcháin agus ar athrú ar a mbíonn súil leis ag an tomhaltóir, agus eascraíonn deiseanna agus réimsí dúshláin as sin. Tá níos furasta ag lucht coireachta tabhairt faoi bhearta mídhleathacha agus calaois a dhéanamh mar gheall ar an dul chun cinn céanna i gcúrsaí teicneolaíochta a fhágann seifteanna ar fáil chun an baol ina leith sin a mhaolú. Géaraíodh ar an gcontúirt don tomhaltóir, ó chalaois, ó athrú ar shruthanna dáiliúcháin agus ó tháirgí neamhrialáilte, i dtimpeallacht den sórt seo freisin. Ba mhó ba léir an baol a ghabhann leis an **ngéarchéim aeráide agus leis an ngéarchéim timpeallachta** nuair a tharlaíonn géarchásanna aimsire lena mbaineann tuilte, stoirmeacha agus loscadh sléibhe níos minice agus níos measa. Tharla an tráth céanna, éagsúlacht sna bearta a rinneadh maidir le baol maidir leis an aeráid agus leis an timpeallacht ar fud an domhain i leaba maolú tráthúil.

Is suntasach an t-athrú le gairid ar chúrsaí rialála domhanda, le timpeallacht oibriúcháin níos casta á chruthú do ghnólachtaí atá ag feidhmiú ar fud an domhain nuair atá caighdeáin rialála éagsúla le sásamh mar gheall ar mhiondealú agus ar áitiúlacht. Tá miondealú den sórt le sonrú go háirithe maidir le cúrsaí sócmhainní digiteacha, AI agus aeráide agus modhanna éagsúla ag teacht chun cinn i

[5] Déileáiltear sa chuid seo den tuarascáil leis an dualgas tuairiscithe maidir le Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(2)(b) d’Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

ndlínsí tábhachtacha. Ba léir athléimneacht thréan airgeadais agus oibriúcháin ar **earnáil airgeadais na hÉireann** i rith tréimhsí corracha eacnamaíocha, airgeadais agus geopholaitiúla le gairid agus le linn thréimhse iontach bunathraithe mar gheall ar chúrsaí teicneolaíochta. Is léir sochóiriú na ngnólachtaí ar an athléimneacht sin chomh maith leis an mbonn daingean rialála agus maoirseachta atá ar bun ó tharla an ghéarchéim airgeadais dhomhanda. Dá ainneoin sin, fágann stádas na hÉireann mar shárionad airgeadais idircheangailte gur éasca is féidir le gnéithe baoil a theacht chun cinn agus scaipeadh. Ní mór do na gnólachtaí a chinntiú dá bhrí sin go mbítear seasmhach, dea-rialaithe agus in ann déileáil le réimsí baoil a thagann faoi athrú ar bhealach trína gcumhdaítear tomhaltóirí agus infheisteoirí, trína gcaomhnaítear cobhsaíocht airgeadais agus trína gcoinnítear muinín sa chóras airgeadais.

## An Creat Maoirseachta

I mí Eanáir 2025, chuir an Banc Ceannais cur chuige nua maoirseachta i bhfeidhm mar chuid thábhachtach de na téamaí Straitéise maidir le Bunathrú agus Cumhdach a thabhairt i gcrích. Féachtar leis an gcur chuige seo le ceithre cinn de thorthaí cinniúnacha for-réimseacha maidir le cumhdach a thabhairt i gcrích: leas an tomhaltóra agus an infheisteora a chosaint; ionracas an chórais airgeadais; sábháilteacht agus daingne na ngnólachtaí; agus cobhsaíocht airgeadais.



Ligeann maoirseacht a dhéanamh ar bhonn uileghabhálach, maidir leis na torthaí cumhdaigh go léir, don bhanc léargas níos leithne a fháil ar na réimsí baoil, na pátrúin agus na réimsí laige is mó a mbaineann práinn leo in earnálacha áirithe agus ar fud na bhfud.  Cuireadh struchtúr nua eagraíochta ar bun, le héifeacht ó mhí Eanáir 2025, ag teacht leis an gcur chuige nua maoirseachta agus ag fónamh dó. Tá an t-eagar leasaithe bunaithe ar mheithle ildisciplíne a oibríonn in éineacht maidir le hearnáil agus ar fud na n-earnálacha d'fhonn na príomhaidhmeanna maoirseachta a thabhairt i gcrích ar bhealach níos éifeachtúla.

Tar éis aon bhliain amháin dá chur i bhfeidhm, is léir gur fiú go mór an tairbhe a thagann ón gcur chuige níos uilechuimsithí seo maidir le maoirseacht. Feictear sin go hinmheánach ón gcaoi ina ndéantar comhordú ar an dícheall oibre ionas go dtugtar an toradh is fearr i gcrích. Tá páirtithe leasmhara seachtracha ag tabhairt an chur chuige níos comhcheangailte faoi deara anois freisin sa chaidreamh a bhíonn acu leis an mBanc Ceannais. De réir mar a bhíonn an córas airgeadais faoi athrú agus réimsí nua baoil agus laige ag teacht chun cinn i ndiaidh a chéile, fágann an cur chuige seo maidir le maoirseacht gur féidir leis an mbanc na torthaí cumhdaigh seo a thabhairt i gcrích i dtimpeallacht airgeadais idircheangailte lena mbaineann breis castachta, anois agus san am atá le theacht.

Leanfar, san am atá romhainn, ag cur breis faisnéise ar fáil faoin gcur chuige maidir le cúrsaí maoirseachta, faoin ord tábhachta ina leith agus faoin obair atá beartaithe. Leis an tuarascáil bhliantúil Regulatory & Supervisory Outlook Report, agus leis an

gcaidreamh leis an tionscal agus le gnólachtaí faoi leith, déanfar na bearta príomhthábhachtacha rialála agus maoirseachta i ngach earnáil a chur in iúl níos pointeáilte agus níos luaithe, chomh maith le tuairisc ghinearálta ar an obair atá beartaithe againn chun na torthaí príomhthábhachta sin a thabhairt i gcrích. Bunaithe ar bhonnchloch daingean, táthar cinnte go bhfágann an cur chuige nua maoirseachta seo againn go mbeifear i gcaoi mhaith dá bhfuil le theacht agus ar ár gcumas leanúint go héifeachtúil ag comhlíonadh a n-ordaítear don bhanc agus ag cinntiú go n-oibríonn an córas airgeadais chun leasa na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne.

**Tábla 3: Soláthraithe Seirbhísí Airgeadais arna Rialáil ag an mBanc Ceannais 2018-2025[6]**

| Cineál an tSoláthraí | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 31 Noll 2025[7] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Forais Chreidmheasa[8] | 60 | 58 | 56 | 52 | 49 | 52 | 47 | 47 |
| | | | | | | | | |
| Cuideachtaí Árachais Saoil | 42 | 43 | 39 | 37 | 43 | 41 | 41 | 38 |
| Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil | 96 | 94 | 91 | 97 | 119 | 119 | 115 | 115 |
| Cuideachtaí Athárachais | 63 | 57 | 59 | 60 | 62 | 61 | 59 | 58 |
| | | | | | | | | |
| Gnólachtaí Infheistíochta | 130 | 140 | 137 | 114 | 108 | 102 | 103 | 101 |
| Soláthraithe Seirbhíse do Chistí | 280 | 301 | 309 | 225 | 216 | 204 | 190 | 187 |
| | | | | | | | | |
| Idirghabhálaithe Miondíola (IM)[9] | 2433 | 2423 | 2454 | 2462 | 2450 | 2,637 | 2,495 | 2,450 |
| Comhchistí Infheistíochta[10] | 7288 | 7697 | 7962 | 8372 | 8752 | 8,942 | 8,983 | 9,310 |
| | | | | | | | | |
| Comhair Chreidmheasa | 266 | 256 | 244 | 237 | 222 | 191 | 183 | 171 |
| | | | | | | | | |
| Seoltóirí Airgid, Bureaux de Change | 10 | 10 | 9 | 7 | 7 | 7 | 6 | 6 |
| Soláthraithe Creidmheasa Ardchostais (ar a dtugtaí Iasachtóirí Airgid) | 38 | 38 | 36 | 33 | 32 | 29 | 28 | 28 |
| Oibreoir Margaidh Mhargadh faoi Rialáil | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Bróicéirí Airgid | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Tithíochta | 20 | 21 | 19 | 19 | 18 | 17 | 18 | 24 |
| Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola Eatramhacha (ar áireamh ó 2022) | - | - | - | - | 27 | 25 | 19 | 12 |
| Institiúidí Íocaíochta | 12 | 20 | 22 | 20 | 26 | 24 | | 22 |

[6] D'fhéadfadh údarás de chineálacha éagsúla a bheith ag an ngnólacht amháin.
[7] Áirítear, de réir mar is cuí, brainsí d'eintitis rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó i dtríú tír a chuireann seirbhísí airgeadais ar fáil in Éirinn.
[8] Lena n-áirítear 17 mBanc Ceadúnaithe, 1 bhanc miondíola, Brainse Tríú Tír agus Brainsí LEE (Institiúidí Creidmheasa Eorpacha).
[9] Ón mbliain 2023 i leith, tugtar san áireamh leis an bhfigiúr maidir le hIdirghabhálaithe Miondíola 157 gnólacht ag a bhfuil 'príomh'-údarúchán freisin ar leibhéal is airde – e.g. IM a bhfuil údarú- acu mar Institiúid Chreidmheasa, mar Chomhar Creidmheasa, mar Ghnólacht MiFID Firm etc. Ní bhíodh sin san áireamh i ndáil leis na figiúirí idir 2018-2022.
[10] Baineann Cistí Infheistíochta agus Cistí Margaidh Airgid le Comhchistí Infheistíochta.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gnólachtaí Bainistíochta Fiachais | 47 | 45 | 41 | 38 | 38 | 36 | 33 | 30 |
| Soláthraithe Seirbhísí Sluachistiúcháin | - | - | - | - | - | 5 | 7 | 7 |
| Instiiúidí Ríomh-Airgid | 2 | 12 | 17 | 17 | 22 | 28 | 28 | 29 |
| Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa | 8 | 7 | 16 | 20 | 18 | 19 | 18 | 18 |
| Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa Eatramhacha | - | 34 | 17 | 9 | 3 | 2 | 1 | 1 |
| Soláthraithe Seirbhísí Faisnéise Cuntais | - | - | 3 | 4 | 4 | 4 | 7 | 7 |

| Iomlán na nGnólachtaí faoi Rialáil | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | **10801** | **11262** | **11537** | **11829** | **12222** | **12563** |
| Lúide Cistí | 7288 | 7697 | 7962 | 8372 | 8752 | 8942 |
| Iomlán na nGnólachtaí Rialáilte | 3513 | 3565 | 3575 | 3457 | 3470 | 3621 |

## Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí

Sa bhliain 2025, chuireamar ár gcur chuige nua, níos comhtháite chun feidhme maidir leis an maoirseacht. Leis an gcur chuige sin, tá cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí i gceartlár na maoirseachta mar atá sábháilteacht agus daingne na ngnólachtaí agus ionracas an chórais airgeadais a chinntiú. Tá an cur chuige seo dírithe ar thorthaí agus bunaithe ar chúrsaí baoil ionas go dtugtar toradh tairbheach i gcrích don tomhaltóir nuair is é leas an tomhaltóra a chaomhnú a bhun agus a bharr. Bítear ag tnúth go ndéanfaidh gnólachtaí amhlaidh, tomhaltóirí agus infheisteoirí a bheith chun tosaigh acu i mbun cinntí a dhéanamh. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana 2025 i ndáil le bearta feabhsúcháin a chur i bhfeidhm a eascraíonn ó athbhreithniú a rinne ECFE sa bhliain 2024 ar an mBanc Ceannais i gcomórtas leis na caighdeáin dhomhanda maidir le tomhaltóir seirbhísí airgeadais a chosaint. Áirítear ar na bearta chun feabhais seo na modhanna ina ndéantar ár gcuid éifeachtúlachta a mheas agus a léiriú, sonraí a úsáid, caidreamh le tomhaltóirí, agus tomhaltóirí a chosaint nuair atá siad i gcúinsí leochaileacha.



I mí an Mhárta 2025, seoladh an Cód leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí (Cód) a thiocfaidh i bhfeidhm i mí an Mhárta 2026. Ceann de phríomhaidhmeanna an Chóid leasaithe is ea go gcaomhnódh gnólachtaí leasa na gcustaiméirí agus go mbeadh a gcuid custaiméirí lárnach i gcultúr, straitéis agus córas gnó na ngnólachtaí. Beidh feidhm an Chóid á leathnú againn sa bhliain 2026 go dtugtar Comhair Chreidmheas faoina scáth. Faoin gCód leasaithe, beidh buntáiste ag tomhaltóirí ó phacáiste bhearta cosanta atá níos cosúla leis an gcaoi ina dtapaíonn siad seirbhísí airgeadais sa saol nua-aimseartha.

I gcomhréir leis na haidhmeanna straitéise faoin téama Oscailteacht & Rannpháirtíocht, leanadh den chaidreamh forghníomhach le réimse leathan páirtithe leasmhara, eagraíochtaí poiblí, ionadaithe tomhaltóirí agus an tsochaí shibhialta san

áireamh, agus tháinig obair agus torthaí saothair an bhainc faoi anáil a gcuid tuairimí agus taithí sin.

I rith na bliana 2025, d'fhéach an Banc Ceannais le torthaí tairbheacha a thabhairt i gcrích do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí trí réimse bearta maoirseachta agus caidrimh le gach earnáil airgeadais. Áirítear orthu sin:

- Taithí an chustaiméara a bhreithniú trí lionsa ghearáin na gcustaiméirí ar fud earnálacha éagsúla, arna chinntiú go ndéanann na gnólachtaí an bhunchúis leis an ngearán a shonrú go cuí agus beart a dhéanamh ina leith.
- A chinntiú go ndéanann gnólachtaí Íocaíochta agus Ríomhairgid sócmhainní a gcuid custaiméirí a chumhdach go leordhóthanach le hathbhreithniú ar éifeachtúlacht oibriúcháin na bpróiseas cumhdaithe agus an bhonneagair rialála.
- Ábhar taighde agus anailíse a fhoilsiú faoin gcaoi nach bhfuil tairbhe iomlán na roghanna infheistíochta á ngnóthú ag teaghlaigh in Éirinn.
- Treoir a chur ar fáil do bhancanna agus do ghnólachtaí creidmheasa miondíolacháin faoi na critéir atá riachtanach maidir le malairt socraithe aisíocaíochta atá oiriúnach agus inmharthana i gcás morgáiste.
- Athbhreithniú a dhéanamh, agus a chur i láthair an Aire Airgeadais, ar thuarascáil faoina dtiocfadh i gceist le huasráta úis maidir le Creidmheas Ardchostais.
- Bearta seiceála maidir le comhlíonadh coinníollacha i ndáil leis an modh ina gcuireann Idirghabhálaithe Miondíola tomhaltóirí ar an eolas agus a bhfoilsítear socruithe.
- A chinntiú go ndéanann soláthraithe árachais sláinte cúnamh, comhairle, faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do thomhaltóirí nuair a bhíonn árachas sláinte á cheannach nó á athnuachan.
- A leagan amach do ghnólachtaí infheistíochta agus d'fhorais creidmheasa a thábhachtaí atá creata rialachais soiléire maidir le measúnacht baoil a dhéanamh i ndáil le bearta rialála réamhthrádála.

Cuireadh tús freisin le dhá bhreithniú maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí dírithe ar earnáil an árachais sláinte agus ar earnáil an árachais idirnáisiúnta d'fhonn comhlíonadh na ndualgas ag gnólachtaí a mheas maidir lena chinntiú go sásaíonn táirgí riachtanais an spriocmhargaidh agus go dtugtar dea-thoradh i gcrích do na custaiméirí. Thug an Banc Ceannais faoi obair freisin in earnáil an árachais in Éirinn nach árachas saoil maidir le follasacht na cumarsáide le custaiméirí i ndáil le lascaine easpa éilimh (NCD).

## Baincéireacht Intíre agus Idirnáisiúnta

Lean earnáil na baincéireachta in Éirinn faoi athrú mar gheall ar chórais gnó a leasú, aisghairm údaráis[11], údaruithe nua[12] agus, níos minice ná a tharlaíodh, trí bhrainsí de bhainc de chuid AE a bhunú ar seirbhísí digiteacha amháin a chuirtear ar fáil iontu. Rinneadh banc nua miondíola, (Monzo Bank Europe (MBEU), a údarú in 2025 freisin. Ag deireadh na bliana 2025, b'ionann agus tuairim is €773bn méid iomlán na hearnála baincéireachta a bhí lonnaithe in Éirinn. Breis foráis atá á thuar, cuid de sin mar gheall ar chora nua i gcúrsaí rialála, eadhon Airteagal 21c na Treorach maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD 6) (le héifeacht Eanáir 2027), faoina gceanglaítear ar ghnólachtaí arna mbunú sa tríú tír go mbunaítear fochuideachta AE nó brainse tríú tír chun gníomhaíocht baincéireachta faoi raon feidhme a dhéanamh laistigh den AE[13]. Chomh maith leis sin, i gcás eintitis áirithe atá ar bun cheana féin in earnáil na baincéireachta idirnáisiúnta in Éirinn, beidh gá, mar gheall ar Airteagal 21c Threoir CRD 6, bunathrú ábhartha a chur ar an múnla gnó, lena mbainfidh sócmhainní agus dliteanais a aistriú, agus d'fhéadfadh, le himeacht aimsire, athrú dá réir ar mhéid an fhiontair agus ar an bpróifíl baoil ina leith.

Ainneoin cúinsí geopholaitiúla corraithe agus gearú faoi iomaíocht, d'fhan earnáil na baincéireachta in Éirinn seasmhach i rith na bliana 2025. Chruthaigh bainc na hÉireann go maith i dtástáil struis ÚBE 2025, leis na maolán caipitil á gcoinneáil go maith os cionn na n-íosleibhéil a éilítear ainneoin cúinsí mífhabharacha. Bhí gnóthachtáil tréan eacnamaíoch agus ioncam úis ina bhonn faoi bhrabúsacht na mbanc Éireannach, agus bhí tairbhe ag bainc idirnáisiúnta as margaí fabharacha domhanda a chuir bonn faoina gcuid beartaíochta olldíolacháin trasteorann, lena n-áirítear iasachtaí corparáide agus infheistíochta, trádáil agus urrúsúchán.

I measc phríomhbhearta maoirseachta na bliana 2025, bhí cur leis an athléimneacht oibríochtúil nuair atá brostú faoi dhigitiú na baincéireachta agus géarú ar chibeartheagmhais. Tá leagtha amach le Gníomh an AE um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) creatchórais rialaithe riosca maidir le Teicneolaíocht an Eolais & na Cumarsáide (TEC) a neartú agus breis maoirseachta a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse cinniúnacha maidir le TE ionas gur seasmhaí an córas ar fud na bhfud.

Ar cheann de na bearta príomhthábhachta eile, bhí go gcothódh na bainc cultúr atá dírithe ar an infheisteoir agus gurb é leas an tomhaltóra a bheadh á chur ar dtús ina gcuid straitéisí. Féachtar, leis an gCód leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí, leis na

---

[11] An 27 Meitheamh 2025, rinne BCE, an t-údarás inniúil faoi SMA, ceadúnas baincéireachta Ulster Bank Ireland DAC a chúlghairm, ar sin a iarraidh ag an mbanc a raibh de straitéis aige earnáil na baincéireachta in Éirinn a fhágáil.
[12] Fochuideachta faoi úinéireacht iomlán Monzo Bank Holdings Group Limited, a oibríonn freisin i gcáil Monzo Bank Limited UK.
[13] Tugtar glacadh le taisce, tabhairt iasachtaí agus ráthaíocht/gealltanais a thabhairt san áireamh leis an ngníomhaíocht faoi raon feidhme. Tá cásanna eisceachta i gceist.

bearta cosanta atá ar bun do lucht úsáide seirbhísí airgeadais a neartú, go háirithe i ndáil leo siúd a bhféadfaidís a bheith i gcúinsí baolacha.

### Comhair Chreidmheasa

Lean forás ar shócmhainní earnáil na gcomhar creidmheasa i rith na bliana 2025. Bhí luach iomlán €22.5bn de shócmhainní ag an earnáil, coimeádaíodh cúlchistí láidre agus bhí pátrún foráis chun sochair faoi ghnóthaí iasachtaí. Leis an obair maoirseachta a rinneadh ar fud na hearnála, bhí béim ar athléimneacht oibríochta, agus sonraíodh bearta tar éis Athbhreithniú Téamach maidir le TE a dtiocfadh comhair creidmheasa ina mbun. Tugadh athruithe suntasach i bhfeidhm ar an gcreat iasachtaí i rith na bliana 2025, a ligeann do chomhair chreidmheasa, má mar sin is mian leo, breis iasachtaí tithíochta agus gnó a chur ar fáil do na baill. Le haird ar an réimse níos leithne seirbhísí a chuireann comhair chreidmheasa ar fáil anois, sheol an Banc Ceannais "CP169" ar mhaithe le comhairliúchán a dhéanamh maidir le CPC2025 a chur i bhfheidhm i ndáil le gníomhaíocht uile na gcomhar creidmheasa rialáilte d'fhonn a chinntiú go gcosnaítear baill na gcomhar creidmheasa ar an gcaoi chéanna le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais eile. Leanadh den chomhdhlúthú le 12 aistriú gealltanas á dtabhairt chun críche. Tá athchruthú arís ag an atheagar ar phróifíl na hearnála maidir le méid sócmhainní agus tuairiscíonn 71 as 171 comhar creidmheasa atá i mbun feidhme sócmhainní ar luach is mó ná €100m (ionann le 77% de shócmhainní na hearnála ar fad) ag deireadh na bliana-2025.

### An Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA)

Ar na tosaíochtaí maoirseachta in 2025, áirítear feabhas a chur ar an athléimneacht oibríochtúil i bhfianaise an dlúis atá faoi dhigitiú na baincéireachta agus cibearbhagairtí méadaithe. Tá an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA), a tháinig i bhfeidhm an 17 Eanáir 2025, ceaptha creataí rialaithe riosca don Teicneolaíocht Faisnéise is Cumarsáide (TFC) a neartú agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí criticiúla TCF a mhéadú d'fhonn athléimneacht ar fud an chórais a fheabhsú. Mar mhórthionscnamh suntasach reachtach na hEorpa a bhaineann leis an iliomad earnálacha seirbhísí airgeadais, ba thosaíocht ó bharr anuas ag an mBanc Ceannais é DORA a chur chun feidhme. Mar chuid dár gclár rannpháirtíochta, d'fhreastail 800 duine ar cheardlanna tiomnaithe, ullmhaíodh ceisteanna coitianta cuimsitheacha, agus seoladh comhairliúchán forleathan leis an tionscal maidir le soláthraithe tríú páirtí seirbhísí TF. Ina theannta sin, bhí iarrachtaí comhordúcháin ar leibhéal Eorpach á dtreorú ag an mBanc Ceannais trína Chathaoirleacht ar an gComh-Fhochoiste ÚME.  D'ainneoin dúshláin oibríochtúla a bhain le bunú na gclár, chuir ár bhfoirne obair shuntasach i gcrích chun tacú le haistriú rianúil chuig an gcreat trasearnála casta rialála seo.

## Íocaíochtaí & Ríomh-Airgead

Tá ról níos tábhachtaí de réir a chéile ag gnólachtaí íocaíochta agus ríomh-airgid sa leagan amach ar chóras íocaíochtaí na hEorpa. Lean ardú ag teacht ar an leibhéal gníomhaíochta agus bhí €11.8bn ar coimeád i gcistí cosanta ag deireadh na bliana 2025 (i gcomórtas le c. €10.2bn ag deireadh 2024). Tugadh fianaise áirithe faoi deara le hobair leanúnach maoirseachta an Bhainc Ceannais ar an earnáil go bhfuil feabhas tagtha maidir le gnáis rialachais agus le bainistíocht riosca. D'fhoilsigh an Banc Ceannais an chéad eagrán den Nuachtlitir Íocaíochta agus Ríomh-Airgid i mí na Nollag 2025. Cuireadh an scéal ba dheireanaí ar fáil sa nuachtlitir faoi chora nua san earnáil, toradh bheart cigireachta téamach na bliana 2025 san áireamh lena ndearnadh measúnacht ar éifeachtúlacht oibriúcháin phróisis cumhdaithe agus bhonneagar rialála na ngnólachtaí, chomh maith lena mbíonn súil ag an mBanc Ceannais leis maidir le riosca don tseirbhís don chustaiméir a bhainistiú agus an gá le cur chuige a ghlacadh lena leagtar béim ar an tomhaltóir sa chaoi agus go bhfreastalaítear do thorthaí cothroma a thabhairt i gcrích do na custaiméirí.

## Earnáil an Chreidmheasa Miondíola lena n-áirítear Soláthraithe Creidmheasa Ardchostais (SCAC)

Ar fud earnáil an chreidmheasa miondíola, níor athraigh an bhéim i rith na bliana 2025 ó athléimneacht airgeadais agus oibriúcháin chun aon rioscaí (a bheadh ag teacht chun cinn) ar fud na hearnála a aithint, chun idirghabháil réamhghníomhach a dhéanamh i gcás ina mbeidh ábhar imní ann agus chun a chinntiú go leanann gnólachtaí de bheith ag fónamh d'iasachtaithe maidir le déileáil le riaráistí reatha nó ionchasacha. Bhí luach iomlán c.€47bn de shócmhainní á mbainistiú ag deireadh mhí an Mheithimh 2025 (i gcomórtas le c.€48bn ag deireadh na bliana 2024). B'ionann iarmhéideanna a bhí ag seasamh amach ag soláthraithe SCAC agus c.€110m ag deireadh na bliana 2024, a mhórchuid sin mar gheall ar ghnólachtaí airgeadais préimhe. Maidir le creidmheas ardchostais, tar éis uasráta úis ar chreidmheas ardchostais a thabhairt isteach leis an Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí (Leasú) 2022 (ACT) agus ó shin (Acht 2022), rinne an Banc Ceannais athbhreithniú maidir le tionchar na huasteorann ar rátaí úis maidir le creidmheas ardchostais agus cuireadh tuairisc faoi bhráid an Aire Airgeadais i mí na Samhna 2025. Bhí le tuiscint ó na torthaí a luaitear sa tuairisc sin gur tháinig ísliú ar rátaí úis mar a bhí d'aidhm leis an uasteorainn, nár tharla cur isteach suntasach ar an iomaíocht ná ar ionchuimsiú i gcúrsaí airgeadais agus gur neartaíodh bearta cosanta don tomhaltóir. Chomh maith leis sin, díríodh aird ar an tábhacht atá i gcónaí leis an earnáil maidir le creidmheas rialáilte a chur ar fáil d'iasachtaithe nach ndéantar freastal mar is cóir orthu.

## Árachas/Atháráchas

Tugadh faoi bhearta éagsúla príomhthábhachta i rith na bliana 2025, ina measc:

- Measúnú ar an athléimneacht oibríochtúil maidir leis an earnáil árachais saoil in Éirinn;
- Athbhreithniú ar fhrithsciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus ar rialachas smachtbhannaí airgeadais san earnáil árachais saoil thrasteorann;
- Measúnú ar an gcaoi a gcaitear le tomhaltóirí agus árachas sláinte á cheannach nó á athnuachan acu; agus
- Athbhreithniú ar shocruithe seachfhoinsithe laistigh de ghrúpaí agus ar ghnéithe rialachais agus maoirseachta ina leith sin san earnáil idirnáisiúnta, le torthaí mórthábhachtacha i ndáil le láithreacht shubstaintiúil agus cinnteoireacht, creatchóras seachfhoinsithe agus an úsáid as cuideachtaí seirbhíse.

Eisíodh aiseolas sonrach earnála agus/nó gnólachta faoi na bearta athbhreithnithe thuas agus luadh cuntas achoimre ar na torthaí sa Nuachtlitir Árachais Ráithiúil. Tar éis treoir do Ghnólachtaí (Ath)Árachais faoin mbaol a ghabhann le hathrú aeráide a fhoilsiú i mí an Mhárta 2023, roghnaíodh slám gnólachtaí as na hearnálacha árachais neamhshaoil, árachais saoil agus athárachais  i ndáil le hathbhreithniú ar mheasúnú na ngnólachtaí ar ábharthacht neamhchosaint na ngnólachtaí sin ar riosca maidir le hathrú aeráide sa bhliain 2025. Tháinig an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) i bhfeidhm an 17 Eanáir 2025 agus leagadh béim faoi leith sa chéad leath den bhliain ar chláir seachfhoinsithe a bhailiú. Tá cuid mhór den ullmhúchán déanta d'athruithe atá le déanamh ar reachtaíocht a AE maidir le gnóthais (ath)árachais, eadhon Athbhreithniú Shócmhainneacht II agus an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Árachais (IRRD). Leanfaidh an obair sin isteach sa bhliain 2026. Reachtáladh rannpháirtíocht rialta le páirtithe leasmhara i rith na bliana 2025 d'fhonn forbairtí rialála agus pleananna maoirseachta a leagan amach agus foilsíodh cuntas achoimre sna nuachtlitreacha ráithiúla faoi ghnóthaí árachais. Foilsíodh Athbhreithniú Comhchéime arna dhéanamh ag an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) maidir le Seachfhoinsiú ar an 24 Iúil 2025. Sa tuarascáil athbheartaíochta seo, rinneadh measúnú ar an dul chun cinn a bhí déanta ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚME) (an Banc Ceannais san áireamh) maidir leis na moltaí a eisíodh i ndáil le hathbhreithniú comhchéime na bliana 2022 maidir le seachfhoinsiú.

## Idirghabhálaithe Miondíola, Soláthraithe Seirbhísí Sluachistiúcháin agus Gnólachtaí Infheistíochta MiFID

Tá Earnáil na nIdirghabhálaithe Miondíola ar cheann de na príomhchainéil dáiliúcháin maidir le táirgí árachais, pinsin, infheistíochta agus morgáiste agus ligean Earnáil an tSluachistiúcháin do thomhaltóirí infheistíocht a dhéanamh i réimse leathan tionscnamh gnó. Rinne an Banc Ceannais, i rith na bliana 2025, athbhreithniú téamach ar earnáil na nIdirghabhálaithe Miondíola dírithe ar Eispéireas Custaiméirí (gearáin) agus ar Anailís Chóir v Srianta ar an margadh a

bheith á tairiscint ag gnólachtaí. Thug an Banc Ceannais faoi athbhreithniú freisin ar Ábhar Margaíochta agus ar Fhaisnéis Thábhachtach d'Infheisteoirí in Earnáil an tSluachistiúcháin. Foilsíodh dhá eagrán den Nuachtlitir Tionscail agus eagraíodh an Seó Bóthair Bliantúil d'Idirghabhálaithe Miondíola.

Baineann iléagsúlacht le hearnáil na nGnólachtaí Infheistíochta MiFID, bainisteoirí rachmais, bainisteoirí punainne agus ardáin bróicéireachta ar líne, chomh maith le gnólachtaí a chuireann seirbhísí a bhaineann le pinsin ar fáil agus a thugann faoi ghnóthaí margaí caipitil. I rith na bliana 2025, rinne an Banc Ceannais Comhbheart Maoirseachta maidir le Riachtanais Inmharthanachta in earnáil na ngnólachtaí infheistíochta MiFID agus cuirfear na torthaí faoi bhráid sa bhliain 2026. Tugadh athbhreithniú téamach faoi chreatchórais ghnólachtaí infheistíochta maidir le hathléimneacht oibríocháin chun críche agus foilsíodh torthaí na hoibre. Bhí an obair maoirseachta maidir le hathléimneacht airgeadais dírithe ar bhainistíocht caipitil agus ar bhainistíocht leachtachta sna gnólachtaí agus rinneadh athbhreithniú téamach ar chúrsaí leachtachta. Díríodh le bearta caidrimh maoirseachta freisin ar chúrsaí FSA/FMS, arna chinntiú go ndéantar sócmhainní na gcliant a chumhdach go cuí, agus ar bheartaíocht na ngnólachtaí i ndáil lena bhfuil de fhreagracht orthu faoin gCreat Freagrachta Aonair.

### Cistí Infheistíochta agus Margaí

Tá suntas le hÉirinn maidir le sainchónaí cistí infheistíochta. Rinneadh dul chun cinn breise maidir le hacmhainn sonraí agus anailísíochta an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2025 i ndáil le maoirseacht ar earnáil na gcistí. Ba í seo an chéad bhliain iomlán maidir le sreabhadh sonraí faoi infheisteoirí a bhailiú agus cuireadh san áireamh tuairisciú faoin úsáid as deiseanna bainistíochta leachtachta. Tá curtha go mór aige sin le modh maoirseachta an Bhainc Ceannais, atá bunaithe ar bhreithniúnas, maidir le baol don earnáil i ndáil le leachtacht.

Ar Chomhghníomhaíocht Maoirseachta ESMA maidir le Riosca Inbhuanaitheachta agus Nochtadh, d'fhoilsigh an Banc Ceannais tuarascáil ina leagtar amach na príomhthorthaí agus ábhar aiseolais do ghnólachtaí. Rinne an Banc Ceannais Comhbheart Maoirseachta freisin maidir le Comhlíontas agus Feidhmeanna Inmheánacha Iniúchóireachta agus beidh torthaí an tsaothair sin á bhfoilsiú sa bhliain 2026. Leanadh leis an athbhreithniú ar ghnáis tarmligin agus seachfhoinsithe na gcuideachtaí bainistíochta cistí agus cuirfear torthaí na hoibre sin in iúl sa bhliain 2026. Rinneadh bearta athbhreithnithe téamacha eile maidir le cuideachtaí bainistíochta cistí agus soláthraithe seirbhíse do chistí a thabhairt chun críche, ina measc measúnacht maidir le deiseanna bainistíochta leachtachta, cistí fálaithe agus táillí iasachta urrús agus eagrófar dá réir comhchaidreamh déthaobhach nó bearta cumarsáide le lucht an tionscail.

Tugadh faoi chuid mhór oibre, maidir le téamaí agus le hearnálacha, i rith na bliana 2025 d'fhonn an athléimneacht airgeadais agus oibriúcháin a mheas i ndáil le hionaid trádála agus le cruthaitheoirí margaidh. Cuireadh athbhreithniú téamach i gcrích ar an réimse baoil maidir le cúrsaí leachtachta lena léirítear an chaoi ina bhfuil an tionscal. Cuireadh tús le hathbhreithniú mórshuntais téamach eile dírithe ar an athléimneacht oibríochtúil an dara leath den bhliain 2025 agus leanfar de sin amach sa bhliain 2026. Tugadh athbhreithniú téamach faoin úsáid as IS ar na margaí airgeadais mórdhíolacháin chun críche i rith na bliana 2025 agus tá léargas níos glinne dá bharr ar na modhanna ina gcuirtear IS i bhfeidhm ar na margaí airgeadais mórdhíolacháin chomh maith le gnéithe bainistíochta agus rialachais den úsáid sin. Bhí béim mhór ar feadh na bliana 2025 ar an mbainistíocht a mheas a dhéantar i gcás coimhlint leasa (gnéithe rialachais agus rialáil inmheánach san áireamh) ar fud réimse gnólachtaí ar na margaí mórdhíolacháin. Tugtar an tuairisc is nua maidir le mí-úsáid margaidh thíos sa roinn maidir le Coireacht Airgeadais, Cur in Aghaidh Sciúradh Airgid / Maoiniú Sceimhlitheoireachta san áireamh.

## Údarú agus Geatóireacht

Tháinig ardú ar líon agus ar chastacht na gcásanna údarúcháin i rith na bliana 2025 mar gheall den chuid is mó ar dhul chun cinn teicneolaíochta maidir le modhanna gnó na ngnólachtaí iarratais chomh maith le hathrú ar an reachtaíocht agus ar thimpeallacht na rialála. Déileálann réimsí éagsúla ar fud an Bhainc Ceannais le hiarratais in earnálacha éagsúla a thagann faoi scáth chreata reachtaíochta faoi leith. Tá cuíchóiriú tugtha ar phróisis measúnóireachta d'fhonn na próisis iarratais, na caighdeáin atá le sásamh maidir le húdarú agus na bearta caidrimh a bhíonn de dhíth a leagan amach go cruinn soiléir. Baineann follasacht leis an gcur chuige seo agus cuireann an Banc Ceannais a mbítear ag tnúth leis in iúl do na gnólachtaí rialáilte leis an láithreán gréasáin, le seimineáir gréasáin, le fóraim ar aon láthair agus le cruinnithe sonracha.

Foilsíodh an tríú eagrán de thuarascáil an Bhainc Ceannais maidir le hÚdarú agus Geatóireacht. Leantar leis sin de thréithe follasachta agus intuarthachta a chur chun cinn maidir le próisis údarúcháin agus a mbítear ag tnúth leis ina leith, agus bhí aiseolas ó pháirtithe leasmhara ina chuid den obair sin. Leagtar amach go mion sa tuarascáil seo ábhar staidrimh i bhfoirm tábla maidir le hobair údarúcháin na bliana 2025 agus na tráthchláir a ghabh leis sin. Leagtar amach líon na gcásanna údarúcháin a tugadh chun cinn i rith na bliana 2025 chomh maith leis na tréimhsí próiseála ina leith sa tábla thíos.[14]

**Tábla 4: Sonraí Údaruithe 2025**

[14] Is é an cuspóir atá leis na slata tomhais sin go mbeadh eolas uathu a léiríonn, maidir le hiarratas den ghnáthchineál, an tréimhse próiseála ar féidir a bheith ag tnúth leis maidir le húdarúchán. D'fhéadfadh tréimhse measúnóireachta níos faide a bheith i gceist le cásanna údarúcháin níos casta. Is é an t-achar ón tráth a dtagann iarratas iomlán go dtí go dtugtar an cinneadh críochnúil an tomhas a luaitear agus bíonn an t-am a chaitheann an t-iarratasóir ag freagairt cheisteanna ón mBanc Ceannais faoin iarratas san áireamh leis sin.

| Sonraí Údaruithe<br>*1 Eanáir 2025 – 31 Nollaig 2025* | Iarratais a Tháinig | Iarratais a Tarraingíodh Siar/Dúnadh | Iarratais a Ceadaíodh | Tréimhse Próiseála *(Meánlíon Laethanta)* | Píbline an 31 Nollaig 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| Údarú Cistí | 934 | 97 | 975 | 91 | |
| Idirghabhálaithe Miondíola/ Gnólachtaí Bainistíochta Fiachais | 186 | 67 | 149 | 105 | 56 |
| Soláthraithe Creidmheasa Ardchostais | 0 | 0 | 1 | N/A | 0 |
| Gnólachtaí Creidmheasa Miondíolacháin/Gnólacht Seirbhísí Creidmheasa | 1 | 2 | 7 | 76 | 10 |
| Soláthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta | 5 | 0 | 5 | 55 | 0 |
| Soláthraithe Seirbhísí Cistí | 11 | 2 | 7 | 254 | 15 |
| Árachas | 8 | 1 | 8 | 21 | 0 |
| Gnólachtaí Infheistíochta MiFID | 9 | 6 | 6 | 245 | 17 |
| Soláthraithe Seirbhísí Sluachistiúcháin | 0 | 1 | 0 | Ní bhaineann le hábhar | 0 |
| Institiúidí Íocaíochta agus Institiúidí Ríomh-Airgid | 9 | 2 | 4 | 763 | 13 |
| Comhair Chreidmheasa | Níor tháinig aon iarratas | | | | |
| Soláthraithe Seirbhís Cripteashócmhainní | 11 | 0 | 10 | 171 | 10 |
| Institiúidí Creidmheasa | 4 | 0 | 1 | 355 | 5 |
| Formheas Réamheolaire | 658 | 9 | 649 | 15 | - |
| Fógraí faoin bPáipéar Bán maidir le MiCAR Teideal II | 305 | 0 | 305 | 5 | - |
| Feidhmiúlacht agus Cuibheas – Iomlán na nIarratas | 3,032 | 418 | 2684 | 50 | 409 |
| Feidhmiúlacht agus Cuibheas – Iarratais ar Sholáthraithe Rialáilte Seirbhísí Airgeadais | 2,094 | 250 | 1877 | 21 | 86 |
| Feidhmiúlacht agus Cuibheas – Iarratais ar Údarú | 938 | 168 | 807 | 154 | 323 |

## Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní (SSCS)

Is aicme nua d'eintitis rialáilte in Earnáil na Margaí an SSCS. Faoi na Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní (MiCAR) a dhéantar SSCS a údarú. D'údaraigh an Banc

Ceannais 10 gcinn de sholáthraithe SSCS i rith na bliana 2025. Tá múnlaí éagsúla gnó i gceist leis na gnólachtaí údaraithe, mar shampla coimeád, ardáin trádála agus malartáin, le gnólachtaí áirithe ag díriú ar chustaiméirí miondíolacháin agus gnólachtaí eile ar institiúidí. I mí an Mhárta 2025, d'eagraigh an Banc Ceannais seisiún mionteagaisc maidir le geatóireacht don earnáil seo den tionscail agus, ar a cheangal le bearta comhchaidrimh eile le gnólachtaí agus le eagrais de chuid an tionscail, cruthaíodh soiléire, follasacht, solúbthacht agus intuarthacht do ghnólachtaí iarrathóireachta agus don tionscal i gcoitinne.

### Gnólachtaí Infheistíochta

Tugadh údaráchán chun críche maidir le sé cinn de ghnólachtaí i rith na bliana 2025 a mbaineann múnlaí éagsúla gnó leo, bainisteoirí rachmais den seanchineál, ardáin gnóthas le gnóthas, ionaid trádála agus múnlaí eile.

### Idirghabhálaithe Miondíola

Eisíodh údarú/clárú maidir le 149 idirghabhálaí miondíolacháin i rith na bliana 2025. Tugadh i gcrích aidhm chaighdeán seirbhíse an Bhainc Ceannais maidir le 90% de bearta measúnachta a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse 90 lá. Ag teacht le rún leanúnach an Bhainc Ceannais i ndáil le simpliú agus comhréir, seoladh próiseas údarúcháin nua le tamall anuas don trádálaí aonair a bheadh ag beartú feidhmiú mar chuideachta aon stiúrthóir amháin.

### Cistí

Bhí líon na n-iarratas ag iarraidh údarás le cistí i bhfad níos airde sa bhliain 2025 ná mar a bhí sa bhliain 2024 agus údaraíodh 975 ciste in imeacht na bliana. Tharla athbhreithniú maidir le 3,574 aighneacht iar-údarúcháin i rith na bliana agus tuairisc iar-údarúcháin i ndáil le 1,430 cás. Rinneadh seacht soláthraí seirbhísí do chistí a údarú i rith an tréimhse seo chomh maith. Bhain ardú na bliana 2025 ar líon na n-údarúchán den chuid is mó le héileamh mór i gcónaí ar Chistí a Thrádáiltear ar Mhalartán (ETF). Tugadh i gcrích go hiomlán aidhm chaighdeán seirbhíse an Bhainc Ceannais leis an obair i leith an réimse seo, eadhon próiseáil a dhéanamh ar 90% de na hiarratais tosaigh maidir le cistí, agus ar na hiarratais ina dhiaidh sin, de réir na dtráthchláir a sonraíodh. Eagraíodh ceardlann tionscail i mí Aibreán 2025 d'fhonn deiseanna ionchais a scrúdú maidir le breis éifeachtúlachta sa phróiseas údarúcháin.

### Bunmhargaí

Is díol suntais an líon réamheolairí a mbíonn gá le haontú leo i ndlínse na hÉireann maidir le hurrúis a thairgítear don phobal nó a ligtear isteach le trádáil a dhéanamh orthu ar mhargadh faoi rialáil. Aontaíodh le 649 réamheolaire i rith na bliana 2025 agus tharla 21,000 cás maidir le téarmaí críochnaitheacha a chur le comhad. Cé gur ísliú sin i gcomparáid leis an mbliain seo caite maidir le haontú le réamheolaire, tháinig borradh suntasach i rith na bliana 2025 maidir le téarmaí críochnaitheacha a chur faoi bhráid.

## Athbhreithniú Enria ar an Réimeas Feidhmiúlachta & Cuibhis

D'fhoilsigh an Banc Ceannais ar an 11 Iúil 2024 athbhreithniú ar an Réimeas Feidhmiúlachta agus Cuibhis arna dhéanamh ag an Uasal Andrea Enria, iar-Chathaoirleach ar Bhord Maoirseachta BCE (Tuarascáil Enria). Foilsíodh an tuairisc is deireanaí faoin gcur i bhfeidhm i mí Aibreáin 2025.

Áirítear ar na príomhbhearta oibre maidir leis an gcur i bhfeidhm Aonad Feidhmiúlachta agus Cuibhis faoi leith a chur ar bun ionas go dtugtar gnéithe den fhreagracht geatóireachta le chéile agus go gcuirtear leis an gcomhleanúnachas dá réir. Déanann Coiste Cinntí Geatóireachta, faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Airgeadais, maoirseacht anois maidir le cásanna diúltaithe. Foilsíodh freisin treoir chomhtháite maidir le caighdeáin feidhmiúlachta agus cuibhis ar a leasú. Áirítear ar na bearta feabhais maidir leis an bpróiseas oibre, gnás caighdeánaithe agallaimh, tráthchlár measúnóireachta 90 lá agus modhanna struchtúrtha aiseolais. Treisítear le gnéithe cothroime, follasachta agus éifeachtachta leis na bearta sin an tráth céanna a gcloítear le caighdeáin dochta maoirseachta. Leagtar amach in Tábla 5 thíos figiúirí maidir leis an bpróiseáil ar iarratais maidir le cúrsaí feidhmiúlachta agus cuibhis i rith na bliana 2025. Tá breis eolais ar fáil sa Tuarascáil ar Údarú agus Geatóireacht.

**Tábla 5: Iarratais Feidhmiúlachta agus Cuibhis 2025**

| Sonraí údarúcháin maidir leis an tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2025 | Líon Iomlán na mBeart Measúnóireachta Réamhcheadúcháin maidir le Feidhm Rialaithe (RFR) |
|---|---|
| Iarratais a Tháinig | 3,032 |
| Iarratais Neamhiomlána a seoladh ar ais | 282 |
| Iarratais a Tarraingíodh Siar | 136 |
| Iarratais a Ceadaíodh | 2,684 |
| Iarratais a Diúltaíodh | 1 (ceangailte le húdarú Gnólachta) |
| Agallaimh a Eagraíodh | 26 |
| Meánlíon Laethanta le haghaidh ceadaithe | 50 lá |
| % a ceadaíodh laistigh de 90 lá | 85% |

## Forfheidhmiú

Is gné bhuntábhachtach de shraith straitéisí an Bhainc Ceannais iad cumhachtaí forfheidhmiúcháin. Leantar cur chuige spriocdhírithe, comhréireach maidir le húsáid na gcumhachtaí sin agus leagtar an phríomhbhéim ar chásanna inar cóir beart docht a dhéanamh. Agus cásanna á mbreithniú, tugtar tosca éagsúla faoi mheas, ar a n-áirítear a throime a bheadh an sárú a bhfuil amhras ina leith, an dochar atá á dhéanamh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh don chóras airgeadais agus do thomhaltóirí, agus a mhéid a thagann tosaíochtaí maoirseachta an Bhainc Ceannais lena thorthaí cumhdaigh.



Baineann an Banc Ceannais leas as réimse leathan uirlisí forfheidhmiúcháin i gcoinne eintiteas agus/nó duine a dteipeann orthu cloí leis an gcaighdeán iompair a mbítear ag tnúth leis. Ar na samplaí dá leithéid, áirítear fiosrúcháin i ndáil le smachtbhannaí riaracháin, i ndáil le feidhmiúlacht agus cuibheas nó fiosrúcháin i ndáil le coiriúlacht. Tagann sé sin anuas ar a bhfuil de chumhacht agus de phróisis ag an mBanc i ndáil leis an ngnáthmhaoirseacht ar ghnólachtaí/daoine a thagann faoi scáth réimse rialála an Bhainc (i.e. a bhíonn á n-údarú/maoirsiú ag an mBanc Ceannais). Bhain an Banc Ceannais leas i rith na bliana 2025 as próisis forfheidhmiúcháin atá inúsáidte i ndáil le hamhras faoi mhíghníomh a thagann faoi scáth réimse rialála an Bhainc Ceannais agus le cásanna seachas an cineál sin. Rinneadh bearta fiosrúcháin maidir le gnólachtaí agus daoine rialáilte agus i ndáil le daoine neamhrialáilte. Lean an Banc Ceannais go háirithe i rith na bliana 2025 leis an obair ar fhiosrúcháin éagsúla faoi dhaoine i ndáil le hamhras faoi mhí-úsáid as an margadh[15]. Tugann an Banc Ceannais faoi obair thábhachtach freisin i ndáil le soláthraithe neamhúdaraithe, nochtadh cosanta agus smachtbhannaí airgid. Is minic, i ndáil le gach gné den obair, go mbíonn caidreamh dlúth leis an nGarda Síochána, leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, agus le gníomhaireachtaí rialála eile in Éirinn agus thar lear.

### Smachtbhannaí Riaracháin

Rinne an Banc Ceannais, i rith na bliana 2025, Coinbase Europe Limited (Coinbase Europe) a iomardú agus fíneáil €21,464,734 a ghearradh ar an gcuideachta as sáruithe ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010, as mainneachtain faireachán a dhéanamh ar idirbhearta agus faireachán eile a dhéanamh, agus as mainneachtain beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha a ghlacadh d'fhonn sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath. Ghearr an Banc Ceannais fíneáil

[15] Áirítear le mí-úsáid margaidh déileáil chos istigh, nochtadh mídhleathach ar fhaisnéis ón taobh istigh agus cúbláil margaidh. Baineann sé sin ó ionracas na margaí airgeadais agus ó mhuinín infheisteoirí. Tá cosc ar mhí-úsáid margaidh, agus ar iarracht mí-úsáid a bhaint as margadh, faoin Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh agus faoi dhlí na hÉireann maidir le mí-úsáid margaidh.

€452,790 ar Cantor Fitzgerald Ireland Limited as sárú ar a chuid oibleagáidí faoi Airteagal 16(2) den Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh (596/2014/AE), as mainneachtain socruithe éifeachtúla rialachais a chur ar bun lena ndéanfaí orduithe agus idirbhearta amhrasacha a bhrath agus a thuairisciú, ar orduithe agus idirbhearta iad a d'fhéadfadh a bheith ina gcomharthaí maidir le mí-úsáid margaidh.

Rinne an Banc Ceannais Swilly Mulroy Credit Union (Swilly Mulroy) a iomardú agus fíneáil €36,273 a ghearradh ar an gcomhar creidmheasa as sárú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 agus ar an Acht um Chomhar Creidmheasa 1997, as mainneachtain seiceálacha um Sciúradh Airgid a dhéanamh nuair a bhí airgead tirim á ghlacadh isteach ó thaisceoirí áirithe.

Faoin Nós Imeachta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin a thángthas ar an réiteach i gcás Coinbase Europe agus i gcás Swilly Mulroy, "próiseas réitigh i gcás fíricí gan cheistiú", agus rinne an Ard-Chúirt na smachtbhannaí a dheimhniú sa dá chás.

## Fiosrúcháin

Tháinig trí cinn d'fhiosrúcháin an Bhainc Ceannais chun críche i rith na bliana 2025. Maidir leis an bhFiosrúchán faoi Irish Nationwide Building Society (INBS) agus an tUasal John Stanley Purcell, iarchomhalta de bhord feidhmiúcháin INBS, tháinig sin chun deireadh le foilsiú Bhreith i Scríbhinn an Fhiosrúcháin. Leis an mBreith sin, a ndearna an Ard-Chúirt a dheimhniú ina dhiaidh sin, gearradh iomardú, dícháiliú go ceann ceithre bliana, agus pionós airgid €130,000 ar an Uasal Purcell as a bheith páirteach i gcásanna sáraithe maidir le dlí na seirbhísí airgeadais ag INBS i ndáil le hiasachtaí tráchtála.

Tháinig deireadh leis an bhFiosrúchán maidir le RSA Insurance Ireland DAC (RSAII) agus an tUasal Philip Smith, Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin RSAII tráth, ar an gcás a shocrú trí theacht ar réiteach. Rinne an Banc Ceannais an tUasal Smith a iomardú agus a dhícháiliú go ceann trí bliana déag mar gheall ar an bpáirt a ghlac sé, faoi mar a d'admhaigh seisean, i sárú Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) 1994 ag RSAII, lenar bhain mainneachtain cúlchistí teicniúla a choinneáil i gcomhréir leis na Rialacháin sin. Measadh freisin go mbeadh fíneáil €120,000 oiriúnach ach níor gearradh fíneáil ó tharla nach bhfuil de chead ag an mBanc Ceannais fíneáil a ghearradh a dtiocfadh dá bharr go mbreithnítear ina fhéimheach duine.

Tháinig an Fiosrúchán maidir le Permanent tsb p.l.c. (PTSB) agus an tUasal David Guinane, iar-Phríomhfheidhmeannach PTSB, chun críche le Breith i Scríbhinn a fhoilsiú. Tá achomharc tugtha ag an Uasal Guinane faoin mBreith sin le Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSAT) agus an t-achomharc ar lean faoi láthair.

Tá mioneolas breise ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais faoi thorthaí forfheidhmiúcháin agus faoi chásanna fiosrúcháin, idir sheanchásanna agus chásanna reatha.

### Imscrúdú agus Ionchúiseamh i gcásanna Coireachta

Chuir an Banc Ceannais Meitheal Imscrúdúcháin Coireachta faoi leith ar bun i mí Eanáir 2025 chun imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh maidir le cionta faoi reachtaíocht na seirbhísí airgeadais. Tá bearta éagsúla imscrúdúcháin ar bun ag an mBanc Ceannais faoi chásanna coireachta faoi láthair.

### Soláthraithe Neamhúdaraithe agus Calaois agus Caimiléireacht Airgeadais

Tá calaois airgeadais ar líne le háireamh ar cheann de na modhanna is tréine foráis den choireacht eagraithe. Is coitianta ag lucht coiriúlachta úsáid a bhaint as láithreán gréasáin bréige nó ionaid, mar a bheadh comparáid infheistíochta nó ardán trádála iontu, nó as clóin ghnólachtaí infheistíochta agus innealtóireacht shóisialta. Tháinig ardú ar luach airgid na n-íocaíochtaí calaoise a tuairiscíodh in Éirinn sa bhliain 2024 go €160 milliún, ardú ó €129 milliún sa bhliain 2023.

Bhronn Coimisiún na Meán, i rith na bliana 2025, stádas 'Trusted Flagger' ar an mBanc Ceannais i réimse saineolais ainmnithe an bhainc maidir le caimiléireacht agus calaois airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais a chur ar fáil agus/nó a thairiscint gan údarú chuige. Treisíonn stádas 'Trusted Flagger' lenár ndícheall a thabhairt ar ghnólachtaí móra teicneolaíochta áirithe ábhar mídhleathach ar líne a bhaineann le réimse saineolais ainmnithe dár gcuid a bhaint anuas. Ó mhí Aibreán 2025 i leith, chuir an Banc Ceannais 330 tuairisc faoi URL amhrasach chuid soláthraithe seirbhíse idirlín. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais 123 fógra foláirimh i ndáil le gnólachtaí neamhúdaraithe.

Chuaigh an Banc Ceannais i gcomhairle le gnólachtaí teicneolaíochta freisin maidir leis an modh is fearr le déileáil le bearta caimiléireachta agus táthar ag iarraidh ar ghnólachtaí teicneolaíochta a dhearbhú an bhfuil údarás ón mBanc Ceannais ag fógróirí a thairgíonn táirgí nó seirbhísí airgeadais ar aon ardán dá gcuid seirbhísí den sórt sin a thairiscint. Mar gheall ar an gcomhchaidreamh sin, tá bearta á ndéanamh ag Google d'fhonn a dhearbhú an bhfuil údarás ina leith ón mBanc Ceannais ag eintitis a iarrann fógraí ar bhonn táille maidir le seirbhísí airgeadais rialáilte a chur ar fáil.

D'eagraigh an Banc Ceannais feachtas fógraíochta i rith na bliana 2025 chun cur leis an aird agus leis an tuiscint ar chineálacha éagsúla caimiléireachta agus a chur ar acmhainn na ndaoine caimiléireacht a sheachaint.

### Nochtadh Cosanta

Cuirtear eolas tábhachtach, nach móide a bheith ar fáil ar bhealach eile, ar fáil don Bhanc Ceannais i dtuairiscí is nochtadh cosanta. Tháinig 384 tuairisc i rith na bliana

2025 (i gcomparáid le 233 sa bhliain 2024) ar nochtadh cosanta a bhí i gceist leo. Déantar gach tuairisc den sórt sin a mheas agus a fhiosrú de réir mar is gá. Bhí tairbhe as nochtadh cosanta i rith na bliana maidir le maoirseacht breise agus caidreamh breise le gnólachtaí, cláir maolú riosca a chur i bhfeidhm agus fógraí foláirimh a fhoilsiú. Tá teacht ar eolas breise maidir le nochtadh cosanta, lena n-áirítear Tuarascálacha Bliantúla faoin obair bainistíocht i ndáil le nochtadh cosanta i rith na mblianta 2023, 2024 agus 2025, anseo.

### Smachtbhannaí Airgeadais

Is é an Banc Ceannais údarás inniúil na hÉireann[16] maidir leis an riarachán a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais. Rinne an Banc, i mbun an chúraim sin, fónamh maidir le feidhmiú smachtbhannaí an AE mar gheall ar chogaíocht na Rúise san Úcráin. Bíonn an Banc Ceannais gníomhach i bhfóraim éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta atá dírithe ar a chinntiú go dtugtar an chuspóir leis na smachtbhannaí i gcrích. I rith na bliana 2025, tháinig 5 iarratas maolúcháin chuig an mBanc Ceannais, dhá chás acu a húdaraíodh agus dhá chás eile atá fós faoi mheas chomh maith le cás amháin a ndearna an t-iarratasóirí tharraingt siar. Anuas ar an méid sin, chuidigh an Banc Ceannais le daoine agus le heintitis maidir le smachtbhannaí de chuid an AE a chur i bhfeidhm trí fhreagra a thabhairt ar 219 iarratas maidir le treoir. Sa chás go mbeadh eintiteas EU nach eintiteas ainmnithe faoi réir ag reo sócmhainní mar gheall ar a bheith faoi úinéireacht nó faoi rialú ag duine nó eintiteas ainmnithe, is féidir 'coimircí' a chur i bhfeidhm[17] chun an duine ainmnithe a chosc ó chearta rialaithe nó ó rialú éifeachtúil a fheidhmiú maidir leis an eintiteas de chuid an AE. Bíonn d'aidhm le creatchóras dá shórt (ar a dtugtar 'balla dóiteáin' freisin) go gcuirtear feidhmiú ceart ag an duine ainmnithe ó tharlú ionas gur féidir le feidhmeanna gnó an eintitis de chuid an AE leanúint ar aghaidh an tráth céanna a mbíonn cistí agus acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht an duine ainmnithe reoite. Rinne an Banc Ceannais dhá bheart measúnachta maidir le Balla Dóiteáin i rith na bliana 2025.

## Cur in aghaidh Sciúradh Airgid / Maoiniú Sceimhlitheoireachta

Bhí béim i rith na bliana maidir leis an obair maoirseachta ar an gcreat maoirseachta slánchóirithe nua a chur i bhfeidhm, Straitéis Maoirseachta FSA nua san áireamh a bhfuil measúnú baoil de bhun leis an gcur chuige ina leith.

[16] Tá trí cinn d'Údaráis Mhaoirseachta Náisiúnta in Éirinn maidir le Smachtbhannaí AE: Banc Ceannais na hÉireann, an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.
[17] Le balla dóiteáin, tugtar athrú struchtúir i bhfeidhm maidir le rialachas corparáide an eintitis ionas go dtugtar an duine ainmnithe chun bealaigh ó ghnáthoibriú an eintitis ó lá go chéile (i.e. ceaptar leachtaitheoir nó riarthóir arna cheapadh ag an gcúirt etc.).

D'fhonn fónamh do mhaoirseacht níos inniúla bunaithe ar shonraí, tosaíodh ar Cheistneoir feabhsaithe an Bhainc ar mhaithe le Baol FSA/FMS a Mheas a thabhairt i dtreis ionas gur mine agus gur léire na sonraí faoi bhagairt a chruinnítear agus mar lón eolais don straitéis maoirseachta. Ar leibhéal na hEorpa, agus an tÚdarás nua Fhrithsciúradh Airgid an AE i mbun oibre faoi seo, saothraítear chun cion tairbhe a dhéanamh maidir le misean ÚFSA agus táthar ag ullmhú do Phacáiste FSA an AE a chur i bhfeidhm, agus an Leabhar Rialacha Aonair in am tráth.

### Mí-úsáid Margaidh

Leagtar príomhthábhacht i gcónaí ar mhí-úsáid margaidh a thabhairt chun aire agus a chosc agus leantar den obair ina leith seo le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána maidir le Coireacht Eacnamaíoch. I mí Feabhra 2025, ghearr an Banc Ceannais fíneáil €452,790 ar ghnólacht infheistíochta mar gheall ar an Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh a shárú. Tá feabhas leanúnach ar chaighdeán agus ar líon na dTuairiscí faoi Idirbhearta agus Orduithe a mbeadh Amhras ina leith, ionas gur tharla buaiclíon (503, ní ardú 14% i gcomórtas leis an mbliain 2024). Bhí deis faire margaidh an Bhainc Ceannais i bhfeidhm ar feadh na bliana 2025 agus chuir sin leis an acmhainn faireacháin ar bheartaíocht trádála sa chás go mbíonn amhras faoi mhí-úsáid margaidh chomh maith le cásanna lena mbainfeadh tuairiscíocht earráideach nó nithe eile maidir le cúrsaí oibriúcháin.

Mar gheall ar fheabhsú i ndáil le Tuairiscí faoi Idirbheart nó Ordú Amhrasach (TIOA) a fháil agus breis acmhainne i ndáil le cásanna a thabhairt chun aire, tá bearta éagsúla fiosrúcháin i ndáil le cásanna forfheidhmiúcháin ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais. Leanann an Banc Ceannais freisin de chuidiú le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána maidir le Coireacht Eacnamaíoch (BNGSCE) le hobair fiosrúcháin dá gcuid maidir le mí-úsáid margaidh. D'oibrigh an Banc Ceannais le ESMA freisin ar bhearta ullmhúcháin maidir le forálacha i ndáil le mí-úsáid margaidh i Rialachán MiCAR agus tháinig tuairiscí TIOA maidir le cripteashócmhainní chuig an mBanc den chéad uair ag teannadh le deireadh na bliana 2025.

### Nuálaíocht agus Páirtnéireacht

I bhfianaise an tábhachta atá le cur in aghaidh choiriúlacht airgeadais, bhí sin mar théama leis an gcéad bhosca gainimh nuálaíochta a eagraíodh, anall go dtí mí an Mheithimh 2025, trí sheacht dtionscadal ó na réimsí éagsúla nuálaíochta, mar shampla scaipeadh eolais, deimhniú aitheantais agus cosc calaoise, a thabhairt le chéile. D'oibrigh na rannpháirtithe ar feadh tréimhse sé mhí ag seisiúin ceardlainne, ag seisiúin tacaíochta faoi leith, i mbun tástáil sonraí agus saothar taighde i gcomhar.

Tugadh torthaí follasacha i gcrích leis an gclár oibre agus rinneadh tástáil ar mhodhanna teicneolaíochta a chuirfeadh feabhas ar chúrsaí príobháideachta maidir le comharoibriú idir forais éagsúla i ndáil le sonraí agus tugadh an tástáil phíolótach

chun críche maidir le seift le cruthú dífhianaise maidir le dearbhú comhuaineach ar sheoladh. Rinneadh fréamhshamhla braite a cheapadh maidir le scáilbhróicéireacht agus glaonna caimiléireachta a bhlocáil. Bhí timpeallacht a raibh struchtúr leis ar fáil ag gnólachtaí leis an mbosca gainimh ina bhféadfaí seifeanna den nuáil a thabhairt chun cinn i dtimpeallacht an chomhair d'fhonn cur in aghaidh choireacht airgeadais.

## An Sruth Oibre Beartais agus Reachtaíochta

### Gníomh an AE um an Intleacht Shaorga (IS)

I rith na bliana 2025, lean an Banc Ceannais, tríd an ról ar Choiste Náisiúnta Chur i bhFeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, den obair dhlúth leis na ranna rialtais a bhaineann le hábhar d'fhonn a chinntiú go dtarlaíonn Gníomh IS an AE a chur i bhfeidhm gan bhac. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Banc Ceannais, tríd an ról ar Fhoghrúpa Seirbhísí Airgeadais an Bhoird IS, le hOifig IS an AE ag déileáil le ceisteanna sonracha a bhaineann leis an nGníomh IS a chur i bhfeidhm maidir le réimse na seirbhísí airgeadais. I rith na bliana 2025, d'oibrigh an Banc Ceannais le ESMA agus ÚEÁPC freisin ar mhaithe le suirbhéanna a eisiúint faoin úsáid as IS ar fud earnála na margaí caipitil, na gcistí agus an árachais.



Ar an leibhéal náisiúnta, d'fháiltigh an Banc Ceannais roimh Ghníomh IS an AE agus ainmniú an bhainc ina Údarás Faireachais Margaidh atá freagrach as maoirseacht agus ar forfheidhmiúchán i ndáil le Gníomh IS an AE maidir leis na seirbhísí airgeadais a thagann faoi rialáil an bhainc. Leanfaidh an Banc Ceannais den obair le rún Gníomh IS an AE a thabhairt i bhfeidhm go hiomlán agus Oifig IS na hÉireann a chur ar bun i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Leanfar de bhéim a leagan ar an úsáid as IS san earnáil airgeadais lena n-áirítear forbairt bhreise ar thuiscint an bhainc agus ar an ní a mbeidh súil leis ó ghnólachta agus fónamh do thras-suí na reachtaíochta i ndlí na hÉireann ag an Rialtas agus do chur i bhfeidhm na ngnéithe sin de ghníomh IS an AE a thagann faoi scáth réimse feidhme an bhainc.

### An tAontas Eorpach agus Caidreamh Idirnáisiúnta

Lean an Banc Ceannais ar feadh na bliana 2025 den ról suntasach in eagraíochtaí agus in údaráis Eorpacha agus idirnáisiúnta, ag teacht le Straitéis an Bhainc Ceannais i ndáil leis an AE agus Gnóthaí Idirnáisiúnta. Leagadh amach an straitéis sin d'fhonn feabhas breise ar mhodhanna caidrimh an Bhainc Ceannais agus maidir le bearta a chur in ord tábhachta agus dul i gcion ar chomhghleacaithe agus ar pháirtithe leasmhara mar chuid de chomhlíonadh ról an Bhainc Ceannais san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

Taobh istigh de AE, bhí caidreamh dlúth ar siúl ag an mBanc Ceannais ar leibhéal sinsearach i ndáil le Comhairle Rialaithe BCE, Bord Maoirseachta an tSásra Aonair Maoirseachta, Bord Ginearálta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach, an Bord Réitigh Aonair, Bord Údarás Fhrithsciúradh Airgid (ÚFSA) an AE agus Boird Maoirseoirí na dtrí Údarás Maoirseachta Eorpach.

Bhí ról ceannasaíochta leis an mBanc Ceannais i ndáil le roinnt de na heagraíochtaí sin i rith na bliana 2025, ina measc; Comhchathaoirleacht ar Thascfhórsa Ardleibhéil BCE maidir le hIdirghabhála Airgeadais Neamhbhainc; Cathaoirleacht ar Chomh-Fhochoiste GES faoi Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil agus Cathaoirleacht ar Bhuanchoiste an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí maidir le Bainistíocht Infheistíochta.

Tríd an oifig faoi leith in Áras an Euro sa Bhruiséil, cothaíodh caidreamh éifeachtúil le hinstitiúidí AE, babhtáladh lón taithí ón obair maoirseachta, cuireadh go tráthúil leis an bpróiseas maidir le beartas a cheapadh agus cíoradh creat reachtaíochta AE.



**An Gobharnóir Makhlouf le hUachtarán BCE, Christine Lagard ar cuairt chuig Campas na nDugthailte, an Banc Ceannais**

Ar leibhéal an domhain, bhí ról suntasach leis an mBanc Ceannais sa bhliain 2025 ag Bord na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) agus rinneadh a athcheapadh mar Leas-Chathaoirleach ar Choiste Réigiúnach na hEorpa ag IOSCO. Déanann an Banc ionadaíocht thar ceann chomhaltaí na hEorpa ar Choiste Feidhmiúcháin Chomhlachas Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais (IAIS) agus feidhmíodh mar Chomh-Chathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais maidir leis an Eoraip. Is comhalta tofa an Banc ar Chomhairle Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta maidir le Cosaint an Tomhaltóra Airgeadais agus déantar Cathaoirleacht ar an mBuanchoiste Forfheidhmiúcháin. Ceapadh an Banc ina Chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre ECFE maidir le Cosaint an Tomhaltóra Airgeadais, Oideachas agus Ionchuimsiú agus is comhalta ex officio é ar Choiste ECFE maidir le Margaí Airgeadais. Lean an Banc

Ceannais d'fheidhmiú an ról mar ghníomhaire fioscach thar ceann an Stáit leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Bhí cruinnithe ar leibhéal sinsearach ag an mBanc Ceannais freisin ag Cruinniú an Earraigh agus Cruinniú Bliantúil CAI i rith na bliana 2025.

### An Cód Leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí

Tar éis comhchaidreamh leitheadach a chothú le réimse leathan páirtithe leasmhara, tugadh an obair ar an gCód Leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí chun críche i rith na bliana 2025. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an 24 Márta 2026. Beidh Cód nuachóirithe de chuid na linne seo ar fáil leis an gCód Leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí ar ar léir an dóigh ina gcuirtear seirbhísí airgeadais ar fáil sa saol digiteach agus a chuireann leis an gcosaint atá ar fáil sa Chód reatha. Tá an Cód nuachóirithe bunaithe ar é a bheith de dhualgas ar ghnólachtaí leas na gcustaiméirí a chinntiú agus cothaítear leis sin meon dírithe ar an gcustaiméir ag gnólachtaí a thugann go fonnmhar faoi chosaint an tomhaltóra agus a ghlacann leis an bhfreagracht as sin. Cuirtear freisin leis na bearta cosanta don tomhaltóir ar fud réimsí éagsúla, lena n-áirítear digitiúchán, faisnéis éifeachtúil, cosaint do thomhaltóirí i gcúinsí baolacha, babhtáil morgáistí, bearta calaoise agus caimiléireachta agus táirgí agus seirbhísí neamhrialáilte á gcur ar fáil ag gnólachtaí atá faoi rialáil.

## Nuálaíocht

Lean an Banc Ceannais i rith na bliana 2025 ag feabhsú an cheangal de réir córais leis an nuálaíocht ar fud mhórchóras na seirbhísí airgeadais. Ar na gnéithe a bhaineann leis an gcur chuige seo, tá Mol Nuálaíochta feabhsaithe, comhchaidreamh réamhbheartaithe, agus cláir théamatúla de chuid an Bhosca Gainimh Nuálaíochta. Rinneadh fónamh leis an obair seo do thorthaí níos fearr ag tomhaltóirí agus maidir le cúrsaí eacnamaíocha go ginearálta, an tráth céanna ar cuireadh leis an tuiscint atá againn ar réimsí baoil a bheadh i ndán. D'fhonn cur leis an rath a bhí ar an gcéad chlár maidir le cur in aghaidh choiriúlacht airgeadais, seoladh an dara Clár téamach den Bhosca Gainimh Nuálaíochta sa bhliain 2025, le béim an uair seo ar nuálaíocht i gcúrsaí íocaíochta. Dírítear leis an gclár ar ceithre cinn de réimsí béime: Ionchuimsitheacht maidir le teacht ar an ngeilleagar digiteach; Aistriú airgid go follasach agus gan bhac; Athléimneacht maidir le híocaíochtaí atá slán; agus Modhanna teicneolaíochta nua a thagann chun cinn maidir le híocaíochtaí a chóiriú go slán sábháilte.



Tá d'aidhm leis an mbeartaíocht seo brostú le seifteanna lena dtugtar i gcrích íocaíochtaí níos sábháilte, níos tapadh agus níos ionchuimsithí ag teaghlaigh agus gnólachtaí, an tráth céanna a dtugtar réamhléargas luath don Bhanc Ceannais ar cheisteanna baoil nó maoirseachta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. I ndeireadh na bliana 2025, tháinig deireadh leis an obair maidir le gairm scoile iarratasóirí agus tosaíodh ar obair dhream na n-íocaíochtaí a thabhairt i gcrích. Pléadh i seisiúin

ceardlainne lena mbíonn tnúth leis ó thaobh rialála faoi reachtaíocht na n-íocaíochta, le hathléimneacht oibriúcháin, le cosc calaoise agus le cora nua teicneolaíochta atá ag teacht chun tosaigh. Bhí caidreamh ag rannpháirtithe le saineolaithe réimsí ábhair maidir le cúrsaí maoirseachta agus beartais. Treisítear le ról brostaitheoireachta an bhainc leis an gcaidreamh struchtúrtha seo trí chaighdeáin feabhsaithe íocaíochta agus slándála a chothú an tráth céanna a gcinntítear aon bhaol don tomhaltóir nó don chobhsaíocht airgeadais a thabhairt chun aire go luath agus bainistíocht a dhéanamh ina leith.

### An Mol Nuálaíochta agus Comhchaidreamh le lucht an Mhórchórais

Chomh maith le Cláir an Bhosca Gainimh, leanadh freisin de chur leis an Mol Nuálaíochta. Is é an Mol i gcónaí an príomhphointe caidrimh ag lucht nuálaíochta nuair is mian leo soiléire a fháil maidir le ceisteanna rialála. Cuireadh struchtúr níos fearr arís i bhfeidhm i rith na bliana 2025 ar an bpróiseas comhchaidrimh, le treoir réamhchaidrimh níos soiléire agus modhanna athchaidrimh. Leanadh d’ábhar léargais faoi phatrúin maidir le híocaíochtaí, sócmhainní digiteacha, an intleacht shaorga agus múnlaí nua gnó a chur ar fáil as an Mol. Rinne caidreamh le fiontair nuathionscanta agus le gnólachtaí seanbhunaithe fónamh do thuiscint go luath ar a mbeadh de dhualgas ó thaobh cúrsaí rialála agus cothaíodh cultúr níos treise maidir le cúrsaí rialála i ngnóthais thionscantacha. Leathnaíodh ar na bearta caidrimh i rith na bliana 2025. Áirítear ar an gcineál seo, seisiúin comhchomhairle réigiúnacha, páirt a ghlacadh in imeachtaí de chuid an mhórchórais, agus caidreamh le forais léinn. Bhí an Clár Caidrimh maidir le Cúrsaí Taighde ina chuid den Bhosca Gainimh a thabhairt i gcrích agus áirítear féile haiceála sonraí i gcomhar le hOllscoil Luimnigh ar an mbeartaíocht seo, treisiú ar an gceangal idir léargas lucht taighde agus lucht rialála.

Leanadh freisin de pháirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim de chuid an AE agus i bhfóraim idirnáisiúnta atá dírithe ar ghnóthaí nuálaíochta. Déanann an caidreamh leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus le rialálaithe comhchéime de chuid an bhainc fónamh maidir le modhanna oibre a thabhairt níos dlúithe le chéile agus bíonn lón eolais as maidir leis an gcion tairbhe a dhéanann an banc do cheapadh beartais an AE.

### Cistí

D’fhoilsigh an Banc Ceannais Páipéar Comhairle CP161 agus Páipéar Comhairle CP162 i mí Mheán Fómhair 2025. Luaitear i ngach aon pháipéar comhairliúcháin acu moltaí d’fhonn creatchóras chistí infheistíochta na hÉireann a leasú agus é a thabhairt le caighdeáin leasaithe de chuid na hEorpa. Feictear in CP162 an leasú is suntasaí ar Leabhar Rialacha an Bhainc Ceannais maidir leis an gCiste Infheistíochta Malartach (CIM) ón mbliain 2013 i leith, le béim ar shócmhainní príobháideacha. Ar na torthaí suntasacha, tá réimeas náisiúnta an Bhainc Ceannais maidir le Ciste Infheistíochta Malartach ag Infheisteoirí Incháilithe maidir le Iasacht a Thionscnamh

(L-QIAIF) a thabhairt leis an gcreat tionscanta iasachtaí faoi Threoir II maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFMD II) agus an Leabhar Rialacha maidir le CIM a leasú ionas go dtugtar cistí QIAIF le rialacháin níos ginearálta an AE maidir le cistí sócmhainní príobháideacha. Féachadh maidir le CP161 le Rialacháin reatha an Bhainc Ceannais maidir le Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe (GCIUI) a aisghairm agus malairt rialacháin a thabhairt isteach trína gcinnteofaí a mbeifí ag teacht le creat leathan an AE, trína dtabharfaí leasuithe le tamall anuas agus Ceisteanna & Freagraí faoin aon chreatchóras rialála amháin.

Dhírigh an Banc Ceannais ar mholtaí a rinne an Roinn Airgeadais sa tuarascáil "*Funds Sector 2030: A Framework for Open, Resilient and Developing Markets*" i ndáil le sócmhainní príobháideacha. Tugtar san áireamh leis sin cnuasach Ceisteanna & Freagraí faoin Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha a fhoilsiú i mí an Mhárta 2025 dírithe ar shócmhainní príobháideacha agus sin d'fhonn soiléiriú a thabhairt ar fhorálacha éagsúla sa Leabhar Rialacha maidir le Cistí Infheistíochta Malartacha a chur i bhfeidhm a raibh aird tarraingthe orthu san aiseolas ó pháirtithe leasmhara mar bhac roimh infheistíocht i sócmhainní príobháideacha. Foilsíodh Ceisteanna & Freagraí faoi tháscairí Chistí a Thrádáiltear ar Mhalartán (ETF) agus nochtadh maidir le punainn, nithe a fhónfaidh do chistí ETF gníomhacha a chur ar bun. Maidir le táscairí Chistí ETF, ceadaíonn an Banc Ceannais anois úsáid as an táscaire "UCITS ETF" maidir le haicmí sonracha de scaranna liostaithe i gciste, in ionad an táscaire a éileamh ar leibhéal is ísle ná leibhéal an chiste. Maidir le Nochtadh Punainne (Múnla Leathfhollasachta, leasaigh an Banc Ceannais Ceisteanna & Freagraí ID 1012 ionas go gceadaítear nochtadh tráthrialta in ionad nochtadh poiblí laethúil éigeantach, rud a fhágann gur féidir dáiríre cistí ETF "leathfhollasachta". Ní foláir do chistí a bhaineann leas an múnla sin sealúchais a nochtadh go poiblí gach ráithe an tráth céanna a gcuirtear sonraí neamh-idirdhealaitheacha ar fáil gach lá do rannpháirtithe an mhargaidh ionas go gcinntítear cobhsaíocht maidir le praghsáil thánaisteach an mhargaidh agus arbatráiste le héifeacht. D'fhonn straitéisí gníomhacha a chumhdach ó rith chun tosaigh, ní mór do dhuine freagrach an chiste a chinntiú freisin go mbíonn follasacht ag baint leis an réamheolaire agus gnáis oibre shonraithe ar bun don bhainistíocht i ndáil le lagú arbatráiste nó le hiarratas eolais ó infheisteoir.

### Simpliú

Tá béim níos géire ar fud na hEorpa ar an iomaíochas, ar chomhleanúnachas agus ar ualach riaracháin agus tuairiscithe neamhriachtanach a mhaolú. Tugtar san áireamh leis sin gealltanais i réimse na polaitíochta agus rún níos forleithne ualaigh a mhaolú fad a chaomhnaítear na cosaintí agus an chobhsaíocht atá mar bhonn taca faoin Margadh Aonair.

Sa chomhthéacs sin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais Regulating & Supervising Well – a more effective and efficient framework i mí na Nollag 2025, ina leagtar amach

treochlár maidir le creatchóras rialála agus maoirseachta intíre a shimpliú, gan dochar don athléimneacht nó do chosaintí. Tugtar sainmhíniú ar shimpliú sa cháipéis i dtéarmaí praiticiúla – a chinntiú go mbeidh coinníollacha soiléir, comhleanúnach agus intuigthe; gur intuartha an dóigh ina ndéanfar iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm; gur féidir an cuspóir atá leo a thabhairt i gcrích gan ualach ná castacht nach gá; agus go mbeidh siad riosca-bhunaithe, comhréireach agus dírithe ar nithe ábhartha ag an am céanna. Leagtar amach freisin "ráillí cosanta" maidir le cinnteoireacht, "tús áite don mhisean" ar an gceann is tábhachtaí, ionas nach ndéanfadh simpliú aon dochar do thorthaí saothair maidir le cosaint, lena n-áirítear cobhsaíocht airgeadais, cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí, sábháilteacht agus daingne, agus ionracas an chórais. Is cur chuige é seo a thagann lena raibh le rá ag an nGobharnóir ag an gComhdháil faoin gCóras Airgeadais i mí na Samhna 2025. San aitheasc sin, áitíodh nach ionann an dea-rialáil agus lagú caighdeán; ina ionad sin, cinntítear leis an dea-rialáil go dtuigtear na rialacha, gur intuartha an dóigh ina gcuirtear i bhfeidhm iad, agus go dtugtar i gcrích leo an cuspóir atá leo gan ualach ná castacht seachas mar is gá agus nár cheart breathnú ar iarrachtaí chun feabhas a chur ar bheartas agus ar phróisis mar mhaoirseacht níos laige ná mar chaighdeáin níos ísle a bheith inghlactha ó ghnólachtaí faoi rialáil.

San am atá romhainn, déanfaidh an Banc Ceannais beartais bunaithe ar fhianaise a leabú trí Chreatchóras maidir le Tionchar Rialála a Mheas a bhfuil de rún ag an mBanc comhairliúchán poiblí a reáchtáil ina leith sa chéad leath de 2026. Cuirfear leis sin, bonn foirmeálta docht faoi réimse saothair atá ina bhonn taca cheana féin faoi mhodh oibre an Bhainc, agus cothromaíocht a bhaint amach idir éifeachtúlacht rialála agus an éifeachtacht, agus fónamh á dhéanamh do bhearta a leagan amach lena mbaineann soiléire ó thaobh cuspóra agus comhréir ó thaobh toraidh.

### An Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí

Is painéal comhairleach arna bhunú faoin reachtaíocht an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí a cuireadh ar bun faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 agus a chuireann comhairle ar an mBanc Ceannais faoi dhéanamh na bhfeidhmeanna i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais agus faoi fheidhmiú na cumhachta ina leith sin. Bhí cúig cinn de chruinnithe ag an ngrúpa i rith na bliana 2025 agus lorgaíodh tuairim an ghrúpa maidir le ceisteanna straitéiseacha éagsúla den tábhacht, ina measc: Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí; Measúnacht Riosca i ndáil le Cosaint Tomhaltóirí in Earnálacha Príomha; Comhairliúchán maidir le caighdeáin seirbhísí ATM; treoirlínte maidir le heasnamh áitiúil agus an Cód um Chosaint Tomhaltóirí a chur i bhfeidhm go hiomlán maidir le Comhair Creidmheasa; Rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola in Éirinn; caidreamh dáiríre, éifeachtúil le páirtithe leasmhara; agus Slándáil agus athléimneacht maidir le grúpaí custaiméirí leochaileacha.

## Maoiniú & Lucht Foirne i ndáil le Rialáil

Bíonn dlite ar ghnólachtaí faoi rialáil tobhach cistíochta a íoc leis an mBanc Ceannas i ndáil leis an obair rialála agus maoirseachta maidir le gnóthaí airgeadais. Leagtar amach sa Rialachán ina leith sin an bonn ar dá réir a chuirtear tobhaigh i bhfeidhm maidir le heintitis rialáilte ar leithligh i ngach aicme maoiniúcháin ar leith de chuid an tionscail agus tagann na tobhaigh i bhfeidhm tar éis don Aire Airgeadais iad a cheadú. Léirítear leis an riachtanas cistíochta bliantúil an costas a ghabhann le rialáil agus maoirseacht airgeadais, na rátaí aisghabhála costais a cheadaíonn an tAire Airgeadais agus coigeartú i ndáil le nithe áirithe, mar shampla iarmhéideanna nó ioncam iarchurtha ó bhlianta roimh ré.



Déanann an Banc Ceannais athbhreithniú go leanúnach ar phróiseas an tobhaigh d'fhonn a chinntiú go mbíonn sé oiriúnach i gcónaí de réir mar a thagann athrú ar thionscal na seirbhísí airgeadais agus de réir mar a thagann earnálacha nua faoi scáth mhaoirseacht an Bhainc Ceannais. Mar shampla, tharla sa bhliain 2025, gur údaraigh an Banc Ceannais soláthraithe seirbhísí maidir le cripteashócmhainní den chéad uair agus cruthaíodh aicme nua maidir le cistíocht an tionscail dá réir sin.

**Tábla 6: Riachtanas Cistíochta Bliantúil Glan (RCBg) 2023 agus 2024**

| An Earnáil Tionscail | Cuntas | 2023 RCBg €'000 | RCBg 2024 €'000 | Athraitheas €'000 |
|---|---|---|---|---|
| A1 | Institiúidí Creidmheasa atá údaraithe in Éirinn (thagadh faoin scéim ELG roimhe seo) agus fochuideachtaí dá gcuid | 26,544 | 27,480 | 936 |
| A1/A2 | Institiúidí Creidmheasa atá údaraithe in Éirinn (seachas an chuid a thagann faoi A1a) agus brainsí LEE | 41,926 | 45,555 | 3,629 |
| A | Tobhach Breise d' Institiúidí Creidmheasa | 5,567 | 5,936 | 369 |
| B | Gnóthais Árachais/Athárachais | 50,224 | 51,210 | 986 |
| C | Idirghabhálaithe agus Gnólachtaí Bainistíochta Fiachais | 5,567 | 8,035 | 2,468 |
| D | Gnólachtaí Infheistíochta | 25,376 | 28,202 | 2,826 |
| E1 | Cistí Infheistíochta | 14,437 | 16,443 | 2,006 |
| E2 | Soláthraithe Seirbhíse do Chistí | 13,619 | 13,153 | - 466 |
| F | Comhair Chreidmheasa | 6,148 | 6,521 | 373 |
| G | Soláthraithe Creidmheasa Ardchostais | 397 | 376 | - 21 |
| H | Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe | 13 | 12 | - 1 |
| J | Bureaux de Change | 20 | 24 | 4 |
| M | Gnólachtaí Creidmheasa | 5,313 | 5,481 | 168 |
| N | Institiúidí Íocaíochta & Institiúidí Ríomhairgid | 6,453 | 8,118 | 1,665 |
| Q | Soláthraithe Seirbhísí maidir le Sócmhainní Fíorúla | - | 130 | 130 |
| S | Soláthraithe Seirbhísí Sluachistiúcháin | - | 25 | 25 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Iomlán**[18] | 201,604 | 216,701 | 15,097 |
| *Lúide* Tobhaigh údarúcháin agus cúlghairme Pro Rata arna n-eisiúint | - 2,954 | - 2,193 | 761 |
| **An tSuim Iomlán atá le gnóthú** | 198,650 | 214,508 | 15,858 |

## Tábla 7: Daonra 2023 agus 2024 i ngach Earnáil den Tionscal


| Earnáil an Tionscail | Cuntas | 2023 # na nEintiteas | 2024 # na nEintiteas | Athrú # | Athrú |
|---|---|---|---|---|---|
| A1 | Institiúidí Creidmheasa atá údaraithe in Éirinn | 17 | 15 | (2) | (11.8%) |
| A2 | Institiúid Chreidmheasa - Brainse LEE | 27 | 27 | - | - |
| B1<br>B4<br>B7<br>B8<br>B9 | Árachas Saoil - Ceannoifig na hÉireann<br>Árachas nach Árachas Saoil - Ceannoifig na hÉireann<br>Athárachas<br>Brainse Tríú Contae<br>Feithicil Shainchuspóireach Athárachais | 183 | 178 | (5) | (2.7%) |
| B2<br>B5 | Árachas Saoil - Brainse LEE<br>Árachas nach Árachas Saoil - Brainse LEE | 26 | 28 | 2 | 7.7% |
| C | Idirghabhálaithe agus Cuideachtaí Bainistíochta Fiachais | 2,123 | 2,041 | (82) | (3.9%) |
| D1, D2, D3, D4, D6 | Gnólachtaí Infheistíochta | 77 | 79 | 2 | 2.6% |
| D5 | Ballghnólachtaí Stocmhalartán na hÉireann | 3 | 3 | - | - |
| D9 | Olltrádálaithe de réir Algartaim | 2 | 2 | - | - |
| D10 | Gnólachtaí Bonneagair Margaidh | 7 | 7 | - | - |
| D11 | Gnólacht Infheistíochta – Brainse LEE | 7 | 7 | - | - |
| E1 | Cistí Infheistíochta | 1,333 | 1,346 | 13 | 1.0% |
| E2a, E2b, E2c | Soláthraithe Seirbhíse do Chistí Infheistíochta | 198 | 193 | (5) | (2.5%) |
| E2d | Soláthraithe Seirbhíse do Chistí Infheistíochta – Brainse LEE | 13 | 12 | (1) | (7.7%) |
| F | Comhair Chreidmheasa | 191 | 183 | (8) | (4.2%) |
| G | Soláthraithe Creidmheasa Ardchostais | 29 | 27 | (2) | (6.9%) |
| H | Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe | 2 | 1 | (1) | (50.0%) |
| J | Bureaux de Change | 7 | 6 | (1) | (14.3%) |
| M | Gnólachtaí Creidmheasa Miondíolacháin, Gnólachtaí Frithdhílseacháin Tithíochta agus Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa | 61 | 54 | (7) | (11.5%) |
| N | Institiúidí Íocaíochta & Ríomhairgid | 46 | 48 | 2 | 4.3% |

[18] Tugtar san áireamh le suim iomlán 2024 €0.5 milliún atá le cruinniú agus a bhaineann le costais d'aicme M a cuireadh ar gcúl roimhe seo.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Q | Soláthraithe Seirbhísí maidir le Sócmhainní Fíorúla | - | 22 | 22 | - |
| S | Soláthraithe Seirbhísí Sluachistiúcháin | - | 5 | 5 | - |

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2025, bhí coibhéis 1,015.1 ball foirne lánaimseartha ag plé le hobair rialála, beagán níos mó ná 1,002.2 i mí na Nollag 2024. Is comhartha an leibhéal foirne a bheith a bheag nó a mhór mar a chéile ar chobhsaíocht maidir leis an lucht foirne i rith na bliana 2025. B'ionann an t-athrú deonach maidir le lucht foirne rialála agus maoirseachta faoi dheireadh na bliana 2025 agus 2.2% i gcomórtas le 3.3% faoi dheireadh na bliana 2024.

**Cairt 1: Líon na mBall Foirne maidir le Rialáil Airgeadais 2020-2025**




## Feidhmiú Ordúil Cuí Margaí Airgeadais

### Réamhrá

Bíonn a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh agus a chuid cumhachtaí á bhfeidhmiú ag an mBanc Ceannais ar bhealach atá i gcomhréir le feidhmiú cuí ordúil na margaí airgeadais. Leagtar amach sa chuid seo, gnéithe d'obair an Bhainc Ceannais in 2025 ina léirítear é sin.
Is iad na margaí a fheidhmíonn go cuí na margaí sin ina mbíonn rochtain ag tomhaltóirí agus gnóthais ar sheirbhísí airgeadais a bhíonn ar fáil go réidh agus a mbaineann follasacht leo, a mbíonn rogha dáiríre agus luach an airgid i gceist leo, agus iad á gcur ar fáil ag gnólachtaí atá dea-riartha, inmharthana agus seasmhach. Bíonn dlite freisin go mbeadh follasacht agus iontaofacht ag baint le ceapadh praghsanna sna margaí urrús, go mbeadh ionracas ar ardchaighdeán ag baint leis an margadh, cosc éifeachtúil ar mhí-úsáid an mhargaidh agus cosaint thréan don

infheisteoir. D'fhonn na príomhthorthaí cosanta a thabhairt i gcrích, tugann an Banc Ceannais faoin obair laethúil maoirseachta agus geatóireachta, chomh maith le gníomhaíochtaí níos ginearálta i gcúrsaí beartais, rialála agus anailíse ar bhealach a fhónann don sainmhíniú seo. Tháinig obair na bliana 2025 faoi anáil phríomhbhearta rialála agus maoirseachta don bhliain, ina measc athléimneacht a chaomhnú, tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint, ionracas an mhargaidh a neartú agus feabhas a chur go leanúnach ar ár gcuid modhanna rialála agus maoirseachta. Agus na tosaíochtaí sin a thabhairt i gcrích, leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar an modh ina gcomhlíontar ár sainordú. Díríodh go háirithe ar na nithe seo a leanas:

- cur leis an tuiscint ar chúrsaí struchtúir agus rannpháirtíochta maidir le margaí trí thabhairt faoi shaothar taighde ar ardchaighdeán;
- cur le críochnúlacht agus le héifeachtacht na rialála agus na maoirseachta, trí chastacht agus ualach neamhriachtanach a mhaolú, agus ar bhealaí eile; agus
- margaí ordúla a chaomhnú tríd an obair a dhéanaimid maidir le geatóireacht, maoirseacht agus gnólachtaí a réiteach.

Léiríonn na tosaíochtaí sin forbairtí intíre agus béim níos forleithne san Eoraip ar an iomaíochas agus ar shimpliú gan dochar do shárchaighdeáin.

### Taighde ar Struchtúir agus Rannpháirtíocht Margaí

Tá obair anailísíochta agus taighde ar ardchaighdeán tábhachtach chun tuiscint a fháil ar chóras seirbhísí airgeadais atá ag mearathrú agus lena chinntiú go mbíonn an mhaoirseacht agus beartais cóirithe go cuí. D'fhéadfadh ganntanas sa tuiscint anailíse cás púicín a chruthú a bheadh ina chúis le heaspa ó thaobh tuisceana, soláthair, rogha, follasacht praghsanna, cothroime nó ceapadh praghsanna go héifeachtúil. Tugtar tús áite i gclár oibre taighde an Bhainc Ceannais, dá bhrí sin, do réimsí saothair lena bhfeabhsaítear an tuiscint ar struchtúr an mhargaidh, ar iompraíochtaí agus ar bhealaí tarchuir ionas go dtreisítear ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

Mar shampla, bhí béim mhór le tamall de bhlianta anuas ar an tábhacht bhreise atá ag teacht ar ról na n-idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc (IANB) ar fud gníomhaíochtaí creidmheasa agus margaí. Leanadh i rith na bliana 2025 de bheith ag cur leis an tuiscint ar a dtagann i gceist le hiasachtóirí neamhbhainc do na hiasachtaithe agus don aistriú airgeadaíochta, chomh maith leis na réimsí laige agus rioscaí comhchruinnithe a fhéadann a theacht chun cinn i ndáil le hiasachtaí speisialta maoine agus cistí infheistíochta. Cuireann obair den sórt sin le hacmhainn an Bhainc meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh athruithe ar struchtúr an mhargaidh difear a dhéanamh d'infhaighteacht creidmheasa, do ghnóthaí praghsála agus don athléimneacht maidir le cúrsaí airgeadais bunaithe ar an margadh, chomh maith le lón eolais a chur ar fáil, nuair is cuí, don obair mhaoirseachta agus do chuíchóiriú beartais. Déantar fónamh freisin do mheasúnacht leanúnach an Bhainc Ceannais ar chúrsaí beartais, mar shampla bearta

macrastuamachta, ar a n-áirítear bearta maidir le morgáistí agus an Cúlchiste Fritimthriallach (MFT).

I gcás margaí urrús, bíonn feidhmiú ordúil cuí ag brath go rímhór ar fhollasacht, ar cheapadh praghsanna iontaofa agus ar mhí-úsáid margaidh a sheachaint agus a chosc. I rith na bliana 2025, lean an Banc Ceannais de phríomhthábhacht a leagan ar ionracas an mhargaidh le caidreamh maoirseachta, maoirseacht ar thuairiscí faoi idirbhearta agus trí leas a bhaint as mhodhanna maoirseachta agus rialála de réir mar ba ghá. Fónann na bearta seo do mhargaí atá cóir éifeachtach agus do mhuinín an infheisteora a chothú.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais freisin taighde tomhaltais dírithe ar rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola in Éirinn, le scrúdú a dhéanamh ar an gcúis go bhfuil an ráta rannpháirtíochta i margaí caipitil íseal i gcónaí i gcomórtas le leibhéil coigiltis teaghlaigh agus le leibhéil rachmais agus na príomhchúiseanna le rannpháirtíocht agus na príomhbhacanna roimhe a thabhairt chun suntais. Tá tábhacht ag baint leis sin maidir le feidhmiú ordúil cuí an mhargaidh i ndáil le dhá ghné den ábhar.

1. Maidir le torthaí don tomhaltóir agus don infheisteoir, ba chóir go ligfeadh margaí dea-fheidhmiúla do theaghlaigh cinntí eolasacha a dhéanamh a fhónann don dea-riocht airgeadais. Tarraingítear aird le torthaí an tsaothair taighde ar chonstaicí éagsúla, mar shampla teorainn le tuiscint, neamhréir ó thaobh iompair, ábhar amhrais agus castacht. Is lón eolais na tátail sin don phlé leanúnach ar chúrsaí beartais maidir le gnéithe follasachta, comhchaidreamh, cosaint tomhaltóirí agus na cúinsí is gá a bheith i réim go dtarlódh rannpháirtíocht éifeachtúil, sampla den leas a bhíonn as saothar anailíse i ndáil le hobair rialála a leagan amach.
2. Ó thaobh fhorbairt an mhargaidh agus an iomaíochais de, d'fhéadfadh rannpháirtíocht inbhuanaithe miondíola fónamh d'fhorleithne breise caipitil a chuireann le doimhne an mhargaidh, do chainéil maoinithe níos iléagsúla do chúrsaí eacnamaíocha, agus d'iomaíochas níos géire ar na margaí coigiltis agus infheistíochta. Treisítear ar an gcaoi seo an bonn fianaise do phlé níos forleithne ar mhodhanna inar féidir margaí caipitil atá dírithe ar thomhaltóirí a threisiú, fad a choimeádtar cosaintí cuí ar bun.

Tá foilseacháin staidrimh fhorfheabhsaithe agus anailís ghrinn ar shonraí maoirseachta agus chlárlann creidmheasa ag cur leis an saothar seo, ionas go gcuirtear lenár dtuiscint ar iomaíochas iasachtaithe, ar dhinimic taiscí, ar rannpháirtíocht sa mhargadh agus ar dhinimic praghsanna ar fud na n-earnálacha baincéireachta agus neamhbhainc araon, agus ionas go bhfeabhsaítear follasacht an chéanna. Go ginearálta, cuireann obair taighde agus anailísíochta lenár dtuiscint ar an iomaíochas agus ar dhinimic margaidh, lena n-áirítear tuiscint ar an gcaoi a bhféadfaidh easrú praghsanna, constaicí roimh bhabhtáil agus gnéithe struchtúir difear a dhéanamh do thorthaí tomhaltóirí agus infheisteoirí. Trí chur leis an tuiscint seo, cuireann an Banc Ceannais lena chumas chun réimsí dea-fheidhme an

mhargaidh a aithint chomh maith leis na réimsí ar dual aird a thabhairt orthu maidir le cúrsaí beartais nó maoirseachta.

## Creata Rialála agus Torthaí Beartais

Ní foláir le rialáil airgeadais aidhmeanna a bhaineann le feidhmiú éifeachtúil an chórais airgeadais ar mhaithe le tomhaltóirí, infheisteoirí agus cúrsaí eacnamaíocha go ginearálta a thabhairt le chéile. Bíonn aird ag an mBanc Ceannais, agus rialacháin á bhforbairt, ar an ngá a bhíonn le comhbhabhtáil idir gnéithe éagsúla agus ar an dochar agus an sochar a ghabhfadh le nithe a bheartaítear a dhéanamh d'fhonn leas an phobail a thabhairt i gcrích. Tugtar san áireamh leis sin an baol go bhféadfadh idirghabhálacha rialála iontráil sa mhargadh, iomaíochas, nuálaíocht nó ceapadh praghsanna a shaobhadh go neamhdheonach.

Chuir an Banc Ceannais tionscnaimh chun cinn i rith na bliana 2025 d'fhonn treisiú le héifeachtúlacht na rialála, fad a bhí feabhas á chur ar an tsoiléireacht, an intuarthacht agus ar an comhréireacht. Áirítear leis sin, dul i ngleic go réamhghníomhach leis an gclár oibre ar leibhéal an AE maidir le rialáil a shimpliú, meastóireacht ón mbun aníos ar chreatchórais na tíre, chomh maith le caidreamh le páirtithe leasmhara. Is léir ón saothar sin, dúthracht an Bhainc maidir le forfheabhas leanúnach a chur ar na modhanna rialála agus maoirseachta agus ba é buaic na hoibre "Regulating and Supervising Well: A more effective and efficient framework" a fhoilsiú i mí na Nollag 2025. Tagann sé sin faoi anáil a bhfuil foghlamtha ón taithí maoirseachta agus rialála agus ón gcaidreamh le páirtithe leasmhara agus tá de rún leis a chinntiú go gclóitear le caighdeáin dhochta, fad a bheidh próisis ag éirí níos soiléire agus níos comhleanúnaí. Chomh maith leis sin, thug an Banc Ceannais faoi obair mhór réamhullmhúcháin i rith na bliana 2025 d'fhonn cur chuige forfheabhsaithe maidir le Measúnacht Tionchair Rialála (MTR) a fhorbairt le rún comhairliúchán poiblí a eagrú i rith na bliana 2026. Is é atá de chuspóir leis seo treisiú leis an réimeas cinnteoireachta agus leis an bhfollasacht maidir le roghanna rialála agus beartais sa tír seo, lena n-áirítear aidhmeanna níos soiléire a chur in iúl agus gnéithe tionchair a mheas de réir córais. Cuirtear leis sin bonn daingean faoi fheidhmiú ordúil cuí an mhargaidh trína chuidiú lena chinntiú go mbíonn bearta dírithe ar an sprioc, bunaithe ar fhianaise, agus go ndéantar aon torthaí neamhbheartaithe ionchais maidir le hiomaíochas, nuálaíocht, cosaint tomhaltóirí nó iontráil sa mhargadh a chur san áireamh d'aon ghnó.

Ní foláir freisin maidir le feidhmiú ordúil cuí an mhargaidh torthaí atá cóir agus lena gcosnaítear tomhaltóirí agus infheisteoirí, go háirithe i gcásanna ina bhféadfadh neamhréir faisnéise nó laige eile a bheith ina siocair le torthaí díobhálacha. Sa bhliain 2025, thug an Banc Ceannais an obair ar Athbhreithniú ar an Uasteorainn maidir le Ráta Úis ar Chreidmheas Ardchostais, a ullmhaíodh de réir choinníollacha na reachtaíochta, chun críche agus rinneadh a fhoilsiú. Rinneadh leis an athbhreithniú tionchar na huasteorann a mheas maidir le hiomaíochas agus soláthar

san earnáil chomh maith le treochtaí rátaí úis agus tionchar ionchais uasrátaí éagsúla a bhreithniú. Léiríonn sé sin tiomantas an Bhainc Ceannais don tionchar dáiríre a bhíonn ag idirghabhálacha rialála a bhreithniú, lena n-áirítear a gcuid éifeachtaí ar iomaíochas agus infhaighteacht creidmheasa, agus do mheasúnú a dhéanamh i dtaobh cibé acu an mbíonn a chuid cuspóirí á gcomhlíonadh ag an gceapadh beartais agus saobhadh neamhbheartaithe á sheachaint i ngach cás is féidir.

Fónann an obair a dhéanann an Banc Ceannais ar chúrsaí nuálaíochta, lena n-áirítear bearta comhchaidrimh tríd an Mol Nuálaíochta agus an Bosca Gainimh, d'fheidhmiú ordúil cuí an mhargaidh chomh maith trí dheis a thabhairt plé ar bhealach tairbheach le múnlaí nua gnó agus gnéithe nua teicneolaíocha. Cuidíonn sin lena chinntiú go dtuigtear forás margaidh ar mhodh tráthúil agus go maolaítear aon bhaol go n-eascródh púicíní maoirseachta nó beartais ó athrú tobann ar struchtúir.

### Geatóireacht, Maoirseacht agus Imeacht Gnólachtaí

Leis an ngnáthobair laethúil i dtaca le húdarú, maoirseacht agus réiteach, déantar cion tairbhe cinniúnach maidir le feidhmiú ordúil cuí margaí. Tríd an obair sin, tacaítear le cothrom na Féinne trína chinntiú go mbíonn gnólachtaí ag dul san iomaíocht bunaithe ar chaighdeán a gcuid seirbhísí agus a gcuid táirgí, seachas teacht i dtír ar éiginnteacht nó ar easnamh i ndáil le caighdeáin. Is pointe iontrála mórthábhachtach ról geatóireachta an Bhainc Ceannais ag gnólachtaí a fhéachann le seirbhísí airgeadais a chur ar fáil in Éirinn. Féachann an Banc Ceannais le próisis údarúcháin a oibriú atá soiléir, macánta agus follasach, fad a bhíonn measúnacht dhocht á cinntiú i leith na gcaighdeán atá le cur i bhfeidhm. Ina bhun sin, soirbhítear do bhealach isteach atá éifeachtach iontaofa agus a chothaíonn muinín sa chóras airgeadais.

I rith na bliana 2025, ag teacht lenár ndúthracht chun feabhas a chur ar ár gcuid modhanna rialála agus maoirseachta, leanamar dár gcuid próiseas geatóireachta a fhorbairt agus a fheabhsú ó thaobh soiléire, comhleanúnachais agus éifeachta, fad a bhí caighdeáin dhochta á gcoimeád ar bun againn. Sampla faoi leith ab ea aonad aonair a chur ar bun i mí Eanáir 2025 atá freagrach as cúrsaí Feidhmiúlachta agus Cuibhis d'fhonn comhleanúnachas agus éifeachtacht bhreise a chur chun cinn maidir leis an gcóras a chur i bhfeidhm.

Tá buntábhacht ag baint le hionracas an chórais airgeadais agus le muinín a choinneáil ann ó thaobh feidhmiú ordúil cuí margaí. Mar chuid den tsamhail maoirseachta nua, leanadh de thosaíochtaí maoirseachta in 2025 a dhíriú ar na rioscaí is ábhartha dár gceithre thoradh ar chosaint. I gcás margaí urrús, bíonn feidhmiú ordúil cuí ag brath go rímhór ar thrédhearcacht, ar cheapadh praghsanna iontaofa agus ar mhí-úsáid margaidh a sheachaint agus a chosc. I rith na bliana 2025, lean an Banc Ceannais de phríomhthábhacht a leagan ar ionracas an mhargaidh le caidreamh maoirseachta, maoirseacht ar thuairiscí faoi idirbhearta agus trí leas a

bhaint as mhodhanna maoirseachta agus rialála de réir mar ba ghá. Fónann na bearta seo do mhargaí atá cóir éifeachtach agus do mhuinín infheisteoirí a chothú.

Ní hamháin go mbíonn iontráil ordúil agus reachtáil fónta le linn oibriúcháin de dhíth maidir le margaí dea-fheidhmiúla, bíonn modhanna inchreidte de dhíth freisin maidir le himeacht ordúil sa chás go gcliseann ar ghnólacht nó go roghnaítear an margadh a fhágáil. Déantar cion tairbhe maidir leis an gcuspóir sin le hobair réitigh agus bhainistíocht géarchéime an Bhainc Ceannais trí fhreastal d'ullmhú maidir le himeacht ordúil, feidhmeanna cinniúnacha a chosaint agus féachaint leis an gcur isteach a mhaolú oiread agus is féidir sa chás go gcliseann gnólacht.

## Conclúid

D'oibrigh an Banc Ceannais i rith na bliana 2025 ar bhealach atá ag teacht le feidhmiú ordúil cuí margaí i mbun obair taighde, ceapadh beartais agus forbairt rialála, chomh maith le geatóireacht, maoirseacht agus réiteach. Ba ghné shuntasach d'obair na bliana an t-athrú leanúnach ar an modh ina gcuirimid ár sainordú i gcrích tríd an mbonn fianaise a neartú, trí chur leis an bhfollasacht agus le cosaint infheisteoirí, trí phróisis rialála agus maoirseachta a chuíchóiriú, agus trí thionscnaimh intíre a ailíniú le béim níos forleithne ar shimpliú agus ar iomaíochas, fad a bhíothas ag cloí le caighdeáin dhochta. Is obair leanúnach í sin. Leanfaidh an Banc Ceannais de na tionscnaimh seo a thabhairt chun cinn agus a chuíchóiriú chun a chinntiú go mbeidh margaí athléimneach agus iontaofa i gcónaí, go tacóidh siad le follasacht agus ceapadh éifeachtach praghsanna, go mbeidh siad ag plé go cóir le tomhaltóirí agus le hinfheisteoirí, agus go mbeidh siad ag feidhmiú go héifeachtach ar mhaithe lis an ngeilleagar níos leithne.

# Caibidil 3:
Inniúlacht
na hEagraíochta

# Caibidil 3: Inniúlacht na hEagraíochta

## Na Daoine

Leanadh i rith na bliana 2025 de straitéis an Bhainc Ceannais i leith na ndaoine a chóiriú chun tacú le Misean, Fís agus Straitéis an Bhainc Ceannais. Bhí béim i gcónaí ar an dul chun cinn le gnáis, dírithe ar an am atá le teacht, a fhónann d'éifeachtúlacht na heagraíochta, do chothú acmhainneachta agus d'ionad oibre inar féidir le daoine teacht faoi bhláth.

### Bunathrú Eagraíochtúil a Chumasú

Ba bhliain chinniúnach an bhliain 2025 don Bhanc Ceannais le tabhairt isteach an Chreatchórais nua Maoirseachta. B'ionann é sin agus athrú suntasach ar ár gcur chuige maidir le rialáil agus maoirseachta. D'fhonn aistriú rianúil a éascú, tacaíodh le ceannasaithe agus le fostaithe le linn eagar sainiúil a leagan amach agus bearta bainistíochta a dhéanamh i ndáil leis an athrú. Cinntíodh leis an obair sin gur cuireadh ar chumas na foirne oibriú go héifeachtúil laistigh den tsamhail nua oibríochtúil. Ba ghné lárnach den bhunathrú seo leanúint d'inniúlacht na ndaoine a fhorbairt. Tugadh punann chuimsitheach de sheifteanna foghlama agus forbartha i gcrích le béim faoi leith ar réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo. Mar shampla, bunaíodh Acadamh Maoirseachta an Bhainc Ceannais chun go gcuirfí oiliúint theicneolaíoch ar fáil a bheadh ag teacht leis an gCreatchóras nua, agus cinntíodh le cúrsaí forbartha sainchóirithe do bhainisteoirí agus do cheannasaithe go mbeadh sruth ceannaireachta na heagraíochta ullamh d'athrú ar réimsí freagrachta. Leis an gcur chuige ilchineálach seo maidir le cothú inniúlachta, léirítear ár dtiomantas maidir lena chinntiú go mbíonn na scileanna agus an cumas ar fáil san eagraíocht chun dul in oiriúint agus chun freagairt don athrú agus dár sainordú atá ag forbairt.

Ag cur leis sin, tugadh chun críche an obair i dtaca le cur chuige forfheabhsaithe maidir le bainistíocht feidhmíochta agus pleanáil forbartha a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, ar cur chuige é a thiocfaidh i bhfeidhm i ndáil le sraith feidhmíochta na bliana 2026. Leis an bpróiseas forfheabhsaithe seo, leagfar béim bhreise ar phleanáil d'fhorbairt phearsanta gach duine faoi leith agus ar acmhainn idirdhealaithe níos fearr maidir le cúrsaí feidhmíochta. Tá an bhéim bhreise seo ar phleanáil forbartha riachtanach chun go leanfar de bheith ag cur leis na réimsí scileanna agus inniúlachta is gá chun misean cinniúnach an Bhainc a thabhairt i gcrích.

### Daoine Cumasacha a Mhealladh agus a Choinneáil

Is tosaíochtaí leanúnacha i gcónaí ag an mBanc Ceannais daoine cumasacha a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Bhí an ráta fágála ar leibhéal níos ísle ná mar a bhí riamh, 2.35% faoi dheireadh na bliana 2025, comhartha go bhfuil

caidreamh agus rannpháirtíocht na bhfostaithe go tréan agus gur mór an tairiscint fostaíocht sa Bhanc i gcomórtas le roghanna eile. I bhfianaise na tréimhse comhdhlúis seo ar bheagán caillteanais, bhí ár bpríomhbhéim soláthair ar róil a líonadh go hinmheánach, le béim bhreise ar bainistiú tallainne agus ar a gcuid gluaiseachta ar fud na heagraíochta chun freastal ar thosaíochtaí.

## Ionad Oibre Ionchuimsitheach Rannpháirtíochta a Chothú

### Rannpháirtíocht na bhFostaithe agus Cúrsaí Cumarsáide

Tá aiseolas rialta ó na fostaithe ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí a fhágann gur féidir ionad oibre soirbheach a chur ar fáil. Tar éis ardán éisteachta nua digiteach a thabhairt isteach sa bhliain 2023, eagraíodh dhá Shuirbhé Comhchaidrimh maidir le Fostaithe i rith na bliana 2025. Thug na suirbhéanna sin léargas fiúntach ar eispéireas agus ar thosaíochtaí na bhfostaithe. Cé gur tháinig laghdú ar leibhéil rannpháirtíochta in 2025, aithnímid gur aiseolas tábhachtach é seo agus táimid tiomanta do ghníomhú i leith an léargais atá faighte. Tá ceannasaithe agus meithle ar fud na heagraíochta ag obair le chéile chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na réimsí príomhthábhachtacha a tháinig chun suntais ó na suirbhéanna sin le béim faoi leith ar réimsí amhail forbairt gairme, cumarsáid inmheánach agus cultúr san ionad oibre. D’fhonn fónamh do chumarsáid éifeachtúil agus chun ionad oibre níos sásúla a chruthú atá i gcomhréir le misean agus luachanna na heagraíochta, d’eagraigh an mheitheal maidir le Cumarsáid Inmheánach agus Rannpháirtíocht na bhFostaithe líon is mó ná 100 ócáid i rith na bliana 2025, cuidíodh le príomhfheachtais gnó agus rinneadh bainistíocht ar chainéil éagsúla cumarsáide. Tugadh aitheantas seachtrach don chlár cuimsitheach comhchaidrimh seo nuair a bronnadh dhá ghradam airgid ar an mBanc Ceannais ag Gradaim Communicate Magazine don Chumarsáid agus don Chomhchaidreamh Inmheánach: ‘An Nuálaíocht is Fearr’ agus ‘An Chumarsáid Inmheánach is Fearr ag Carthanas, Eagraíocht Neamhrialtais nó Eagraíocht Neamhbhrabúis’.



## KeepWell Mark Awards 2025

### Folláine

Tuigeann an Banc Ceannais go mbaineann buntábhacht le folláine an fhostaí - lena n-áirítear gnéithe colainne, meabhrach, sóisialta agus airgeadais den fholláine - maidir le hionad oibre tairbheach. Thug an grúpa oibre Folláine clár bhearta cúnta éagsúla i gcrích i rith na bliana 2025, lena n-áirítear cainteoirí agus tionscnaimh dírithe ar Shláinte na hInchinne, Tuiscint ar Sheipsis, Tuiscint ar Andúil, Mí an Ribín Uaine, Sláinte na bhFear agus Cúnamh Taca Airgeadais.

Tugadh aitheantas seachtrach don dúthracht seo maidir le folláine uilechuimsitheach le háit ar liosta Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann den 100 Cuideacht in Éirinn a dhéanann Ceannródaíocht maidir le Folláine. Bhí an Banc Ceannais ar an ngearrliosta i gceithre cinn de chatagóirí ag Gradaim KeepWell Mark 2025 agus is ábhar mórtais dúinn gur bronnadh an gradam maidir le Lánpháirtíocht agus Muintearas.[19]

### An Córas Hibrideach Oibre

Tá córas hibrideach oibre i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais d'fhonn córas oibre atá sochóirithe ag na daoine a thabhairt le héifeachtúlacht agus comhdhlús an chomhair i mbun an sainchúram barrthábhachtach a leagtar ar an mBanc a thabhairt i gcrích. Leagtar amach sa Bheartas Hibrideach Oibre gnéithe praiticiúla an chórais agus a n-éilítear ar na fostaithe uile. Cuidíonn cur chuige struchtúrtha ar an gcaoi seo lena chinntiú go mbíonn an córas á chur i bhfeidhm go cóir comhleanúnach ar fud na heagraíochta agus gur sin a bhraitear é ionas go gcuirtear bonn daingean faoi fholláine an duine agus faoi chomhdhlús na heagraíochta.

### Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht

Tá an Banc Ceannais tugtha go dúthrachtach i gcónaí do thimpeallacht sásúil oibre lena mbaineann iléagsúlacht agus lánpháirtíocht a chothú do lucht an Bhainc. Tuigtear gur tréine an eagraíocht mar gheall ar an iléagsúlacht agus an lánpháirtíocht, gur fearr is féidir linn na dreamanna den phobal a ndéantar rialáil orthu a thuiscint agus freastal orthu sin agus ar chúrsaí eacnamaíocha go ginearálta.

Leanadh i rith na bliana 2025 d'infheistíocht a dhéanamh chun aird agus tuiscint níos forleithne a chothú ar ionad oibre ionchuimsitheach trí oiliúint, trí chumarsáid, trí ghníomhaíocht rannpháirtíochta le fostaithe agus trí imeachtaí agus gníomhartha faoi stiúir Líonra na bhFostaithe. Leanadh den bhéim ar oscailteacht agus ar fhollasacht, rud is léir ón ochtú Tuarascáil faoi Bhearna Pá idir na hInscní a fhoilsiú.

---

[19] Fuair an Banc Ceannais ainmniúchán faoi ceithre cinn de chatagóirí: Sárchomhlacht na hAicme - Cothú agus Aclaíocht Colainne; Sárchomhlacht na hAicme - Cothú agus Forbairt Cumais; Sárchomhlacht na hAicme - Lánpháirtíocht agus Muintearas; agus Cuideachta na Bliana (Mór).

Táimid tiomanta do ghníomhaíocht a dhéanamh chun na tosca bunúsacha a thuiscint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus leanfaimid d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus muid ag obair chun an bhearna a laghdú.

Tugadh aitheantas seachtrach do dhúthracht an Bhainc i ndáil le hionchuimsitheacht nuair a bronnadh Gradam KeepWell Mark 2025 maidir le Sárchomhlacht na hAicme: Ionchuimsitheach agus Muintearas, aitheantas don dul chun cinn maidir le hionad oibre a chruthú ina mbraitheann na fostaithe go léir go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo.

## Freagracht Shóisialta – An Pobal

Mar ghné dá dhúthracht maidir le freagracht shóisialta na heagraíochta, leagann an Banc Ceannais béim ar cheangal a chothú le pobal na háite in Oirthuaisceart Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil Campas na nDugthailte suite. Leis an obair seo dírítear go mór mór ar fhostaíocht agus ar an infhostaitheacht a chothú, le haird ar chúrsaí oideachais, ar ullmhú don saol oibre agus ar thaithí oibre. Tá cúig cinn de Pháirtnéirí Pobail againn Tionscadal Forbairt Pobail an Bhalla Thuaidh, Óige an Bhalla Thoir, Seirbhís Óige SWAN, Club Óige Belvedere, agus Féile Ealaíne na gCúig Lampa Cuireann an Banc Ceannais roinnt cistíochta ar fáil chomh maith le húsáid as an bhfoirgneamh agus as áiseanna maidir le himeachtaí agus cruinnithe, cúnamh le cúrsaí rialachais agus straitéise agus dream oibrithe deonacha. B'ábhar mórtais againn sa bhliain 2025 clár maidir le forbairt ceannaireachta a sheoladh do mheithle ceannaireachta na bPáirtnéirí Pobail.




**Ócáid Páirtnéireachta Chinn Bhliana, Mí na Nollag 2025, le Meithle Ceannaireachta na bPáirtnéirí Pobail**

Oibrítear freisin i gcomhar le Coláiste Náisiúnta na hÉireann – An Tionscnamh Luathfhoghlama agus le *Junior Achievement Ireland* ar thionscnaimh eagsúla. Tá ceannródaíocht i leith na hoibre seo á déanamh ag comhaltaí an Ghrúpa Oibre maidir

le Freagracht Shóisialta a reáchtálann cláir oibre agus a chothaíonn an caidreamh le grúpaí áitiúla agus le lucht an Bhainc Ceannais i gcoitinne, a dhéanann obair dheonach nuair a theastaíonn. Leagtar amach thíos roinnt de na príomhfhigiúirí maidir leis an mbliain 2025.

**Tábla 8: Ócáidí agus Tionscnaimh 2024**

| Uimhreacha Mórthábhachtacha | 2025 |
|---|---|
| Líon tionscnamh agus ócáidí in 2025 | 21 |
| Líon na ndaoine a d'fhreastail ar imeachtaí tábhachtacha ar an láthair i gCampas na nDugthailte | 649 |
| Líon na n-oibrithe deonacha ón mBanc Ceannais (ní áirítear tacaíocht saoráidí ag ócáidí) | 75 |

## Na hionaid oibre



Tá ionaid oibre ag an mBanc Ceannais i dhá fhoirgneamh nasctha ar Champas na nDugthailte, Sráid an Mhéara agus Cé an Phoirt Thuaidh, agus sa Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh. Tá an foirgneamh ar Shráid an Mhéara á áitiú ag an mBanc Ceannais ó mhí Iúil 2022 i leith agus leantar den mhargaíocht ag féachaint leis na trí hurlár atá folamh a ligean ar léas.  Bhí foirgneamh an Bhainc Ceannais i nDuga Spencer, Bloc R1, le díol ón mbliain 2024. Díoladh Bloc R2 le Coláiste Náisiúnta na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2022 ar €48.44m. Cuireadh tús le hidirbheartaíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, tionóntaí an Bhainc Ceannais, i mí Eanáir 2025 maidir le Bloc R2 a cheannach agus bhí rath ar an bplé nuair a socraíodh ar €23.7m. Bhí feidhm iomlán á baint as foirgnimh agus áiseanna an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2025 i ndáil leis an gcóras hibrideach oibre. Leanadh de thimpeallacht oibre slán sábháilte a chur ar fáil don fhoireann ar fad a shaothraíonn ar Champas na nDugthailte agus sa Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh. Leagtar amach i Straitéis an Bhainc Ceannais an dúthracht maidir le feidhmiú mar eagraíocht inmharthana le freagracht shóisialta. D'fhoilsigh an Banc Ceannais leagan leasaithe den Treochlár maidir le Gníomhú ar son na hAeráide i mí Iúil 2025.  Ag teacht le clár oibre na heagraíochta maidir le cúrsaí inmharthanachta agus spriocanna faoin Treochlár maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, leanann an Banc Ceannais de na háiseanna a shaothrú agus a riar ar bhonn inmharthana agus íslíodh an méid fuinnimh a ídítear ar fud Champas na nDugthailte agus sa Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh. Oibríonn an Banc Ceannais córas bainistíochta ar chaighdeán deimhnithe ISO ar fud na n-ionad ar fad atá slánchóirithe maidir le cúrsaí timpeallachta, sábháilteachta agus fuinnimh. Déantar tomhas de réir réimse táscairí gaolmhara agus cuirtear é sin ar fáil sna

tuarascálacha bliantúla feidhmíochta maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Inmharthanacht ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais.

## Sonraí, Anailísíocht & an Intleacht Shaorga (IS)

Lean an Banc Ceannais i rith na bliana 2025 d'fheabhas a chur ar an gcaidreamh struchtúrtha le lucht nuálaíochta ar fud mhórchóras na seirbhísí airgeadais. Ar na gnéithe a bhaineann le cur chuige an Bhainc, tá Mol Nuálaíochta feabhsaithe, comhchaidreamh réamhbheartaithe, agus cláir théamacha de chuid an Bhosca Gainimh Nuálaíochta a thabhairt i gcrích.



Chomh maith le Cláir an Bhosca Gainimh, leanadh freisin de bheith ag cur leis an Mol Nuálaíochta. Is é an Mol i gcónaí an príomhphointe caidrimh ag lucht nuálaíochta nuair is mian leo soiléireacht a fháil maidir le ceisteanna rialála. Cuireadh struchtúr níos fearr arís i bhfeidhm i rith na bliana 2025 ar an bpróiseas comhchaidrimh, le treoir réamhchaidrimh níos soiléire agus modhanna athchaidrimh. Leanadh d'ábhar léargais faoi phatrúin maidir le híocaíochtaí, sócmhainní digiteacha, an intleacht shaorga agus samhlacha nua gnó a chur ar fáil as an Mol. Tá dul chun cinn déanta ag an mBanc Ceannais sa mhéid go bhfuil úsáid á baint as IS i gcúrsaí hoibre, tar éis dó tástáil phíolótach a dhéanamh ar na deiseanna a bhain le IS, rud a thacaíonn go díreach le héifeachtacht an Bhainc Ceannais mar eagraíocht fhaisnéisbhunaithe. Tá deiseanna éagsúla IS maidir le táirgiúlacht glactha chugainn féin againn chun fónamh don Bhanc Ceannais faoi réir ag ráillí cosanta sainsonraithe.  Táthar ag brostú leis an acmhainn néalríomhaireachta d'fhonn cur leis an acmhainn anailísíochta agus IS. Caomhnaítear, de réir chur chuige an Bhainc, an neamhspleáchas agus an athléimneacht chuí an tráth céanna a mbaintear buntáiste as an acmhainn néalríomhaireachta ar mhaithe le nuálaíocht agus le héifeachtacht.

## An Teicneolaíocht

Tuigtear don Bhanc Ceannais an ról cinniúnach atá ag an teicneolaíocht chun a chumasú dó a shainordú a bhaint amach go héifeachtúil agus go slán sábhailte. Tá an infheistíocht i gcúrsaí teicneolaíochta mar phríomhthosaíocht i gcónaí againn, sa mhéid go dtacaítear lenár gcuid aidhmeanna oibríochtúla, go bhfeabhsaítear lenár n-inniúlachtaí faisnéisbhunaithe, agus gcoimeádtar bonn costais cothrom ar bun, fad a bheifear ag dul in oiriúint d'éilimh athraitheacha.



Ba shuntasach an beart chun tosaigh aistriú go sásúil go dtí dhá ionad sonraí nua de Shraith-3 in eagar gníomhach le gníomhach lena soláthraítear acmhainn feidhmiú le díomhaointeas neasnialasach agus a mbíonn leas as acmhainn nua slándála agus monatóireachta. Tá breis éifeachta ar fáil maidir le gnéithe oibriúcháin an tráth céanna a maolaítear aon bhaol maidir le

luaineacht costais ionas go ndéantar fónamh maidir leis na gealltanais cloí le bonn cothrom costais.

Le tuiscint ar na réimsí cibearbhagartha atá le sárú, a bhfuil géarú agus athrú orthu, leantar de phríomhthábhacht a leagan ar sheasamh slándála an Bhainc Ceannais a threisiú i gcomhréir leis an gcreat rialachais agus le seasamh an bhainc in aghaidh baoil, mar shampla cead isteach lena laghad pribhléide is féidir a chur i bhfeidhm i ndáil le haitheantas duine nó aitheantas meaisín. Nuair atá de phrionsabal gan iontaoibh a chur in aon ní, agus sin á chóiriú le modhanna braiteoireachta agus beartaíochta le leas as IS, is cúinge go mór an réimse ina bhféadfaí ionsaí a dhéanamh ar an mBanc agus is fearr an acmhainn bagairt a bhrath agus beart a dhéanamh dá réir gan mhoill.

Faoi réir ag measúnacht ghéar ar an gcás gnó, leanann an Banc Ceannais den infheistíocht i dtionscnaimh digitiúcháin agus uathoibríochta a chuireann héifeachtacht na hoibre agus le déanamh na seirbhíse.

Tá creat nua Páirtnéirí Straitéiseacha á chur ar bun a chuirfidh le cumas an Bhainc tríú páirtithe a fhónann don sainchúram a aimsiú, a thabhairt i bpáirt agus a riar. Beidh fostú bunaithe ar thorthaí maidir le cláir mhórthábhachtacha indéanta faoin gcreatchóras seo. Leis an gcur chuige seo, bheidh acmhainn speisialtóireachta ar fáil de réir scála, feabhsófar intuarthacht na beartaíochta, agus treiseofar le coinneáil agus aistriú eolais, rud a fhónann d'aidhmeanna an Bhainc an tráth céanna a gcoinnítear smacht straitéiseach ar an leagan amach lárnach maidir le húdarás agus rialachas. Tá straitéis teicneolaíochta an Bhainc Ceannais ag teacht go dlúth le straitéis pháirtnéirí sa Eurochóras ionas gur cinnte gur féidir comhoibriú éifeachtúil agus go mbíonn an cur chuige comhleanúnach. Fágann an dlúthchóiriú seo gur féidir buntáiste a bhaint as an sárchleachtas, eolas a bhabhtáil agus a bheith ullamh maidir le seirbhísí néalríomhaireachta an AE agus ardáin an Eurochórais de réir mar a thagann siad in aibíocht.

## Rannpháirtíocht & Cumarsáid

Gné bhunúsach den obair is ea cumarsáid, comhairliúchán agus caidreamh leanúnach críochnúil leis an bpobal, le gnóthais, le forais chomhchéime, le hionadaithe tofa agus le rannpháirtithe san earnáil airgeadais. Leanadh i rith na bliana 2025 de thionscnaimh a thabhairt i gcrích ina leith sin agus maidir le cuspóirí na Straitéise Cumarsáide agus Comhchaidrimh 2024-2026 a thabhairt i gcrích – lena mbaineann ceithre réimse béime, Cultúr, Plé, Aird agus Léargas. Le linn chur i bhfeidhm na straitéise seo le bliain anuas, cothaíodh caidreamh go forleathan le páirtithe leasmhara ar réimse téamaí príomhthábhachta, an chuid seo a leanas ina measc mar shampla:

- **Leanadh den chlár Comhchaidrimh** agus bhuail ceannairí sinsearacha an Bhainc le páirtithe leasmhara sna contaetha seo a leanas: Corcaigh, Gaillimh, an Lú, an Mhí, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, an Iarmhí agus Cill Mhantáin. Leagadh béim as an nua ar threisiú leis an gcomhchaidreamh leis an tsochaí shibhialta, grúpaí pobail agus tomhaltóirí. Neartaíodh, ar an gcuma sin, ceangal an Bhainc le tionscnaimh áitiúla pobail agus le taithí an tomhaltóra ar an líne tosaigh ionas gur cinntíodh go dtagann ceapadh beartais agus socrú ord tábhachta faoi anáil a bhfuil de dhíth agus ina ábhar buartha ag an bpobal agus maidir le cúrsaí eacnamaíocha go ginearálta.
- Leanadh d'**Aird agus Tuiscint na dTomhaltóirí** a chothú nuair a seoladh feachtas suntasach don phobal ag cur leis an tuiscint i measc tomhaltóirí agus infheisteoirí faoin dóigh le iad féin a choinneáil slán ó chaimiléireacht airgeadais. Tháinig athrú leis an mbeartaíocht seo ar chur chuige na heagraíochta maidir le feachtasaíocht ionas gur féidir béim níos tréine ar thuiscint agus aird a chothú nuair a bhítear ar díriú ar theachtaireacht don tomhaltóir a thagann leis an sainchúram a leagtar ar an mBanc maidir le cosaint an tomhaltóra agus an infheisteora.
- **Lean Fóram Thionscal na Seirbhísí Airgeadais** ag freastal do chomhchaidreamh straitéiseach trasearnála i rith na bliana 2025 agus ceannairí sinsearacha na n-eagras ionadaíochta ar fud an chórais airgeadais ag teacht le chéile i mbun caidrimh le Banc Ceannais na hÉireann. Leis na trí cinn d'fhoghrúpaí: Náisiúnta, Idirnáisiúnta agus Nuálaíocht – tháinig an Fóram le chéile ocht n-uaire i rith na bliana. D'eagraigh Banc Ceannais na hÉireann an ócáid mhórshuntais do pháirtithe leasmhara, Comhdháil an Chórais Airgeadais i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna ag ar tháinig níos mó ná 800 toscaire as Éirinn agus tíortha thar lear le chéile, lucht ceaptha beartais, ceannairí tionscail, agus ionadaithe de chuid an chóras airgeadais, ar an láthair agus le ciancheangal. Rinneadh plé ar cheisteanna tráthúla maidir leis an gcóras airgeadais ag an gcomhdháil le haithisc aoichainteoirí, seisiúin díospóireachta agus seisiúin painéil.
- **Rinneadh beart maidir le haiseolas** ó ionadaithe na sochaí sibhialta agus rinneadh athbhreithniú neamhfhoirmeálta ar an dóigh a gcuirtear chuig an gCruinniú Comhchéime Sochaí Sibhialta. Eagraíodh an cruinniú Comhchéime bliantúil i mí Deireadh Fómhair agus rinneadh bearta ina dhiaidh sin chun feabhas a chur ar an gcur chuige maidir leis an gcaidreamh leis an earnáil seo a eagrú.
- Rinneadh **Láithreán Gréasáin an Bhainc Ceannais** a fhorfheabhsú i rith na bliana 2025 de réir mar a leanadh d'fheabhas a chur ar a mbraitheann an lucht úsáide maidir lena thapú. Tugadh feabhas i gcrích maidir le cuardach agus áisiúlacht, gnéithe nua de leithéid fhoilseacháin HTML agus chairteanna

idirghníomhaíochta, chomh maith le gnéithe nua dearthóireachta. Is acmhainn iontaofa atá furasta a úsáid ag na páirtithe leasmhara an láithreán gréasáin dá bharr seo.

- Leanadh le **Caidreamh Díreach**. Mar chuid den fhoilsitheoireacht rialta maidir le saothar domhain taighde staidrimh agus anailíse, (lena n-áirítear an Feasachán Ráithiúil, an tAthbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais, Staidreamh Tús Cadhnaíochta), rinneadh cumarsáid agus caidreamh go díreach agus trí na meáin nuachta leis na páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Áirítear air sin freisin aithisc a thug an Gobharnóir agus an Leas-Ghobharnóir faoi réimsí tábhachtacha ábhair agus faoi réimsí beartais ar a mbíonn béim ag an mBanc Ceannais.
- Rinneadh forbairt breise maidir le **cúrsaí inniúlachta, acmhainneachta agus cultúir** i rith na bliana 2025. Tugadh 'Foireann Uirlisí Oscailteachta agus Rannpháirtíochta' nua isteach chomh maith le sraith de thionscnaimh foghlama agus forbartha inmheánacha agus d'imeachtaí don lucht foirne, chomh maith leis an meitheal d'áisitheoirí oilte comhchaidrimh a leathnú. Chuidigh an tSeirbhís inmheánach maidir le Comhairle Comhchaidrimh le líon is mó ná 50 meitheal agus tionscadal modhanna nua éifeachtacha a chruthú don chomhchaidreamh le páirtithe leasmhara agus eagraíodh caidreamh faoi réimse ceisteanna, ina measc an Cód um Chosaint Tomhaltóirí, cúrsaí Feidhmiúlachta & Cuibhis, Teacht ar Airgead Tirim, an Creat Freagrachta Aonair agus Simpliú. Faoi chreat nua meastóireachta a cuireadh i bhfeidhm d'fhonn aiseolas a bhailiú ó pháirtithe leasmhara, rinneadh suirbhéireacht ar líon is mó ná 350 páirtí leasmhar a chuir ardleibhéal sástachta in iúl i measc na ndaoine a mbíonn caidreamh díreach acu leis an mBanc Ceannais.

## Déileáil le Gearáin

Tá an Banc Ceannais tugtha do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtach, chúirtéiseach a chur ar fáil don uile dhuine den phobal lena mbíonn déileáil. Foráiltear faoi Chairt an Chustaiméara gur féidir gearán foirmeálta a dhéanamh sa chás go mbíonn custaiméir míshásta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus nach féidir réiteach, atá sásúil don chustaiméir, a fháil ar an gceist. Tá gnás faoi leith leagtha síos ag an mBanc Ceannais chun déileáil le gearáin a dhéanann duine den phobal. Rinneadh próiseáil de réir an ghnáis seo ar naoi gcinn de ghearáin fhoirmeálta i rith na bliana 2025. Bhain siad sin le réimse ceisteanna éagsúla agus is leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa a bhain an sciar ba mhó acu. Níor tháinig aon ghearán faoin nGnás Oibre faoi leith maidir le Gearán ó Dhaoine faoi Mhíchumas.

Tharla sraith agóidí taobh amuigh d'oifigí an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2025 agus tháinig cuid mhór comhfhreagrais ó dhaoine den phobal ag cur in iúl go mb'ábhar buartha ról an Bhainc Ceannais mar údarás inniúil faoin Rialachán Réamheolaire Eorpach (Rialachán (AE) 2017/1129). Is le ról an Bhainc Ceannais i gceadú iarratais maidir le réamheolaire bannaí Iosrael go sonrach a bhain an comhfhreagras. Leagadh amach seasamh an Bhainc Ceannais faoin gcás le bearta éagsúla cumarsáide, ina measc rannóg Ceisteanna Coitianta maidir le Réamheolairí Bannaí a Cheadú ar an láithreán gréasáin.

## Saoráil Faisnéise

Rinne an Banc Ceannais próiseáil ar 141 iarratas maidir le Saoráil Faisnéise i rith na bliana 2025. Aontaíodh/páirtaontaíodh le 53 iarratas ar fad agus diúltaíodh 71 iarratas faoi fhorálacha éagsúla an Achta um Saoráil Faisnéise. Tharla chomh maith 14 iarratas a tharraingt siar tar éis plé a dhéanamh leis an iarratasóir agus rinne brainsí áirithe den Bhanc Ceannais déileáil le trí cinn de na hiarratais taobh amuigh den phróiseas maidir le Saoráil Faisnéise féin.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Lean an Banc Ceannais i rith na bliana 2025 de na dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Sásaíodh na coinníollacha maidir le fógraíocht i nGaeilge, a eascraíonn ó Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus tugadh tuairisc ina leith sin don Choimisinéir Teanga. Leanadh leis an obair maidir le déanamh de réir na ngealltanas i Scéim Teanga an Bhainc Ceannais.

## Cúrsaí Dlí

Bhí caidreamh idir an Banc Ceannais agus Ranna Rialtais maidir le cúrsaí reachtaíochta agus rinneadh fónamh maidir le míreanna reachtaíochta a bhaineann leis an sainréimse feidhme, an tAcht Airgeadais (Rochtain ar Bhonneagar Airgid Thirim a Sholáthar) 2025, an Scéim Ghinearálta don Bhille um an Intleacht Shaorga a Rialáil 2026 agus an Scéim Ghinearálta don Bhille Airgeadais (Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta) 2025.

Chuidigh an Banc Ceannais freisin le treoracha agus rialacháin éagsúla de chuid an AE a thras-suí agus a chur i bhfeidhm, ina measc Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Intleacht Shaorga) Ainmniúchán) 2025, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil) 2025, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais maidir le hAistrithe Creidmheasa agus Dochar Díreach in Euro) (Leasú) 2025, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Seirbhísí Íocaíochta) (Leasú) 2025 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Críochnaitheacht Socraíochta) (Leasú) 2025.

Lean an Banc Ceannais den gcreat rialála a neartú le Rialacháin de chuid an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2025. D'eisigh an Banc Ceannais rialacháin éagsúla i rith na bliana 2025, ina measc na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus

Forfheidhmiú) 2013 (Alt 48) (Cosaint Tomhaltóirí) 2025, na Rialacháin fán Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 (Alt 17 A) (Caighdeáin Ghnó) 2025 agus na Rialacháin fán Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (Ceanglais Rialála) (Leasú) 2025.

Rinne an Banc Ceannais comhairliúchán faoi fheidhm a bheith leis an gCód um Chosaint Tomhaltóirí i ndáil le beartaíocht uile na gcomhar creidmheasa a thagann faoi rialáil. Rinne an Banc Ceannais comhairliúchán faoi leasuithe beartaithe maidir leis na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2013 (Alt 48(1)) (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2019 agus le treoir an Bhainc Ceannais faoi tháillí feidhme i ndáil le GCIUI agus cineálacha áirithe cistí CIM d'Infheisteoirí Miondíolacháin. Rinne an Banc Ceannais comhairliúchán faoi na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Rochtain ar Bhonneagar Airgid Thirim a Sholáthar) 2025 (Alt 23, 31 agus 33) 2026.

## Bainistíocht Punainne Infheistíochta

Ag deireadh na bliana 2025, bhí punann infheistíochta le háireamh ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais ina raibh sócmhainní ar mhargadhluach €18.9bn (2024: €18.3bn), lena n-áirítear punainn leithroinnte in airgeadra eachtrach (dollar SAM, dollar na hAstráile, dollar Shingeapór, renminbi na Síne agus won na Cóiré) ar mhaithe leis an iléagsúlacht[20].

Is féidir an forás ar an bpunann infheistíochta faoi dheireadh na bliana 2024 a lua cuid mhór le hioncam infheistíochta, atá ceangailte le cúrsaí gnóthachtála mar atá i réim ag an am agus gluaiseachtaí glan athluachála ar fud na bpunann. Tháinig ardú go dtí €536.4m ar ioncam infheistíochta na bliana i bpunainn infheistíochta an Bhainc Ceannais (gan gnóthachtáil ó chothromais ná ór a áireamh[21] ) i gcomórtas le hioncam €478.3m sa bhliain 2024. Fónann iléagsúlacht sócmhainní a choimeád ar láimh do ghnóthachtáil infheistíochta chomh maith le gné na corraitheachta a mhaolú go fadtéarmach ainneoin gur dócha go dtarlódh éagsúlacht maidir le torthaí go gearrthéarmach.



Rinneadh leasú i rith na bliana 2025 ar Chairt an Bhainc Ceannais maidir le hInfheistíocht Inmharthana. Bíonn an Chairt ina réalt eolais ag an mBanc Ceannais maidir leis an gcaoi a dtagann prionsabail don infheistíocht inmharthana i gceist le hinfheistíocht an Bhainc féin. Foilsíodh freisin sa bhliain 2025 an tríú tuairisc bhliantúil ar nochtadh airgeadais maidir le cúrsaí aeráide i ndáil leis an bpunann infheistíochta. Is gné na tuairiscí sin de dhícheall dúthrachtach ag gach Banc Ceannais Náisiúnta sa Eurochóras faisnéis a bhaineann leis an athrú

[20] Tugtar san áireamh leis na figiúirí €18.9bn agus €18.3bn sealúchas óir agus leithroinnt cothromais.
[21] Tugtar san áireamh gnóthachtáil réadaithe praghsanna maidir le ciste cothromais €137.9mn sa bhliain 2025 (2024: €78.7mn)

aeráide a nochtadh maidir le punainn na mbanc sin nach mbaineann leis an mbeartas airgeadaíocht.

Tá curtha ag an mBanc Ceannais freisin leis an infheistíocht i mBannaí Glasa, Sóisialta agus Inmharthanachta chun cuidiú le fónamh don aistriú glas agus d'aidhmeanna timpeallachta/sóisialta eile.  Faoi dheireadh na bliana 2025, bhí tuairim is €2bn (ainmniúil) de bhannaí dá leithéid sin i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais, infheistíocht san áireamh i gcistí bannaí glasa Bhanc na Socraíochtaí Idirnáisiúnta do bhainc cheannais in airgeadra dollar na Stát Aontaithe agus an euro. Le fonn baol maidir le cúrsaí aeráide don phunann cothromas a mhaolú agus fónamh d'aidhmeanna Chomhaontú Pháras, thug an Banc Ceannais chun críche an t-aistriú ó thagarmharc den ghnáthchineál maidir le cothromais go dtí tagarmharc de chuid an AE atá i gcomhréir le Comhaontú Pháras[22] i rith na bliana 2025.

[22] Bíonn pátrún dícharbónúcháin cothrom ar a laghad le maolú 7% ar an meán in aghaidh na bliana ar astaíocht gháis cheaptha teasa (GCT) d'aidhm le tagarmharc de chuid an AE atá i gcomhréir le Comhaontú Pháraís, an tráth céanna a mbíonn astaíocht GCT (Scóipeanna 1, 2 agus 3 san áireamh) ar a laghad 50% níos ísle an astaíocht ó iomlán an réimse infheistíochta a bheadh ar fáil.

# **Caibidil 4:**
Ár gcuid Tosaíochtaí do 2026

# Caibidil 4: Ár gcuid Tosaíochtaí do 2026

Is féidir leanúint de na príomhbhearta don bhliain seo romhainn a rangú faoi na ceithre cinn de phríomhthéamaí a luaitear i Straitéis an Bhainc Ceannais.

Is comhartha an téama maidir le **Cosaint** ar dhúthracht daingean maidir le héifeachtúlacht ceapadóireachta, forfheidhmiúcháin agus oibriúcháin na bpríomhbheartas, maidir le gach réimse cúraim, trína bhféachann an Banc Ceannais lena leagtar d'fheidhmeanna air faoin reachtaíocht a thabhairt i gcrích chomh maith leis na torthaí is mó tairbhe go ginearálta don gheilleagar agus do lucht úsáide na seirbhísí airgeadais.

Faoin téama **Béim ar an Todhchaí**, oibríonn an Banc Ceannais lena chinntiú go gcuirtear an chomhairle eacnamaíoch agus an mhaoirseacht ar an gcóras airgeadais in oiriúint don saol lena mbaineann athrú tobann agus imdhealú i gcúrsaí teicneolaíochta, socheacnamaíocha agus geopholaitiúla ionas go ndéantar freastal mar is cuí do leas an tsaoránaigh agus an gheilleagar leis an athrú.  Leanfaidh an Banc Ceannais dá chur chuige a leabú maidir le h**Oscailteacht agus Rannpháirtíocht** i ndáil le páirtithe leasmhara in Éirinn agus thar lear. Áirítear leis sin dlús agus fairsinge breise leis an gcaidreamh le lucht úsáide agus tomhaltóirí seirbhísí airgeadais, chomh maith lena gcuid ionadaithe, le gnólachtaí faoi rialáil agus lena máthairghrúpaí, chomh maith le comhghleacaithe thar lear agus san Eoraip.

Fágann sainordú leitheadach an Bhainc Ceannais gur féidir dearcadh uilechuimsitheach dlúthcheangailte a bheith againn, le leas as taithí fhairsing saineolais ar chúrsaí eacnamaíocha agus ar na hearnálacha iomadúla a ndéantar maoirseacht orthu, d'fhonn dul i ngleic le hábhar dúshláin a chuirtear roimh an gcóras airgeadais cónasctha ar fad, gnéithe lárnacha den AE féin, agus d'institiúidí agus de chreata an AE, san áireamh.  Ionas go leantar de bheith ag feidhmiú de réir an tsainordaithe i dtimpeallacht athraitheach, tá béim le roinnt blianta anuas ar **Bhunathrú** an Bhainc Ceannais go mbíonn níos so-athraithe, níos seasmhaí, níos iléagsúla mar eagraíocht agus bunaithe ar fhaisnéis. Tá príomhthábhacht i gcónaí ag an mBanc Ceannais le dlús a chur leis na hathruithe atá tugtha isteach, lena dtabhairt i gcrích go hiomlán agus le feidhmiú dá réir, an tráth céanna a leantar ag dul in oiriúint agus chun feabhais ag saothrú lena mbaineann de dhúshlán le hathraitheas an gheilleagair agus an chórais airgeadais a shárú.

## Tosaíochtaí do 2026

Tagann ár gcuid tosaíochtaí do 2026 faoi anáil chuspóir sheanbhunaithe an Bhainc Ceannais leas an phobail a dhéanamh trí chobhsaíocht airgeadaíocht agus airgeadais a choinneáil ar bun an tráth céanna a gcinntítear go bhfeidhmíonn an córas airgeadais chun leasa na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne.

Léiríodh an athléimneacht i ngeilleagar na hÉireann agus san earnáil airgeadais le blianta anuas agus tá bonn tréan faoi ag tosú amach ar an tréimhse seo romhainn. Dá ainneoin sin, i bhfianaise oiread na héiginnteachta maidir le cúrsaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla, agus an brostú atá faoin mbunathrú ar chúrsaí teicneolaíocha, ní mór leanúint den athléimneachta a threisiú agus a leathnú, an tráth céanna a mbítear sochóirithe agus fadbhreathnaitheach.

Maidir le cúrsaí eacnamaíocha, tá cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch trí bheartas cuí airgeadaíochta, fioscach agus rialála mar bhonn faoin bhfás rathúil, inmharthana. Dá réir sin, agus i gcomhréir lena leagtar de shainchúram orainn, beidh tús áite inár gcuid oibre do chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais, do thaighde eacnamaíoch agus do chomhairle mar lón eolais maidir leis an mbeartas náisiúnta eacnamaíoch – lena n-áirítear beartas fioscach inmharthana, chomh maith le leanúint de bhearta rialála atá daingean, éifeachtach, críochnúil a chur ar fáil maidir le gnóthaí airgeadais. Go háirithe:

- Rannchuidiú le ceapadh agus cur chun feidhme beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear trí chomhairle agus anailís a thabhairt don Ghobharnóir maidir le forbairtí macrairgeadais sa limistéar euro.
- Comhairle a thabhairt mar bhonn eolais don bheartas eacnamaíoch náisiúnta, ar comhairle í atá bunaithe ar mhiontaighde agus ar mhionanailís ar gheilleagar na hÉireann, i gcomhthéacs cúlra domhanda mearathraitheach arna mhúnlú ag forbairtí geopholaitiúla.
- Na príomhrioscaí atá ag bagairt ar an gcóras airgeadais i gcoitinne a aithint, a mheasúnú agus a chur in iúl, agus bearta a ghlacadh - i gcás gur gá agus gur comhréireach sin - d’fhonn athléimneacht an chórais airgeadais a choimirciú i leith na rioscaí sin. Áirítear ar an obair sin, an bhéim a leagaimid ar athléimneacht oibríochtúil ar fud an chórais.
- Freagairt d’fhorás thírdhreach na n-íocaíochtaí, lena n-áirítear trí rannchuidiú le hobair an Eurochórais ar an Euro Digiteach mar aon leis an obair chun socraíocht idirbheart ar mhórleabhair dháilte in airgead bainc ceannais a chumasú.
- Taighde agus anailís a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a shealbhú ar fhorás an gheilleagair agus an chórais airgeadais. Is bonn riachtanach é an obair seo lena bhfoirmítear ár bpríomhbheartais mar aon leis an gcomhairle a thugaimid don rialtas maidir le beartas eacnamaíoch.
- Beidh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag Éirinn ó mhí Iúil go dtí mí na Nollag 2026. Tá an Banc Ceannais tiomanta do thacaíocht a thabhairt don iarracht uile-Rialtais seo. Mar chuid den iarracht seo, rannchuideoidh an Banc Ceannais le comhaid tosaíochta a chur ar fáil, déanfaidh sé plé le contrapháirtithe Eorpacha agus óstálfaidh sé imeachtaí agus cruinnithe ábhartha.

Maidir le rialáil airgeadais, tá tosaíochtaí an Bhainc Ceannais bunaithe ar an sainordú faoin reachtaíocht, réimsí freagrachta sa tír seo agus thar lear, agus ar earnáil

fhairsing airgeadais na hÉireann a bhfuil breis castachta ag baint leis bliain i ndiaidh bliana, chomh maith leis an timpeallacht riosca a bhíonn i réim.

Tá ceithre cinn de thosaíochtaí uileghabhálacha againn i mbliana: (1) athléimneacht i leith rioscaí geopholaitiúla agus éiginnteacht macraigeadais a chaomhnú agus a chothú, (2) leas an tomhaltóra agus an infheisteora a chaomhnú i dtimpeallacht atá ag mearathrú, (3) beart a dhéanamh maidir le bunathruithe a eascraíonn as cúrsaí teicneolaíocha, agus (4) cuidiú le dul i ngleic le hathruithe atá ar bun ar an timpeallacht agus ar an tsochaí.

Ar na tosaíochtaí do 2026, áirítear go háirithe na cinn seo leanas:

- Leanúint d'athléimneacht oibríochtúil na hearnála airgeadais a threisiú, lena n-áirítear cumas bainistíochta agus cumas beartaíochta i gcás cur isteach tromchúiseach oibríochtúil agus leanúnachas seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí.

- Béim leanúnach ar athléimneacht airgeadais na hearnála airgeadais a chaomhnú trí réimse gníomhartha lena n-áirítear trí bhearta éagsúla a dhéanamh, ina measc measúnú ar chreidmheas, ar an margadh, ar leachtacht agus cúlchistí/soláthar i leith neamhchosaintí ar riosca agus cleachtais bainistíochta riosca (lena n-áirítear aistriú riosca) ar fud na n-earnálacha ábhartha agus laistigh de na hearnálacha sin.

- A chinntiú go mbíonn an Cód leasaithe um Chosaint Tomhaltóirí (a thagann i bhfeidhm i mí an Mhárta 2026) i bhfeidhm ag gnólachtaí an tráth céanna a bhféachtar lena thabhairt i bhfeidhm i ndáil le bearta rialáilte uile na gComhar Creidmheasa ón mbliain 2027 amach (tá próiseas comhairliúcháin poiblí ar bun faoin moladh sin faoi láthair).

- A leagtar de fhreagracht orainn faoin reachtaíocht maidir le Rochtain ar Airgead Tirim a chur i gcrích, lena n-áirítear rialacháin a fhoilsiú ina leagtar amach caighdeáin seirbhíse ATM maidir leis na huaireanta an chloig a mbíonn rochtain orthu, teorainneacha maidir le hairgead tirim a aistarraingt, agus coinníollacha eile, chomh maith le réimsí nua freagrachta i ndáil le clárú agus maoirseacht.

- Forfheabhsú ar bhearta slándála na hearnála airgeadais i gcoinne coireacht airgeadais, lena n-áirítear an cúnamh taca a thugann gnólachtaí d'íospartaigh calaoise, agus cur le haird agus tuiscint an tomhaltóra agus an infheisteora ar ghníomhartha calaoise agus caimiléireachta an tráth céanna a ndéantar soláthraithe neamhúdaraithe agus iad siúd a thugann faoi mhí-úsáid margaidh a bhrath agus a thabhairt chun cúitimh.

- Leanúint den obair mhaoirseachta maidir leis an gcaoi ina mbíonn tosca aeráide agus tosca timpeallachta eile á leabú ag lucht na hearnála i mbainistíocht riosca, samhlacha gnó agus i rialachas. Áirítear sa mhéid sin, measúnú a dhéanamh ar

fhreagairtí na ngnólachtaí do mhinicíocht agus do ghéire bhreise na dteagmhas aimsire a bhaineann le cúrsaí aeráide.

- Leanúint de bhéim a leagan ar an úsáid as IS san earnáil airgeadais lena n-áirítear forbairt bhreise ar ár dtuiscint féin agus ar ár gcuid ionchas do ghnólachtaí agus tacú le thrasuí na reachtaíochta i ndlí na hÉireann ag an Rialtas agus do chur i bhfeidhm na ngnéithe sin de Ghníomh IS an AE a thagann faoinár sainordú.
- An obair maidir le nuálaíocht san earnáil airgeadais a thabhairt chun cinn, lena n-áirítear údarú agus maoirseacht maidir le gnólachtaí nuálacha, an dara clár téamach faoin mBosca Gainimh Nuálaíochta, dírithe ar íocaíochtaí, a thabhairt i gcrích chomh maith lenár gcuid tuairimí a leagan amach agus aiseolas a iarraidh maidir le deiseanna (agus na himpleachtaí) a bhaineann le ceadchomharthú i bPáipéar Plé.
- Léirítear dúthracht leanúnach an Bhainc Ceannais maidir leis an dea-rialáil agus dea-mhaoirseacht trí thacú leis na tosaíochtaí sin. Leanfar den obair chun dlús a chur le bearta feabhais i ndáil leis an gcreat maoirseachta agus a chinntiú go mbíonn ár gcur chuige dírithe ar rioscaí, comhréireach agus freagarthach maidir le cora nua sa chóras airgeadais. Leis an obair seo, tá sé mar aidhm againn tacú le córas airgeadais athléimneach a dhéanann fónamh do theaghlaigh, do ghnóthais agus don gheilleagar níos leithne.

## Tosaíochtaí Oibríochtúla

Áirítear ar ár gcuid tosaíochtaí oibríochtúla:

- Leanúint de bheith ag forbairt mar eagraíocht foghlama, treisiú le scileanna, le hinniúlacht agus le ceannaireacht mar is gá chun dul in oiriúint do thimpeallacht eacnamaíoch, teicneolaíoch agus maoirseachta atá ag mearathrú.
- Cur leis an acmhainn maidir le sonraí, anailís agus an réimse digiteach, lena n-áirítear úsáid níos mó a bhaint as sonraí, gnéithe teicneolaíocha agus deiseanna maoirseachta i ndáil le cinnteoireacht níos tráthúla atá bunaithe ar rioscaí agus ar fhaisnéis.
- An creat rialachais a neartú arna chinntiú go bhfuil sé ag teacht lena bhfuil inghlactha maidir le riosca agus go ndéantar fónamh do chinnteoireacht éifeachtach sholubtha atá bunaithe ar fhianaise, don bheartú tosaíochta agus don chuntasacht.
- Feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chríochnúlacht ár bpróiseas oibríochtúil, lena n-áirítear na modhanna ina ndéantar tríú páirtithe agus seirbhísí seachtracha a aimsiú, a thabhairt i bpáirt agus a bhainistiú d’fhonn tacú lenár sainordú a thabhairt i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de.

- Béim láidir ar éifeachtacht agus ar smacht costais a leabú, ionas go gcinntítear go mbainfimid an leas is éifeachtúla as acmhainní agus go gcloífimid le bonn costais inmharthana, fad a leanfaimid dár sainordú leathnaitheach a thabhairt i gcrích.

# **Caibidil 5:**
# Ráiteas faoin Iniúchóireacht Inmheánach

# Caibidil 5: Ráiteas faoin Iniúchóireacht Inmheánach[23]

Leanann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (RII) cur chuige córasach, críochnúil maidir le héifeachtúlacht phróisis rialachais, bainistíochta riosca agus rialála an Bhainc Ceannais a mheasúnú agus a fheabhsú. Ligeann an sainordú sin don RII dearbhú, comhairle, léargas agus réamhléargas atá oibiachtúil agus réasúnach a chur ar fáil do Choimisiún agus do cheannairí Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais i ndáil le rioscaí inmheánacha agus easnaimh rialaithe. Feidhmíonn an Rannán, i mbun an chúraim sin, i gcáil an "tríú líne cosanta" neamhspleách i gcóras rialachais an Bhainc Ceannais. D'fhonn aird agus tuiscint a chothú maidir le forbairtí agus rioscaí eagraíochtúla, d'fhreastail RII ar chruinnithe éagsúla den choiste sinsearach feidhmiúcháin agus ar chruinnithe rannán ar fud an Bhainc Ceannais. Áirítear sa mhéid sin, athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar thuairiscí inmheánacha arna n-ullmhú ag an Rannán um Riosca Eagraíochtúil maidir le rioscaí agus rialuithe a mheas. I ndáil le neamhspleáchas RII, bhí plé ag an gCeannasaí ar an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach ar bhonn rialta leis an nGobharnóir agus caidreamh rialta le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta chun nithe a bhain le hiniúchóireacht a phlé.

Le linn 2025, thug RII faoi chlár cuimsitheach de bhearta athbhreithnithe maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta, oibríochtaí baincéireachta ceannais, córais TF agus feidhmeanna oibríochtúla eile. Sna hathbhreithnithe sin, leagadh béim faoi leith ar athruithe ar phróifíl riosca an Bhainc Ceannais a eascraíonn as forbairtí eacnamaíocha, tionscail agus rialála agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an eagraíocht dá mbarr.

Chuir RII cláir eolais ar fáil go rialta don Choiste Iniúchóireachta trínar tugadh tuairisc mhion ar thorthaí athbhreithnithe agus ar dhul chun cinn an lucht bainistíochta i ndáil le tátail a aithníodh roimhe seo. D'fhormheas an Coiste Iniúchóireachta an Plean Iniúchóireachta atrátha trí bliana i mí na Samhna 2025. I rith na bliana, rinne RII faireachán agus rianú freisin ar ghníomhartha arna n-eascairt as Straitéis Iniúchóireachta 2024-2026 agus cuireadh tuairisc faoin dul chun cinn faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta.

Tá freagracht ar RII freisin as bearta iniúchóireachta a dhéantar i gcomhar le comhghleacaithe i mbainc cheannais náisiúnta eile mar chuid d'obair Choiste na nIniúchóirí Inmheánacha (CII) sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC). I ndáil leis an ábhar sin, déanann RII torthaí iniúchóireachta agus stádas na mbreitheanna oscailte a thuairisciú do CII agus cuireann CII an t-eolas is déanaí faoi bhráid Chomhairle Rialaithe BCE agus na gcoistí cuí de chuid CEBC. Déanann lucht foirne

---

[23] Déileáiltear sa chaibidil seo leis na hoibleagáidí tuairiscithe sa Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta faoi Alt 32L(3)(a) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

an Bhainc Ceannais cathaoirleacht ar fho-choiste CII maidir le hÍocaíochtaí, Urrúis agus Bonneagar an Mhargaidh agus ar fho-choiste Straitéise CII.

Tugtar an tuarascáil seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

22 Aibreán 2026

**Elizabeth Mahon**
An Rúnaí

22 Aibreán 2026

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Cuid 2:
# Oibríochtaí Airgeadais




# Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais

## Torthaí Airgeadais na bliana 2024

In 2025, bhí caillteanas €104.6m ag an mBanc Ceannais (2024: €795.4m) sular baineadh úsáid as a sholáthar i leith rioscaí ginearálta sa chaoi go raibh brabús de Nialas ann don bhliain (2024: Nialas). Tharla sé seo de thoradh úsáid an chláir chomhardaithe mar uirlis beartais airgeadaíochta ag an mBanc Ceannais agus criostalú riosca neamhréire ráta úis, faoinar tháinig méadú ar ús arna íoc ar dhliteanais an Bhainc Ceannais ar luas ní ba thapúla ná an t-ús arna thuilleamh ar a shócmhainní.

### Brabús agus Caillteanas - Príomhghluaiseachtaí




Is iad seo a leanas na príomhghluaiseachtaí:

- Tá 'Glanioncam Úis' níos airde inchurtha do na nithe seo a leanas:
    - Úschostas níos ísle ar Thaiscí Institiúidí Creidmheasa mar thoradh ar athrú beartais BCE i ndáil lena stiúir beartais airgeadaíochta ag úsáid an Ráta Saoráide Taisce (DFR) seachas ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POA). B'ionann agus 2.3% DFR ar an meán do 2025 agus b'ionann agus 4.1% ráta POA ar an meán do 2024. Ina theannta sin, bhí laghdú ar mheánsealúchais na saoráide taisce le linn 2025.

- Laghdú ar úschostas Taiscí Rialtais mar gheall ar laghdú ar mheánsealúchais le linn na bliana agus titim in €STR. Íoctar luach saothair i leith taiscí Rialtais ag €STR lúide 20 bonnphointe. B'ionann agus 2.0% €STR lúide 20 bonnphointe in 2025 (2024: 3.4%).
- Laghdú ar úschostas nótaí bainc euro mar gheall ar athrú ar an ráta ab infheidhme, agus íoctar luach saothair i leith nótaí bainc ag DFR anois, in ionad ráta níos airde POA.
- Méadú ar ioncam úis ar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) mar gheall ar bhannaí aibithe a athinfheistiú i mbannaí lena mbaineann toradh níos airde agus mar gheall ar mhéadú ar mheánsealúchais.

Arna fhritháireamh in aghaidh:


- Laghdú ar ioncam úis TARGET, arna spreagadh ag an athrú ar an ráta a úsáidtear chun luach saothair a íoc i leith shócmhainn TARGET ó ráta POA chuig DFR. Sa bhreis air sin, tháinig laghdú ar iarmhéideanna TARGET le linn 2025.

- Laghdú ar 'Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí' arna spreagadh ag laghdú ar an Soláthar i leith Rioscaí Ginearálta a scaoileadh in 2025 agus ag caillteanais neamhréadaithe mhéadaithe ráta malairte in 2025. Déantar é seo a fhritháireamh go pointe le gnóthachan arna eascairt as aistriú ó chiste tagarmhairc thraidisiúnta cothromais an Bhainc Ceannais chuig ciste tagarmhairc cothromais AE ailínithe le Comhaontú Pháras.
- Laghdú ar an gcaiteachas a bhain le 'Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta' laghdaithe, de bharr glaníocaíochtaí níos ísle le BCE i gcomparáid le 2024. Léiríonn sé seo an difríocht idir ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe an Bhainc Ceannais agus sciar an Bhainc Ceannais d'ioncam airgeadaíochta dáilte an Eurochórais.
- Laghdú ar 'Glanioncam Eile', rud a bhí inchurtha go príomha do Thobhach Maoiniúcháin Tionscail níos ísle i leith Rialáil Airgeadais agus ioncam ilghnéitheach níos ísle in 2025, arna fhritháireamh le laghdú ar an toradh ar shócmhainní cistí pinsin.
- Méadú ar 'Caiteachais Iomlána' de bharr costas foirne níos airde, a bhí á spreagadh ag comhaontú pá na seirbhíse poiblí, agus ag costais oibríochtúla níos airde.

## Clár Comhardaithe

B'ionann agus €163.9bn Sócmhainní/Dliteanais iomlána an Chláir Chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2025, laghdú €15.2bn ar iarmhéid comhréireach €179.1bn in 2024.

## Sócmhainní an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí





Is iad seo a leanas na príomhghluaiseachtaí ar Shócmhainní an Chláir Chomhardaithe:

- Laghdú ar 'Éilimh a bhaineann le TARGET' de bharr iarmhéid TARGET níos ísle in 2025. Léiríonn sé seo eis-sreabhadh euro as an Stát, trí chuntas TARGET an Bhainc Ceannais, arna threorú den chuid is mó trí chúlchistí institiúidí creidmheasa.

- Laghdú ar 'Urrúis in euro de chuid cónaitheoirí atá sa limistéar euro', rud a bhí inchurtha go príomha do theacht in aibíocht Urrús arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta agus do chinntí na Comhairle Rialaithe gan na haibíochtaí sin a athinfheistiú.

## Dliteanais an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí




Is iad seo a leanas na príomhghluaiseachtaí ar Dhliteanais an Chláir Chomhardaithe:

- Laghdú ar 'Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro' de bharr sealúchais níos ísle sa tsaoráid taisce in 2025.

- Laghdú ar 'Dliteanais in euro do Chónaitheoirí eile sa Limistéar Euro' de bharr laghdú ar thaiscí rialtais ghinearálta arna sealbhú sa Bhanc Ceannais.

Arna fhritháireamh in aghaidh:

- Méadú ar 'Glandliteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras' de bharr méadú ar bharrachas nótaí bainc arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais, i gcoibhneas le sciar BCE de na nótaí bainc go léir atá i gcúrsaíocht.

### Banc Ceannais na hÉireann - Dúshláin don bhrabúsacht

Sular baineadh úsáid as aon cheann de na soláthairtí, bhí toradh diúltach arbh ionann é agus €104.6m taifeadta ag an mBanc Ceannais in 2025 (2024: €795.4m). Cosúil leis an mbliain seo caite, tá an toradh diúltach seo inchurtha do na neamhchosaintí a d'eascair as úsáid chlár chomhardaithe an Bhainc Ceannais mar uirlis do bheartas airgeadaíochta - rud a léiríonn sainordú príomhúil an Bhainc Ceannais maidir le cobhsaíocht praghsanna a chosaint.

Sna blianta roimh phaindéim COVID-19, bhí boilsciú sa limistéar euro de shíor faoi bhun sprioc 2% de chuid BCE. Dá bhrí sin, lean BCE seasamh in-chomhfhoirmeach maidir le beartas airgeadaíochta lenar áiríodh bannaí rialtais a cheannach faoin gclár ceannaigh sócmhainní (APP). Nuair a tharla paindéim COVID-19, b'éigean don Eurochóras dul i ngleic le suaitheadh sna margaí airgeadais agus bhí an baol ann go gcuirfeadh an suaitheadh sin isteach ar tharchur beartais airgeadaíochta chuig an bhfíorgheilleagar. Mar fhreagairt air sin, sheol sé Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime (PEPP) i mí an Mhárta 2020 faoinar ceannaíodh bannaí ar scála níos mó, i dteannta APP.

De thoradh na gclár seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca neamhréire ráta úis (IRM). Ar thaobh na sócmhainní den chlár comhardaithe, tá na sealúchais fhadtréimhse ráta sheasta faoi na cláir ceannaigh beartais airgeadaíochta sin a fuarthas ag rátaí ísle nó diúltacha úis. Tá na rátaí úis ar na dliteanais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta BCE, áfach. Cé gur tháinig laghdú ar na rátaí sin le linn 2025, bhí siad fós os cionn an toraidh arna ghiniúint ag na cláir ceannaigh. Dá bhrí sin, bhí costais maoiniúcháin an Bhainc Ceannais i leith na ndliteanas níos airde go fóill i gcomparáid leis an ioncam a fuarthas ar na sócmhainní gaolmhara. Chuir an neamhréir ráta úis seo le caillteanas €104.6m in 2025. Amach anseo, meastar go mbeidh ioncam an Bhainc Ceannais á laghdú i gcónaí thar roinnt blianta agus go bhféadfaidh go mbeidh caillteanais bhreise ann sa todhchaí, de bharr struchtúr an chláir chomhardaithe agus thimpeallacht na rátaí úis. Cé go meastar go gclúdófar na caillteanais sin le maoláin airgeadais an Bhainc Ceannais, tá éiginnteacht ag baint le méid iomlán na gcaillteanas agus beidh siad ag brath ar go leor tosca éagsúla, go háirithe an beartas airgeadaíochta arna shocrú ag Comhairle Rialaithe BCE chun cobhsaíocht praghsanna a áirithiú.

Bhí an riosca a bhain le IRM tuartha agus réamh-mheasta, agus ghlac an Banc Ceannais bearta áirithe le blianta beaga anuas chun an iarmhairt a mhaolú. Mar chuid dá mheasúnú ar an riosca a bhain le IRM, cuireadh soláthar €3,000.0m ar fáil chun na caillteanais ionchasacha a chlúdach. Laghdaíodh an soláthar seo go €2,867.9m in 2023, agus go €2,072.5m in 2024. Tháinig laghdú ar an soláthar sin arís in 2025 go €1,967.9m toisc gur úsáideadh €104.6m chun caillteanais airgeadais arna spreagadh ag IRM ar an gclár comhardaithe a chlúdach.

De bhreis air sin, rinneadh brabús uasta 20% a chonneáil go stairiúil, i gcomhréir leis an aidhm straitéiseach a bhain le hathléimneacht airgeadais an Bhainc Ceannais a neartú[24], seachas in 2023 agus 2024 nuair a bhí glanbhrabús de nialas taifeadta ag an mBanc Ceannais. Ó tharla go bhfuil glanbhrabús de nialas á thaifeadadh arís ag an mBanc Ceannais do 2025 (mar a bhí sa 2 bhliain roimhe sin), ní bheidh aon choinneáil i gceist.

Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais éagsúlú ar a chuid sócmhainní infheistíochta le blianta beaga anuas trí leithdháiltí chuig punanna arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, in ór agus i gcothromais. Trí shócmhainní éagsúlaithe a shealbhú, tacaítear le torthaí ar infheistíocht agus laghdaítear an luaineacht fhoriomlán ioncaim san fhadtéarma, d'ainneoin go bhféadfaidh inathraitheacht torthaí a bheith ann sa ghearrthéarma. Ar a shon sin, tá punanna na sócmhainní infheistíochta i bhfad níos lú ná na sócmhainní beartais airgeadaíochta. Dá bhrí sin, ní dhéanfar na héifeachtaí a bhíonn ag neamhréir shuntasach rátaí úis ar an gclár comhardaithe a chúiteamh le torthaí ó na punanna infheistíochta.

Mar aon le Bainc Cheannais Náisiúnta uile an Eurochórais (BCNanna), is uirlis beartais go páirteach é clár comhardaithe an Bhainc Ceannais. Tá sé riachtanach go ndéanfar é a úsáid chun sainordú an Bhainc Ceannais a bhaint amach ach ciallaíonn sé sin go gcaithfear riosca airgeadais a ghlacadh freisin. Á aithint an méid sin dó, tá an Banc Ceannais ag cur lena athléimneacht airgeadais le roinnt blianta anuas, lena n-áirítear trí mhaoláin shuntasacha a charnadh chun caillteanais ionchasacha a iompar amach anseo.

[24] Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943.* Féadfaidh an Banc Ceannais suas go huasmhéid 20% den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a leithreasú chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain.

# Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (mar atá arna leasú).

# Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin

## Réamhrá

Leagtar amach feidhmeanna Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) in alt 5A d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú). Leagtar amach feidhmeanna Choimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) in alt 18B den Acht lena bhforáiltear go mbainisteoidh agus go rialóidh an Coimisiún gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC).

## Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún:  gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc Ceannais. Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Foráiltear in alt 18F den Acht go bhféadfar aon cheann d'fheidhmeanna reachtúla arna ndílsiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus ar mhaithe le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Coimeádann an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann d'fheidhmeanna agus de chumhachtaí an Bhainc Ceannais arna dtarmligean chuige ag an gCoimisiún a fheidhmiú i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh.

Ina theannta sin, tá Plean um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) faofa agus glactha ag an gCoimisiún i ndáil le haon tarmligean a dhéantar. Rinneadh an t-athbhreithniú agus faomhadh is déanaí air i mí Bealtaine 2025. Coimeádann an Coimisiún freagracht as maoirseacht éifeachtach ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc Ceannais (seachas na cinn sin a dtugtar freagracht don Ghobharnóir amháin ina leith) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás ina mbeidh cumhacht sannta i gcomhréir leis an bPlean, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe sa sannadh maidir le feidhmiú na cumhachta sin.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus an feidhmeannas agus comhaltaí foirne, de réir mar is cuí, maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis

an mBanc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, formheasann sé Straitéis an Bhainc Ceannais agus athbhreithníonn sé cur chun feidhme na straitéise sin, lena n-áirítear trína Phlean Gnó agus Buiséad Bliantúil a athbhreithniú agus a fhormheas.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais an Choimisiúin i gCuid III den Acht. Anuas air sin, faoi Alt 32J den Acht, tá an Banc Ceannais freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais agus iniúchóirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE).

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as córas na rialuithe inmheánacha sa Bhanc Ceannais, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc Ceannais a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúir iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, buaileann an Coiste Iniúchóireachta go rialta leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus agus le comhaltaí de lucht bainistíochta an Bhainc Ceannais chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlíne Cuntasaíochta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (an Treoirlíne)[25] agus i gcás ina raibh sí sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais, agus tá an Coimisiún sásta go raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama.

Tá gach beart iomchuí glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus chun a shuíomh go raibh iniúchóirí reachtúla an Bhainc Ceannais ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí *ex-officio* seo a leanas:

- An Gobharnóir (Cathaoirleach)

---

[25] Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach (3 Samhain 2016) maidir leis an gcreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais in CEBC (BCE /2016/34), arna leasú.

- An Leas-Ghobharnóir, Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais
- An Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais
- De bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhaltaí.

Sa tábla thíos, tá liosta de na comhaltaí a bhí ar an gCoimisiún i rith 2025 mar aon lena gcuid dátaí ceapacháin nó athcheapacháin (féadfar comhaltaí den Choimisiún arna gceapadh ag an Aire Airgeadais a athcheapadh go ceann téarma breise amháin de chúig bliana):

| **Comhaltaí den Choimisiún** | **Dáta Ceapacháin (nó Athcheapacháin)** |
|---|---|
| Gabriel Makhlouf* | 1 Meán Fómhair 2019 |
| Shay Cody[26] | 30 Samhain 2025 |
| Mary Condon | 1 Eanáir 2024 |
| Maeve Dineen | 1 Nollaig 2025 |
| John Hogan* | 8 Meitheamh 2021 |
| Sarah Keane[27] | 30 Samhain 2025 |
| Vasileios Madouros* | 1 Samhain 2022 |
| Mary Elizabeth McMunn | 1 Eanáir 2025 |
| David Miles[28] | 1 Nollaig 2020 |
| Niamh Moloney[29] | 11 Meán Fómhair 2023 |
| John Trethowan[30] | 11 Meán Fómhair 2023 |

**Comhaltaí ex-officio*

[26] Ceapadh Shay Cody ar dtús ar an 1 Nollaig 2020 agus athcheapadh é ar an 30 Samhain 2025.
[27] Ceapadh Sarah Keane ar dtús ar an 1 Nollaig 2020 agus athcheapadh í ar an 30 Samhain 2025.
[28] Tháinig deireadh le téarma David Miles mar chomhalta den Choimisiún ar an 30 Samhain 2025.
[29] Ceapadh Niamh Moloney ar dtús ar an 11 Meán Fómhair 2018 agus athcheapadh í ar an 11 Meán Fómhair 2023. D'éirigh sí as mar chomhalta den Choimisiún ar an 31 Márta 2025.
[30] Ceapadh John Trethowan ar dtús ar an 11 Meán Fómhair 2018 agus athcheapadh é ar an 11 Meán Fómhair 2023.

Tá an comhaltas seo i gcomhréir leis an gceanglas chun aird a thabhairt ar scileanna, ar éagsúlacht agus ar mheascán inscne ar Bhoird Stáit mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ioncuimsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ag deireadh 2025, b'ionann an chothromaíocht inscne ar an gCoimisiún agus 56% fir agus 44% mná. I gcás na gcomhaltaí ceaptha, b'ionann an chothromaíocht inscne agus 40% fir agus 60% mná.

## Athruithe ar Chomhaltas an Choimisiúin in 2025

D'éirigh Niamh Moloney as mar chomhalta den Choimisiún ar an 31 Márta 2025. Tháinig deireadh le téarma David Miles mar chomhalta den Choimisiún ar an 30 Samhain 2025 agus níor iarr sé go ndéanfar é a athcheapadh. Rinneadh Shay Cody agus Sarah Keane a athcheapadh le haghaidh an dara téarma mar chomhaltaí den Choimisiún ar an 30 Samhain 2025. Ceapadh Mary Condon mar chomhalta den Choimisiún ar an 1 Nollaig 2025.

## Coistí an Choimisiúin

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas, agus bhí siad i bhfeidhm ag deireadh 2025. Déanann an Coimisiún comhaltaí na gcoistí a cheapadh.

- An Coiste Iniúchóireachta
- An Coiste Riosca
- An Coiste Mórthionscadal
- An Coiste Luacha Saothair.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

## An Coiste Iniúchóireachta

Tá triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste Iniúchóireachta, agus tá duine amháin acu sin ina C(h)athaoirleach ar an gCoiste Riosca. Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Iniúchóireachta amhail ar an 31 Nollaig 2025: Shay Cody (Cathaoirleach), Mary Condon agus John Trethowan.

Bhunaigh an Coimisiún an coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige i leith saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ar ionracas na ndearbhuithe arna dtabhairt don Choimisiún ag an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach.

## An Coiste Riosca

Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste Riosca - triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún, a mbeidh duine amháin acu ina C(h)athaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta freisin, comhalta feidhmiúcháin den Choimisiún - an Leas-Ghobharnóir, Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais - agus an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí.   Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Riosca amhail ar an 31 Nollaig 2025: John Trethowan (Cathaoirleach), Shay Cody, Marcella Flood agus Vasileios Madouros[31].

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar  phríomhchreataí riosca lena mbainistítear príomh-neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí inmheánacha, agus chun comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar creataí riosca a chur i bhfeidhm i gcomhréir le lamháltas riosca formheasta an Choimisiúin. Tá de chumhacht ag an gCoiste cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

## An Coiste Mórthionscadal

Tá beirt chomhalta nó triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún ar an gCoiste Mórthionscadal, comhalta feidhmiúcháin den Choimisiún - an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais - agus an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí.  Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Mórthionscadal amhail ar an 31 Nollaig 2025: Sarah Keane (Cathaoirleach), Marcella Flood, Mary Elizabeth McMunn agus John Trethowan[32].

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún maidir lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le nithe a bhaineann le cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis an Bhainc. Áirítear sa mhéid sin, formhaoirsiú agus breithniú a dhéanamh ar mhórthionscadail, agus ar bhuiséad gaolmhar, lena n-áirítear an Clúdach Infheistíochta gaolmhar. Chomh maithe leis sin, féachann an Coiste le hailíniú a bhaint amach le próifíl riosca an Bhainc trí fhormhaoirsiú a dhéanamh ar Phunann iomlán Tionscadal agus Clár de chuid an Bhainc, lena n-áirítear tairbhí a réadú. Tá de chumhacht ag an gCoiste cinntí a dhéanamh freisin ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

[31] Tháinig deireadh le téarma David Miles mar chomhalta den Choimisiún agus mar chomhalta den Choiste Riosca ar an 30 Samhain 2025. Amhail ón 31 Nollaig 2025, ní raibh ach folúntas amháin ar an gCoiste Riosca.
[32] D'éirigh Niamh Moloney as mar chomhalta den Choimisiún, agus mar chomhalta den Choiste Mórthionscadal, ar an 31 Márta 2025. Ceapadh John Trethowan chuig an gCoiste Mórthionscadal ar an 27 Bealtaine 2025.

## An Coiste Luacha Saothair

Tá triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste Luacha Saothair. Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2025: Sarah Keane (Cathaoirleach Gníomhach) agus Shay Cody (comhalta gníomhach).[33]

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún maidir lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le beartas luacha saothair, agus luach saothair.

## Sceideal Freastail

Leagar amach thíos an sceideal freastail do chruinnithe den Choimisiún agus de na Coistí in 2025.

| **Coimisiún / Comhalta den Choimisiún** | **Coimisiún** | **An Coiste Iniúchóireachta** | **An Coiste Riosca** | **An Coiste Mórthionscadal** | **An Coiste Luacha Saothair** | **Comh-chruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus den Choiste Riosca** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gabriel Makhlouf | 7/7 | - | - | - | - | - |
| Shay Cody | 7/7 | 4/4 | 4/4 | - | 1/1 | 1/1 |
| Mary Condon | 7/7 | 4/4 | - | - | - | 0/1 |
| Maeve Dineen | 0/1 | - | - | - | - | - |
| Marcella Flood | - | - | 3/4 | 4/4 | - | 1/1 |
| John Hogan | 7/7 | - | - | - | - | - |
| Sarah Keane | 6/7 | - | - | 4/4 | 1/1 | - |
| Vasileios Madouros | 7/7 | - | 3/4 | - | - | 0/1 |
| Mary Elizabeth McMunn | 7/7 | - | - | 1/4 | - | - |
| David Miles | 5/6 | - | 4/4 | - | 1/1 | 1/1 |
| Niamh Moloney | 2/2 | - | - | 1/1 | - | - |
| John Trethowan | 7/7 | 3/4 | 4/4 | 3/3 | - | 1/1 |

## Creat Rialachais

Le Creat Rialachais an Bhainc Ceannais, cuirtear san áireamh ceanglais Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí AE, an Cód, agus socruithe rialachais inmheánaigh eile. Sa Chreat Rialachais, áirítear Freagrachtaí na gCeannairí Sinsearacha de chuid an

[33] D'éirigh Niamh Moloney as mar chomhalta den Choimisiún, agus mar chomhalta den Choiste Luacha Saothair, ar an 31 Márta 2025. Tháinig deireadh le téarma David Miles mar chomhalta den Choimisiún agus mar chomhalta den Choiste Luacha Saothair ar an 30 Samhain 2025. Bhí dhá fholúntas ar an gCoiste Luacha Saothair amháil ón 31 Nollaig 2025 tar éis do David agus do Niamh imeacht. D'fhreastail Shay Cody, mar chomhalta gníomhach, ar an aon chruinniú amháin den Choiste Luacha Saothair in 2025.

Bhainc Ceannais, ina sonraítear freagrachtaí na ndaoine sin a bhfuil poist ardcheannaireachta acu sa Bhanc Ceannais, mar aon leis na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht.

## Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Tá roinnt coistí traseagraíochtúla inmheánacha ann atá freagrach as forbairt agus cur chun feidhme beartas a chomhordú agus as comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna móra. I struchtúr coistí an Bhainc Ceannais, cuimsítear coistí oibríochtúla agus coistí a bhaineann le sainordú araon. Cuireann na coistí sin le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis, fonn riosca agus chultúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais, i measc nithe eile.

## Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta

I gcomhréir le hAlt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil ar a chuid oibríochtaí le linn na bliana agus tugann sé an tuarascáil sin don Aire Airgeadaís laistigh de shé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé a thuarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire. Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspléacha iniúchóireacht freisin ar chuntais airgeadais an Bhainc Ceannais mar a cheanglaítear faoi Airteagal 27 de Reacht CEBC.

## Láithriú os comhair Coistí Oireachtais

Féadfaidh go mbeidh d'oibleagáid ar an nGobharnóir, ar Leas-Ghobharnóir nó ar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa láithriú os comhair Comhchoiste den Oireachtas atá freagrach as nithe a bhaineann leis an mBanc Ceannais a scrúdú, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil, agus déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis a iarrfar a thabhairt don Choiste sin, ach sin faoi réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Reacht CEBC agus faoi réir shicréideacht ghairmiúil agus oibleagáidí rúndachta an Bhainc Ceannais.

In 2025, láithrigh pearsanra ón mBanc Ceannais trí huaire os comhair an Chomhchoiste den Oireachtas um Airgeadas, Caiteachas Poiblí, Athchóiriúchán Seirbhíse Poiblí agus Digitiúchán, agus an Taoiseach.  Ina theannta sin, láithrigh pearsanra ón mBanc Ceannais dhá uair os comhair an Choiste um Fhormhaoirsiú Buiséid, agus uair amháin os comhair an Chomhchoiste um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht le linn 2025.

## Fiosrúcháin Reachtúla

Iarrtar ar an mBanc Ceannais, ar a chuid oifigeach agus fostaithe, de réir mar is gá, fianaise a thabhairt d'fhiosrúcháin arna mbunú faoi Reacht. Ina chuid déileálacha le haon fhiosrúchán den sórt sin, ní mór don Bhanc Ceannais déanamh de réir na n-oibleagáidí rúndachta arna bhforchur faoi Alt 33AK den Acht.

## Athbhreithnithe Piaraí

Ní mór don Bhanc Ceannais socrú a dhéanamh, gach ceithre bliana, chun go ndéanfaidh banc ceannais náisiúnta eile, nó duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag an nGobharnóir mar dhuine nó mar chomhlacht iomchuí, tar éis comhairliúcháin leis an Aire, athbhreithniú ar fheidhmiú a chuid feidhmeanna rialála.

## Dualgas Earnála Poiblí

Mar eagraíocht seirbhíse poilbí, tá an Banc Ceannais tiomanta do ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun an t-idirdhealú a sheachaint, an comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint. Tá comhlíonadh ár n-oibleagáidí maidir lenár ndualgas earnála poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 mar ghné lárnach den tiomantas seo.

Mar chuid dá Straitéis a chur chun feidhme, rinne an Banc Ceannais breithniú ar conas ba cheart dó an dualgas seo a chomhlíonadh i leith na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha dá chuspóir agus dá fheidhmeanna a chomhall. Tá sé seo leagtha amach i "Measúnacht & Plean Gníomhaíochta maidir lenár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh" atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

## Nochtadh Faisnéise a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 8 - "Caiteachais Iomlána":

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe;
- Costais Sainchomhairleachta;
- Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí Dlíthiúla;
- Caiteachais Taistil agus Cothaithe;
- Caiteachas Fáilteachais; agus
- Luach saothair agus caiteachais arna n-íoc le comhaltaí an Choimisiúin in 2025.

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód), arna oiriúnú in imthosca áirithe chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais agus ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Tá nósanna imeachta curtha chun feidhme ag an gCoimisiún chun feidhmiú forálacha ábhartha laistigh den Chód a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, rinneadh measúnacht ar gach foráil, agus tá an fhoráil á cur i bhfeidhm, á glacadh, nó á hoiriúnú faoi láthair ag an mBanc Ceannais chun ceanglais reachtúla an Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Measúnaíodh nach raibh forálacha áirithe infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais.

I gcás ina ndéanfar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh forálacha áirithe infheidhme, beidh an cás amhlaidh d'fhonn córas reachtúil an Bhainc Ceannais a shainaithint. In Acht 1942, foráiltear do chóras reachtúil an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear an caidreamh a bheidh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais maidir leis an gCód Cleachtais le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

**Gabriel Makhlouf**
**An Gobharnóir**

**Shay Cody**
**Comhalta den Choimisiún**

22 Aibreán 2026

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Glacann an Banc Ceannais forálacha ábhartha den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an Cód). I gcásanna áirithe, rinneadh forálacha den Chód a oiriúnú chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais agus ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú an Chóid ag an mBanc Ceannais.

I gcomhréir leis an gCód, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú maidir le hoibriú Chóras na Rialuithe Inmheánacha ag an mBanc Ceannais maidir le gach tréimhse tuairiscithe bhliantúil. Mar bhonn faoin ráiteas seo tá athbhreithniú bliantúil lena bhféachtar le dearbhú réasúnach (seachas dearbhú iomlán) a thabhairt maidir le leordhóthanacht, éifeachtacht agus sláine Chóras na Rialuithe Inmheánacha.

I gCóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais, cuimsítear sraith fhorleathan beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí maoirseachta. Forbraíodh agus aibíodh Córas na Rialuithe Inmheánacha d’fhonn bearta comhréireacha a chothabháil chun rioscaí a thagann chun cinn le linn sainordú reachtúil an Bhainc Ceannais, agus na cuspóirí faoina Straitéis reatha, a mhaolú agus a bhainistiú. Leis na bearta rialaithe seo, ní dhéantar na rioscaí go léir a dhíchur ná ní féidir gach foinse féideartha saobhaidh, earráide, mainneachtana, nó caillteanais a thuar. Ina ionad sin, is é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar iarmhairtí díobhálacha nó iarmhairtí gan choinne ar ghnóthú shainordú agus chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais a íoslaghdú, laistigh de lamháltais riosca atá inghlactha ag an gCoimisiún.

Sa ráiteas seo, tugtar forbreathnú ar Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais lena n-áirítear príomhghnéithe na timpeallachta rialaithe, an chaoi ina ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a mhaolú agus an chaoi ina ndéantar faireachán orthu, mar aon le fionnachtana suntasacha an athbhreithnithe ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha don tréimhse tuairiscithe bhliantúil seo. Thar ceann an Choimisiúin, deimhnímid ár bhfreagracht fhoriomlán as Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais, as ailíniú ceaptha an chórais sin lenár lamháltais riosca fhormheasta agus leis na próisis dearbhaithe agus bainistíochta a bunaíodh chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheasúnú don tréimhse tuairiscithe bhliantúil dar chríoch an 31 Nollaig 2025.

## Príomhghníomhaíochtaí an Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún formhaoirsiú ar chur chun feidhme raon gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go ndéanfaí aon rioscaí do ghnóthú na gcuspóirí sin a aithint, a mheasúnú agus a mhaolú, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na priomhghníomhaíochtaí rialaithe á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc Ceannais lena gcuimsítear a chuid próiseas

airgeadais agus oibríochtúil, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála éagsúla. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann an t-athbhreithniú bliantúil le dearbhú réasúnach a thabhairt gur baineadh cuspóir rialaithe ar leith amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear an méid seo a leanas:

- **Creat Rialachais:** Tá Creat Rialachais ag an mBanc Ceannais chun na socruithe rialachais sa Bhanc Ceannais a chomhdhlúthú agus a chur in iúl go soiléir, lena n-áirítear: Plean um Shannadh Freagrachtaí ina gcuirtear in iúl sannadh cumhachtaí agus feidhmeanna sonraithe de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear a chreat tarmligin; struchtúr eagraíochtúil agus coiste atá sainithe go foirmiúil agus ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc Ceannais, agus ina bhfuil línte freagrachta agus leibhéil údaráis atá sainithe go soiléir; Creat Beartas Corparáideach chun a bhfuil i gceist le Beartas Corparáideach a shainiú agus chun clár Beartas Corparáideach a chur ar fáil ina sainaithnítear an t-údarás ábhartha formheasa; agus sonraí maidir le róil agus freagrachtaí na gCeannairí Sinsearacha mar aon leis na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht agus formhaoirseacht ar fud an Bhainc Ceannais. Ina theannta sin, formheasann an Coimisiún Straitéis an Bhainc Ceannais agus déanann sé formhaoirsiú agus faireachán ar Phleananna Gnó Bliantúla arna gcur ar fáil ag an mbainistíocht feidhmiúcháin agus an ardbhainistíocht d'fhonn cuspóirí gnó a bhaint amach agus an Straitéis a chur chun feidhme.
- **Oibleagaidí Reachtúla an Bhainc Ceannais:** I gcomhréir leis an gCód, tugtar sceideal de na hoibleagáidí is tábhachtaí reachtúla agus rialachais atá ag an mBanc Ceannais, mar aon le tuairisc ina sainaithnítear, ar ardleibhéal, an reachtaíocht is infheidhme, sannadh freagrachtaí agus conas a dhéantar faireachán ar chomhlíonadh.
- **Bainistíocht agus Forbairt Daoine:** Tá feidhm bainistíochta thiomanta acmhainní daonna agus creat bainistíochta daoine ann, lena n-áirítear plean atá formheasta ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní a chur ar fáil, beartas earcaithe tallainne, cláir fhoirmeálta oiliúna don fhoireann, agus breithmheasanna feidhmíochta bliantúla. Tá nósanna imeachta ábhartha eile i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oilte go leormhaith chun a gcuid freagrachtaí a chur i gcrích.
- **Pleanáil agus Bainistíocht Airgeadais:** Ullmhaíonn agus formheasann an Coimisiún Plean Gnó agus Buiséad Bliantúil. Áirítear sa mhéid sin, córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe maidir le cuntais iníoctha, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc Ceannais. Faigheann an

Coimisiún tuarascálacha leathbhliantúla ar stádas na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil i lár na bliana agus arís ag deireadh na bliana, agus cuimsítear iontu aon eisceachtaí ón bPlean Gnó agus Buiséad Bliantúil formheasta.

- **Bainistíocht Riosca:** I gCreat Bainistíochta Riosca Fiontair, leagar amach straitéis fhoriomlán bainistíochta riosca de chuid an Bhainc Ceannais, lena gcuimsítear; neamhchosaintí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla. Le cur chun feidhme an Chreata seo agus a shocruithe gaolmhara eagraíochtúla agus rialachais, féadfar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus féadfar faireachán a dhéanamh orthu, ar rioscaí iad a thiocfaidh chun cinn le linn don Bhanc Ceannais a fhreagrachtaí reachtúla a fheidhmiú. Leis na gníomhaíochtaí bainistíochta riosca seo, tacaítear le cur i bhfeidhm Chreat Lámhaltais Riosca an Bhainc Ceannais trí infheictheacht agus léargas a thabhairt ar chineálacha éagsúla neamhchosaintí riosca eagraíochtúla, agus línte soiléire freagrachta agus cur chuige réamhghníomhach a áirithiú maidir lena mbainistíocht laistigh de lámhaltais fhormheasta ag an am céanna.
- **Calaois a Sheachaint agus a Bhainistiú:** Aithníonn an Banc Ceannais na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag calaois ar a chlú, a staid airgeadais agus ar a chuid oibríochtaí. Sainítear beartas um bainistíocht riosca calaoise ina leagtar amach freagrachtaí maidir le rioscaí calaoise a shainaithint agus a mhaolú, agus an cur chuige maidir le teagmhais calaoise nó teagmhais calaoise amhrasta laistigh den Bhanc Ceannais a thuairisciú agus a imscrúdú.
- **Pleanáil Leanúnachais Gnó:** Beartais leanúnachais gnó agus bainistíochta teagmhas agus próisis tacaíochta chun a áirithiú go mbeidh an Banc Ceannais ullamh chun freagairt a thabhairt ar theagmhais shuaiteacha, socruithe teagmhasacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.
- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Tá gníomhaíochtaí rialaithe i bhfeidhm lena n-áirítear creat rialachais sainithe um athrú agus feidhm eagraíochtúil thiomanta chun tionscadail athrú ábhartha a bhainistiú agus cumais nua a chur ar fáil sa Bhanc Ceannais, lena gcuimsítear nósanna imeachta maidir le bainistíocht an athraithe agus bainistíocht tionscadal, agus maidir le formheas infheistíochta agus le tosaíocht a thabhairt don infheistíocht.
- **Cosaint Sonraí:** Bearta cosanta atá ceaptha a chumasú don Bhanc Ceannais cearta príobháideachta daoine aonair a chosaint i gcomhréir le ceanglais rialála ábhartha.

- **Slándáil Fhisiciúil, Slándáil Faisnéise agus Cibearshlándáil:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, na háitribh agus sócmhainní fisiceacha a chosaint agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraithe nó ar chaillteanas de thoradh timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla.
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha a chothabháil maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta do Choiste Feidhmíochta agus Acmhainní agus do Choiste Iniúchóireachta an Choimisiúin.
- **Iniúchóireacht Inmheánach:** Rannán neamhspleách, oibiachtúil Iniúchóireachta Inmheánaí a chuireann plean riosca-bhunaithe iniúchóireachta inmheánaí ar fáil, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhormheas ag an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann Rannán na hIniúchóireachta Inmheánaí formhaoirsiú freisin ar bhainistiú nochtaí inmheánacha (e.g. nochtaí cosanta).

### Timpeallacht Rialaithe

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh réamhluaite tacú le timpeallacht rialaithe éifeachtach, chomhréireach a chothabháil, arb iad a phríomhghnéithe: struchtúr cuimsitheach coiste, cód iompair eiticiúil leabaithe, róil shoiléire, creat lámhaltais riosca agus freagrachtaí soiléire don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach i bPlean Straitéiseach agus Pleananna Bliantúla Gnó an Bhainc Ceannais.

Mar a cuireadh in iúl, tá sé aitheanta ag an mBanc Ceannais go bhfuil gá, i gcásanna áirithe, feidhmiú an Chóid a oiriúnú chun gnéithe uathúla institiúideacha dá ról agus dá shainordú a chur san áireamh. Dá bhrí sin, tá líon teoranta mínithe tugtha ag an mBanc Ceannais i gcás ina raibh air foráil áirithe den Chód a oiriúnú mar gheall ar chreat rialachais agus ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC. D’ainneoin an méid sin roimhe seo, creideann an Coimisiún go bhfuil cuspóirí an Chóid bainte amach go hábhartha ag an mBanc Ceannais trí thimpeallacht rialaithe láidir a choimeád ar bun trí bhíthin bearta sonracha reachtúla, bainistíochta riosca agus rialachais.

### Rialachas

I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc Ceannais a bhfuil bord aonadach aige, an Coimisiún an Bhainc Ceannais, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra. Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú.
- A áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc Ceannais comhtháite agus comhordaithe, agus
- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Faoin Acht, tugtar cumhacht don Choimisiún chun feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean don Ghobharnóir, do Leas-Ghobharnóir, do choiste nó d'fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ní féidir leis an gCoimisiún feidhm a tharmligean do choiste más rud é go gceanglaítear i bhforáil den Acht go bhfeidhmeoidh an Gobharnóir an fheidhm sin. Déantar tarmligean den sórt seo ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus chun a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhall go cuí.

Dá bhrí sin, tá formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún. Tá cumhacht tugtha do gach duine de na daoine thuasluaite gníomhú thar ceann an Bhainc Ceannais chun na feidhmeanna, cumhachtaí agus freagrachtaí a shanntar dóibh ó am go ham a chomhall, lena n-áirítear tuairimí a fhoirmiú, cinntí a ghlacadh, gníomh a dhéanamh, agus cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais arna dtarmligean a fheidhmiú. Beidh an duine dá sanntar freagracht as feidhm a chomhlíonadh freagrach don Ghobharnóir as comhlíonadh na feidhme sin. Déanann an Coimisiún, trí bhíthin a cheithre fhochoiste (An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Riosca, An Coiste Mórthionscadal agus an Coiste Luacha Saothair), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú chóras rialuithe inmheánacha an Bhainc Ceannais. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid coistí leagtha amach i dTéarmaí Tagartha ar leithligh.

Ina theannta sin, áirítear i gCreat Rialachais an Bhainc Ceannais clár de Bheartais Chorparáideacha a bhfuil teimpléid agus treoir ábhartha mar thaca leo, agus clár agus treoir do Mheabhrán Tuisceana.

Sa Chreat Rialachais, áirítear struchtúr inmheánach coistí agus struchtúr inmeánach bainistíochta feidhmiúcháin, a dhéanann formhaoirsiú ar na hábhair eagraíochtúla ábhartha go léir. Tá Coiste Bainistíochta Riosca ann ar leibhéal feidhmiúcháin a gcuirtear de chúram air maoirseacht a dhéanamh agus dúshlán a thabhairt ar fud na n-aicmí riosca go léir agus nithe a bhaineann le comhlíonadh inmheánach agus iompar. Cuirtear de chúram ar Choiste Feidhmíochta agus Acmhainneachta, a bhfuil leibhéal feidhmiúcháin aige, formhaoirseacht a dhéanamh ar úsáid acmhainní, lena gcuimsítear

acmhainní airgeadais agus daonna agus ráthaíocht a thabhairt maidir le pleananna straitéise agus gnó an Bhainc a chur chun feidhme.  Tá coistí eile ann ar leibhéal feidhmiúcháin a rannchuidíonn le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais a chothabháil agus a fhorbairt, mar atá leagtha amach sa Chreat Rialachais.

Leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla a shannadh laistigh den Bhanc Ceannais. Sainítear freagrachtaí bainistíochta agus foirne le bunachar sonraí cuimsitheach próifílí róil agus clár bainistíochta agus forbartha feidhmíochta.

Is é an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, i gcomhar leis an gCoimisiún, a leagann amach cuspóirí uileghabhálacha an Bhainc Ceannais laistigh de Straitéis fhoilsithe. Formheasann an Coimisiún an Straitéis agus a chuireann faoi bhráid an Aire Airgeadais ansin é chun go gcomhlíonfar an ceanglas reachtúil go mbeidh plean straitéiseach trí bliana ar a laghad ag an mBanc Ceannais. Tháinig anStraitéis reatha in éifeacht ón 1 Eanáir 2022. Tugadh athbhreithniú leath bealaigh ar an Straitéis seo chun críche in 2024, agus rinne an Coimisiún Straitéis nuashonraithe trí bliana a fhormheas agus a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais i Meán Fómhair 2024.  Leis an nuashonrú seo, rinneadh an tréimhse Straitéiseach a fhadú go dtí deireadh 2027 i gcomhréir le ceanglais reachtúla.

Is trí phróiseas Pleanála Bliantúla Gnó an Bhainc Ceannais a dhéantar an Straitéis a chur chun feidhme agus a thuairisciú, agus is tríd an bpróiseas sin a dhéantar faireachán uirthi, lena n-áirítear athbhreithniú rialta ag an mbainistíocht shinsearach agus athbhreithniú leathbhliantúil ag an gCoimisiún.

Leis an bpróiseas Pleanála Bliantúla Gnó, déantar treo straitéiseach fadtéarmach an Bhainc Ceannais agus Treochlár meántéarmach um Sheachadadh Straitéiseach a aistriú go cuspóirí oibríochtúla agus straitéiseacha ábhartha ar fud na réimsí gnó go léir. Is cuspóirí follasacha iad seo a bhaintear amach thar thréimhse bliana agus tá siad ailínithe le buiséad bliantúil an Bhainc Ceannais. I mí na Samhna 2025, d’fhormheas an Coimisiún an Plean Bliantúil Gnó do 2026.

Anuas air sin, leanann an Coimisiún d’fhormhaoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc Ceannais a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice a áirithiú i measc bhaill foirne agus oifigigh an Bhainc Ceannais. Tá a Chód Iompair agus Eitice féin glactha ag an gCoimisiún. Bhunaigh an Coimisiún Beartas Inmheánach um Nochtadh agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mBeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil d’fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc Ceannais gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta air.

## Bainistíocht Riosca

Is gné lárnach d'oibriú éifeachtach Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc Ceannais ar leibhéal foriomlán eagraíochtúil agus laistigh de gach ceann dá rannáin.

Déanann an Coimisiún Creat Lámhaltais Riosca a fhormheas agus a fhormhaoirsiú lena n-áirithítear comhsheasmhacht, comhréireacht agus cruinneas i dtaca le measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar na príomhaicmí riosca a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu. Sa Chreat seo, tá tacsanomaíocht riosca eagraíochtúil agus treoir maidir leis an leibhéal riosca a mheastar a bheith inghlactha, agus an cur chuige maidir le faireachán a dhéanamh ar stádas na rioscaí sin. Déantar Tuarascáil Riosca Chomhtháite ar an bpróifíl riosca in aghaidh lámhaltas riosca ar fud na bpríomh-aicmí riosca a chur i láthair ag tréimhsí rialta don Choiste Bainistíochta Riosca, don Choiste Ceannaireachta Feidhmiúcháin, agus don Choiste Riosca.

Bunaíodh Creat Bainistíochta Riosca Fiontair lena gcumasaítear bainistíocht éifeachtach, chomhsheasmhach a dhéanamh ar thrí aicme leathana rioscaí eagraíochtúla - rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla - agus lena sainítear na róil ghaolmhara bainistíochta agus na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme na bpróiseas agus na nósanna imeachta rialaithe bunaidh. Tá raon rialuithe ar leibhéal an phróisis, mar aon le beartais ghaolmhara, nósanna imeachta gaolmhara agus treoirlínte gaolmhara, i bhfeidhm ar fud na heagraíochta chun tacú le neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí eagraíochtúla a bhainistiú go leanúnach.

Mar chuid den phróiseas maidir le neamhchosaintí ar rioscaí eagraíochtúla a aithint, a mheasúnú agus a thuairisciú ar leibhéal rannáin, déantar nós imeachta um measúnú riosca agus rialaithe a chur i bhfeidhm agus déantar clár caighdeánaithe de neamhchosaintí agus de theagmhais rioscaí eagraíochtúla ábhartha a chothabháil ar bhonn leanúnach.

Tugann an Rannán um Riosca Eagraíochtúil faoi dhearbhú cáilíochta riosca-bhunaithe d'fhonn na rioscaí a aithnítear ar leibhéal rannáin a bhailíochtú agus chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha réitigh mar chuid de phlean bainistíochta riosca gach rannáin i gcás inar gá iad. Ceanglaítear ar bhainistíocht gach rannáin a dheimhniú ar bhonn tréimhsiúil go ndearnadh a gcláir riosca a athbhreithniú agus a nuashonrú mar a cheanglaítear.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar Chreat tiomanta Bainistíochta Riosca Airgeadais. Leis seo, dírítear go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar Chlár

Comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh chur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus bhreithnigh sé moltaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis an lamháltas riosca formheasta.

Le blianta beaga anuas, rinne an Banc Ceannais dul chun cinn maidir le gníomhaíochtaí sonracha mar fhreagairt ar chaillteanais ar a chlár comhardaithe arna n-eascairt as neamhréir ráta úis a bhaineann lena shealúchas suntasach de shócmhainní beartais airgeadaíochta arna gceannach mar chuid de shainordú cobhsaíochta praghsanna an Bhainc Ceannais.  Folaíonn na bearta sin Soláthar i leith Rioscaí Ginearálta arb ionann é agus €2,072.5m a thabhairt anonn go 2025 d'fhonn caillteanais ionchasacha a chlúdach. Tháinig laghdú ar an soláthar seo ag deireadh 2025 (go €1,967.9m) toisc gur baineadh úsáid as chun réadú na gcaillteanas ionchasach airgeadais a chlúdach.[34] I bhfianise úsáid an tsoláthair chun cion de na caillteanais riosca airgeadais seo a chlúdach, taifeadadh glansuíomh brabúis de nialas ag deireadh na bliana 2025.

Le linn 2025, fuair an Coimisiún agus a chuid coistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar riosca oibríochtúil, riosca airgeadais, agus ar riosca straitéiseach agus maidir le gnéithe éagsúla dá Chóras Rialuithe Inmheánacha, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an Chórais trína nós imeachta um athbhreithniú bliantúil. Ba iad an Rannán um Rialachas Inmheánach, an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach agus an Rannán um Riosca Eagraíochtúil a d'ullmhaigh na tuarascálacha sin. Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbhreathnú léiriú cruinn ar stádas Chóras na Rialuithe Inmheánacha a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Anuas air sin, agus i gcomhréir le Samhail na dTrí Líne maidir le freagrachtaí bainistíochta riosca agus rialaithe a shannadh, tacaíonn an Rannán um Riosca Eagraíochtúil agus an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach le hoibriú Chóras na Rialuithe Inmheánacha chun a chinntiú go ndéantar creataí bainistíochta riosca atá formheasta ag an gCoimisiún, lena n-áirítear measúnú agus athbhreithniú ar rioscaí agus rialuithe, a chur i bhfeidhm go córasach.

## Cosaint Sonraí

Le linn dó a fhreagrachtaí reachtúla a chomhall agus an eagraíocht a bhainistiú, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais foirmeacha éagsúla sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá an Banc Ceannais faoi réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 go 2018 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) ina sonraítear na hoibleagáidí

[34] In 2025, thaifead an Banc Ceannais caillteanas €104.6m sular baineadh úsáid as an Soláthar i leith Rioscaí Ginearálta.  D'eascair an caillteanas seo go príomha toisc gur sháraigh costas dhliteanais an Bhainc Ceannais an t-ioncam a fuarthas ar bhannaí a ceannaíodh roimhe sin chun críocha beartais airgeadaíochta.

dlíthiúla is infheidhme le linn sonraí pearsanta a phróiseáil. I gcomhréir le ceanglais GDPR, tá Oifigeach um Chosaint Sonraí ceaptha ag an mBanc Ceannais. Bíonn an méid seo a leanas i gceist leis an ról sin: comhairle shaineolach a thabhairt, faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí um chosaint sonraí, comhordú a dhéanamh ar fhreagairt an Bhainc Ceannais ar aon teagmhais a bhaineann le cosaint sonraí, freagraí a thabhairt ar iarrataí ar rochtain agus tuairisciú go rialta do choistí maoirseachta.

De bhreis air sin, tá Beartas um Chosaint Tomhaltóirí forbartha ag an mBanc Ceannais Sainítear leo na róil agus freagrachtaí inmheánacha i ndáil le cosaint sonraí a bhainistiú, agus leagtar amach an chaoi ina ndéantar na príomhphrionsabail um chosaint sonraí a chur chun feidhme sa Bhanc Ceannais. On annual basis, the Data Protection Officer provides an independent report on the status of the data protection compliance and risk management to the Commission.

## Soláthar

Oibríonn an Banc Ceannais Beartas Corparáideach Soláthair atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an mBeartas seo agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Leis an mBeartas, féachtar leis na treoirlínte Eorpacha agus náisiúnta agus leis an dlí Eorpach agus náisiúnta a chomhlíonadh mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais seachas maidir le foilsiú sonraí a bhaineann le dámhachtain conarthaí os cionn €25,000 ar an suíomh gréasáin um soláthar náisiúnta (eTenders). Chinn an Banc Ceannais an ceanglas trédhearcactha seo a chomhlíonadh trí leanúint d'fhógraí dámhachtana a fhoilsiú le haghaidh conarthaí arna bhfógairt ar eTenders ag pointe iontrála tairsigh um Sholáthar Náisiúnta, eadhon €50,000, agus leanúint de chonarthaí foilsithe ar mó ná €25,000 a luach a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais tríd an tairseach a bhaineann le Saoráil Faisnéise a leasú ó €50,000 go €25,000 ar chúiseanna éifeachtúlachta agus éifeachtachta oibríochta.

In imthosca teoranta áirithe, féadfar conarthaí a dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairiscintí:

- I gcás ina bhforáiltear sna rialacha soláthair do dhíolúine/d'eisceacht ábhartha, nó
- I gcás nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil tairiscintí a lorg (e.g. toisc go bhfuil luach an chonartha faoi bhun Thairseach AE agus nach bhfuil aon leas trasteorann) agus ina bhfuil imthosca eisceachtúla ann.

Meastar gur 'conarthaí neamhchomhlíontacha' iad aon chonarthaí eile a dhámhtar gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairisceana agus bíonn siad sin á bhformhaoirsiú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Acmhainní agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Níor dhámh an Banc Ceannais aon 'chonarthaí

neamhchomhlíontacha’ in 2025. Níor tabhaíodh aon chaiteachas ar an t-aon chonradh neamhchomhlíontach amháin a bhí ann cheana agus a chuaigh in éag i mí Bealtaine 2025.

## Athbhreithniú agus Faireachán ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Chun a chinntiú go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha ag oibriú i gcomhréir le hionchais agus lámhaltais an Choimisiúin, faigheann an Coimisiún tuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach atá freagrach as athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus éifeachtúlacht ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais i ndáil le bainistíocht agus rialú riosca.

Tuairiscíonn Ceannasaí an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhshrianta aige Chathaoirleach an Coiste Iniúchóireachta,  ar chomhaltaí eile den Choimsiún, agus ar an lucht bainistíochta. Bíonn gníomhaíochtaí an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach faoi stiúir ag Cairt na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúchóireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tugann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach dearbhú agus comhairle neamhspleách, oibiachtúil ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na bainistíochta riosca, na rialuithe inmheánacha agus na bpróiseas rialachais trí athbhreithnithe rialta a dhéanamh.

Déanann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Sna tuarascálacha sin, leagtar béim ar fheabhsuithe, más ann dóibh, i gCóras na Rialuithe Inmheánacha agus sonraítear na bearta comhaontaithe feabhais a bheidh le glacadh ag an mbainistíocht i gcás ina meastar gur gá sin. Déanann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach faireachán ar chur chun feidhme beart chun a chinntiú go leanfaidh an timpeallacht rialaithe de bheith éifeachtach. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna n-ardú ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go ndéanfar bearta iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna sin.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coimisiun athbhreithniú ar éifeachtacht Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Aibreáin 2026. San athbhreithniú sin ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha, áiríodh an méid seo a leanas:

- Breithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón Rannán um Riosca Eagraíochtúil ina leagtar amach neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla agus breithniú ar ghnéithe eile de Chóras na Rialuithe Inmheánacha arna gcur ar fáil ag an Rannán um Rialachas Inmheánach
- Breithniú a dhéanamh ar bheartas an Bhainc Ceannais um bainistíocht teagmhas ina leagtar amach an próiseas agus na ceanglais maidir le teagmhas a shainaithint, a mheasúnú, a thuairisciú, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar fheabhsuithe rialaithe agus rialachais. Tá clár teagmhas ann ina dtuairiscítear teagmhais thuariscithe. Déantar measúnú ar na teagmhais seo agus sanntar grád dóibh i gcomhréir lena dtionchar, agus má mheastar gur teagmhais ábhartha iad, déanfar iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin.
- Breithniú a dhéanamh ar obair an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach agus ar a chuid tuarascálacha agus fionnachtana.
- Forbhreathnú a dhéanamh ar thuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le stádas thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais agus stádas saincheisteanna arna gcur in iúl roimhe seo ina gcuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúchóirí seachtracha
- Forbhreathnú ar athruithe suntasacha ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha sa tréimhse tuairiscithe.
- Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais, más ann, arna sainaithint ag na hiniúchóirí seachtracha.

Ag féachaint don dearbhú réasúnach a chuirtear ar fáil leis an méid sin roimhe seo, measann an Coimisiún go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa Bhanc Ceannais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025 éifeachtach i gcónaí.

| | |
|---|---|
| **Gabriel Makhlouf**<br>An Gobharnóir | **Shay Cody**<br>Comhalta den Choimisiún |

22 Aibreán 2026

# CUNTAS LEITHGHABHÁLA BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam Úis | 2 | **2,879,357** | **4,726,620** |
| Caiteachais Úis | 2 | **(2,607,560)** | **(4,710,068)** |
| Glanioncam úis | 2 | **271,797** | **16,552** |
| | | | |
| Glan-ghnóthachain réadaithe a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais | 3 | **145,915** | **75,830** |
| Díluachálacha sócmhainní airgeadais & staideanna airgeadais | 3 | **(107,979)** | **(33,498)** |
| Aistriú ó sholáthairtí | 3 | **104,616** | **795,384** |
| Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha & soláthairtí | 3 | **142,552** | **837,716** |
| | | | |
| Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin | 4 | **2,425** | **2,109** |
| Ioncam ó ionstraimí cothromais agus ó leasanna rannpháirteachais | 5 | **3,799** | **2,668** |
| Glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta | 6 | **(249,819)** | **(724,724)** |
| Glanioncam eile | 7 | **246,442** | **253,926** |
| *Ioncam ón tobhach maoiniúcháin* | | 229,357 | 237,672 |
| *Eile* | | 17,085 | 16,254 |
| **GLANIONCAM IOMLÁN** | | **417,177** | **388,247** |
| | | | |
| Glanchaiteachais foirne | 8 | **(250,177)** | **(239,921)** |
| Caiteachais oibríochtúla eile | 8 | **(112,110)** | **(107,693)** |
| Caillteanas neamhréadaithe ar réadmhaoin infheistíochta | 8 | **(410)** | **(7,000)** |
| Muirear lagaithe ar mhaoin, gléasra, trealamh | 8 | **(16,305)** | **-** |
| Dímheas | 8 | **(33,549)** | **(28,761)** |
| Amhábhair um tháirgeadh airgeadra | 8 | **(4,626)** | **(4,872)** |
| **CAITEACHAIS IOMLÁNA** | 8 | **(417,177)** | **(388,247)** |
| | | | |
| **BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, GNÓTHACHAN ACHTÚIREACH AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS** | | **-** | **-** |
| | | | |
| Glanghluaiseacht na ngnóthachan neamhréadaithe | 33 | **(99,407)** | **598,843** |
| Aistrithe ó/(chuig) c(h)untais athluachála | 33 | **99,407** | **(598,843)** |
| | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an scéim pinsin | 31 | **224,110** | **66,710** |
| | | | |
| Aistriú (chuig)/ó c(h)úlchistí | 34 | **(224,110)** | **(66,710)** |
| | | | |
| **IONCAM BARRACHAIS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE** | **9** | **-** | **-** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir
22 Aibreán 2026

**Shay Cody**
Comhalta den Choimisiún

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2025

| SÓCMHAINNÍ | Nóta | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|---|
| Ór agus infháltais óir | 10 | **1,418,447** | **970,766** |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro | 11 | **9,982,840** | **10,878,680** |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí atá sa limistéar euro | 12 | **150,275** | **219,455** |
| Éilimh in euro ar chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro | 13 | **1,897,308** | **1,650,452** |
| Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa an limistéir euro | 14 | **952,647** | **1,616,936** |
| Urrúis in euro de chuid cónaitheoirí atá sa limistéar euro | 15 | **61,025,164** | **65,015,046** |
| *Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta* | | 51,576,896 | 56,318,429 |
| *Urrúis Eile* | | 9,448,268 | 8,696,617 |
| Éilimh in-Eurochórais | | **85,617,679** | **95,847,124** |
| *Leas rannpháirteachais in BCE* | 16 | *459,609* | *459,609* |
| *Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha* | 17 | *883,534* | *883,534* |
| *Éilim a bhaineann le TARGET* | 18 | *84,274,536* | *94,503,981* |
| Sócmhainní eile | 19 | **2,569,277** | **2,884,279** |
| Sócmhainn pinsin | 31 | **248,186** | **11,584** |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **163,861,823** | **179,094,322** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

**Shay Cody**
Comhalta den Choimisiún

22 Aibreán 2026

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2025

| DLITEANAIS | Nóta | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|---|
| Nótaí bainc i gcúrsaíocht | 21 | **32,455,481** | **31,830,414** |
| Dliteanais d'institiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 22 | **79,405,094** | **87,727,998** |
| Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro | 23 | **168,888** | **505,764** |
| Dliteanais in euro do chónaitheoirí eile sa limistéar euro | 24 | **13,532,038** | **21,014,616** |
| Dliteanais in euro do chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro | 25 | **11,902** | **889,211** |
| Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro | 26 | **-** | **115,119** |
| Contrapháirtí ceart tarraingthe speisialta arna leithdháileadh ag an CAI | 27 | **4,757,959** | **5,120,481** |
| Dliteanais in-Eurochórais | | **22,038,533** | **20,315,130** |
| *Glandliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras* | 28 | 21,790,544 | 19,592,087 |
| *Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)* | 29 | 247,989 | 723,043 |
| Dliteanais eile | 30 | **1,650,769** | **1,753,962** |
| Soláthairtí | 32 | **1,970,003** | **2,075,174** |
| Cuntais athluachála | 33 | **1,375,838** | **1,475,245** |
| Caipiteal agus cúlchistí | 34 | **6,495,318** | **6,271,208** |
| **Dliteanais Iomlána** | | **163,861,823** | **179,094,322** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

**Gabriel Makhlouf**
An Gobharnóir

**Shay Cody**
Comhalta den Choimisiún

22 Aibreán 2026

## Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

## Nóta 1: Beartais agus Faisnéis Ghaolmhar

### (a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma "an Banc Ceannais", aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d'*Acht an Bhainc Cheannais*, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc Ceannais ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas san fhoirm atá formheasta ag an Aire Airgeadais. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc Ceannais laistigh de chreat CEBC[35] mar aon lena raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí. Ceanglaítear faoi Airteagal 27.1 de Reacht CEBC agus BCE go gceapfar iniúchóirí neamhspleácha seachtracha.

### (b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach de CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe[36] i dTreoirlíne BCE/2016/34 (an 'Treoirlíne)[37]. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtugann an Treoirlíne treoir shonrach, leantar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla[38] a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc Ceannais. Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

---

[35] An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 27 Banc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2025 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma "Eurochóras" don 20 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta, i dteannta BCE, amhail ar an dáta céanna.

[36] Is í an Chomhairle Rialaithe príomhchomhlacht cinnteoireachta BCE. Tá an seisear comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin uirthi móide gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta an20 tír sa limistéar euro.

[37] Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne (AE) 2016/2249 ón mBanc Ceannais Eorpach arna leasú.an3 Samhain 2016 ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais i CEBC (BCE /2016/34) arna leasú.

[38] Orthu sin, áirítear Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2023, *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943* (sna Rialacháin seo, foráiltear do ríomh bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais gach bliain agus íoctar an t-ioncam barrachais sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach freisin agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear Reacht CEBC agus BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe de chuid AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta de chuid CEBC.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc Ceannais idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe.

b. Ní bheidh gá le ráiteas ar shreafaí airgid.

c. Áirítear soláthar i leith rioscaí airgeadais faoin mír dliteanais "Soláthairtí".

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil an Treoirlíne tostach i ndáil le hionstraimí airgeadais, leanann an Banc Ceannais ceanglais alt 11 agus alt 12 ina iomláine faoi FRS 102. I Nóta 1 (n) "Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta", cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó measúnachta leo. Déantar sócmhainní airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear na glanmhéideanna in iúl sa Ráiteas Cuntas nuair atá ceart is infheidhmithe le dlí ann chun na méideanna sainaitheanta a fhritháireamh agus nuair a bheartaítear réiteach a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach (Nóta 11(i)(a), Nóta 18, Nóta 28, Nóta 29). Ní raibh aon athruithe ar na beartais chuntasaíochta arna gcur i bhfeidhm ag an mBanc le linn na bliana.

### (c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta BCE glactha ag an mBanc Ceannais. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne.

#### (i) *Cuntasaíocht Dáta Trádála*[39]

Sonraítear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as "gnáthchur chuige" nó as "cur chuige malartach". Baineann an Banc Ceannais úsáid as an gcur chuige malartach agus, dá bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteannais a thaifeadadh ar an dáta socraíochta (go hiondúil an

[39] Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).

dáta trádála móide dhá lá oibre), seachas an gnáthchur chuige[40] trína ndéantar idirbhearta a thaifeadadh ar an dáta trádála (Nóta 1(h), Nóta 16).

### (ii) *Iarmhéideanna in-CEBC*

Eascraíonn iarmhéideanna in-CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann in AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú i TARGET - an tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 18) agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha astu i gcuntais TARGET bhainc cheannais AE.

Déanann íocaíochtaí arna seoladh ag BCE agus ag BCNanna difear do na cuntais seo freisin. Déantar na socraíochtaí go léir a chomhiomlánú agus a choigeartú go huathoibríoch chun a bheith mar chuid de shuíomh aonair do gach BCN i leith BCE. Déantar na gluaiseachtaí i gcuntais TARGET a léiriú i dtaifid chuntasaíochta BCE agus BCNanna ar bhonn laethúil.

Iarmhéid in-Eurochórais an Bhainc Ceannais i leith BCE arna eascairt as TARGET, cuirtear in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais é mar shuíomh sócmhainne nó mar shuíomh dliteanais agus nochtar é faoi "Éilimh a bhaineann le TARGET" (Nóta 18) nó "Dliteanais a bhaineann le TARGET".

Iarmhéideanna in-CEBC i leith BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro agus nach n-eascraíonn as TARGET, nochtar iad faoi "Éilimh in euro ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro" (Nóta 13) nó faoi "Dliteanais in euro do Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro" (Nóta 25).

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi "Glandliteanais a bhaineann le Dáileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(iv), Nóta 21, Nóta 28).

Iarmhéideanna in-Eurochórais eile arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, más ann, torthaí ioncaim airgeadaíochta, riaradh oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt laistigh den Eurochóras lena n-áirítear aisíocaíochtaí i dtaca le Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais mar shuíomh glansócmhainne aonair nó mar shuíomh glandliteanais aonair agus nochtar

[40] BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den Chlár Comhardaithe a aisiompú agus taifeadfar iontrálacha laistigh den Chlár Comhardaithe.

faoi "Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)/Dliteanais Eile laistigh den Eurochóras (glan)" (Nóta 29) iad.

Éilimh in-Eurochórais arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais in BCE, tuairiscítear iad faoi "Leas Rannpháirteachais in BCE" (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 1 (c)(xiv), Nóta 16).

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as aistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi "Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha" (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 17).

### (iii) *Scála Caipitil*

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa BCE atá á shealbhú ag gach ceann de BCNanna faoi seach de chuid CEBC. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit AE agus is cumasc 50:50 é den Olltáirgeacht Intíre agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad BCNanna CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Tháinig an coigeartú is déanaí den sórt sin in éifeacht an 1 Eanáir 2024. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa BCE ó 1.3772% go 1.7811%.

An dara scála, "Scála caipitil an Eurochórais", arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de scála caipitil an Eurochórais ó 1.6798% go dtí 2.1782% i ndiaidh an athbhreithnithe (Nóta 1(c)(ii)).

### (iv) *Nótaí bainc i gCúrsaíocht*

Bíonn nótaí bainc euro á n-eisiúint ag BCE agus BCNanna an limistéir euro, a dhéanann suas an tEurochóras[41]. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN[42].

Tá scair 8% de luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht leithdháilte ar BCE fad atá 92% leithdháilte ar BCNanna i gcomhréir lena n-ualuithe i scála caipitil BCE.

---

[41] Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26, arna leasú.

[42] Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a eascraíonn as scair BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8%) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92%).

Déantar an scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN a chur in iúl faoin mír dliteanais "Nótaí bainc i gCúrsaíocht" (Nóta 21) ar an gClár Comhardaithe.

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha in-Eurochórais as an difríocht idir luachanna na nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. I gcás easnaimh eisiúna maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "Glanéilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(ii)). I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dliteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "Glandliteanais laistigh den Eurochóras a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(ii), Nóta 28). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil[43]. Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi "Glanioncam/(Chaiteachas Úis" (Nóta 2(xii)) sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

### (v) *Leithdháiltí ag BCE*

Chinn an Comhairle Rialaithe go mbeadh sé seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhraíonn sé: ioncam seigniorage BCE a eascraíonn as scair 8% de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar BCE agus an t-ioncam a eascraíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP), agus (e) Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime (PEPP). Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfaidh BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis[44] Déanfar aon chinneadh den sórt sin a ghlacadh i gcás ina measfaidh an Chomhairle Rialaithe, ar bhonn measúnú réasúnaithe arna ullmhú ag an mBord Feidhmiúcháin, go mbeidh caillteanas foriomlán bliantúil ag BCE nó go mbeidh glanbhrabús bliantúil aige a bheidh níos lú ná an t-ioncam seo. Féadfaidh go gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe freisin go n-aistreofar an t-ioncam seo go léir nó cuid de chuig soláthar i leith rioscaí airgeadais. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim arna thabhú ar nótaí bainc euro i gcursaíocht.

---

[43] Cinneadh ó BCE 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna na mBallstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, lch.26.
[44] Cinneadh (AE) 2015/1195 ó BCE an 2 Iúil 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam BCE (BCE/2015/25).

Cuirtear an méid arna dháileadh ar BCNanna in iúl sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi "Ioncam ó Ionstraimí Cothromais agus Leasa Rannpháirteachais" (Nóta 5).

### (vi) *Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta*

An méid d'ioncam airgeadaíochta gach BCN de chuid an Eurochórais, i.e. an glanioncam a thuilltear ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír ó na sócmhainní comharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanas a thomhas.

Tá an bonn dliteanas déanta suas de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro: glandliteanais in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET; agus glandliteanais in-Eurochórais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro i ndáil le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh in-Eurochórais atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eactracha chuig BCE; glanéilimh in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET; éilimh in-Eurochórais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinntí ábhartha BCE[45], meastar go ngineann siad ioncam de réir Ráta is déanaí na Saoráide Taisce arna úsáid ag an Eurochóras.

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta úis is déanaí atá ar fáil agus a fheidhmítear i leith na saoráide taisce arna tairiscint ag an Eurochóras a fheidhmiú i leith luach na difríochta.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc

---

[45] Cinneadh ó BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L 335, 22.10.2014, lch. 22.
Cinneadh ó BCE an 18 Márta 2020 lena mbunaítear clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (BCE/2020/17), IO L 91, 25.03.2020, lch. 1.
Cinneadh (AE) 2015/744 ón BCE an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.

Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais "Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6).

I gcás ina dtabhóidh BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar BCNanna agus go feadh an méid sin.

An 13 Márta 2024, shocraigh an Chomhairle Rialaithe na hathruithe a dhéanfaí ar an gcreat oibríochtúil maidir le beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme[46]. Sa chomhthéacs céanna, chinn an Chomhairle Rialaithe go mbeadh an ráta úis a fheidhmeofaí i leith na saoráide taisce mar bhonn faoin íocaíocht i leith na nithe seo a leanas ón 1 Eanáir 2025 (i) éilimh/dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras (ii) iarmhéideanna TARGET dlite ó/chuig BCNanna (iii) dliteanais/éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha. Go dtí deireadh 2024, ba é an ráta úis arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe ba bhonn leis an luach saothair.  Rinne an t-athrú seo difear don ioncam/caiteachas úis gaolmhar a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa *Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh* 1992 agus in alt 5B d'*Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc Ceannais "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc Ceannais méid a bhí coibhéiseach le €424.8m chuig BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis BCE leis an méid sin. Ón 1 Eanáir 1999 i leith, aistríodh €883.5m san iomlán. An t-éileamh arna eascairt as seo ar BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do ráta na saoráide taisce arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 2(viii), Nóta 17).

### (viii) *Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe*

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den Chlár Comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais

[46] Féach preaseisiúint an 13 Márta 2024 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

athluachála. Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó caillteanais ná gnóthachain athluachála roimhe seo ar bhonn gach urrúis ar leith.

Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi “Cuntais Athluachála” (Nóta 33) nó faoi “Dliteanais Eile” (Nóta 30) i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear lena n-úsáid ag CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Tá punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe, agus neamhchosaint ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfhálaithe, agus sealúchais óir. Déanann an Banc Ceannais neamhchosaint airgeadra a fhálú trí chomhaontuithe ar bhabhtálacha airgeadraí eachtracha, faoina sealbhaíonn an Banc airgeadra eachtrach agus faoina n-úsáideann sé babhtálacha airgeadraí eachtracha chun an neamhchosaint ar riosca airgeadra eachtraigh a theorannú. I gcomhréir leis an Treoirlíne, déanfar réamhghnéithe de chomhaontuithe babhtálacha airgeadraí eachtracha a bhaineann le hairgeadra amháin a mhalairt ar airgeadra eile amach anseo a áireamh sna glansuíomhanna airgeadra eachtraigh chun meánchostais agus gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a ríomh agus, dá bhrí sin, úsáideann an Banc cuntas lasmuigh den Chlár Comhardaithe ar an spotdáta. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne i gCearta Tarraingthe Speisialta (CTS) an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF). Bhí an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn páirt-fhálaithe in 2025 (Nóta 2(xix), Nóta 37(i)). Déantar neamhchosaint ar ráta úis a fhálú trí úsáid a bhaint as conarthaí todhchaíochtaí ráta úis a thaifeadtar lasmuigh den Chlár Comhardaithe (Nóta 2(xv), Nóta 37(ii) 1m(i)).

Déantar conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thaifeadadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a shainaithint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais, faoi “Glanioncam/(Chaiteachas)/Úis” (Nóta 2).

### (ix) Urrúis arna gcoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc Ceannais na hurrúis sin faoi raon feidhme an chláir ceannaigh do CCBC3[47] , agus fuair sé urrúis fiachais faoi raon feidhme CMU[48], PSPP[49], agus PEPP[50]. Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(ii), Nóta 15(i)). Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir a lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú. Tacaíonn an Treoirlíne leis an an gcur chuige cuntasaíochta seo.

### (x) Cearta Tarraingthe Speisialta agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

Déileáltar le CTS mar airgeadra chun críocha cuntasaíochta agus déantar iad a nochtadh faoi "Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro" (Nóta 11(i)(b)).

Is cúlsócmhainní idirnáisiúnta é CTS, arna chruthú ag CAI, a bhfuil Éire ina bhall de. Sainítear CTS i dtéarmaí ciseán airgeadraí agus cinntear a luach trí shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig phríomhairgeadra (Dollar SA, Euro, Renminbi na Síne, Yen na Seapáine agus Punt Steirling).

Déantar suíomh airgeadra shealúchais CTS a chomhshó in euro trí úsáid a bhaint as ráta comhshó an euro i leith CTS amhail ar an dáta deiridh den tréimhse tuairiscithe.

Déantar dliteanas an Bhainc Ceannais do CAI i leith leithdháileadh CTS d'Éirinn a chur in iúl mar "Contraphháirtí CTS arna leithdháileadh ag CAI" (Nóta 27). Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CTS an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe CAI nó de thoradh mhalartuithe CTS ar airgeadra eachtrach le CAI féin, le comhaltaí eile de CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CTS. Féadfaidh go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CTS freisin de thoradh íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais in CAI agus ar shealúchais CTS an Bhainc Ceannais glan ar leithdháiltí CTS.

### (xi) Cistí infheistíochta inmhargaidh

Maidir le cistí infheistíochta inmhargaidh, i gcás nach ndéanann an Banc Ceannais idirghabháil sna cinntí a bhaineann le ceannach nó díol na sócmhainní foluiteacha, déantar iad a luacháil ar phraghsanna margaidh ar bhonn glanchiste (Nóta 1(j)(ii)). Ní

---

[47] Cinneadh ó BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L 335, 22.10.2014, lch. 22.
[48] Cinneadh ó BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.
[49] Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.
[50] Cinneadh ó BCE an 18 Márta 2020 lena mbunaítear clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (BCE/2020/17), IO L 91, 25.03.2020, lch. 1.

cuid den suíomh airgeadra foriomlán iad na cistí seo arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ach is cuid de shealúchas airgeadra ar leith iad. Nochtar iad i "Sócmhainní Eile" (Nóta 19(i), Nóta 19(iii)). Níl glanluacháil idir torthaí athluachála na gcistí éagsúla infheistíochta inmhargaidh.

### (xii) Oibríochtaí Margaidh

**Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe**

Is ionann príomhoibríochtaí athmhaoinithe (POA) agus idirbhearta droim ar ais chun leachtacht a sholáthar a mbíonn minicíocht sheachtainiúil agus aibíocht aon seachtaine acu de ghnáth. Déanann BCNanna iad a fhorghníomhú ar bhonn tairiscintí caighdeánach, i gcomhréir le féilire réamhshonraithe. Bíonn ról ríthábhachtach ag POA i gcomhlíonadh aidhmeanna oibríochtaí margaidh oscailte an Eurochórais. De ghnáth, tugann an Banc Ceannais luach saothair i leith na n-oibríochtaí seo de réir ráta POA is déanaí.

**Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha**

Is ionann oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha (OAF) agus idirbhearta droim ar ais chun leachtacht a sholáthar a mbíonn aibíocht trí mhí acu de ghnáth. Déanann BCNanna iad a fhorghníomhú ar bhonn tairiscintí caighdeánach, i gcomhréir le féilire réamhshonraithe. Leis na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha, féachtar le athmhaoiniú breise fadtéarmach a sholáthar do chontrapháirithe. De ghnáth, ní thugann an tEurochóras comharthaí don mhargadh trí bhíthin na n-oibríochtaí seo. De ghnáth, tugann an Banc Ceannais luach saothair i leith na n-oibríochtaí seo de réir ráta POA is déanaí.

### (xiii) *Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (an 'BIS')*

Nochtar scaireanna sa BIS faoi "Sócmhainní Eile" (Nóta 19 (vi)) agus déantar iad a luacháil ar chostas fála trí úsáid a bhaint as rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 1 (j)(i)).

Déantar díbhinn a fhaightear ar scaireanna sealbhaithe a thaifeadadh mar "Ioncam ó Ionstraimí Cothromais agus ó Leasanna Rannpháirteachais" (Nóta 5(i)).

### (xiv) Leas Rannpháirteachais in BCE

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad BCNanna CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana

nó nuair a bhíonn athrú ar chomhdhéanamh bhainc cheannais náisiúnta CEBC (Nóta 1(c)(ii), Nóta 16, Nóta 39(i)).

Folaítear sa leas rannpháirteachais scála an Bhainc Ceannais le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE, mar aon leis na glanmhéideanna a íocann nó a fhaigheann an Banc Ceannais de bharr méadú nó laghdú ar a sciar i luach cothromais BCE de thoradh na gcoigeartuithe go léir roimhe sin ar scála caipitil BCE.

#### (xv) *Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile*

Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile, seasann siad do shócmhainní agus dliteanais a nochtar ar luach ainmniúil arna gcomhshó de réir ráta malairte eachtraí an mhargaidh (Nóta 11(ii), Nóta 12, Nóta 13(ii), Nóta 22, Nóta 24(i), Nóta 25, Nóta 30(i), (iii), (iv), (vii)).

### (d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhraithe.

### (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreachta

**Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe**

#### (i) *Tomhas*

Déantar Maoin, Gléasra, Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha, ní dhéantar athluacháil orthu agus bíonn siad faoi réir lagú.

#### (ii) *Dímheas*

Déantar dímheas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Téann an Banc Ceannais i muinín a bhreithiúnais le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais. Le linn déanamh amhlaidh, féadfaidh gclaonfaidh an saol úsáideach measta ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

**Maoin, Gléasra agus Trealamh**

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh | - | 20 - 50 bliain |
| Gléasra agus Innealra | - | 5 - 15 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | - | 3 - 5 bliana |
| Trealamh Eile | - | 5 bliana |
| Troscán, Feistis agus Daingneáin | - | 5 bliana |

**Sócmhainní Doláimhsithe**

| | | |
|---|---|---|
| Bogearraí Ríomhaireachta | - | 3 - 5 bliana |

### (iii) *Lagú*

Le FRS 102, ceanglaítear go ndéanfar athbhreithniú maidir le lagú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i gcás ina dtabharfaidh teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh a suim ghlanluacha inghnóthaithe. Más rud é gur lú méid in-aisghabhála sócmhainne ná a suim ghlanluacha, laghdóidh an Banc suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí a méid in-aisghabhála. Is ionann an laghdú sin agus caillteanas lagaithe Nóta 8(iv).

Ar gach dáta tuairiscithe, déanann an Banc measúnú i dtaobh an bhfuil aon léiriú ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe. Má tá léiriú den sórt sin ann, déanfaidh an Banc méid in-aisghabhála na sócmhainne sin a mheas. Mura bhfuil léiriú ann maidir le lagú, ní gá an méid in-aisghabhála a mheas.

Is ionann méid in-aisghabhála sócmhainne nó aonaid giniúna airgid agus a luach cóir is airde lúide costais a bhaineann le díol agus a luach úsáide (Note 20(i).

### (iv) Dí-aithint

Déantar MGT nó Sócmhainní Doláimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh siad diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as a ndiúscairt amach anseo. D'eascródh gnóthachain nó caillteanais as an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chaillteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne amhail ar dháta an idirbhirt.

### (v) Sócmhainní á dTógáil nó á bhForbairt

Maidir le sócmhainní dochta a chomhlíonann critéir chaipitlithe ach atá fós á dtógáil nó á bhforbairt, déantar iad a thaifeadadh faoin gceannteideal 'Sócmhainní á dTógáil' más sócmhainní inláimhsithe iad, nó faoi 'Sócmhainní á bhForbairt' más sócmhainní

doláimhsithe iad. Déantar na costais ghaolmhara a aistriú chuig an gceannteideal iomchuí le haghaidh sócmhainní dochta a luaithe a bheidh na sócmhainní ar fáil lena n-úsáid (Nóta 20(i), Nóta(ii)(a)).

**Sócmhainní Oidhreachta**

Tá bailiúchán ealaíne ag an mBanc Ceannais nach n-aithnítear ina chuntais bhliantúla ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 20(i)(d)).

### (vi) Bonn maidir le caipitliú saothair inmheánaigh

Maoin, Gléasra & Trealamh: Aon chostais atá inchurtha go díreach d'aistriú na sócmhainne chuig an suíomh agus do bhail riachtanach chun go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an mbainistíocht, féadfar iad sin a chaipitliú. Orthu sin, áirítear costais a bhaineann le hullmhú an tsuímh, seachadadh tosaigh agus láimhseáil, suiteáil agus cóimeáil, agus tástáil feidhmiúlachta.
Sócmhainní Doláimhsithe: Costais a bhaineann le sochair fostaithe (mar a mhínítear iad in Alt 28 Sochair Fostaithe FRS 102) arna n-eascairt as giniúint na sócmhainne doláimhsithe, féadfar iad sin a chaipitliú (Nóta 8).

### (f) Sochair Scoir

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc Ceannais, faigheann comhaltaí foirne buana an Bhainc Ceannais na sochair aoisliúntais chéanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc Ceannais na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlite. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc Ceannais an tráth sin (Willis), aistríodh €400m ó acmhainní an Bhainc Ceannais chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim Pinsin do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus cé is moite de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin i leith na príomhscéime. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc Ceannais tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime

sa todhchaí (Nóta 31). Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a mbainean an téarma céanna leo agus atá ag na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 8, Nóta 31(i)) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 7, Nóta 31(i)). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dliteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an Mhionta[51]. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 31(ii)).

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghais, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. I nóta 31, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dliteanais agus costais pinsin do 2025. Más lú luach reatha na hoibleagáide maidir le sochar sainithe ná luach cóir shócmhainní an phlean, tá barrachas sa phlean. Aithníonn an Banc Ceannais barrachas sa phlean mar shócmhainn plean sochair shainithe toisc gur féidir leis an mBanc Ceannais an barrachas seo a ghnóthú trí ranníocaíochtaí laghdaithe amach anseo (Nóta 31(iii)).

### (g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc Ceannais monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais (lena n-áirítear forchostais áitiúla) a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Déantar costas táirgthe monaí a ghearradh ar an gCúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 24(ii)). In alt 14A den *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta* 1998, (arna chur isteach le halt 137 den *Acht Airgeadais* 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais.

---

[51] Bíonn Banc Ceannais na hÉireann ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire  Airgeadais le linn dó boinn euro a tháirgeadh agus a eisiúint. Tugtar an seigniorage ar fad a fhaightear ar ais don Státchiste. Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra. .

### (h) Airgeadra Feidhme agus Tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhme agus tuairiscithe an Bhainc Ceannais. Idirbhearta cuntasaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotráta ar dháta an Chláir Chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 3(ii)(i), Nóta 33).

### (i) Ioncam Amúchta

I mí Feabhra 2024, d'aistrigh an Banc Ceannais chuig córas bainistíochta cisteáin nua. De thoradh an aistrithe seo i mí Feabhra 2024, athraíodh modh amúchta préimheanna agus/nó lascainí arna n-eascairt as urrúis ó bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta go modh an Ráta Toraidh Inmheánaigh (IRR) agus áirítear iad in "Glanioncam Úis" (Nóta 2). Rinneadh an t-athrú seo a chur i gcuntas go cúlghabhálach agus ní dhéanann sé difear don phréimh nó do na lascainí thar théarma iomlán na n-urrús ioncaim sheasta.

### (j) Beartas Luachála

(i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 33(iii)). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

(ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith, ach amháin más infheistíochtaí, go príomha, iad na hurrúis seo i gcistí cothromais a luacháiltear ar bhonn glan. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh (MÓM), déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó

riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(b), Nóta 33(v)).

I gcomhréir leis an Treoirlíne is infheidhme maidir le hionstraimí cothromais inmhargaidh, déantar athluacháil infheistíochtaí i gcistí cothromais ar bhonn glan seachas ar bhonn scair leithleach. Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tugtar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála (Nóta 1(c)(xi), (k), Nóta 19(I), (iii), Nóta 33(iii), (iv)).

Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo sa chuntas athluachála (Nóta 3(ii)).

(iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagú. Déantar athbhreithniú um lagú ar bhonn bliantúil (Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(a), Nóta 1(m)(i)).

(iv) Déantar ór a luacháil ar mheánphraghas scoir margaidh (Nóta 10, Nóta 33(i)).

(v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc Ceannais a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite atá ar áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraithe i leith na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraithe). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(b), Nóta 33(v)).

### (k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir a ríomh faoi threoir meánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc Ceannais (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála (Nóta 33).

Tugtar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús, nó ar bhonn glan i leith cistí cothromais. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a dtugtar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe sa todhchaí.

### (l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc Ceannais sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais.

Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ann an chomaoin a thabhairt ar ais (Nóta 23, Nóta 26). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc Ceannais. Coinníonn an Banc Ceannais formhór na rioscaí agus luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais (Nóta 11(ii)(b), Nóta 12(ii), Nóta 14(i)) ach ní áirítear iad i sealúchais urrús an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn fiúntas eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais.

Eascraíonn ioncam úis nó úschostas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála as comhaontuithe athcheannaigh agus comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais. Déileáltar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh nó an praghas ceannaigh agus athdhíola mar ioncam

úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(vii)).

### (m) Soláthairtí

#### (i) Lagú

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 32). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní aonair).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc Ceannais, ar dháta an Chláir Chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhófar caillteanais lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis (“teagmhas caillteanais”) agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

(i) rédhliteacht ó thaobh íocaíochtaí conarthacha príomhshuime nó úis

(ii) deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí

(iii) tús a chur le socrú um athstruchtúrú fiachais

(iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh

(v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéal inghlactha

(vi) dálaí díobhálacha eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar dhalaí tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc Ceannais cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar bhonn aonair ar urrúis atá suntasach ar bhonn aonair, agus gur tharla lagú ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann ar urrúis nach bhfuil suntasach ar bhonn aonair. Má chinneann an Banc Ceannais nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis arna measúnú ar bhonn aonair, cibé acu an urrúis shuntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheasúnú le chéile i ndáil le lagú.

Urrúis a mheasúnaítear ar bhonn aonair maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir glanráta bunaidh úis de chuid an urrúis.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús arna measúnú le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheasúnú ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 3(iii)).

### (ii) Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc Ceannais, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí airgeadais.

Tá an soláthar seo bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach a bheadh ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc Ceannais ar a neamhchosaint ar an riosca seo, agus raon tosca á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithneofar scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 3(iii), Nóta 32(i)).

### (iii) *Soláthar i leith Riosca Contrapháirtí in Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta de chuid an Eurochórais*

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir BCNanna na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa in BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain tosaigh.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais ghinearálta do sholáthairtí.

Déanann an Banc Ceannais cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102.

### (n) Meastacháin agus Breithniúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Cuntas:

- Lagú: (Nóta 1(e)(iii), (j)(iii), (m)(i), Nóta 20(i)(b))
- Soláthairtí: (Nóta 1(m)(ii), (iii), Nóta 32)
- Rátaí dímheasa: (Nóta 1(e)(ii), Nóta 20(c))
- Luacháil ar an Scéim Pinsin le Sochar Sainithe: (Nóta 31)
- Ioncam Tobhaigh: (Nóta 40 (ii))
- Maoin Infheistíochta a Luacháil: (Nóta 1(p), Nóta 8(iii), Nóta 19(v))

### (o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943.* Féadfaidh an Banc Ceannais suas go huasmhéid 20% den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a chur chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 9).

### (p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

#### *(i) Tomhas Tosaigh*

Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar costas ag an tosach, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i "Sócmhainní eile" (Nóta 19(v)).

#### (ii) Tomhas ina dhiaidh sin

Réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar í a thomhas ar luach cóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a

bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana (Nóta 8(iii)). Déantar laghduithe ar luach cóir a fhrithháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

#### (iii) Ioncam Cíosa

Tugtar cuntas in ioncam cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in "Glanioncam Eile" (Nóta 7(iii)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

### (q) An Príomh-Chlár Creidmheasa

Bíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR), bunachar sonraí náisiúnta um fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa, á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais faoin Acht um Thuairisciú Chreidmheasa 2013 agus faoi rialacháin ghaolmhara. Níor cheart go mbeadh oibriú an CCR ag an mBanc Ceannais ina bhun le brabús nó caillteanas agus, dá bhrí sin, déantar na costais go léir a bhaineann leis a fháil ar ais trí tháillí a mhuirearú ar na Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna). Déantar táillí a mhuirearaítear ar CIPanna i leith tuarascálacha creidmheasa a thaifeadadh in "Glanioncam Eile" (Nóta 7(ii)). Déantar costais foirne agus costais eile go léir (lena n-áirítear leithdháileadh costas neamhdhíreach) a áireamh laistigh de na haicmí costais ábhartha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

Déanann an Banc Ceannais ioncam ó tháillí agus costais CCR a imfhálú agus a bhainistiú ar bhonn carnach chun a chinntiú nach n-éiríonn aon bhrabús nó aon chaillteanas as oibriú CCR.

### (r) Dliteanais Theagmhasacha a Aithint

Is ionann dliteanas teagmhasach agus oibleagáid atá féideartha ach éiginnte nó oibleagáid reatha nach n-aithnítear toisc nach meastar gur íocaíocht ionchasach í nó toisc nach féidir an méid a mheas go hiontaofa. Cé nach n-aithníonn an Banc Ceannais dliteanais theagmhasacha, déantar iad a nochtadh mura beag an dóchúlacht go dtarlóidh siad (Nóta 35).

## Nóta 2: Glanioncam Úis

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| TARGET (i) | 1,985,305 | 3,777,949 |
| Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii) | 388,681 | 403,948 |
| Urrúis – MÓM (iii) | 201,227 | 239,302 |
| Urrúis – CGA (iv) | 170,919 | 128,234 |
| Taiscí (v) | 45,097 | 39,756 |
| CTS (vi) | 36,740 | 47,722 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (vii) | 33,183 | 55,492 |
| Aistriú Sócmhainní Cúlchistí Eachtracha chuig BCE (viii) | 17,200 | 31,547 |
| Eile (ix) | 937 | 1,387 |

| | | |
|---|---|---|
| Oibríochtaí Margaidh Oscailte (x) | 68 | 1,283 |
| **Ioncam Úis** | **2,879,357** | 4,726,620 |
| | | |
| Taiscí Institiúidí Creidmheasa (xi) | (1,751,053) | (3,194,906) |
| Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras (xii) | (466,525) | (757,878) |
| Taiscí Rialtais (xiii) | (355,483) | (683,098) |
| Ciste Ranníocach SRT (xiv) | (24,491) | (40,176) |
| Comhaontuithe Athcheannaigh (vii) | (3,827) | (18,484) |
| Eile (xv) | (1,478) | (8,389) |
| An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (xvi) | (1,481) | (2,492) |
| Comhaontuithe Athcheannaigh (vii) | (1,385) | (1,215) |
| Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (xvii) | (1,381) | (2,331) |
| An Ciste Cúitimh Árachais (xviii) | (385) | (1,057) |
| Babhtálacha (xix) | (71) | (42) |
| **Úschostas** | **(2,607,560)** | (4,710,068) |
| | | |
| **Iomlán** | **271,797** | 16,552 |

(i) Baineann an mhír seo le hioncam úis arna thuilleamh de thoradh íocaíochtaí euro trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET. Is ag deireadh gach lae a ríomhann BCE an t-ioncam úis ar na hiarmhéideanna seo (Nóta 18), a n-íocfar a luach saothair de réir rátaí gearrthéarmacha beartais de chuid an Eurochórais. I gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle Rialaithe ar an 13ú Márta 2024, is é Ráta na Saoráide Taisce (DFR) an ráta is infheidhme i leith Iarmhéideanna TARGET ón 1 Eanáir 2025. Íocadh na hiarmhéideanna sin de réir ráta úis na bPríomhíocaíochtaí Athmhaoinithe (POA) in 2024. B'ionann meán-DFR agus 2.3% do 2025 agus b'ionann meán-POA agis 4.1% do 2024. (Nóta 1(c)(ii)). Tá laghdú tagtha ar ioncam úis ó €3,777.9m in 2024 go €1,985.3m in 2025 mar thoradh ar an laghdú ar ráta úis i dteannta mheánsealúchais níos ísle iarmhéideanna TARGET.

(ii) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus déantar é a mhiondealú mar seo a leanas (Nóta 1(c)(ix), Nóta 15(i)):

### Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| PSPP | 294,580 | 319,783 |
| PEPP | 91,088 | 74,470 |
| CCBC3 | 1,699 | 3,378 |
| CMU | 1,314 | 6,317 |
| **Iomlán** | **388,681** | **403,948** |

Baineann an laghdú ar PSPP, CBPP3 agus ar CMU, le sealúchais níos ísle sna punanna seo thar an tréimhse. Freagraíonn an méadú ar ioncam PEPP torthaí níos airde le linn 2025 d'ainneoin sealúchais laghdaithe (Nóta 15(i)).

San ioncam ar urrúis a shealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

(iii) Baineann an mhír seo le hioncam úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais.

Tháinig laghdú ar ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis i bPunanna MÓM go €201.2m (2024: €239.3m). Tá laghdú tagtha ar ioncam mar thoradh ar an timpeallacht torthaí atá i réim le haghaidh athinfheistíochtaí ar infheistíochtaí euro agus airgeadra eachtraigh an Bhainc Ceannais. (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i) agus Nóta 15(ii)(b)).

San ioncam ar urrúis MÓM, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

(iv) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí atá aicmithe mar bhannaí a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Mhéadaigh an t-ús arna thuilleamh ar na hurrúis sin go €170.9m (2024: €128.2m) de thoradh bannaí aibithe a athinfheistiú i mbannaí a mbaineann torthaí níos airde leo mar aon le méadú ar mheánsealúchais (Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(a)).

San ioncam ar urrúis CGA, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

(v) Baineann ioncam taiscí go príomha le hioncam arna thuilleamh ar shealúchais taiscí. Tá an méadú ar ioncam go €45.1m (2024: €39.8m) inchurtha do mhéadú ar shealúchais taiscí EUR in 2025. (Nóta 13 (ii)).

(vi) Baineann sé seo le hús ar Chuóta na hÉireann in CAI agus ar shealúchais CTS na hÉireann mar aon le táillí ar leithdháileadh CTS ar Éirinn (Nóta 11(i), Nóta 27). Íocann CAI ús gach ráithe de réir ráta úis CTS.

(vii) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh nó le hús arna thabhú ag an mBanc Ceannais mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann ioncam

nó caiteachas arna ghiniúint don difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh/ceannaigh agus an praghas díola ina dhiaidh sin. Tá laghdú tagtha ar ghlanioncam úis ar idirbhearta athcheannaigh agus ar idirbhearta athcheannaigh droim ar ais de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 11(ii)(b), Nóta 12(ii), Nóta 14(i), Nóta 23, Nóta 26).

(viii) Baineann sé seo le híocaíocht Sócmhainní Cúlchiste Eachtraigh arna n-aistriú chuig BCE. Leis an laghdú ar ioncam go €17.2m (2024: €31.5m) léirítear an t-athrú ar an ráta luacha saothair ó ráta POA go DFR. B'ionann agus 2.3% DFR ar an meán do 2025 agus b'ionann agus 4.1% ráta POA ar an meán do 2024 (Nóta 1(c)(vii), Nóta 17).

(ix) Tá an laghdú ar Ioncam Eile go dtí €0.9m (2024: €1.4m) inchurtha go príomha do laghdú ar ioncam úis a bhaineann le babhtálacha airgeadraí eachtracha arna seoladh mar ghnáthghníomhaíocht margaidh (Nóta 37(i)).

(x) Cuimsítear sa mhír seo an glanioncam ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) agus POAanna. Leis an laghdú ar ioncam go €0.1m (2024: €1.3m), tá sé inchurtha do laghdú ar ghníomhaíochtaí iasachtaithe in 2025 (Nóta 1(c)(xii), Nóta 14).

(xi) Thaifead an Banc Ceannais úschostas €1,751.1m ar Thaiscí Institiúidí Creidmheasa (2024: €3,194.9m) (Nóta 30(ii), Nóta 22).

Féadfaidh Institiúidí Creidmheasa leas a bhaint as an tsaoráid taisce seo chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce (DFR). Bhí an t-úschostas níos ísle inchurtha do laghdú ar mheán-DFR go 2.3% (2024: 3.7%) agus do laghdú ar mheánsealúchais na saoráide taisce le linn 2025 (Nóta 22(i)).

(xii) Tá an t-úschostas seo bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar gach BCN i gcomhréir lena scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann an Banc Ceannais i gcúrsaíocht go hiarbhír. Tháinig méadú ar an difríocht idir na nótaí bainc a eisíodh iarbhír ag an mBanc Ceannais agus an méid a leithdháileadh in 2025 i gcomparáid le 2024. Tá an laghdú ar chaiteachas úis inchurtha do luach saothair a bheith á íoc i leith iarmhéideanna de réir DFR, ráta POA roimhe sin. B'ionann DFR agus 2.3% do 2025, fad gurb ionann meánráta POA agus 4.1% do 2024 (Nóta 1(c)(vii), Nóta 21, Nóta 28, Nóta 30(ii)).

(xiii) Íoctar luach saothair i leith Taiscí Rialtais ag €STR lúide 20 bonnphointe. Mar thoradh ar mheánTaiscí Rialtais ní b'ísle, i dteannta €STR ní b'ísle lúide 20

bonnphointe de 2.0% in 2025 (2024: 3.4%), tá laghdú tagtha ar chaiteachas úis foriomlán do 2025 go €355.5m (2024: €683.1m) (Nóta 24(i), Nóta 30(ii)).

(xiv) Baineann sé seo le costais ar Chiste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (SRT) a n-íoctar luach saothair ina leith ag €STR lúide 20 bonnphointe. Tá an caiteachas úis níos ísle in 2025 inchurtha do €STR ní b'ísle lúide 20 bonnphointe de 2.0% in 2025 (2024: 3.4%) (Nóta 30(i), Nóta 30(ii)).

(xv) Tá an laghdú ar Chaiteachas úis eile inchurtha go príomha do laghdú ar chaiteachas úis a bhaineann le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí arna n-úsáid chun punann euro MÓM a fhálú (Nóta 1(c)(viii), Nóta 37(ii)).

(xvi) Baineann sé seo le húschostas ar an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa (CIRF) a n-íoctar luach saothair ina leith ag €STR lúide 20 bonnphointe. Tá an laghdú ar ar gcaiteachas in 2025 inchurtha do laghdú ar €STR lúide 20 bonnphointe go 2.0% (2024: 3.4%) in ainneoin gur tháinig méadú beag ar mheán-iarmhéideanna a bhí á sealbhú leis an mBanc Ceannais ag an gCiste (Nóta 30(ii), Nóta 30(iv).

(xvii) Baineann sé seo le húschostas ar an gCiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (BIFR) a n-íoctar luach saothair ina leith ag €STR lúide 20 bonnphointe. Tá an laghdú ar ar gcaiteachas in 2025 inchurtha do laghdú ar €STR lúide 20 bonnphointe go 2.0% (2024: 3.4%) in ainneoin go raibh iarmhéideanna níos airde á sealbhú leis an mBanc Ceannais ag an gCiste (Nóta 30(ii), Nóta 30(iii)).

(xviii) Baineann sé seo le caiteachas úis ar an gCiste Cúitimh Árachais (ICF) a n-íoctar luach saothair ina leith ag ráta €STR lúide 20 bonnphointe. Tá an laghdú ar ar gcaiteachas inchurtha do laghdú ar €STR lúide 20 bonnphointe go 2.0% in 2025 (2024: 3.4%) i dteannta iarmhéid níos ísle arna shealbhú leis an mBanc Ceannais ag an gCiste de bharr aisíocaíochtaí na hiasachta ón Aire (Nóta 30(ii), Nóta 30(vii)).

(xix) Tá an t-úschostas níos airde inchurtha do ghluaiseachtaí ginearálta ar ghníomhaíocht conarthaí malairte eachtraí in 2025 (Nóta 1(c)(viii), Nóta 37(i)).

## Nóta 3: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Glan-ghnóthachain a eascraíonn as Oibríochtaí Airgeadais (i) | 145,915 | 75,830 |
| Díluachálacha ar Shócmhainní agus Staideanna Airgeadais (ii) | (107,979) | (33,498) |
| Aistriú ó Sholáthairtí (iii) | 104,616 | 795,384 |
| **Iomlán** | **142,552** | **837,716** |

### (i) Glanghnóthachain Réadaithe arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Gnóthachain/(Caillteanais) Praghais Réadaithe ar Urrúis | 2,836 | (6,188) |
| *- Punann CGA (a)* | *(384)* | *(6,092)* |
| *- Punann MÓM (b)* | *3,220* | *(96)* |
| Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Chistí (c) | 151,878 | 78,725 |
| Gnóthachain/(Caillteanas) Réadaithe Rátaí Malairte (d) | (8,799) | 3,293 |
| **Iomlán** | **145,915** | **75,830** |

a) Léiríonn sé seo na cailltanais réadaithe ar urrúis i bpunann CGA. Tá caillteanais réadaithe €0.4m (2024: €4.4m) inchurtha do na díolacháin éigeantacha ón bpunann mar bhí treoraithe ag BCE d'fhonn cloí le teorainneacha ar chláir ceannaigh BCE (Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(a)).

b) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar urrúis i bpunann MÓM in 2025. Baineann gnóthachain réadaithe €3.2m (2024: caillteanas €0.1m) le díolacháin urrús le linn na tréimhse seo. (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(b)).

c) D'fhonn méadracht charbóin infheistíochtaí an Bhainc a fheabhsú, tá an Banc Ceannais ag aistriú óna thagarmharc traidisiúnta cothromais (ciste Innéacs Cothromais Domhanda MSCI) go tagarmharc AE ailínithe le Comhaontú Pháras (ciste Innéacs Cothromais Inmharthana Forleagain MSCI PAB). Le linn 2025, tharla an t-aistriú deireanach ó chiste Innéacs Cothromais Domhanda MSCI go ciste Innéacs Cothromais Inmharthana Forleagain MSCI PAB, rud a chuir le gnóthachan €137.9m (2024: €78.7m) (Nóta 19(i)) Fuair an Banc Ceannais gnóthachan €14.0m freisin (2024: Nialas) ar dhífheistiú coda dá Chiste KRW BIS.

d) Léiríonn sé seo glanchaillteanas réadaithe ráta malairte, mar thoradh go príomha ar dhífheistiú páirteach i bpunann CNY, as ar tháinig caillteanas FX san airgeadra seo (€8.8m) (2024: €3.3m) (Nóta 11(ii), Nóta 12, Nóta 37(i)).

### (ii) Díluachálacha Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Caillteanais Neamhréadaithe ar Rátaí Malairte (a) | (102,478) | (30,064) |
| Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis (b) | (5,501) | (3,434) |
| **Iomlán** | **(107,979)** | **(33,498)** |

a) An méadú ar an gcaillteanas neamhréadaithe ráta malairte in 2025 go €102.5m (2024: €30.1m), baineann sé le méadú ar chaillteanais neamhréadaithe ar chearta tarraingthe speisialta (CTS) agus ar chaillteanais CNY i gcomparáid le 2024 agu ar chaillteanais neamhréadaithe leanúnacha ar shealúchais AUD agus ar chiste Won na Cóiré de chuid BIS arna spreagadh ag gluaiseachtaí diúltacha ar rátaí malairte (Nóta 11(i), Nóta 19(iii), Nóta 27).

b) Baineann an méadú ar chaillteanais neamhréadaithe praghais ar urrúis go €5.5m (2024: €3.4M) le meathlú ar luachmhargadh urrús ag deireadh na bliana (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(b)).

### (iii) Aistriú ó Sholáthairtí

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais (i) | 104,616 | 795,384 |
| **Iomlán** | **104,616** | **795,384** |

(i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí airgeadais a bhaineann le neamhréir ráta úis ar a Chlár Comhardaithe. Íocadh €104.6m (2024: €795.4m) den soláthar seo chun caillteanais airgeadais arna dtabhú le linn 2025 a chlúdach (Nóta 1(m)(ii), Nóta 32(i)).

## Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Iasachtú Urrús (i) | 1,055 | 1,579 |
| Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET (ii) | 911 | 53 |
| Táillí agus Muirir Seirbhíse | 459 | 477 |
| **Iomlán** | **2,425** | **2,109** |

(i) Tháinig laghdú ar an mír seo go €1.1m in 2025 (2024: €1.6m) mar thoradh ar laghdú ar ghníomhaíochtaí iasachtaithe urrús le linn na tréimhse.

(ii) Baineann an mhír seo le táillí barrachais arna n-íoc ag BCNanna i leith seirbhísí TARGET a sholáthar, ar táillí iad a leithdháileadh ar BCNanna i gcomhréir lena scaireanna scála Eurochórais.

## Nóta 5: Ioncam ó Ionstraimí Cothromais agus ó Leasanna Rannpháirteachais

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Díbhinn BIS (i) | 3,799 | 3,882 |
| Eile (ii) | - | (1,214) |
| **Iomlán** | **3,799** | **2,668** |

(i) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 19(vi), Nóta 35(i)).

(ii) Baineann an mhír seo le híocaíochtaí úis le BCE mar thoradh ar choigeartuithe ar an scála caipitil. Ní raibh aon choigeartú ar an scála caipitil in 2025.

## Nóta 6: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (i) | (249,819) | (725,445) |
| Scaoileadh soláthair ó scair d'Urrúis lagaithe Eurochórais (ii) (Nóta 32(iii)) | - | 721 |
| **Iomlán** | **(249,819)** | **(724,724)** |

(i) Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais, arbh ionann é agus €785.7m (2024: €1,712.9m), agus méid €537.7m a athdháileadh ar an mBanc Ceannais (2024: €981.0m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar BCNanna de réir a scaireanna scála Eurochórais faoi seach, i dteannta úis mar atá léirithe sa tábla thíos. (Nóta 1(c)(vi), Nóta 29).

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe | (785,663) | (1,712,943) |
| Ioncam airgeadaíochta athdháilte | 537,674 | 980,959 |
| **Glaníocóir Ioncaim Airgeadaíochta** | **(247,989)** | **(731,984)** |
| Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo | - | 8,941 |
| Íocaíocht úis a bhaineann le hIoncam Airgeadaíochta | (1,830) | (2,402) |
| **Iomlán** | **(249,819)** | **(725,445)** |

(ii) Baineann an mhír seo le díscaoileadh soláthair arna bhunú in 2023 i leith caillteanas i bpunann oibríochtaí beartais airgeadaíochta. B'ionann an t-iarmhéid do 2025 agus Nialas (2024: €0.1m) (Nóta 32(iii)).

## Nóta 7: Glanioncam Eile

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Glantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais (i) | 222,939 | 231,920 |
| Toradh Ionchasach ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 31 (i)) | 38,400 | 33,100 |
| Eile (ii) | 12,391 | 14,197 |
| Ioncam Eile ó Rialáil Airgeadais (i) | 6,418 | 5,752 |
| Ioncam Cíosa (iii) | 2,938 | 2,932 |
| Pionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais (iv) | 1,337 | 1,225 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin (Nóta 31 (i)) | (38,000) | (35,200) |
| **Iomlán** | **246,423** | **253,926** |

(i) I Nóta 40, tugtar briseadh síos ar Ghlantobhach Maoiniúcháin an Tionscail i leith Rialáil Airgeadais.

(ii) In Eile, áirítear Ioncam an Phríomh-Chláir Creidmheasa (CCR) arb ionann é agus €8.5m (2024: €11.1m) a sheasann do tháillí arna ngearradh ar Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna) i leith tuarascálacha creidmheasa arna n-eisiúint ó 1 Iúil 2019 (Nóta 1(q)).

(iii) Baineann ioncam cíosa le fáltais ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer atá á ligean le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 19 (v)). Bhí tionónta amháin i mBloc R, Duga Spencer amhail ar an 31 Nollaig 2025. An 22 Eanáir 2026, rinne an Banc Ceannais díol an fhoirgnimh ag Duga Spencer le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a thabhairt i gcrích (Nóta 39(ii)).

(iv) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna is iníoctha leis an mBanc Ceannais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais maidir le sáruithe ar cheanglais rialála. Déantar iad a aithint tar éis na comhaontuithe socraíochta a bheith tugtha chun críche leis na heintitis sin, agus déantar athbhreithniú ag deireadh na bliana ar inbhailitheacht aon phionós atá fós gan íoc. Má tá amhras ann faoi inbhailitheacht na bpionós sin, déanfar soláthar a aithint. Rinneadh méid iomlán na bpionós sin, arbh ionann é agus €1.3m (2024: €1.2m) a íoc ag deireadh na bliana.

## Nóta 8: Caiteachais Iomlána

| | Iomlán Chaiteachais na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála[52] | | An Mionta[53] | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 €000 | 2024 €000 | 2025 €000 | 2024 €000 | 2025 €000 | 2024 €000 |
| Caiteachais Foirne (i) | **258,653** | **246,287** | **2,250** | **2,112** | **260,903** | **248,399** |
| Caiteachais Chaipitlithe Foirne (Nóta 1(e)(vi)) | (8,476) | (6,366) | (60) | (43) | (8,536) | (6,409) |
| **Glanchaiteachais Foirne** | **250,177** | **239,921** | **2,190** | **2,069** | **252,367** | **241,990** |
| Caiteachais Oibríochtúla Eile (ii) | 112,110 | 107,693 | 1,184 | 1,005 | 113,294 | 108,699 |
| Caillteanas Neamhréadaithe ar Réadmhaoin Infheistíochta (iii) | 410 | 7,000 | - | - | 410 | 7,000 |
| Muirear Iagaithe ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh (iv) | 16,305 | - | - | - | 16,305 | - |
| Dímheas | 33,549 | 28,761 | 283 | 111 | 33,833 | 28,872 |
| Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra (v) | 4,626 | 4,872 | 4,643 | 1,481 | 9,268 | 6,352 |
| **Caiteachais Iomlána[54]** | **417,177** | **388,247** | **8,299** | **4,665** | **425,477** | **392,913** |

### (i) Caiteachais Foirne

| | Iomlán Chaiteachais na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála | | An Mionta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 €000 | 2024 €000 | 2025 €000 | 2024 €000 | 2025 €000 | 2024 €000 |
| Tuarastail/Liúntais (a) | 209,318 | 198,113 | 2,042 | 1,923 | 211,360 | 200,036 |
| Pinsin (Nóta 31(i)) | 27,700 | 27,600 | - | - | 27,700 | 27,600 |
| ÁSPC Fostóra | 21,635 | 20,574 | 208 | 189 | 21,843 | 20,763 |
| **Iomlán** | **258,653** | **246,287** | **2,250** | **2,112** | **260,903** | **248,399** |

#### (a) Tuarastail/Liúntais

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Bunphá (i) | 208,540 | 197,295 |
| Liúntais | 1,507 | 1,830 |
| Ragobair | 697 | 876 |
| Sochair Foirceannadh Fostaíochta (ii) | 615 | 35 |
| **Sochair Ghearrthéarmacha Iomlána Foirne** | **211,360** | **200,036** |
| Líon Foirne (FTE) ar an 31 Nollaig (iii) | **2,225** | **2,263** |

[52] I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta
[53] Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 24(ii))
[54] Seans nach suimfidh na hiomláin sna ráitis airgeadais agus sna táblaí atá sa nóta toisc gur slánaíodh iad. Léiríonn na figiúirí 0 agus (0) méideanna dearfach nó diúltacha arna slánú go náid, fad a léiríonn dais (-) náid.

(i) I mBunphá, áirítear fabhrú €11.2m i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2024: €10.1m) (Nóta 30(vi)). Ó 2013 i leith, tá méadú tagtha ar thuarastail i gcomhréir le comhaontuithe pá de chuid na Seirbhíse Poiblí.

(ii) Rinneadh íocaíochtaí in ionad fógra, arbh ionann san iomlán iad agus €141k, le seachtar le linn na bliana (2024: ceithre íocaíocht in ionad fógra arbh ionann iad agus €10k). Bhí cúig íocaíocht san iomlán ann in 2025 arbh ionann san iomlán iad agus €474k ar fhoirceannadh fostaíochta (2024: dhá íocaíocht arbh ionann san iomlán iad agus €25k). Tá €1k a bhaineann le costais ghaolmhara dhlíthiúla ar áireamh i bpá freisin (2024: €88k).

(iii) FTE - Coibhéis lánaimseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirnigh.

*Luach saothair le comhaltaí Feidhmiúcháin den Choimisiún in 2025*

| Ainm | 2025 | Tuarastal | 2024 | Tuarastal |
|---|---|---|---|---|
| **Gabriel Makhlouf**<br><br>Gobharnóir (a)(b) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €342,239 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €331,369 |
| **Sharon Donnery**<br><br>Leas-Ghobharnóir Rialáil Airgeadais (a) | N/B | N/B | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €288,147 |
| **Vasileios Madouros**<br><br>Leas-Ghobharnóir Cobhsaíocht Airgeadais & Airgeadaíochta (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €297,599 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €288,147 |
| **Mary-Elizabeth McMunn**<br><br>Leas-Ghobharnóir Rialáil Airgeadais (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €297,599 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | N/B |

(a) Maidir le teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra Gabriel Makhlouf, an Leas-Ghobharnóra Vasileios Madouros, agus an Leas-Ghobharnóra Mary-Elizabeth McMunn, ní théann siad thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 31).

(b) Tá pinsean á fháil ag Gabriel Makhlouf ó sheirbhís phoiblí na Ríochta Aontaithe freisin.

*Táillí Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| Ainm | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| David Miles (ar scor – 30 Samhain 2025) | €13,691 | €14,936 |
| John Trethowan | €14,936 | €14,936 |
| Niamh Moloney (ar scor – 31 Márta 2025) | €4,979 | €14,936 |
| Sarah Keane | €14,936 | €14,936 |
| Shay Cody | €14,936 | €14,936 |
| Mary Condon | €14,936 | €14,936 |
| John Hogan (c) | Nialas | Nialas |
| Maeve Dineen (arna ceapadh – 1 Nollaig 2025) | Nialas | N/B |

*Caiteachais Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| Ainm | Taisteal | Cóiríocht agus Cothú | Iomlán do 2025 | Iomlán do 2024 |
|---|---|---|---|---|
| David Miles (ar scor – 30 Samhain 2025) | €1,580 | €1,170 | €2,750 | €4,367 |
| John Trethowan | €3,661 | €1,155 | €4,816 | €3,616 |
| Niamh Moloney (ar scor – 31 Márta 2025) | €391 | Nialas | €391 | €1,393 |
| Sarah Keane | €157 | Nialas | €157 | €788 |
| Shay Cody | Nialas | Nialas | Nialas | €617 |
| Mary Condon | €34,377 | €4,721 | €39,097 | €27,880 |
| John Hogan (c) | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Maeve Dineen (arna ceapadh – 1 Nollaig 2025) | Nialas | Nialas | Nialas | N/B |

c) I gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine amháin, Tuarastal amháin', níor íocadh táillí le comhalta neamhfheidhmiúcháin amháin den Choimisiún (2024: comhalta amháin).

| *Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta*[55] | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Olltuarastal | 14,565 | 14,990 |
| **Iomlán** | **14,565** | **14,990** |

Oibríonn an Banc Ceannais scéim iasachta saoire don fhoireann go léir, ar scéim í atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Áirítear sa mhéid seo, airleacain arb

[55] Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Ceannasaí Rannán nó níos airde agus áirítear comhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 8, 8 mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Seachas na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.

ionann san iomlán iad agus €67k le 12 Phríomhphearsa Bainistíochta (2024: €37K le 10 bPríomhphearsa Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2025, bhí na hairleacain go léir faoin scéim seo aisíoctha ina n-iomláine (2024: aisíoctha ina n-iomláine).

| Bandaí Pá | 2025<br>Líon Daoine | 2024<br>Líon Daoine |
|---|---|---|
| 60,001-70,000 | 317 | 315 |
| 70,001-80,000 | 218 | 274 |
| 80,001-90,000 | 398 | 361 |
| 90,001-100,000 | 138 | 162 |
| 100,001-110,000 | 138 | 340 |
| 110,001-120,000 | 311 | 49 |
| 120,001-130,000 | 53 | 138 |
| 130,001-140,000 | 135 | 21 |
| 140,001-150,000 | 22 | 42 |
| 150,001-160,000 | 92 | 63 |
| 160,001-170,000 | 8 | 15 |
| 170,001-180,000 | 13 | 38 |
| 180,001-210,000 | 35 | 6 |
| 210,001-240,000 | 12 | 11 |
| 240,001+ | 6 | 6 |
| **Iomlán** | **1,896** | **1,841** |

Sa tábla thuas, léirítear an líon foirne san eagraíocht a thuilleann níos mó ná €60k in aghaidh na bliana féilire.

### (ii) Caiteachais Oibríochtúla Eile

| | Iomlán Chaiteachais na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála | | An Mionta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 €000 | 2024 €000 | 2025 €000 | 2024 €000 | 2025 €000 | 2024 €000 |
| TF | 37,000 | 33,067 | 93 | 96 | 37,092 | 33,163 |
| Táillí Gairmiúla (a) | 19,651 | 21,658 | - | - | 19,651 | 21,659 |
| Saothar ar Conradh | 18,397 | 18,159 | 118 | 79 | 18,515 | 18,238 |
| Ilghnéitheach (b) | 6,529 | 5,134 | 39 | 15 | 6,568 | 5,149 |
| Íocaíochtaí agus Táillí Cumhdaigh (c) | 7,546 | 6,217 | - | (1) | 7,546 | 6,216 |
| Cíos agus Fóntais | 6,420 | 5,836 | 414 | 394 | 6,834 | 6,230 |
| Saoráidí agus Cothabháil | 6,035 | 6,334 | 477 | 384 | 6,512 | 6,718 |
| Suibscríbhinní Corparáideacha | 3,975 | 4,051 | 7 | 7 | 3,982 | 4,058 |
| Oiliúint | 3,064 | 3,028 | 22 | 14 | 3,086 | 3,042 |
| Earcaíocht & Costais Eile Foirne (d) | 1,859 | 2,356 | 1 | 1 | 1,860 | 2,357 |
| Taisteal (e) | 1,635 | 1,853 | 13 | 16 | 1,648 | 1,869 |
| **Iomlán** | **112,110** | **107,693** | **1,184** | **1,005** | **113,294** | **108,699** |

#### (a) Táillí Gairmiúla

Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúchóirí is iníoctha le Grant Thornton agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus arb ionann iad agus:

| Táillí Iniúchóirí[56] | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| **Iniúchóireacht ar Chuntais Aonair** | **572** | **553** |
| Grant Thornton | 363 | 363 |
| Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 209 | 190 |
| **Seirbhísí Ráthaíochta Eile** | **104** | **104** |
| Grant Thornton | 104 | 104 |
| **Seirbhísí Neamhiniúchóireachta Eile** | **289** | **278** |
| Grant Thornton | 289 | 278 |
| **Iomlán** | **965** | **935** |

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais Chomhairleachta €15.5m arna muirearú ar an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus déantar anailísiú orthu sa tábla seo a leanas (2024: €17.1m) mar aon le costais chaipitlithe Chomhairleachta €4.7m (2024: €2.4m) a áirítear in MGT agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 20).

[56] Léirítear Táillí Iniúchóirí ar leith ó CBL sa chaoi go nochtar an glanmhéid a fhaigheann an soláthraí.

| Comhairleacht | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| TF | 15,947 | 13,558 |
| Áitribh | 392 | 982 |
| Comhairle Dlí | 754 | 1,098 |
| Eile | 54 | 62 |
| Airgeadas | 1,100 | 629 |
| Pinsin & AD | 327 | 247 |
| Feabhsú Gnó | 1,614 | 2,930 |
| **Iomlán** | **20,188** | **19,506** |

| | | |
|---|---:|---:|
| Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála | 15,471 | 17,067 |
| Caipitlithe | 4,717 | 2,439 |
| **Iomlán** | **20,188** | **19,506** |

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais dlí i ndáil le himeachtaí dlí agus arbh ionann san iomlán iad agus €1.5m (2024: €2.2m).

| Táillí Dlí | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlí | 1,457 | 2,238 |
| **Iomlán** | **1,457** | **2,238** |

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dlí go léir arna dtabhú i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc Ceannais nó i gcoinne an Bhainc Ceannais. Baineann an costas thuas le 31 chás dlí ar leith (2024: 26), lena n-áirítear €18k a bhaineann le socraíocht aonair (2024: €44k, 3 chás).

D'íoc cuideachta árachais an Bhainc Nialas (2024: €70k) i ndáil le costais agus socraíochtaí dlí.

### (b) Ilghnéitheach

Áirítear in Ilghnéitheach, costais €5.0m, a bhain le CCR (2024: €3.5m) (Nóta 1(q)). Ar na caiteachais eile sa chuntas seo, áirítear €0.2m a bhain leis an mBinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais (2024: €0.3m) arna n-íoc ag an mBanc Ceannais i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

### (c) Íocaíochtaí agus Táillí Cumhdaigh

Ar áireamh i dTáillí Íocaíochta agus Cumhdaigh, tá muirir a bhaineann le hÍoc Pras. Tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura

bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis phionósaigh arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2025, mar aon leis na figiúirí comhfhreagracha don bhliain 2024.

| Íocaíochtaí Déanacha* | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha | 77 | 17 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A) | €1,477,706 | €143,472 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B) | €163,974,791 | €139,599,982 |
| A mar % de B | 0.9% | 0.1% |
| Luach iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha | €8,499 | €1,291 |

*Is figiúirí iarbhír nach bhfuil slánaithe iad na figiúirí sa tábla thuas.

### (d) Earcaíocht & Costais Eile Foirne

In Earcaíocht & Costais Foirne Eile thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.2m (2024: €0.3m), arna anailísiú mar a leanas:

| Caiteachas Fáilteachais | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 221 | 279 |
| **Iomlán** | **221** | **279** |

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ní bhíonn an Banc Ceannais ag gabháil d'Fháilteachais Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/ar fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí nó cruinnithe.

### (e) Taisteal

| Taisteal (lena n-áirítear an Mionta) | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Coimisiún[57] | 22 | 11 |
| Foireann | 137 | 153 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Coimisiún | 115 | 130 |
| Foireann | 1,373 | 1,575 |
| **Iomlán** | **1,648** | **1,869** |

[57] Folaíonn an Coimisiún comhaltaí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin araon.

### (iii) Caillteanas Neamhréadaithe ar Réadmhaoin Infheistíochta

Aithníodh caillteanas neamhréadaithe €0.4m (2024: €7.0m) sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála i leith na réadmhaoine infheistíochta arna sealbhú ar an 31 Nollaig 2025, i gcomhréir leis an mbeartas cuntasaíochta le haghaidh réadmhaoin Infheistíochta (Nóta 1(p)). Luach €23.6m a bhí ar an réadmhaoin Infheistíochta, Bloc R, Duga Spencer, Sciathán Thoir, amhail ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €24.0m) (Nóta 19(v)). Tugadh díol an fhoirgnimh ag Duga Spencer i gcrích an 22 Eanáir 2026 le hOifig na nOibreacha Poiblí ("OPW") ar €23.6m (Nóta 39(ii)).

### (iv) Muirear lagaithe ar Mhaoin, Gléasra, Trealamh

Tá táille lagaithe €16.3m i leith an fhoirgnimh ar Shráid an Mhéara in 2025 (2024: Nialas). Bhí an foirgneamh seo lagaithe ar dtús in 2023 toisc go bhfuarthas roimh an bpaindéim é mar chuid de straitéis fhadtéarmach an Bhainc Ceannais maidir le spás oifige lenar cuireadh san áireamh riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha amach anseo. Áiríodh sa mhéid sin inscálaitheacht agus solúbthacht araon. Ó thráth na paindéime i leith, tá athrú suntasach tagtha ar mhargadh na réadmhaoine tráchtála, sa mhéid go bhfuil aistriú i dtreo samhlacha hibrideacha oibre. Dá bhrí sin, tá a lorg oifige laghdaithe ag cuideachtaí, rud a fhágann go bhfuil rósholáthar spáis oifige i mBaile Átha Cliath. Mar thoradh air sin, tá margadhluach an fhoirgnimh ar Shráid an Mhéara níos lú ná an luach tugtha anonn in 2025 (Nóta 20(i)(b)).

### (v) Amhábhair Airgeadra

An caiteachas i ndáil le hAmhábhair do Tháirgeadh Airgeadra, baineann sé le táirgeadh nótaí bainc €4.6m (2024: €4.9m) agus monaí €4.6m (2024: €1.5m). Bhí an laghdú ar chostais nótaí bainc in 2025 inchurtha do leithdháileadh níos lú i dteannta costais soláthair níos ísle. Tháinig méadú ar abhair bonn toisc gur ceannaíodh líon níos mó crotán bonn chun tacú le táirgeadh thar roinnt blianta agus mar gheall ar chlár inbhailithe bonn níos fairsinge in 2025.

## Nóta 9: Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Níl aon Ioncam Barrachais iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2025 (2024: Nialas) (Nóta 1(o)).

## Nóta 10: Ór agus Infhaighteachtaí Óir

| | 2025 €000 | 2025 Unsaí Míne d'Ór | 2024 €000 | 2024 Unsaí Míne d'Ór |
|---|---|---|---|---|
| Ór agus Infhaighteachtaí Óir | 1,418,447 | 386,598 | 970,766 | 386,598 |
| **Iomlán** | **1,418,447** | **386,598** | **970,766** | **386,598** |

Cuimsíonn ór agus infhaighteachtaí óir stoic monaí atá á sealbhú sa Bhanc Ceannais, mar aon le barraí óir atá á sealbhú i mBanc Shasana agus i Banque de France agus taiscí Óir. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2025 inchurtha do mhéadú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2024 go dtí deireadh na bliana 2025 (Nóta 1 j(iv), Nóta 33(i)).

## Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Infhaighteachtaí ó CAI (i) | 6,075,230 | 6,348,619 |
| Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile (ii) | 3,907,610 | 4,530,061 |
| **Iomlán** | **9,982,840** | **10,878,680** |

### (i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Cuóta | 4,021,031 | 4,328,659 |
| Lúide Sealúchais CAI arna gcothabháil ag an mBanc | (2,976,905) | (3,285,088) |
| Suíomh Cúlchiste in CAI (a) | 1,044,126 | 1,043,571 |
| Sealúchais CTS (b) | 5,031,104 | 5,305,048 |
| **Iomlán** | **6,075,230** | **6,348,619** |

*(a) Suíomh Cúlchiste i CAI:*

Seasann an tsócmhainn seo don difríocht idir Cuóta na hÉireann in CAI agus sealúchais euro de chuid CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. Ag an tús, b'ionann sealúchais euro CAI arna gcothabháil leis an mBanc Ceannais agus 75% den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ó CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 74% (2024: 75%) (Nóta 1(c)(x), Nóta 35(v)).

*(b) Sealúchais Ceart Tarraingthe Speisialta (CTS):*

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta iad CTS arna cruthú ag CAI in 1969. Ní airgeadra iad ach éileamh ionchasach ar airgeadraí is inúsáidte go héasca de chuid chomhaltaí CAI agus,

mar sin, féadfaidh siad leachtacht a sholáthar do thír. Ní dhéantar CTSanna a leithdháileadh ach amháin ar chomhaltaí CAI a roghnaíonn a bheith ina rannpháirtithe i Roinn CTS. Cinntear luach CTS mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (dollar Mheiriceá, an euro, Renminbi na Síne, Yen na Seapáine, agus Punt Steirling) (Nóta 1(c)(x), Nóta 3(ii)(a), (Nóta 27).

Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CTS an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe CAI nó de thoradh mhalartuithe CTS ar airgeadra eachtrach le CAI féin, le comhaltaí eile CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CTS. Féadfaidh go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CTS freisin de thoradh íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais in CAI agus ar shealúchais CTS an Bhainc Ceannais glan ar leithdháiltí CTS.

### (ii) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 3,016,101 | 3,346,011 |
| Iarmhéid le Bainc | 678,201 | 1,087,313 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (b) | 213,308 | 96,737 |
| **Iomlán** | **3,907,610** | **4,530,061** |

(a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1(j)(ii), Nóta 1(j)(v), Nóta 2(iii), Nóta 3(i)(b), Nóta 3(ii)(a), Nóta 3(ii)(b)).

(b) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An méadú ar chomhaontú athcheannaigh droim ar ais go €213.3m (2024: €96.7m), baineann sé le méadú ginearálta ar ghníomhaíochtaí athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach lasmuigh den limistéar euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 2(vii), Nóta 12(ii), Nóta 14(i)).

### Miondealú de réir airgeadra eachtrach

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| USD | 2,742,174 | 3,021,183 |
| AUD | 500,928 | 501,930 |
| SGD | 459,221 | 473,772 |
| CNY | 189,361 | 519,047 |
| Eile | 15,788 | 13,974 |
| JPY | 138 | 155 |
| **Iomlán** | **3,907,610** | **4,530,061** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 1,130,655 | 1,575,182 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 724,372 | 653,266 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 2,052,583 | 2,301,613 |
| **Iomlán** | **3,907,610** | **4,530,061** |

## Nóta 12: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí atá sa limistéar euro

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i) | 148,001 | 102,588 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 2,274 | 1,748 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii) | - | 115,119 |
| **Iomlán** | **150,275** | **219,455** |

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1(j)(ii), (v), Nóta 2(iii), Nóta 3(i)(b), Nóta 3(ii)(b)). Baineann iarmhéid dheireadh na bliana 2025 go príomha le bannaí USD agus AUD arna n-eisiúint ag cónaitheoirí AE. Bhí an méadú ar shealúchais na n-urrús seo inchurtha do dheiseanna breise chun infheistíocht a dhéanamh in urrúis MÓM USD.

(ii) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú ar chomhaontú athcheannaigh droim ar ais go Nialas (2024: €115.1m), baineann sé le laghdú ginearálta ar ghníomhaíochtaí athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach sa limistéar euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 2(vii), Nóta 11(ii)(b), Nóta 26).

### Miondealú de réir airgeadra eachtrach

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| USD | 141,352 | 204,648 |
| AUD | 8,875 | 14,772 |
| SGD | 47 | 34 |
| Eile | 1 | 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán** | **150,275** | **219,455** |

**Próifíl Aibíochta**

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 23,517 | 118,654 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 64,697 | 34,718 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 62,061 | 66,083 |
| **Iomlán** | **150,275** | **219,455** |

## Nóta 13: Éilimh in Euro ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Slándála - CGA (i) | 1,316,644 | 1,463,470 |
| Iarmhéideanna le Bainc (ii) | 558,580 | 146,135 |
| Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i) | 22,084 | 40,847 |
| **Iomlán** | **1,897,308** | **1,650,452** |

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí nach bhfuil sa limistér euro. Bhain an laghdú ar shealúchais na n-urrús seo le gníomhaíochtaí margaidh rialta (Nóta 1(j)(ii), Nóta 1(j)(iii)), Nóta 1(j)(v), Nóta 2(iv), Nóta 2(iii), Nóta 3(i)(a), Nóta 3(i)(b), Nóta 3(ii)(b)).

(ii) An méadú a tháinig ar iarmhéideanna le bainc go €558.6m (2024: €146.1m), bhí sé inchurtha do mhéadú ar shealúchais airgid a bhain le hathrú ar leithdháileadh sócmhainní in 2025.

**Próifíl Aibíochta**

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 693,803 | 283,892 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 45,117 | 203,862 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 719,472 | 693,092 |
| 5 bliana - 10 mbliana | 438,916 | 469,606 |
| **Iomlán** | **1,897,308** | **1,650,452** |

## Nóta 14: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa an Limistéir euro

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) | 793,887 | 1,455,764 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 158,760 | 161,172 |
| **Iomlán** | **952,647** | **1,616,936** |

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú ar chomhaontú athcheannaigh droim ar ais go €793.9m (2024: €1,455.8m), baineann sé le laghdú ginearálta ar ghníomhaíochtaí athcheannaigh droim ar ais in euro sa limistéar euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 2(vii), Nóta 11(ii)(b), Nóta 12(ii), Nóta 23, Nóta 26).

### Nóta 15: Urrúis in euro de chuid Cónaitheoirí atá sa Limistéar Euro

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta (i) | 51,576,896 | 56,318,429 |
| Urrúis Eile (ii) | 9,448,268 | 8,696,617 |
| **Iomlán** | **61,025,164** | **65,015,046** |

#### (i) Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta

Leis na hurrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta, léirítear punann CBPP3 ar cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair 2014, PSPP ar cuireadh tús léi i mí Bealtaine 2015, agus PEPP ar cuireadh tús léi i mí an Mhárta 2020 mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

Amhail ar an 31 Nollaig 2025, cuimsíodh sa mhír seo urrúis arna bhfáil ag an mBanc Ceannais faoi raon feidhme CBPP3, PSPP agus PEPP.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix), Nóta 1(m)(i)).

Chun críocha comparáide, léiríonn an tábla thíos costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc Ceannais i gcomparáid lena margadhluachanna:

| | 2025<br>€000<br>Costas Amúchta | 2025<br>€000<br>Margadhluach | 2024<br>€000<br>Costas Amúchta | 2024<br>€000<br>Margadhluach |
|---|---:|---:|---:|---:|
| CCBC3 | 142,507 | 139,092 | 653,910 | 645,333 |
| CMU | - | - | 103,288 | 103,896 |
| | | | | |
| PSPP *mar atá* | 31,951,323 | 28,477,143 | 34,205,468 | 30,885,261 |
| *Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dílse)* | *29,974,362* | *26,726,627* | *32,097,925* | *29,007,746* |
| *Urrúis Fhornáisiúnta (Riosca Comhroinnte)* | *1,976,961* | *1,750,516* | *2,107,543* | *1,877,515* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| PEPP *mar atá* | 19,483,066 | 16,593,961 | 21,355,763 | 18,562,724 |
| *Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dílse)* | *19,483,066* | *16,593,961* | *21,355,763* | *18,562,724* |
| **Iomlán** | **51,576,896** | **45,210,196** | **56,318,429** | **50,197,214** |

## Próifíl Aibíochta

| | 2025 €000 Costas Amúchta | 2024 €000 Costas Amúchta |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | - | 4,392,395 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 5,433,898 | 168,756 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 19,507,247 | 17,053,496 |
| 5 bliana - 10 mbliana | 13,872,103 | 19,464,466 |
| 10 mbliana - 15 bliana | 2,700,553 | 5,140,539 |
| > 15 bliana | 10,063,095 | 10,098,777 |
| **Iomlán** | **51,576,896** | **56,318,429** |

In 2025, lean punann an chláir ceannaithe sócmhainní (APP)[58] de bheith ag laghdú, toisc nach mbíonn athinfheistiú á dhéanamh ag an Eurochóras, ó mhí Iúil 2023 i leith, ar na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a thagann in aibíocht[59].

Maidir le PEPP[60], lean an tEurochóras, tar éis an chinnidh ón gComhairle Rialaithe i mí na Nollag 2023[61], de na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a bhí ag teacht in aibíocht a athinfheistiú le linn an chéad leath de 2024. Sa dara leath de 2024, tháinig laghdú €7.5bn in aghaidh na míosa ar an meán ar phunann PEPP toisc nach ndearna an tEurochóras na híocaíochtaí príomhshuime go léir ó urrúis a bhí ag teacht in aibíocht a athinfheistiú. Scoireadh de na hathinfheistíochtaí faoi PEPP ag deireadh 2024.

In 2025, lean punanna APP agus PEPP de bheith ag laghdú ar luas tomhaiste, intuartha, toisc nach raibh na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a bhí ag teacht in aibíocht á n-athinfheistiú a thuilleadh ag an Eurochóras.

Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis atá á sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chláir CMU, CBPP3 agus PSPP agus PEPP amhail ar an 31 Nollaig 2025 (2024: Nialas).

B'ionann sealúchais chomhiomlána BCNanna an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2025 agus €3,420.2bn, as a raibh €51.6bn

[58] Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le APP ar shuíomh gréasáin BCE.
[59] Féach preaseisiúint an 15 Meitheamh 2023 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.
[60] Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le PEPP ar shuíomh gréasáin BCE .
[61] Féach preaseisiúint an 14 Nollaig 2023 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2024: €3,906.6bn, as a raibh €56.3bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais) (féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix), Nóta 2(ii)):

| Costas Amúchta | Bliain | CMU €m | CCBC3 €m | PSPP €m | CSPP €m | PEPP €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BCNanna an Eurochórais | 2025 | 521 | 193,147 | 1,693,554 | 248,543 | 1,284,429 | 3,420,194 |
| | 2024 | 1,050 | 232,571 | 1,932,067 | 288,374 | 1,452,524 | 3,906,586 |
| An Banc Ceannais | 2025 | - | 143 | 31,951 | - | 19,483 | 51,577 |
| | 2024 | 103 | 654 | 34,205 | - | 21,356 | 56,318 |

## (ii)Urrúis Eile

Folaíonn Urrúis Eile urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais.

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis – CGA (a) | 6,005,381 | 5,893,033 |
| Infheistíochtaí Slándála (MÓM) (b) | 3,442,887 | 2,803,584 |
| **Iomlán** | **9,448,268** | **8,696,617** |

### (a) Infheistíochtaí Urrúis – CGA

Is ionann infheistíochtaí coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus tréimhse shocraithe aibíochta, agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc Ceannais iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)). Baineann an méadú ar phunann CGA go dtí €6.0bn (2024: €5.9bn) le hathinfheistíochtaí bhannaí CGA a thagann in aibíocht (Nóta 2(iv), Nóta 3(i)(a)).

Déantar urrúis arna gceannach faoi phunann CGA a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir a lagaithe (Nóta 1(j)(iii)). Ní raibh aon lagú ar na hurrúis seo a bhí a sealbhú amhail ar an 31 Nollaig 2025 (2024: Nialas).

### (b) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

Cuimsíonn na hurrúis marcáil ón margadh seo fiachas arna eisiúint in euro ag eisitheoirí an limistéir euro (Nóta 1 (j)(ii), Nóta 1(j)(v)). Bhí an méadú ar shealúchais na n-urrús seo go €3.4bn (2024:  €2.8bn) inchurtha do dheiseanna feabhsaithe maidir le hinfheistiú a dhéanamh in urrúis chomhchosúla (Nóta 2(iii), Nóta 3(i)(b), Nóta 3(ii)(b)).

### Próifíl Aibíochta

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| 0 - 3 mhí | 1,039,413 | 965,430 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 1,574,224 | 1,483,237 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 3,860,664 | 3,911,140 |
| 5 bliana - 10 mbliana | 2,973,967 | 2,336,810 |
| **Iomlán** | **9,448,268** | **8,696,617** |

## Nóta 16: Leas Rannpháirteachais in BCE

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Leas rannpháirteachais in BCE | 459,609 | 459,609 |
| **Iomlán** | **459,609** | **459,609** |

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE (Nóta 1(c)(ii),(xiv)). De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad bainc cheannais náisiúnta CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Tháinig an coigeartú is déanaí den sórt sin in éifeacht an 1 Eanáir 2024[62].

Bhí sciar an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa BCE gan athrú ag 1.7811% in 2025(2024: 1.7811%) agus, dá bhrí sin, bhí leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais in BCE comhsheasmhach i gcónaí ag €459.6m (Nóta 1(c)(iii), Nóta 35(ii), Nóta 38(ii)).

## Nóta 17: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 883,534 | 883,534 |
| **Iomlán** | **883,534** | **883,534** |

Seasann siad seo d’éilimh an Bhainc Ceannais arna n-eascairt as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig BCE nuair a chuaigh an Banc Ceannais isteach san Eurochóras.

Is ionann éileamh an Bhainc Ceannais i leith na sócmhainní sin agus €883.5m (2024: €883.5m), atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála Eurochórais (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vii), Nóta 35(ii), Nóta 38(ii)).

B’ionann scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras amhail ar an 31 Nollaig 2025 agus 2.1782% (2024: 2.1782%) (Nóta 1(c)(iii)). Déantar na héilimh a ainmniú in euro de réir luacha a shocraítear tráth a n-aistrithe. Ón 1 Eanáir 2025, déantar luach saothair i leith na n-éileamh sin a ríomh ar bhonn laethúil de réir an ráta úis is déanaí a

[62] Tá sonraí maidir le suibscríbhinní caipitil BCNanna aonair le fáil ar shuíomh gréasáin BCE.

fheidhmítear i leith na saoráide taisce arna tairiscint ag an Eurochóras, ar ráta é arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú. Go dtí an dáta sin, bhí an luach saothair sin á ríomh de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú freisin (Nóta 2(viii)).

### Nóta 18: Éilimh a bhaineann le TARGET

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid (glan) TARGET | 84,274,536 | 94,503,981 |
| **Iomlán** | **84,274,536** | **94,503,981** |

Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc Ceannais ó BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag BCNanna uile atá rannpháirteach in CEBC, arb ionann í agus €84.3bn (2024: €94.5bn) (Nóta 1(c)(ii)). Freagraíonn an laghdú ar shócmhainn TARGET d'eis-sreabhadh glan euro amach as an Stát trí chuntas TARGET an Bhainc Ceannais thar an tréimhse. Rinneadh na heis-sreafaí a threorú trí chuntais taisce institiúidí creidmheasa (Nóta 1(c)(ii), Nóta 22).

Ag deireadh na bliana 2025, bhí ceithre thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET agus, dá bhrí sin, áiríodh iad sa phróiseas iltaobhach glanluachála. Ón 1 Eanáir 2025 i leith, tá luach saothair i leith an éilimh/dliteanais seo (cé is moite d'iarmhéideanna arna n-eascairt as idirbhearta babhtála droim le droim i dtaca le hoibríochtaí chun leachtacht a sholáthar i ndollar SA) á ríomh ar bhonn laethúil de réir an ráta úis is déanaí a fheidhmítear i leith na saoráide taisce arna tairiscint ag an Eurochóras. Go dtí an dáta sin, bhí an luach saothair sin á ríomh de réir an ráta úis (imeallaigh) is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 2(i)).

### Nóta 19: Sócmhainní Eile

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Cothromas (i) | 994,451 | 828,591 |
| Ioncam Úis Fabhraithe (ii) | 664,538 | 934,839 |
| Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 20) | 347,200 | 350,086 |
| - *Inláimhsithe - Gléasra, Maoin, Trealamh (Nóta 20(i))* | *255,994* | *271,637* |
| - *Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 20 (ii))* | *91,206* | *78,449* |
| Cistí BIS (iii) | 273,593 | 426,401 |
| *Tobhach Maoiniúcháin (iv)* | 221,418 | 218,727 |
| Maoin Infheistíochta (v) | 23,570 | 23,980 |
| Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (vi) | 22,760 | 23,237 |
| Réamhíocaíochtaí | 8,305 | 8,457 |
| Ús Fabhraithe a Ceannaíodh (vii) | 6,791 | 14,337 |

| | | |
|---|---|---|
| Eile (viii) | 6,651 | 55,624 |
| **Iomlán** | **2,569,277** | **2,884,279** |

(i) Déanann an Banc Ceannais infheistiú i gcothromais mar chuid dá straitéis infheistíochta. Bíonn Innéacs Cothromais Domhanda MSCI PAB á rianú ag na cothromais. Baineann gluaiseacht 2025 le hinfheistíochtaí nua in Innéacs Cothromais Domhanda MSCI PAB agus le haistriú deiridh chiste Innéacs Cothromais Domhanda MSCI chuig ciste Innéacs Cothromais Inmharthana Forleagain MSCI PAB de réir mar a leanann an Banc Ceannais d'fheabhsuithe a dhéanamh ar mhéadracht charbóin a chuid infheistíochtaí. Bíonn na cistí á mbainistiú ag cuideachta bainistíochta sócmhainní thar ceann an Bhainc Ceannais, fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeádaí (Nóta 1(c)(xi),(j)(ii),(k), Nóta 3(i)(c), Nóta 33(iii), Nóta 36)

(ii) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhraithe arna thuilleamh ar phunann urrús an Bhainc Ceannais agus ar iarmhéideanna sócmhainní in-Eurochórais. Baineann an laghdú go príomha le luach saothair fabhraithe laghdaithe i leith iarmhéideanna TARGET atá dlite ó BCNanna an limistéir euro agus le hús níos ísle is infhaighte ar shócmhainní infheistíochta in 2025. Tá an laghdú ar ioncam úis inchurtha do luach saothair a bheith á íoc i leith iarmhéideanna de réir DFR in 2025 (2024:  ráta POA) agus laghdú ar mheánsealúchais in 2025. B'ionann agus 2.3% meán-DFR do 2025 agus b'ionann agus 4.1% meánráta POA do 2024.

(iii) Déanann an Banc Ceannais infheistíocht i gcistí bannaí mar chuid dá straitéis infheistíochta fhadtéarmach. Bíonn na cistí á mbainistiú go seachtrach ag BIS thar ceann an Bhainc Ceannais fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeádaí. Is é is cúis go príomha leis an laghdú ar iarmhéid na gcistí ag deireadh na bliana dífheistiú i gciste KRW in 225 (Nóta 1(c)(xi), (j)(ii), (k), Nóta 3(i)(d), Nóta 3(ii)(a), Nóta 33(iv), Nóta 36).

(iv) Baineann glantobhach maoiniúcháin €221.15m (2024: €218.7m) le hioncam €224.0m atá dlite don Bhanc Ceannais ó eintitis rialáilte tionscail (2024: €220.6m) agus a thoibheofar in 2026, mar aon le soláthar i leith thobhaigh fahbraithe €2.6m atá fós gan íoc (2024: €1.9m) (Nóta 40(iv)).

(v) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Ceannais Bloc R, Duga Spencer, inar cuimsíodh an Sciathán Thiar agus Thoir. Díoladh an Sciathán Thiar ar an 30 Meán Fómhair 2022. Amhail ar an 31 Nollaig 2025, bhí an Sciathán Thoir fós ar seilbh ag an mBanc Ceannais, ar réadmhaoin infheistíochta é arna luacháil ar €23.6m ar an dáta sin (2024: €24.0m). Ba é luachálaí seachtrach, neamhspleách réadmhaoine a chinn luach cóir na réadmhaoine infheistíochta, agus bhí na cáilíochtaí aitheanta, gairmiúla aige/aici mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme

na réadmhaoine a bhí á luacháil. Déileáltar le haon chaillteanais neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo i gcomhréir leis an Treoirlíne (Nóta 1(p), Nóta 8(iii)).

An 22 Eanáir 2026, rinne an Banc Ceannais díol an fhoirgnimh ag Duga Spencer le OPW ar phraghas €23.6m a thabhairt i gcrích (Nóta 39(ii)). Toisc gur díoladh an réadmhaoin seo, níl aon íocaíochtaí íosta léasa is infhaighte amach anseo.

### Íocaíochtaí Íosta Léasa Is Infhaighte Amach Anseo

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná aon bhliain | - | 2,930 |
| Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | - | 10,962 |
| Tar éis cúig bliana | - | 14,128 |
| **Iomlán** | **-** | **28,020** |

(vi) Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair (2024: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €22.8m a gcoibhéis euro (2024: €23.2m) (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 5(i), Nóta 35(i)).

(vii) Tá laghdú tagtha ar ús fabhraithe ceannaithe go €6.8m (2024: €14.3m) mar gheall ar ghníomhaíochtaí trádála ginearálta le linn na tréimhse.

(viii) Áirítear in Eile méid diúltach €0.9m (2024: €43.8m) a bhaineann le féichiúnaithe. Tá an laghdú bliain ar bhliain inchurtha den chuid is mó do laghdú ar Fhéichiúnaithe DGS agus do laghdú ar infhaighteachtaí eile in 2025 (Nóta 30(i)).

## Nóta 20: Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

### (i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

| | Áitribh | Gléasra & Innealra | Trealamh Ríomhaireachta | Trealamh Eile | Troscán, Feistithe & Daingneáin | Sócmhainní á dTógáil | Sócmhainní Dochta Inláimhsithe Iomlána |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 |
| Ar costas - 1 Eanáir 2025 | 331,632 | 110,274 | 34,606 | 7,872 | 33,072 | 31,474 | 548,930 |
| Eadálacha (a) | - | - | - | - | - | 19,195 | 19,195 |
| Diúscairtí (d) | - | - | (6) | (801) | (29) | - | (836) |
| Lagú Sócmhainní Inláimhsithe (b) | (14,228) | (2,076) | - | - | - | - | (16,305) |
| Aistriú | 13,309 | 183 | 15,296 | 151 | 80 | (29,020) | - |
| Ar costas - 31 Nollaig 2025[63] | 330,713 | 108,381 | 49,896 | 7,222 | 33,123 | 21,649 | 550,985 |
| Dímheas Carntha agus Caillteanais Lagaithe ar an 1 Eanáir 2025 | (161,942) | (63,593) | (22,373) | (7,135) | (22,250) | - | (277,293) |
| Dímheas don Bhliain (c) | (4,358) | (5,339) | (5,193) | (243) | (3,401) | - | (18,534) |
| Diúscairtí (d) | - | - | 6 | 801 | 29 | - | 836 |
| Dímheas Carntha agus Caillteanais Lagaithe ar an 31 Nollaig 2025 | (166,300) | (68,932) | (27,560) | (6,577) | (25,622) | - | (294,991) |

[63] Seans nach suimfidh na hiomláin sna ráitis airgeadais agus sna táblaí atá sa nóta toisc gur slánaíodh iad. Léiríonn na figiúirí 0 agus (0) méideanna dearfach nó diúltacha arna slánú go náid, fad a léiríonn dais (-) náid.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Glanluach leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2025**[64] | 164,413 | 39,449 | 22,336 | 645 | 7,501 | 21,649 | 255,994 |
| **Glanluach leabhar amhail ar an 31 Nollaig 2024** | 169,690 | 46,681 | 12,233 | 737 | 10,822 | 31,474 | 271,637 |

(a) Baineann Sócmhainní á dTógáil (SAT) le caiteachas caipitil arna thabhú ar shócmhainní nach raibh in úsáid fós faoi dheireadh na bliana. As éadálacha €19.2m chuig Sócmhainní á dTógáil in 2025, baineann €15.1m le ceannach talún a fhorbrófar mar Lárionad Airgeadra nua an Bhainc. Meastar go dtógfaidh an foirgniú 7 mbliana agus, ina dhiaidh sin, díolfaidh an Banc an talamh agus na foirgnimh go léir ar an suíomh in Áth an Ghainimh.

(b) Baineann an muirear lagaithe leis an bhfoirgneamh ar Shráid an Mhéara. Tá meathlú tagtha ar mhargadhluachanna réadmhaoine i lárchathair Bhaile Átha Cliath le 12 mhí anuas, rud a léiríonn dúshláin níos leithne san earnáil réadmhaoine oifige. Mar thoradh air sin, tá margadh an fhoirgnimh ar Shráid an Mhéara níos lú ná a luach tugtha anonn. Agus an méid sin thuas á chur san áireamh agus ag féachaint do luach úsáide an fhoirgnimh, tá muirear lagaithe €16.3m bunaithe ag an mBanc (Nóta 1(e)(iii), Nóta 8(iv)).

(c) As muirear iomlán dímheasa €18.5m (2024: €16.9m), rinneadh €0.3 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i leith innealra Mionta (2024: €0.1m).

(d) Baineann diúscairtí sna haicmí sócmhainní le scor sócmhainní ar luach nialasach nach mbíonn á n-úsáid a thuilleadh ag an mBanc Ceannais.

(e) Bailiúchán ealaíona arb ionann a mhargadhluach agus €0.9m bunaithe ar an luacháil is déanaí a rinneadh in 2024 (luacháil roimhe sin in 2022: €2.1m), nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc Ceannais ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)(v))

### (ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe

| | Trealamh Ríomhaireachta | Sócmhainní á bhForbairt (a) | Sócmhainní Dochta Doláimhsithe Iomlána |
|---|---|---|---|
| | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 | 2025<br>€000 |
| Ar costas - 1 Eanáir 2025 | 100,299 | 25,322 | 125,621 |
| Eadálacha (a) | - | 28,056 | 28,056 |
| Diúscairtí (b) | (4,701) | - | (4,701) |
| Aistriú | 10,382 | (10,382) | - |
| Ar costas - 31 Nollaig 2025 | 105,980 | 42,996 | 148,976 |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir 2025 | (47,172) | - | (47,172) |
| Dímheas don Bhliain | (15,299) | - | (15,299) |
| Diúscairtí (b) | 4,701 | - | 4,701 |

[64] Seans nach suimfidh na hiomláin sna ráitis airgeadais agus sna táblaí atá sa nóta toisc gur slánaíodh iad. Léiríonn na figiúirí 0 agus (0) méideanna dearfach nó diúltacha arna slánú go náid, fad a léiríonn dais (-) náid.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig 2025 | (57,770) | - | (57,770) |
| **Leabharluach Glan amhail ar an 31 Nollaig 2025[65]** | 48,210 | 42,996 | 91,206 |
| | | | |
| **Leabharluach Glan amhail ar an 31 Nollaig 2024** | **53,127** | **25,322** | **78,449** |

(a) Baineann Sócmhainní á bhForbairt le caiteachas caipitil arna thabhú ar shócmhainní nach raibh in úsáid faoi dheireadh na bliana (Nóta 1(e)(v)). Bhain aistriú €10.4m (2024: €54.0m) ó Sócmhainní á bhForbairt chuig Trealamh Ríomhaireachta Doláimhsithe i ndáil le sócmhainní forbartha a tugadh i gcrích le linn na bliana.

(b) Baineann diúscairtí sna haicmí sócmhainní le scor sócmhainní ar luach nialasach nach mbíonn á n-úsáid a thuilleadh ag an mBanc Ceannais

## Nóta 21: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Líon iomlán nótaí bainc euro eisithe i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais | 54,246,025 | 51,422,501 |
| Dliteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | (2,822,180) | (2,767,827) |
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil BCE | (18,968,364) | (16,824,260) |
| **Iomlán** | **32,455,481** | **31,830,414** |

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Déantar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nótaí bainc.

Tháinig méadú 5.5% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhír ag an mBanc Ceannais in 2025 (2024: 5.7%), ó €51.4bn go €54.2bn. Tháinig méadú 2.0% ar luach iomlán na nótaí bainc euro a bhí i gcúrsaíocht san Eurochóras in 2025 (2024: méadú faoi 1.3%).

I gcomhréir le scála leithdháilte na nótaí bainc, bhí nótaí bainc euro, arbh ionann a luach agus €32.5bn, i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana 2025 (2024: €31.8bn), a n-íoctar luach saothair ina leith ag 0%. Ba mhó na nótaí bainc arna n-eisiúint iarbhír ag an mBanc Ceannais ná an méid leithdháilte agus ba é €21.8bn an difríocht (2024: €19.6bn). Déantar luach saothair a íoc i leith an bharrachais de réir DFR, ráta POA roimhe seo. B'ionann agus 2.3% meán-DFR do 2025 agus b'ionann agus 4.1% meánráta POA do 2024. Léirítear barrachas nótaí bainc in "Glandliteanais a

[65] Seans nach suimfidh na hiomláin sna ráitis airgeadais agus sna táblaí atá sa nóta toisc gur slánaíodh iad. Léiríonn na figiúirí 0 agus (0) méideanna dearfach nó diúltacha arna slánú go náid, fad a léiríonn dais (-) náid.

bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(iv), Nóta 2(xii), Nóta 28).

## Nóta 22: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Saoráid Taisce (i) | 75,913,897 | 84,118,744 |
| Cuntais Reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) (ii) | 3,491,197 | 3,609,254 |
| **Iomlán** | **79,405,094** | **87,727,998** |

(i) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce (DFR). Tá laghdú tagtha ar mheán-DFR in 2025 go 2.3% (2024: 3.7%). Tá laghdú tagtha freisn ar mheánsealúchais na saoráide taisce le linn 2025 (Nóta 2(ix)).

(ii) I gcuntais reatha, tá na hiarmhéideanna creidmheasa ar chuntais idirbheart de chuid institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a gceanglaítear orthu meántaiscí cúlchiste íosta, lena n-eisiatar cistí institiúidí creidmheasa nach bhfuil indiúscartha go héasca agus cuntais institiúidí creidmheasa atá díolmhaithe ó na ceanglais cúlchiste íosta, a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíocht leachtachta.

An 27 Iúil 2023, [66] chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí luach saothair a íoc i leith na n-iarmhéideanna gcuntais cúlchiste íosta ag 0% ón 20 Meán Fómhair 2023 ar aghaidh.

## Nóta 23: Dliteanais eile in euro d'Institiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir Euro

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Comhaontuithe Athcheannaigh | 168,888 | 505,764 |
| **Iomlán** | **168,888** | **505,764** |

[66] Cinntí ón gComhairle Rialaithe an 27 Iúil 2023 https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2023/html/ecb.pr230727~7206e9aa48.en.html#:~:text=Credit%20institutions%20are%20required%20to%20hold%20a%20minimum%20amount%20equivalent,liabilities%2C%20mainly%20customers%27%20deposits..

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag an mír seo.

Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú ar chomhaontuithe athcheannaigh go €168.9m (2024: €505.8m), baineann sé le laghdú ginearálta ar ghníomhaíochtaí athcheannaigh in euro sa limistéar euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 2(vii)).

### Nóta 24: Dliteanais do Chónaitheoirí eile atá sa Limistéar euro

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Taiscí Rialtais Ghinearálta (i) | 13,527,037 | 21,009,641 |
| Cúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii) | 2,954 | 2,901 |
| Dliteanais Eile | 2,047 | 2,074 |
| **Iomlán** | **13,532,038** | **21,014,616** |

(i) Folaíonn taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh atá á sealbhú ag an mBanc Ceannais (Nóta 2(xiii), Nóta 38(i)). Ó mhí Bealtaine 2023, íoctar luach saothair i leith Taiscí Rialtais de réir €STR lúide 20 bonnphointe. B'ionann agus 2.0% €STR lúide 20 bonnphointe in 2025 (2024: 3.4%).

(ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(g), Nóta 38(i)). Tá na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh monaí curtha in iúl i Nóta 8. Áirítear i Nóta 31 caiteachais a bhaineann le sochair scoir a nochtadh. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Monaí arna n-eisiúint i gcúrsaíocht | 23,006 | 21,896 |
| Foirne Monaí Samplacha | 2,042 | 518 |
| Díol Seanmhonaí | - | 269 |
| Monaí Éireannacha tarraingthe siar | (112) | (147) |
| Lúide Costais Oibriúcháin (Nóta 8)(i) | (8,299) | (4,665) |
| **Glanfháltais ó Eisiúintí Monaí** | **16,637** | **17,871** |

| | | |
|---|---:|---:|
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra (ii) | (375) | (342) |
| Aistriú chuig an Státchiste | (16,209) | (16,047) |
| Iarmhéid Tosaigh | 2,901 | 1,419 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **2,954** | **2,901** |

(i) Ar áireamh i gCostais Oibriúcháin €8.3m do 2025 (2024: €4.7m), tá €5.5m (2024: €2.3m) a bhaineann le forchostais atá inchurtha do sholáthar agus d'eisiúint monaí.

(ii) Ar áireamh i Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra €0.4m, tá €0.3m a bhaineann le caiteachais pinsin do chomhaltaí foirne a sholáthraíonn seirbhísí áitiúla forchostas.

Mar thoradh ar an *Acht Airgeadais* 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste nó na glanfháltais ó mhonaí a fháil ón Statchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €23.0m (2024: glaneisiúint €21.9m) glaneisiúint bonn ón mBanc Ceannais in 2025. Dá thoradh sin, gineadh aistriú €16.2m a íocadh leis an Státchiste an 15 Nollaig 2025 (2024: íocadh €16m leis an Státchiste).

## Nóta 25: Dliteanais in euro do Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Gníomhaireachtaí AE (i) | 6,876 | 884,108 |
| Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta | 5,026 | 5,103 |
| **Iomlán** | **11,902** | **889,211** |

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna thuas.

(i) An laghdú ar 'Gníomhaireachtaí AE', baineann sé den chuid is mó leis an gcuntas airgid atá ag an mBord Réitigh Aonair leis an mBanc Ceannais arbh ionann é agus Nialas ag deireadh na bliana 2025 (2024: €882.5m).

## Nóta 26: Dliteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Comhaontuithe Athcheannaigh | - | 115,119 |
| **Iomlán** | **-** | **115,119** |

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag an mír seo.

Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú ar chomhaontuithe athcheannaigh in airgeadra eachtrach le cónaitheoirí sa limistéar euro, arb ionann é agus Nialas (2024: €115.1m), baineann sé le laghdú ginearálta ar ghníomhaíochtaí athcheannaigh in airgeadra eachtrach sa limistéar euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 2(vii), Nóta 12(ii)).

### Nóta 27: Contrapháirtí Ceart Tarraingthe Speisialta arna Leithdháileadh ag CAI

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Contrapháirtí CTS arna leithdháileadh ag CAI | 4,757,959 | 5,120,481 |
| **Iomlán** | **4,757,959** | **5,120,481** |

Is ionann é seo agus dliteanas an Bhainc Ceannais do CAI i leith leithdháileadh Ceart Tarraingthe Speisialta (CTSanna) ar Éirinn. (Nóta 1(c)(x), Nóta 2(vi), Nóta 3(ii)(a), Nóta 11(i)).

### Nóta 28: Glandliteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc Euro laistigh den Eurochóras

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil BCE | 18,968,364 | 16,824,260 |
| Dliteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | 2,822,180 | 2,767,827 |
| **Iomlán** | **21,790,544** | **19,592,087** |

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc Ceannais i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhír ag an mBanc Ceannais agus a scair scála leithdháilte nótaí bainc d’eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii), (c)(iii) agus (c)(iv), Nóta 21). Ó mhí Eanáir 2025, bhí an luach saothair i leith an dliteanais seo á ríomh ar bhonn laethúil de réir DFR is déanaí atá ar fáil, POA roimhe seo. B’ionann agus 2.3% meán-DFR do 2025 agus b’ionann agus 4.1% meánráta POA do 2024 (Nóta 2(xii).

### Nóta 29: Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta | 247,989 | 723,043 |
| **Iomlán** | **247,989** | **723,043** |

Léiríonn an mhír seo ioncam iníoctha airgeadaíochta an Bhainc Ceannais. Tá an laghdú ar ioncam airgeadaíochta iníoctha inchurtha den chuid is mó don athrú ar phríomhrátaí tagartha in 2025. Léiríonn an t-iarmhéid seo an difríocht idir ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe an Bhainc Ceannais agus sciar an Bhainc Ceannais d'ioncam airgeadaíochta iomlán dáilte an Eurochórais (Nóta 1(b), Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 6).

### Nóta 30: Dliteanais Eile

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Taisce Chiste Ranníocach SRT (i) | 1,242,213 | 1,214,122 |
| Fabhruithe Úis (ii) | 202,714 | 311,139 |
| Taisce an Chiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (iii) | 69,542 | 67,952 |
| An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (iv) | 65,797 | 74,317 |
| Dliteanais Eile (v) | 34,235 | 40,120 |
| Fabhruithe Eile (vi) | 30,545 | 38,464 |
| Taisce an Chiste Cúitimh Árachais (vii) | 5,723 | 7,848 |
| Leithghabháil B&C | - | - |
| **Iomlán** | **1,650,769** | **1,753,962** |

(i) Léiríonn iarmhéid €1,242.2m (2024: €1,214.1m) taiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann DGS[67]. Baineann an méadú ar an iarmhéid ag deireadh na bliana 2025 den chuid is mó le hús arna thuilleamh ar chiste SRT le linn na bliana.

[67] Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) ('Rialacháin SRT'), bhunaigh an Banc Ceannais Ciste Ranníocach SRT in 2016. Le linn chéim tiomargtha an Chiste, ceanglaíodh ar institiúidí creidmheasa ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an gCiste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca chun go sroichfear acmhainní airgeadais ar fáil arb ionann iad agus 0.8% de thaiscí cumhdaithe (Nóta 2(xiv), Nóta 19(viii)). Baineadh amach spriocleibhéal maoiniúcháin 0.8% do Chiste Ranníocach SRT tar éis íocaíochtaí a fháil ó thimhthriall tobhaigh 2023 agus, dá thoradh sin, ní raibh aon cheanglas ann tobhach a ghearradh ar bhall-institiúidí creidmheasa in 2024 nó in 2025. Beidh ranníocaíochtaí ó bhaill amach anseo á spreagadh ag méaduithe ar thaiscí clúdaithe comhiomlána d'fhonn SRT a chothabháil agus ag aon cheanglas chun an Ciste a athshlánú dá mbeadh agairt ann. Faoi Rialachán 18(1) de Rialacháin SRT, bainisteoidh agus riarfaidh an t-údarás ainmnithe (an Banc Ceannais) Ciste Ranníocach SRT agus faoi Rialachán 18(2), infheisteoidh an t-údarás ainmnithe an Ciste ar mhodh atá sách éagsúlaithe agus lena ngabhann riosca íseal. Ullmhaíonn an Banc Ceannais ráitis leithleacha airgeadais neamhreachtúil don scéim.

| Gluaiseacht ar Thaisce Chiste Ranníocach SRT | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---:|---:|
| Iarmhéid Tosaigh leis an mBanc Ceannais | 1,214,122 | 1,158,823 |
| Ús - Ioncam (a) | 28,091 | 31,073 |
| Díbhinní (b) | - | 4,577 |
| Eile (c) | - | 19,649 |
| **Iarmhéid Deiridh leis an mBanc Ceannais** | **1,242,213** | **1,214,122** |

(a) Ioncam ús 2025 suas go dtí 30 Meán Fómhair 2025. Déanfar ús ón gceathrú ráithe a íoc leis an gCiste i mí Aibreáin 2026.

(b) Ní dhearnadh díbhínní arna n-eascairt as leachtuithe roimhe seo a aistriú chuig Ciste Ranníocach SRT in 2025.

(c) Ní dhearnadh aon mhéideanna a áireamh faoi Eile in 2025, rud a léiríonn nach raibh gá aon choigeartuithe a dhéanamh in 2025 don bhliain roimhe sin.

(ii) Baineann an figiúr seo go príomha leis na úschostas fabhraithe ar iarmhéideanna luacha saothair Taiscí Rialtais, Taiscí Institiúidí Creidmheasa agus Nótaí Bainc. Tá laghdú tagtha ar an ús fabhraithe mar gheall ar mheánsealúchais níos ísle iarmhéideanna taisce agus laghdú ar phríomhrátaí úis an Eurochórais le linn 2025 (Nóta 1(c)(iv), Nóta 2(xi), Nóta 2(xii), Nóta 2(xiii)).

(iii) Bunaíodh BIFR in 2015 faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Banc) 2015. Seasann iarmhéid €69.5m (2024: €68.0m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Seasann an méadú ar an iarmhéid d'ús arna thuilleamh ar an iarmhéid arna shealbhú leis an mBanc Ceannais. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gciste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste (Nóta 2(xvii).

(iv) Bunaíodh CIRF in 2011 faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach)* 2011. Seasann iarmhéid €65.8m (2024: €74.3m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Léiríonn an laghdú ar an iarmhéid go príomha aisíocaíocht an airleacain ón Aire arbh ionann é agus €10.0m in 2025 agus arna bhfritháireamh go páirteach le hús arna thuilleamh ar an iarmhéid arna sealbhú ag an mBanc Ceannais. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste (Nóta 2(xvi), Nóta 38(v)).

(v) Baineann an ghluaiseacht i ndliteanais eile go príomha le laghdú ar chuntas an Chiste Luacha Saothair agus ar chuntais chaipitil.

(vi) I bhfabhruithe eile, áirítear €11.2m (2024: €10.1m) i leith saoire bhliantúil nár glacadh (Nóta 8(i)), fabhruithe tionscadal caipitiúil €2.5m (2024: €9.7m) agus costais chomhroinnte a bhaineann le tionscadail an Eurochórais atá fós le sonrascadh €4.0m (2024: €5.2m).

(vii) Seasann iarmhéid €5.7m (2024: €7.8m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann ICF[68]. Tá an laghdú ar an iarmhéid in 2025 inchurtha d'aisíocaíochtaí breise na hiasachta ón (Aire Nóta 38(iv)).

## Nóta 31: Sochair Scoir

Rinne Lane Clark Peacock (LCP), achtúirí an Bhainc, tuarascáil achtúireach FRS 102 a thabhairt chun críche ar an 31 Nollaig 2025. Tá an chéad luacháil achtúireach iomlán eile ar an Scéim le tabhairt chun críche bunaithe ar na figiúirí ar an 31 Nollaig 2025. Déantar luacháil iomlán gach trí bliana, agus rinneadh an luacháil dheireanach amhail ar an 31 Nollaig 2022, d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Tá an luacháil thríbhliantúil le déanamh i mí an Mheithimh 2026 i gcomhréir le tuairisciú Pinsin.

Amhail ar an 31 Nollaig 2025, ní raibh aon bharrachas gan aithint roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

### (i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála

| | Brabús agus Caillteanas 2025 €000 | Brabús agus Caillteanas 2024 €000 |
|---|---|---|
| Toradh Ionchasach ar Shócmhainní an Chiste Pinsin | 38,400 | 33,100 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (38,000) | (35,200) |
| Costas Seirbhíse Reatha (a) | (27,700) | (27,600) |
| **Costas Iomlán Pinsin na Scéime Sochair Sainithe** | **(27,300)** | **(29,700)** |

(a) B'ionann na costais seirbhíse reatha arna muirearú ar an gCuntas Brabúis, Caillteanais agus Leithghabhála in 2025 agus €27.7m (2024: €27.6m) agus tá sé

[68] San Acht Árachais 1964, rinneadh socrú chun ICF a bhunú faoi chomhair dliteanas áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, chun deontas agus iasachtaí a bheith le tabhairt do ICF ag an Aire Airgeadais agus ranníocaíochtaí a bheith le tabhairt ICF ag árachóirí agus chun na gcríoch sin agus críocha eile do leasú agus do leathnú na nAchtanna Árachais 1909 go 1961 (Nóta 2(xviii), Nóta 38(iv)). I gcomhréir le halt 2(2) d'Acht 1964, déantar ICF a chothabháil agus a riaradh faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó nó di tríd an gCuntasóir. San Acht Árachais (Leasú) 2018, rinneadh socrú maidir le riarachán ICF a aistriú chuig an mBanc Ceannais. Ghlac an Banc Ceannais freagracht as riarachán ICF an 25 Lúnasa 2018. Ullmhaíonn an Banc Ceannais Tuarascáil ar leith maidir le Riaradh agus Gluaiseacht ICF.

bunaithe ar thoimhdí achtúireacha a shocraítear ag tús gach bliana, bunaithe ar an mbliain roimhe sin (Nóta 1(f)).

### (ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

| An bhliain dar chríoch 31 Nollaig | 2025 €000 | 2024 €000 | 2023 €000 | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar an dliteanas pinsin | 192,381 | 12,499 | (59,223) | 734,014 | 178,361 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar shócmhainní an phlean | 31,729 | 54,211 | 45,388 | (90,372) | 83,490 |
| **Iomlán** | **224,110** | **66,710** | **(13,835)** | **643,642** | **261,851** |

Is ionann an glanchoigeartú ar chúlchistí an Bhainc Ceannais agus gnóthachan €224.1m (2024: €66.7m), rud atá inchurtha go príomha do mhéadú ar an ráta lascaine go 4.3% (2024 3.4%) agus do gnóthachan ar shócmhainní na Scéime (Nóta 34(ii)).

### (iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

| An bhliain dar chríoch 31 Nollaig | 2025 €000 | 2024 €000 | 2023 €000 | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach (iv) | (988,539) | (1,116,570) | (1,066,777) | (953,902) | (1,608,408) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean (v) | 1,236,438 | 1,127,984 | 1,002,859 | 893,740 | 945,093 |
| **Barrachas/(Dliteanas) Glanphinsin** | **247,899*** | **11,414** | **(63,918)** | **(60,162)** | **(663,315)** |

* Tuairiscítear iarmhéid €248.2m ar an gClár Comhardaithe. Tá difríocht ann toisc gur raibh luach sócmhainní measta arna úsáid an 31 Nollaig 2021 agus an 31 Nollaig 2025 á úsáid i gcomhréir le rialacha na scéime. Luach sócmhainní iarbhír a úsáideadh in 2022, 2023 agus do 2024.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh “an aonaid réamh-mheasta”. Tá barrachas de shócmhainní na scéime thar dhliteanais na scéime léirithe ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

### (iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

| | 2025 €000 | 2024 €000 | 2023 €000 | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime | (1,116,570) | (1,066,777) | (953,902) | (1,608,408) | (1,697,988) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (27,700) | (27,600) | (22,300) | (66,000) | (75,100) |
| Iarseirbhís (Cotas) | - | - | - | - | (6,500) |
| Pinsin Íoctha | 20,321 | 18,836 | 19,601 | 17,943 | 17,273 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (18,802) | (18,120) | (16,134) | (14,991) | (13,930) |
| Aistrithe Faighte | (169) | (208) | (519) | (360) | (324) |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (38,000) | (35,200) | (34,300) | (16,100) | (10,200) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 192,381 | 12,499 | (59,223) | 734,014 | 178,361 |
| **Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime** | **(988,539)** | **(1,116,570)** | **(1,066,777)** | **(953,902)** | **(1,608,408)** |

### (v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

| | 2025 €000 | 2024 €000 | 2023 €000 | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach Cóir Tosaigh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana) | 1,127,984 | 1,002,859 | 893,740 | 945,093 | 829,418 |
| Toradh Ionchais | 38,400 | 33,100 | 32,200 | 9,500 | 5,000 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | 31,729 | 54,211 | 45,388 | (90,372) | 83,490 |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra | 39,675 | 38,322 | 34,479 | 32,111 | 30,204 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | 18,802 | 18,120 | 16,134 | 14,991 | 13,930 |
| Pinsin Íoctha | (20,321) | (18,836) | (19,601) | (17,943) | (17,273) |
| Aistrithe Faighte | 169 | 208 | 519 | 360 | 324 |
| **Luach Cóir Deiridh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*** | **1,236,438**** | **1,127,984** | **1,002,859** | **893,740** | **945,093**** |

* Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá á sealbhú leis an mBanc Ceannais. B'ionann agus €0.04m an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €1.5m) agus €5.2m (2024: €8.5m) faoi seach.

** Luach measta sócmhainní a úsáideadh an 31 Nollaig 2021 agus an 31 Nollaig 2025. Luach sócmhainní iarbhír a úsáideadh in 2022, 2023 agus 2024.

Is ionann an glantoradh ar shócmhainní le linn bliana agus 6.2% (2024: 8.7%) an toradh measta agus an gnóthachan achtúireach mar chéatadán de luach cóir deiridh shócmhainní an phlean (luach tairisceana) amhail ar an 31 Nollaig 2024.

### (vi) Toimhdí Airgeadais

| | 2025 % | 2024 % | 2023 % | 2022 % | 2021 % |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 4.25 | 3.40 | 3.30 | 3.60 | 1.00 |
| Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail Inphinsin | Boilsciú +1.40% | Boilsciú +1.40% | Boilsciú +1.40% | Boilsciú +1.40% | 3.40 |
| Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin | Boilsciú +1.40% | Boilsciú +1.40% | Boilsciú +1.40% | Boilsciú +1.40% | 3.40 |
| Ráta Boilscithe Praghsanna | 2.00 | 2.00 | 2.00 | 2.00 | 2.00 |

Tá anailís íogaireachta curtha ar fáil ag LCP ina léirítear iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaine as a n-eascródh laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.1%/2.1% (2024: 2.3%/2.3%) ar dhliteanais na scéime.

### Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

Is éard atá i dTáblaí Irish Life Uimh. 17 (ILIT17) (fireann) agus ILT17 (baineann), táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh in Éirinn. Ríomhtar na hionchais saoil trí úsáid a bhaint as na rátaí báis sna táblaí seo.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Básmhaireacht Réamhscoir | 90% PNFL17 (fireann)<br>90% PNFL17 (baineann) | 90% PNFL17 (fireann)<br>90% PNFL17 (baineann) |
| Básmhaireacht Iarscoir | 90% PNFL17 (fireann)<br>90% PNFL17 (baineann) | 90% PNFL17 (fireann)<br>90% PNFL17 (baineann) |
| Liúntas d'fheabhsúithe amach anseo ar bhásmhaireacht | Dearfach | Dearfach |
| Scoir | Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil an rogha acu dul ar scor ag 60 bliain d'aois) | Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil an rogha acu dul ar scor ag 60 bliain d'aois) |
| Scor ar fhorais drochshláinte | Curtha san áireamh | Curtha san áireamh |
| Luathscor | As an áireamh | As an áireamh |
| Tarraingthe Siar | As an áireamh | As an áireamh |
| Céatadán atá pósta | 90% | 90% |
| Difríocht aoise idir chéilí | Glactar leis go bhfuil fireannach<br><br>3 bliana níos sine ná a chéile | Glactar leis go bhfuil fireannach<br><br>3 bliana níos sine ná a chéile |
| **Ionchas Saoil**<br>Ag aois 65 | Fireannach: 87.5<br>Baineannach: 89.7 | Fireannach: 87.4<br>Baineannach: 89.6 |

### (vii) Sócmhainní Phlean na Scéime

| Aicme | Dáileadh | Dáileadh Fadtéarmach |
|---|---|---|
| | % | % |
| Cothromas | 51.7 | 50.0 |
| Bannaí | 40.8 | 40.0 |
| Maoin | 6.9 | 10.0 |
| Airgead Tirim | 0.6 | - |
| **Iomlán** | **100** | **100** |

I Meán Fómhair 2024, d'fhormheas an Coimisiún an leithdháileadh straitéiseach fadtéarmach go 50:40:10 cothromas/bannaí/réadmhaoin. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoin atá a háitiú ag an mBanc Ceannais.

## Nóta 32 Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an31 Nollaig 2025:

| | Iarmhéid Tosaigh 2025 €000 | Cruthaithe €000 | Úsáidte €000 | Scaoilte chuig B&C €000 | Iarmhéid Deiridh 2025 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthar i leith rioscaí airgeadais (i) | 2,072,521 | - | (104,616) | - | 1,967,905 |
| Nótaí Neamhfhuascailte an Phuint Éireannaigh (ii) | 2,653 | - | (555) | - | 2,098 |
| **Iomlán** | **2,075,174** | **-** | **(105,171)** | **-** | **1,970,003** |

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2024:

| | Iarmhéid Tosaigh 2024 €000 | Cruthaithe €000 | Úsáidte €000 | Scaoilte chuig B&C €000 | Iarmhéid Deiridh 2024 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthar i leith rioscaí airgeadais (i) | 2,867,905 | - | (795,384) | - | 2,072,521 |
| Nótaí Neamhfhuascailte an Phuint Éireannaigh (ii) | 3,100 | - | (447) | - | 2,653 |
| Urrúis Eurochórais (iii) | 721 | - | - | (721) | - |
| **Iomlán** | **2,871,726** | **-** | **(795,831)** | **(721)** | **2,075,174** |

(i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí airgeadais (Nóta 36). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sa mheasúnú sin, aithníodh neamhréir ráta úis ar an gClár Comhardaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta ar chás ina méadódh rátaí úis ar dhliteanais níos tapúla ná sócmhainní thar an meántéarma, agus comhfhreagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Rinneadh an anailís bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh na

bliana agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí caillteanas féideartha a bhain leis an riosca seo a chainníochtú. I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántéarma, baineadh úsáid as breithniúnas agus meastachán chun an riosca a mheasúnú agus chun soláthar iomchuí a chinneadh.

Áirítear soláthar €1,967.9m i ráiteas cuntas 2025, a bhfuil laghdú tagtha air i gcomparáid le soláthar €2,072.52m i leith an riosca chéanna in 2024. Tá sé seo inchurtha d'úsáid €104.6m den soláthar chun go gclúdófar caillteanais airgeadais arna spreagadh ag neamhréir ráta úis ar an gClár Comhardaithe a tabhaíodh le linn 2025. Rioscaí a eascraíonn as neamhréir ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, tá siad clúdaithe i gcónaí ag an soláthar seo (Nóta 1(m)(ii), Nóta 3(iii)).

(ii) Scor nótaí an phuint Éireannaigh arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais roimhe seo de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí puint (IEP). Fuasclaíodh €0.6m as an soláthar sin in 2025, rud a fhágann gurb é €2.1m an t-iarmhéid sa soláthar sin amhail ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €2.7m) (Nóta 35(iii)).

(iii) Baineann an mhír seo le díscaoileadh soláthair arna bhunú in 2023 i leith caillteanas i bpunann oibríochtaí beartais airgeadaíochta. B'ionann agus Nialas an t-iarmhéid deiridh i ndáil leis an soláthar seo in 2024 agus ní raibh aon ghluaiseacht air in 2025 (2024: €0.1m) (Nóta 6(ii)).

## Nóta 33: Cuntais Athluachála

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 | Glanghluaiseacht ar Ghnóthachain Neamhréadaithe<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Ór (i) | 1,059,557 | 611,876 | 447,681 |
| Airgeadra Eachtrach (ii) | 107,905 | 579,007 | (471,102) |
| Cothromais (iii) | 152,250 | 223,929 | (71,680) |
| Cistí BIS (iv) | 30,571 | 34,502 | (3,930) |
| Urrúis (v) | 25,555 | 25,931 | (376) |
| **Amhail ar an 31 Nollaig** | **1,375,838** | **1,475,245** | **(99,407)** |

(i) Tá an méadú ar an iarmhéid óir ag deireadh 2025 inchurtha don athrú ar mhargadhluach na sealúchais óir (Nóta 1 (j)(iv), Nóta 10).

(ii) Tá an laghdú ar luach airgeadra eachtraigh ag deireadh na bliana 2025 inchurtha go príomha do rátaí malairte eachtraí níos airde ar airgeadraí USD, CNY agus SGD i gcomparáid le deireadh na bliana 2024 (Nóta 1(j)(i), Nóta 3(ii)(a), Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta  19(iii), Nóta 36)

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear vis-à-vis an euro do luachálacha dheireadh na bliana 2025:

| Airgeadra | 2025<br>Ráta | 2024<br>Ráta |
|---|---|---|
| Dollar na hAstráile (AUD) | 1.7581 | 1.6772 |
| Dollar Cheanada (CAD) | 1.6088 | 1.4948 |
| Renminbi na Síne (CNY) | 8.2262 | 7.5833 |
| Krone na Danmhairge (DKK) | 7.4689 | 7.4578 |
| Yen na Seapáine (JPY) | 184.0900 | 163.0600 |
| Won na Cóiré (KRW) | 1,696.94 | 1,532.15 |
| Punt Steirling (GBP) | 0.8726 | 0.8292 |
| Cearta Tarraingthe Speisialta (CTS) | 1.1656 | 0.7972 |
| Dollar Shingeapór (SGD) | 1.5105 | 1.4164 |
| Krona na Sualainne (SEK) | 10.8215 | 11.4590 |
| Franc na hEilvéise (CHF) | 0.9314 | 0.9412 |
| Dollar SA (USD) | 1.1750 | 1.0389 |
| | | |
| Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh: | | |
| Euro in aghaidh an unsa fhíneáilte | 3,669.1060 | 2,511.069 |

(iii) Tá an laghdú ar luach na gcothromas inchurtha d'aistriú deiridh Innéacs Cothromais Domhanda MSCI ó bhainc chuig Innéacs Cothromais Domhanda MSCI PAB 2025, rud a mhéadaigh luach leabhar na gcothromas de chuid na mbanc agus a laghdaigh gnóthachain athluachála (Nóta 1(j)(ii), (k), Nóta 19(i), Nóta 36).

(iv) Tá an laghdú ar luach chiste BIS inchurtha do phraghsanna níos ísle chiste KRW ag deireadh na bliana 2025 i gcomparáid le deireadh na bliana 2021. (Nóta 1(j)(ii), (k), Nóta 3(ii)(a), Nóta 19(iii), Nóta 36).

(v) Tá an ghluaiseacht ar luach na n-urrús inchurtha do laghdú ar phraghsanna margaidh ar fud phunann MÓM. (Nóta 1(j), Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 15(ii)(b)).

## Nóta 34: Caipiteal agus Cúlchistí

| | Caipiteal (i) €000 | Cúlchiste Ginearálta €000 | Cúlchiste Airgeadra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail ar an 1 Eanáir 2025** | **30** | **5,919,530** | **351,648** | **6,271,208** |
| Brabús coinnithe don bhliain (ii) | - | - | - | - |
| Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Pinsin (iii) | - | 224,110 | - | 224,110 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2025** | **30** | **6,143,640** | **351,648** | **6,495,318** |

| | Caipiteal (i) €000 | Cúlchiste Ginearálta €000 | Cúlchiste Airgeadra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail ar an 1 Eanáir 2024** | **30** | **5,852,820** | **351,648** | **6,204,498** |
| Brabús coinnithe don bhliain (ii) | - | - | - | - |
| Caillteananas Achtúireach ar an Scéim Pinsin (iii) | - | 66,710 | - | 66,710 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2024** | **30** | **5,919,530** | **351,648** | **6,271,208** |

(i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc Ceannais ag €50.8k. Is ionann agus €30.5k an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus tá gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Beidh an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire Airgeadais é.

(ii) Faoi *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*, níor fhormheas an Coimisiún aon aistriú ón gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála chuig an gcúlchiste ginearálta (Nóta 9). Bhí aistriú arbh ionann é agus €224.1m ón gCuntas Sócmhainní Pinsean, rud ba chionsiocair le méadú €224.1m ar an gcúlchiste ginearálta ag deireadh na bliana (Nóta 31(ii)).

## Nóta 35: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

### Dliteanais Theagmhasacha

(i) ***An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta***

Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, mar atá 2,564 díobh láníoctha. Tá dliteanas teagmhasach ag an mBanc Ceannais i leith an iarmhéid (Nóta 1(r), Nóta 5(i), Nóta 19(vi)).

(ii) ***Sócmhainní Caipitil agus Cúlsócmhainní Eachtracha atá Geallta do BCE***

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc Ceannais amach anseo, mar aon le BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal

28) agus cúlsócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig BCE (Nóta 1(r), Nóta 16, Nóta 17).

(iii) *Nótaí Puint Éireannacha*

Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach i leith nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2025, bhí nótaí an phuint Éireannaigh. arbh ionann a luach agus €221.8m, fós amuigh (2024: €222.3m), a bhfuil soláthar €2.1m ag an mBanc ina leith (2024: €2.7m) (Nóta 1(r), Nóta 32(ii)).

(iv) *Dlíthíocht*

Tá cúig chás dlí déag ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais (2024: aon cheann déag) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc Ceannais a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc Ceannais nó i gcás ina bhfuil daingnithe ón Ard-Chúirt á lorg ag an mBanc Ceannais. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc Ceannais faoi láthair. Tá sé róluath toradh na gcaingne sin a chinneadh agus ní féidir eis-sreabhadh féideartha acmhainní eacnamaíocha a mheas go cruinn, dá bhrí sin, ní aithnítear aon soláthairtí sna Ráitis Cuntas i leith na gcásanna sin (2024: Ceann ar bith) (Nóta 1(r)).

(v) *Socruithe Nua Iasachta (SNI) de chuid CAI*

Tháinig Éire chun bheith ina rannpháirtí de SNI CAI, le héifeacht ón 21 Márta 2023. Is ionann Socrú Creidmheasa SNI reatha na hÉireann agus CST 1,915.9m. Go dtí seo, ní raibh aon tarraingtí ar Shocrú Creidmheasa SNI na hÉireann (Nóta 11(i)(a)).

(vi) *Sárú Sonraí ag an bPríomh-Chlár Creidmheasa*

Tá fiosrúchán ar siúl faoi láthair ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) ar cuireadh tús leis in 2023 de bhun sárú i ndáil le sonraí. Féadfaidh DPC cumhachtaí ceartaitheacha agus fíneálacha riaracháin a fhorchur tar éis imscrúdú a dhéanamh. €1.0m is ea an fhíneáil uasta a bhféadfaidh DPC a fhorchur ar an mBanc Ceannais mar chomhlacht poiblí.

## Ceangaltais

(i) *Léasanna Oibriúcháin*

I mí Mheán Fómhair 2023, rinne an Banc comhaontú léasa 9 bliana i ndáil le cóiríocht oifige sa Bhruiséil. Bhí tréimhse tosaigh saor ó chíos ann ón 01 Meán Fómhair 2023 go dtí an 28 Feabhra 2024.

**Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo**

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná aon bhliain | 61 | 113 |
| Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 83 | 452 |
| Tar éis cúig bliana | 34 | 379 |
| **Iomlán** | **178** | **944** |
| Íocaíochtaí Léasa Iarbhír | 114 | 110 |

## Nóta 36: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a ról reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc Ceannais, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail an APP agus an PEPP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, folaíonn na rioscaí seo go minic rioscaí a bhaineann le creidmheas, ráta úis, leachtacht agus ráta malairte eachtraí. Ní aicme nua riosca laistigh de phróiseas bainistíochta riosca iad rioscaí a bhaineann leis an aeráid, ach is gné mhéadaitheach iad d'aicmí reatha amhail rioscaí creidmheasa agus margaidh a bhainistítear mar chuid de chreat bainistíochta riosca airgeadais an Bhainc.

Féachann an Banc Ceannais leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Bíonn gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca airgeadais á bhformhaoirsiú ag Coiste Riosca an Choimisiúin, a mbíonn an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) ag tacú leis, agus ag an Meitheal um Riosca Airgeadais (FRWG), rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta.

Bíonn ceithre phríomh-rannán sa Bhanc Ceannais i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc Ceannais a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann BCE, déanann sé measúnú ar chomhthaobhacht an Eurochórais, agus cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais agus scair leithdháilte an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, *inter alia*, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET), forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta

comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le bainistiú phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais féin agus bainistiú scair an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE. Cinntíonn an Rannán Airgeadais (FD) go bhfuil cuntasaíocht staid airgeadais agus tuairisciú airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn.

Mar an dara líne cosantaIs é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) atá freagrach as, inter alia, na beartais bainistíochta riosca a shainiú mar aon le measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar leis na rannáin eile. Sainíonn an Banc Ceannais na creataí do theorainneacha infheistíochta, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíochta agus infheistíochta araon, agus déanann sé measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc Ceannais á mbainistiú i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déantar comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú do FRWG, do RMC, do ELC (an Coiste Ceannaireachta Feidhmiúcháin), agus do Choiste Riosca an Choimisiúin.

I gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, tá rochtain shaor, rúnda ag Ceannasaí an Rannáin um Riosca Eagraíochtúil ar Chathaoirleach an Choiste.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc Ceannais.

### Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora nó contraphháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc Ceannais a chomhlíonadh. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail APP agus PEPP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc Ceannais a rialú trí chóras de theorainneacha faofa atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint chreidmheasa ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a mhaolú trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil. Déantar rioscaí creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontraphháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht

CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAF) go gcomhlíonfar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeáin chreidmheasa i leith na sócmhainní comhthaobhachta incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte caillteanas an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanais arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil BCNanna.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc Ceannais a iompróidh, ar bhonn scair scála caipitil, caillteanais ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras i CMU, i CSPP agus i CBPP3, i dteannta le cion áirithe de PSPP agus PEPP. Ar leithligh, tá sealúcháis an Bhainc Ceannais in urrúis rialtas na hÉireann faoi PSPP agus PEPP ar seilbh ar bhonn riosca dílse.

### Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca caillteanais ó athruithe díobhálacha i rátaí úis.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis is ea íogaireacht luach shócmhainní airgeadais an Bhainc Ceannais i leith athruithe ar rátaí úis. Maolaíonn an Banc Ceannais an ghné seo den neamhchosaint ar riosca ráta úis ar chuid den phunann infheistíochta trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht. Déantar sainroghanna bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de na sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc Ceannais a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LfR) agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc.

Níl punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis, folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta APP agus PEPP de chuid an Eurochórais.

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipitil agus do thuillimh an Bhainc Ceannais de thoradh gluaiseachtaí i rátaí úis a dhéanann difear do shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe. Sa cháil seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar neamhréir rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoi APP agus faoi PEPP, fad atá a dhliteanais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc Ceannais measúnú rialta ar shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe i gcomhthéacs gluaiseachtaí féideartha ar rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach faoi Riosca (VaR) agus Easnamh Ionchasach, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus chun neamhréir ionchasach rátaí úis a shainaithint, sealbhaíonn an Banc Ceannais soláthar i leith rioscaí airgeadais. I gcuntais bhliantúla 2025, baineadh úsáid as €104.6m den soláthar seo (2024: €795.4m) chun caillteanais airgeadais arna spreagadh ag neamhréir rátaí úis a chumhdach. Measann an Banc Ceannais gur críonna an mhaise dó an soláthar i leith rioscaí airgeadais a choinneáil ag €1,967.9m do 2025 (2024: €2,082.5m) (Nóta 32(i)).

### Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs a bhallraíochta sa limistéar euro agus an chur chuige dá réir sin maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, tá formhór shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro. Déantar leithdháileadh straitéiseach chuig sealúchais sócmhainní ioncaim sheasta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach i gcomhthéacs phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Bunaíodh leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh na bliana 2025, bhí punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach, agus sealúchais óir. Ina theannta sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne i CTS CAI (Nóta 11, Nóta 12, Nóta 2).

### Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta infheistíochta nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun caillteanas a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais a leithdáileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá

infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a íoslaghdóidh neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar gá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa íosta chun go maolófar an dóchúlacht go dtarlóidh diúscairtí neamhsceidealta mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfar eisiúint a íosghrádú faoi bhun thairseach fhormheasta an Bhainc Ceannais maidir le grád infheistíochta.

### Cistí a Bhainistítear go Seachtrach

Ó 2018 i leith, tá cothromais á sealbhú ag an mBanc Ceannais atá faoi réir gluaiseachtaí ar phraghsanna cothromais (riosca praghais). In 2023, thosaigh an Banc Ceannais ar Thagarmharc AE ailínithe le Comhaontú Páras a chur in ionad an tagarmhairc cothromais corparáide reatha. Tugadh an t-aistriú seo chun críche in 2025 – tá punann iomlán cothromais an Bhainc Ceannais ar chonair an dícharbónaithe anois i gcomhréir le Comhaontú Pharás. In 2021, bhunaigh an Banc Ceannais sealúchais i gcistí bannaí a bhainistítear go seachtrach agus atá faoi réir riosca malairte eachtraí, riosca creidmheasa, agus riosca ráta úis. Déantar rioscaí a bhaineann le cistí seachtracha a bhainistiú trí éagsúlú, trí shainorduithe infheistíochta dea-shainithe agus teorainneacha riosca, agus déanann an Banc Ceannais agus na bainisteoirí infheistíochta faireachán ar na rioscaí go rialta (Nóta 19(i),(iii)).

## Nóta 37: Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

### (i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

| | 31 Nollaig 2025 | | 31 Nollaig 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | EUR 000 | CTS 000 | EUR 000 | CTS 000 |
| Ceannacháin Neamhaibithe | 5,850 | - | 6,208 | - |
| Díolacháin Neamhaibithe | - | (5,000) | - | (5,000) |
| **Iomlán** | **5,850** | **(5,000)** | **6,208** | **(5,000)** |

Baineann na méideanna atá fós amuigh le conarthaí malairte eachtraí a úsáidtear chun neamhchosaintí malairte eachtraí a fhálú (Nóta 1(c)(viii), Nóta 3(i)(d)).

Tháinig na conarthaí malairte eachtraí go léir in aibíocht an 13 Feabhra 2026.

### (ii) Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí

| | 31 Nollaig 2025 | | | 31 Nollaig 2024 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR 000 | USD 000 | AUD 000 | EUR 000 | USD 000 | AUD 000 |
| Ceannacháin Neamhaibithe | 315,000 | 72,000 | - | 620,000 | 273,000 | - |
| Díolacháin Neamhaibithe | - | (146,000) | (10,000) | - | (273,000) | - |
| **Iomlán** | **315,000** | **(74,000)** | **(10,000)** | **620,000** | **-** | **-** |

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fhálú agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta (Nóta 1(c)(viii), Nóta 2(xv)). Áirítear infheistíochtaí EUR, USD agus AUD sna hiarmhéideanna.

Tháinig na conarthaí go léir in aibíocht faoin 31 Márta 2026.

### Nóta 38: Páirtithe Gaolmhara

I ndáil le nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara a ullmhú, feidhmíonn an Banc Ceannais critéir FRS 102.

- Cuireann an Banc Ceannais cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais
- Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana anuas go dtí an 31 Nollaig 2025
- Seirbhísí baincéireachta a sholáthar lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a shealbhú (Nóta 24(ii))
- Monaí a sholáthar agus a eisiúint (Nóta 24(ii))
- An Clár d'urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil
- Oibríochtaí Eurochórais a riar chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt lena n-áirítear fáil cistí faoi Chlár SURE, an ionstraim shealadach arna bunú ag an gCoimisiún Eorpach chun dul i ngleic le hiarmhairt COVID-19, trí iasachtaí a sholáthar do na Ballstáit a ndearnadh difear dóibh
- Gníomhú mar Thaisclann agus mar Ghníomhaire Fioscach i ndáil le comhaltas na hÉireann de CAI (Nóta 11(i), Nóta 27)
- Taisceadán na hÉireann, Clár Cuntas Banc agus Íocaíochtaí (ISBAR), agus Clár na hÚinéireachta Tairbhiúla (BOR) le haghaidh meáin airgeadais a oibriú agus a chothabháil, mar aon le hidirnascadh na gclár sin ar fud bhallstáit AE a chumasú amach anseo, de réir mar a cheanglaítear le reachtaíocht.

(i) Mar bhall rannpháirteach de CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc Ceannais le BCNanna eile agus le BCE. Is iad seo a leanas na príomh-iarmhéideanna a bhaineann le BCNanna eile agus le BCE:

- Ioncam úis agus caiteachas úis ar mhíreanna a bhaineann le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta (Nóta 2, Nóta 6, Nóta 15(i), Nóta 22, Nóta 29).
- Leas rannpháirteachais i gcaipiteal BCE (Nóta 16)
- Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha chuig BCE (Nóta 17)
- Iarmhéid TARGET (Nóta 18)
- Nótaí bainc i gcúrsaíocht (Nóta 21, Nóta 28)
- Soláthairtí (Nóta 32)

(ii) Tá an Banc Ceannais ar cheann de thrí scairshealbhóir sa "Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí DAC" (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc Ceannais an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2025, ghnóthaigh an Banc Ceannais costais €1.2m (2024: €1.0m). Amhail ar an 31 Nollaig 2025, bhí iarmhéid €265,631 dlite ó ICCL (2024: €277,764) (Nóta 19(viii)). Ullmhaíonn ICCL a Thuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin.

(iii) Tá an Banc Ceannais freagrach as riaradh an Chiste Cúitimh Árachais de bhun an Achta Árachais (Leasú) 2018 a achtaíodh an 24 Iúil 2018. Bhí iarmhéid €5.7m (2024: €7.8m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2025 (Nóta 30(vii)).

(iv) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d'Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Bhí iarmhéid €65.8m (2024: €74.3m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2025 (Nóta 30(iv)).

(v) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc Ceannais scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc Ceannais a bhainistíonn agus a riarann an scéim ar

mhaithe le leas a chuid fostaithe. I Nóta 31, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc Ceannais leis na cistí pinsin.

(vi) Le linn dó réadmhaoin a cheannach i bhforbairt ilaonad, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais a bheith ina chomhalta de *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh. Le linn 2018, mar chuid de na struchtúir dhlíthiúla arna gcomhaontú an tráth a fuarthas an foirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh, bhí muirear ainmniúil arbh ionann é agus €100 i leith leas léasach i gcomhlimistéir atá tadhlach leis an bhfoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh á ghearradh ag an mBanc Ceannais ar *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*. Tá an méid seo fós amuigh ag deireadh na bliana 2025.

(vii) Le linn dó na foirgnimh ar a dtugtar *Dublin Landings 4* agus *Dublin Landings 5* (an t-áitreabh ar Shráid an Mhéara) agus atá lonnaithe i bhforbairt ilaonad a cheannach, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais a bheith ina chomhalta de *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh.

## Nóta 39: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

### (i) An Bhulgáir ag dul isteach san Eurochóras

Tar éis don Bhulgáir an euro a ghlacadh, chuaigh an Bhulgáir isteach san Eurochóras an 1 Eanáir 2026. D’fhoilsigh BCE ráiteas airgeadais comhdhlúite tosaigh amhail ar an 1 Eanáir 2026 don Eurochóras, lena n-áirítear figiúirí chlár comhardaithe Banc Náisiúnta na Bulgáire. Aistríodh ítimí arna n-ainmniú roimhe sin in Lev na Bulgáire (BGN) ó ítimí “arna n-ainmniú in airgead eachtrach” chuig míreanna “arna n-ainmniú in euro”. Aistríodh idirbhearta agus iarmhéideanna ar chuntais arna sealbhú le cónaitheoirí na Bulgáire ó ítimí sa chlár comhardaithe “lasmuigh den limistéar euro” chuig ítimí “sa limistéar euro”.

De thoradh an athraithe ar an scála caipitil tar éis don Bhulgáir dul isteach san Eurochóras, tá scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal lánīoctha BCE (scála caipitil) gan athrú ag 1.7811%, fad a laghdaíodh scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras ó 2.1782% go 2.1525% (Nóta 1(c)(iii)).

### (ii) Díol an fhoirgnimh ag Duga Spencer

Rinne Banc Ceannais na hÉireann díol a fhoirgnimh ag Duga Spencer (Sciathán Thoir) le hOifig na nOibreacha Poiblí a thabhairt chun críche an 22 Eanáir 2026 ar €23.6m.

Ba ghné lárnach de straitéis fhadtéarmach réadmhaoine an Bhainc Ceannais é an foirgneamh ag Duga Spencer a dhíol, rud a atá ailínithe le Campas aonair na nDugthailte a fhorbairt tríd an bhfoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh a cheannach, agus ina dhiaidh sin, an foirgneamh ar Shráid an Mhéara ina dhiaidh sin.
Tá díol an Sciatháin Thoir le hOifig na nOibreacha Poiblí ar an 22 Eanáir 2026 ag teacht sna sála ar dhíolachán an fhoirgnimh ag Duga Spencer (Sciathán Thiar) roimhe sin le Coláiste Náisiúnta na hÉireann i Meán Fómhair 2022.

Tá cuid den Bhunurlár agus urláir 1 - 5 ar cíos ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar léas 20 bliain (ón 11 Bealtaine) agus tá gníomhaireachtaí éagsúla Rialtais ann faoi láthair.

## Nóta 40: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

| | | | | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais a Mhaoiniú** | Ioncam Tobhaigh | Tobhaigh na bliana reatha | | 227,911 | 221,201 |
| | | Barrachas na bliana roimhe sin | | 2,662 | 4,568 |
| | | Ioncam Tobhaigh Réamhíoctha/Iarchurtha (i) | | (1,907) | (457) |
| | | **Ioncam Tobhaigh (ii)** | | **228,666** | **225,312** |
| | | Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe (iii) | | (4,500) | 6,633 |
| | | **Ioncam Tobhaigh Iomlán** | A | **224,166** | **231,945** |
| | Soláthairtí | Soláthairtí Tosaigh do Thobhaigh Neamhíoctha | | 1,871 | 2,708 |
| | | Tobhaigh Dhíscríofa | | (457) | (862) |
| | | Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíoctha (iv) | | (2,641) | (1,871) |
| | | **Muirear don Bhliain** | B | **(1,227)** | **(25)** |
| | **Glanmhaoiniú Tionscail don Rialáil Airgeadais (Nóta 7(i))** | | **C** (A+B) | **222,939** | **231,920** |
| | Ioncam Eile | Táillí Margaidh Urrús | | 3,934 | 4,024 |
| | | Tobhach Breise Maoirseachta | | 2,461 | 1,706 |
| | | Ilghnéitheach | | 23 | 22 |
| | | **Ioncam Iomlán Eile (Nóta 7)** | D | **6,418** | **5,752** |
| | **Ioncam Iomlán** | | **E** (C+D) | **229,357** | **237,672** |
| | Fóirdheontas | Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargaí Urrús | | 6,143 | 5,495 |
| | | Costais Rialála Airgeadais eile nár gnóthaíodh | | 39,566 | 35,727 |
| | | Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe (iii) | | (5,875) | (5,708) |
| | | **Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (v)** | F | **39,834** | **35,514** |
| | **Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | | **G** (E+F) | **269,191** | **273,186** |
| **Costais Ghníomhaíochtaí na Rialála Airgeadais** | Caiteachais Dhíreacha | Tuarastail/Liúntais | | 100,587 | 99,692 |
| | | ÁSPC | | 10,532 | 10,502 |
| | | Soláthar Pinsin | | 19,259 | 18,539 |
| | | **Caiteachais Foirne** | H | **130,378** | **128,733** |
| | | Oiliúint & Comhdhálacha | | 308 | 343 |
| | | Taisteal Gnó | | 789 | 951 |
| | | Táillí Gairmiúla | | 1,652 | 3,987 |
| | | Neamhphá eile | | 2,122 | 2,111 |
| | | Cumarsáid & TF | | 1,143 | 781 |
| | | Saoráidí, Cíos, Saothar ar Conradh, Dímheas | | 1,396 | 2,190 |
| | | **Caiteachais Oibríochtúla Neamhphá** | I | **7,411** | **10,363** |
| | | **Caiteachais Dhíreacha Iomlána** | **J** (H+I) | **137,789** | **139,096** |
| | | Áitribh & Saoráidí | | 19,197 | 18,933 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Tacaíochta | Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise | | 67,607 | 61,752 |
| | Acmhainní Daonna | | 8,705 | 8,943 |
| | Seirbhísí eile | | 48,020 | 46,841 |
| | **Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (vi)** | K | **143,529** | **136,469** |
| Soláthairtí Ioncam Eile | **Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain** | L | - | - |
| | **Fáltais Ilghnéitheacha** | M | **1,252** | **(430)** |
| Costais Eisiata | **Gníomhaíochtaí Rialála Neamhairgeadais (vii)** | N | **(2,884)** | **(2,757)** |
| Costais athdháilte | **Costais tobhaigh NCID** | O | **(121)** | **(116)** |
| | **Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe (iv)** | P | **(10,375)** | **925** |
| **Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | | **Q** (J+K+L+M+N+O+P) | **269,191** | **273,186** |

Seans nach suimfidh na hiomláin sna ráitis airgeadais agus sna táblaí atá sa nóta toisc gur slánaíodh iad.

### (i) *Ioncam Tobhaigh Réamhíoctha/Iarchurtha*

In ioncam tobhaigh réamhíoctha, áirítear ioncam €1.9m arb é is aidhm dó éifeachtaí na n-athruithe bliain ar bhliain ar chostais rialála airgeadais a líomhadh.

Bhí méaduithe suntasacha ar chostais rialála in earnáil na nGnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Frithdhílse Teaghais (RCF/CSF) in 2021 agus 2022 mar gheall ar fhormhaoirsiú méadaithe rialála agus maoirseachta. Ghlac an Banc cinneadh chun cuid de thobhach RCF/CSF 2021 agus 2022 a iarchur, a bhain go príomha le hobair ar Fhiachas Anásta, agus chun na méideanna sin a bhailiú i dtráthchodanna cothroma sa dhá thimthriall tobhaigh ina dhiaidh sin. Áiríodh in ioncam tobhaigh 2023, tobhaigh iarchurtha €1.0m (50% de thobhach iarchurtha 2021 arbh ionann é agus €1.1m agus 50% de thobhach iarchurtha 2022 arbh ionann é agus €0.9m). Áirítear in ioncam tobhaigh 2024, an tráthchuid dheireanach den ioncam tobhaigh iarchurtha arbh ionann é agus €0.5m, is é sin 50% de thobhach iarchurtha 2022 arbh ionann é agus €0.9m.

### (ii) *Ioncam Tobhaigh*

| | Ioncam Tobhaigh Measta 2025 €000 | Ioncam Tobhaigh Iarbhír 2024 A (C+D-B) €000 | Easnamh 2023/ (Barrachas) 2014 B €000 | Méid a toibhíodh i leith Thobhaigh 2024 C €000 | Easnamh/ (Barrachas) 2024 D €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Institiúidí Creidmheasa | | 79,846 | (875) | 79,137 | (166) |
| Gnóthais Árachais | | 51,290 | (80) | 51,336 | (126) |
| Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe Fiachais | | 9,886 | (1,851) | 8,038 | (3) |
| Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta | | 42,985 | (1,632) | 43,848 | (2,495) |
| Cistí Infheistíochta | | 16,639 | (197) | 16,676 | (234) |
| Comhair Chreidmheasa | | 6,520 | 1 | 6,522 | (1) |
| Iasachtóirí Airgid | | 376 | - | 374 | 2 |
| Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe | | 12 | - | 12 | - |
| Bureaux de Change | | 24 | - | 22 | 2 |
| Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Creidmheasa Miondíola & Seirbhísithe Creidmheasa | | 5,462 | 19 | 5,217 | 264 |
| Seirbhísí Íocaíochta & Institiúidí Ríomh-Airgid | | 8,072 | 46 | 8,126 | (8) |
| Soláthraithe Seirbhísí Sluachistiúcháin | | 25 | - | 27 | (2) |
| Soláthraithe Seirbhísí Sócmhainní Fíorúla (VASPanna) | | 130 | - | 28 | 102 |
| **Maoiniú Iomlán** | **230,573** | **221,267** | **(4,569)** | **219,363** | **(2,665)** |
| Ioncam Tobhaigh Iarchurtha (i) | (1,907) | (457) | | | |
| **Ioncam Tobhaigh** | **228,666** | **220,810** | | | |

Seasann Ioncam Tobhaigh do mheastachán ar thobhaigh a bhilleálfar bunaithe ar chostais iarbhír na bliana reatha agus rátaí gnóthaithe formheasta. Déantar é seo a choigeartú i leith ghnóthú an ioncaim tobhaigh iarchurtha (Nóta 40(i)) agus aon bharrachas/easnamh tugtha ar aghaidh. Sa tábla thíos, tá miondealú ar ioncam tobhaigh iarbhír 2024.

### (iii) *Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe*

Is ionann athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe agus an difríocht idir ioncam tobhaigh 2024 a fabhraíodh i gCuntais Bhliantúla 2024 agus an ceanglas maoiniúcháin deiridh chun costais 2024 a chumhdach. Baineann an chuid is mó den difríocht idir an ceanglas maoiniúcháin measta agus deiridh do 2024 le toimhdí athbhreithnithe maidir le samhail tobhaigh deiridh 2024.

| | 2024 Deiridh €000 | 2024 Fabhraithe €000 | Athraitheas €000 |
|---|---|---|---|
| Tobhaigh na Bliana Reatha | 216,701 | 221,201 | (4,500) |
| Barrachas na Bliana Roimhe sin | 4,568 | 4,568 | - |
| **Ceanglas Maoiniúcháin** | **221,269** | **225,769** | **(4,500)** |
| Ioncam Tobhaigh Pinsin Iarchurtha a Fhorchúiteamh | - | - | - |
| Ioncam Tobhaigh Iarchurtha | (457) | (457) | - |
| **Ioncam Tobhaigh 2024** | **220,812** | **225,312** | **(4,500)** |
| Athraitheas na Bliana roimhe sin ar bhonn Fabhraithe | 6,634 | 6,634 | - |
| **Ioncam Tobhaigh Iomlán** | **227,446** | **231,946** | **(4,500)** |
| Muirear Soláthar | (27) | (27) | - |
| Ioncam Eile | 5,753 | 5,753 | - |
| Fóirdheontas ón mBanc Ceannais | 29,638 | 35,513 | (5,875) |
| **Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | **262,810** | **273,185** | **(10,375)** |
| | | | |
| **Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | **262,810** | **273,185** | **(10,375)** |

### (iv) *Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíoctha*

Coinníonn an Banc Ceannais soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlite laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus tuairiscítear mar thobhaigh gan íoc iad ó lá 29 ar aghaidh. Is é is cuspóir don bheartas soláthar iomlán a dhéanamh i leith tobhach a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach gan íoc a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

### (v) *Fóirdheontas ón mBanc Ceannais*

Le comhaontú an Aire Airgeadais, tá an cion ábhartha de chostais iomlána gníomhaíochtaí rialála airgeadais á íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc Ceannais iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú).

Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc Ceannais, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe maoirseachta ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Déantar costas iomlán na ngníomhaíochtaí sin don Bhanc a laghdú le táillí Margaidh Urrús a áirítear faoi Ioncam Eile. Déantar cion de na costais mheasta atá fágtha i dtaca le maoirseacht ar mhargaí urrús, arb ionann iad agus €6.1m (2024: €5.5m), a áireamh in Fóirdheontas.

(vi) ***Seirbhísí Tacaíochta***

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasaíocht, iniúchóireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc. Is ionann costas measta na seirbhísí sin sa bhliain reatha agus €143.5m (2024: €136.5m).

(vii) ***Costais Rialála Neamhairgeadais***

Eisiatar ó chostas na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais méid measta €0.7m (2024: €1.0m) i leith costais dímheasa a bhaineann le cuid d’fhoirgnimh an Bhainc Ceannais nach bhfuil á húsáid le haghaidh gníomhaíochtaí rialála airgeadais. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh costais mheasta €2.1m (2024: €1.7m), arna dtabhú i réimsí rialála agus maoirseachta an Bhainc Ceannais, agus a meastar nach mbaineann siad le gníomhaíochtaí rialála airgeadais, a fhágáil ar lár ó chostas na rialála airgeadais.

## Nóta 41: Comparáidí

D’fhéadfadh sé go ndearnadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú chun go mbeadh sí comhsheasmhach le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

## Nóta 42: Faomhadh na gCuntas

D’fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 22 Aibreán 2026.

**T:** +353 (0)1 224 5800

www.centralbank.ie

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem